# AG OBAIR LE CHÉILE

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2016

esb.ie






## AG OBAIR LE CHÉILE

Tá ESB ag glacadh seasaimh inniu ar son todhchaí na hÉireann; todhchaí ina sholáthrófar cumhacht le leictreachas glan, inbhuanaithe. Tá ESB tiomanta don bhealach is fearr go dtí todhchaí ísealcharbóin a aimsiú, bealach a chosnaíonn a chustaiméirí agus an geilleagar trí shlándáil agus inacmhainneacht fuinnimh a chaomhnú. Ciallaíonn sé seo go mbeidh orainn infheistíocht a dhéanamh i bhfoirmeacha giniúna atá nua agus inathnuaite; ag tabhairt cumhachta do chustaiméirí smacht níos fearr a choinneáil ar a n-úsáid fuinnimh; agus an líonra a mhéadú agus a fheabhsú chun freastail ar níos mó acmhainní fuinnimh dáilte. Níos tábhachtaí fós, ciallaíonn sé go mbeidh orainn obair i gcomhar le réimse leathan páirtnéirí ó chúlraí gnó, acadúla agus pobail chun luas an athraithe a thapú agus chun custaiméirí a thabhairt ar thuras linn go dtí todhchaí níos inbhuanaithe. Creideann ESB gur féidir rudaí iontacha a bhaint amach tríd a bheith ag obair le chéile.

## EOLAS FAOI ESB


I 1927 bunaíodh ESB mar chorparáid reachtúil i bPoblacht na hÉireann faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Le sealúchas de 95%, tá ESB faoi úinéireacht thromlaigh ag Rialtas na hÉireann. Tá an 5% eile i seilbh iontaobhaithe Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe. Mar Fhóntas Láidir Éagsúlaithe Comhtháite go hIngearach, oibríonn ESB i ngach réimse den mhargadh leictreachais: ó ghiniúint, tarchur agus dáileadh go soláthar chustaiméirí, le láithreacht i margadh giniúna na Breataine Móire atá ag scaipeadh. Chomh maith leis sin, tá buntáistí eile á baint ag ESB ag pointí áirithe feadh an tslabhra sin; gás a sholáthar, úsáid a bhaint as ár gcuid líonraí chun snáithín a iompar do chúrsaí teileachumarsáide agus araile. Is fóntas Éireannach ceannródaíoch é ESB a bhfuil bonn sócmhainne rialaithe (RAB) de thuairim is €9 billiún aige, le toilleadh giniúna leictreachais 47% den mhargadh uile-oileáin, agus a sholáthraíonn leictreachas do thuairim is 1.4 milliún custaiméir ar fud oileán na hÉireann. Leanfaidh ESB ar aghaidh ag méadú scála a ghnó giniúna, trádála agus soláthair ionas gur féidir leis maireachtáil sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. Tá ESB dírithe ar seirbhís do chustaiméirí den scoth a chur ar fáil agus a neart airgeadais a chaomhnú. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí tuairim is 7,600 duine á bhfostú ag ESB.







# PRÍOMHFHÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN* €'M**




(€38 milliún)


**EBITDA* €'M**




(€24 milliún)


*Roimh mhíreanna eisceachtúla. Féach an t-Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 38.

**IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ €'M**





(€250 milliún)

**GLANFHIACHAS €'M**





(€451 milliún)

**SCIAR DEN MHARGADH GINIÚNA UILE-OILEÁIN**




**SCIAR DEN MHARGADH SOLÁTHAIR UILE-OILEÁIN**




# CLÁR


## CAIBIDIL 1
### STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

| | |
|---|---|
| **FORBHREATHNÚ GNÓ** | 6 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 8 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 10 |
| Sracfhéachaint ar an ESB | 12 |
| Buaicphointí | 13 |
| **MÚNLA GNÓ, TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ, STRAITÉIS AGUS EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETFNNA)** | 15 |
| Múnla Gnó | 16 |
| Tuairisciú ar Rioscaí | 18 |
| Straitéis | 24 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIs) | 28 |
| **ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS** | 31 |
| An Fhoireann Feidhmiúcháin | 32 |
| Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin 2016 | 34 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 38 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) | 44 |
| ESB Networks | 46 |
| Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) | 48 |
| Electric Ireland | 50 |
| Nuáil | 52 |
| **FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH** | 55 |
| Forléargas | 56 |
| Sábháilteacht | 57 |
| Daoine | 58 |
| Inbhuanaitheacht | 60 |
| Úsáid Fuinnimh in 2016 | 61 |
| Freagracht Chorparáideach | 62 |

## CAIBIDIL 2
### RIALACHAS CORPARÁIDEACH

| | |
|---|---|
| An Bord i 2016 | 66 |
| Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach | 68 |
| Tuairisc Rialachais an Bhoird | 69 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 76 |
| Coistí Boird i 2016 | 82 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 84 |

## CAIBIDIL 3
### RÁITIS AIRGEADAIS

| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird | 89 |
| Tuairisc an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí an Bord Soláthair Leictreachais (ESB) | 90 |
| Ráitis Airgeadais | 93 |
| An t-Acht um Íocaíochtaí Prasa | 169 |
| Gluais | 170 |

## FORLÉARGAS GNÓ


8 Ráiteas an Chathaoirligh

10 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

12 Sracfhéachaint ar an ESB

13 Buaicphointí


"Chabhraigh córas smachta Honeywell liom mo chostais fuinnimh sa bhaile a choinneáil faoi smacht. Tá an aip ar fheabhas nuair nach bhfuil mé sa bhaile agus is féidir liom an teas a chasadh ar níos luaithe tráthnónta fuaire agus mé ar an mbealach abhaile ón obair. Bíonn ESB ag breathnú ar tháirgí agus seirbhísí nua i gcónaí chun cabhrú lenár gcustaiméirí a gcostais fuinnimh a laghdú agus táim sásta páirt a ghlacadh san iarracht seo éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú."

Sandra Ryan
An t-Ionad Seirbhise Gnó



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

## FORLÉARGAS

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais ESB a chur i láthair don bhliain 2016. Mar chathaoirleach den ESB, táim bródúil as traidisiún seanbhunaithe ESB luach a n-airgead a thabhairt dá gcustaiméirí agus fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta a chur chun cinn sna pobail a bhfreastalaíonn muid orthu. Agus muid ag comóradh i 2017 90 bliain ónar bunaíodh ESB, déanfaidh muid an bhéim seo ar sheirbhís do chustaiméirí agus caidreamh gníomhach le rannpháirtithe a chaomhnú agus a athnuachan.

Ba bhliain dhearfach í 2016 don ESB le brabús oibriúcháin tuairiscithe agus brabús i ndiaidh cánach de €597 milliún agus €186 milliún faoi seach. Is ionann an fheidhmíocht seo agus cóimheas toradh ar chaipiteal a úsáidtear (ROCE) de 6.1% agus cuireann sé ar chumas ESB díbhinn de €116 milliún a íoc amach don bhliain 2016.

Léiríonn na brabúis seo feidhmíocht oibriúcháin láidir i ngach réimse, d'ainneoin iomaíocht dhian sna margaí ar fad ina fheidhmíonn muid.



Ellvena Graham
An Cathaoirleach

Cinntíonn gnólachtaí éagsúlaithe agus staid láidir airgeadais ESB go bhfuil sé in ann dul i ngleic leis na dúshláin atá roimhe agus a bheith chun tosaigh san earnáil fuinnimh i gcónaí i margadh uile-oileáin.

## BÉIM STRAITÉISEACH AR THODHCHAÍ ÍSEALCHARBÓIN

Rinne an Bord athbhreithniú ar Straitéis Grúpa ESB suas go dtí 2025 ag athdhearbhú tosaíochtaí straitéiseacha ESB agus treoir ghinearálta an ghnó. Chuir an t-athbhreithniú béim ar an ngá atá ann nuálaíocht agus infheistíocht leanúnach a dhéanamh chun tacú leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN IOMAÍOCH

Tá iomaíocht dhian ann sna margaí ar fad ina bhfeidhmíonn muid. Mar fhreagra ar iomaíocht níos géire sa mhargadh cónaithe in Éirinn le blianta beaga anuas, tá táirge nua 'enduring reward' tugtha isteach ag Electric Ireland chun custaiméirí leictreachais agus gáis dílse a chúiteamh. Tá gnó Electric Ireland méadaithe i dTuaisceart Éireann (NI) freisin. Beidh forbairt sreafaí airgid tríd réitigh bunaithe ar chustaiméirí agus scaipeadh isteach i margaí nua mar thosaíocht sna blianta atá romhainn.

## FEIDHMÍOCHT LÁIDIR I nGACH RÉIMSE

Bhí infhaighteacht an fhlít ghiniúna thar barr i 2016, agus le coimisiúnú rathúil stáisiún cumhachta Carrington, gástuirbín comh-thimthrialla (CCGT) 885 MW gar do Mhanchain, chur sé seo go mór le feidhmíocht thrádála rathúil ár n-acmhainní giniúna. Rinne ESB Networks agus Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) feabhsuithe suntasacha sa líonra faoina gcreataí rialála féin chun acmhainneacht a fheabhsú agus méadú níos mó sa ghiniúint inathnuaite a thacú.

## DÍBHINN

De réir pholasaí díbhinne ESB, molann an Bord díbhinn deiridh de €60 milliún don bhliain 2016, rud a ardóidh an méid iomlán go dtí €116 milliún don bhliain 2016 agus go dtí beagnach €1.5 billiún le deich mbliana anuas. Déanann ár bpolasaí díbhinne foráil le haghaidh díbhinní spriocdhírithe de 38% den bhrabús i 2016 agus de 40% i 2017 agus ina dhiaidh sin.

## CAIGHDEÁIN SA RIALACHAS CORPARÁIDEACH A CHUR I BHFEIDHM

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde sa rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus riosca a bhainistiú agus tacú le hinbhuanaitheacht agus fás. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag ESB chun cloí le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009), creat Rialtais comhaontaithe. I Lúnasa 2016, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Beidh feidhm ag an gCód seo i gcás ESB don bhliain airgeadais suas go dtí 31 Nollaig 2017. Ar a bharr sin, cloíonn ESB ar bhonn deonach le Cód Rialachais Chorparáidigh na RA agus le hAguisín Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.

Déanann an Bord athbhreithniú foirmeálta ar phríomhrioscaí an Ghrúpa go bliantúil mar pháirt dá athbhreithniú leanúnach ar riosca, chun a chinntiú go bhfuil na rialaithe chuí i bhfeidhm agus go bhfuil bainistiú gníomhach á dhéanamh ar rioscaí.

Ghlac Paul Lynam agus Alf Smiddy ballraíocht ar an mBord i mbliana. Cuirim fáilte roimh an mbeirt acu ar an mBord agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair leo. Tháinig deireadh le dara téarma Séamus Mallon in oifig i mBealtaine 2016 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as an méid a rinne sé ar son ESB leis na blianta.

## INIÚCHÓIR SEACHTRACH


Tá mionbhreathnú á dhéanamh ag an mBord ar fhorbairtí ag leibhéil an AE maidir le tionacht iniúchóraí. Ag cur san áireamh na bhforbairtí seo agus cleachtas margaidh maidir le huainíocht iniúchóirí i bPoblacht na hÉireann (ROI) agus sa Ríocht Aontaithe (UK), rinneadh cinneadh ceadú an Aire a lorg chun iniúchóir eachtrach nua a cheapadh. Tar éis cur i gcrích phróisis cheart tairisceana i rith 2016, ceapadh PwC mar an chéad iniúchóir eachtrach eile don ESB ó 2017. Níor ghlac KPMG, an t-iniúchóir atá ann faoi láthair, páirt sa phróiseas.

Is í tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais 2016 an ceann deireanach a dhéanfaidh KPMG agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le páirtnéirí agus fostaithe KPMG a d'oibrigh ar iniúchtaí ESB i gcaitheamh na mblianta as an tseirbhís den scoth a chur siad ar fáil.

## TIMPEALLACHT SAOR Ó EACHTRAÍ AGUS Ó GHORTÚ

Bhí feidhmíocht sábháilteachta ESB i 2016 bunaithe ar infheistíocht leanúnach i bpróisis, córais agus acmhainní sábháilteachta agus ar bhéim a leagan ar chultúr saor ó eachtraí agus ó ghortú a fhorbairt san eagraíocht ar fad. Tá ESB tiomanta go hiomlán don chuspóir ionad oibre saor ó eachtraí agus ó ghortú a bhaint amach. Chuige sin, tá pleananna agus próisis shábháilteachta curtha i bhfeidhm sa Ghrúpa ar fad arna thacú ag na córais faisnéise bainistíochta sábháilteachta riachtanacha.

## DÍBHINNÍ 2007 GO 2016




## DAOINE AG TACÚ LE BARR FEABHAIS

Tacaíonn ESB i gcónaí le héagsúlacht de gach cineál. Tá tábhacht níos mó ná riamh ag timpeallacht éagsúil oibre maidir le cumas ESB príomhscileanna agus tallanna a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt. Spreagann sé léargas agus tuiscint níos fearr ar chustaiméirí freisin, rud a chothaíonn nuálaíocht níos fearr. I 2016, mar thacaíocht dár straitéis fáis chorparáidigh agus nuálaíochta, d'earcaigh ESB 84 chéimí nua agus 76 phrintíseach nua. Is de bharr shaineolais agus dhúthrachta nach beag fostaithe ESB go bhfuil ceann de na córais leictreachais is soifisticiúla ar domhan ag Éirinn. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo as an méid ollmhór atá déanta acu ar son an Ghrúpa i 2016.

Ónar bunaíodh é i 1927, tá tuiscint mhaith ag an ESB ar fhreagracht shóisialta chorparáideach. Sa bhliain 2016, íocadh amach os cionn €2 mhilliún le haghaidh réimse leathan tionscnamh pobal agus tionscnamh dírithe ar shaincheisteanna.

Spreagann agus éascaíonn ESB obair dheonach a dhéanann a fhostaithe ina bpobail áitiúla agus mar thacaíocht do Chláir Fhreagracht Chorparáideach ESB.

## TODHCHAÍ ÍSEALCHARBÓIN

Tá an fuinneamh ríthábhachtach do gach gné den saol eacnamaíoch agus sóisialta agus déanann páirtithe leasmhara mionscrúdú air dá bharr. Is dúshláin mhóra chasta éiginnte na teicneolaíochtaí suaiteacha agus brúnna iomaíocha nua a bhfuil an earnáil fuinnimh ag plé leo. Léiríonn ESB a cheannasaíocht tríd tosaíocht a thabhairt do leasa fadtéarmacha ár gcustaiméirí agus na sochaí go ginearálta.

Tá an Bord tiomanta do chinntiú go mbíonn an cur chuige a ghlacann ESB inbhuanaithe agus go mbaineann freagracht shóisialta leis. Athdhearbhaíonn an t-athbhreithniú straitéise a rinneadh i 2016 creideamh an Bhoird gurb é Straitéis Ghrúpa ESB go dtí 2025 an bealach ceart, agus go gcinnteoidh sé go bhfanann ESB chun tosaigh san earnáil fuinnimh i margadh uile-oileáin.

## CRÍOCH

De réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927–2004, cuireann an Bord an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i láthair.



Ellvena Graham,
An Cathaoirleach
22 Feabhra 2017

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

## FEIDHMÍOCHT I 2016

Bhí feidhmíocht láidir oibriúcháin i ngach réimse den ghnó i 2016, rud a ghnóthaigh brabús oibriúcháin de €597 milliún. Mar thoradh ar oibriúchán rathúil an Stáisiún Cumhachta Carrington nua i 2016 a raibh soláthar den scoth de 93% aige, bhí feidhmíocht láidir ag gnó na Margaí Giniúna agus Mórdíola (G&WM) d'ainneoin an timpeallacht dhúshlánach ina bhfuil sé. Lean na gnólachtaí líonraí ar aghaidh ag cur ar fáil chláir chaipitil agus chothabhála shuntasacha de réir a gconarthaí rialála, agus bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag Electric Ireland, rannóg mhiondíola ESB, a choinnigh a cur béime ar sheirbhís do chustaiméirí agus ag tabhairt luach a n-airgead do chustaiméirí.

Thug an fheidhmíocht mhaith airgeadais seo deis d'ESB infheistíocht €897 milliún a dhéanamh in infreastruchtúr fuinnimh i rith 2016 agus díbhinn €116 milliún a íoc amach ag ardú líon na ndíbhinní a íocadh amach le 10 mbliain anuas go dtí beagnach €1.5 billiún.

### 2016 BUAICPHOINTÍ OIBRIÚCHÁIN

- Coimisiúnú Stáisiún Cumhachta Carrington, gástuirbín comh-thimthrialla (CCGT) 885 MW gar do Mhanchain.
- Rochtain snáithín leathanbhanda ardluais a chur ar fáil d'os cionn 50,000 áitreamh i mbailte ar fud na hÉireann.
- Laghdú de 6% ar phraghsanna aonaid chaighdeánacha leictreachais do chustaiméirí cónaithe agus laghdú praghsanna de 5% ar phraghasanna aonaid gháis do chustaiméirí cónaithe.
- Cur i gcrích trí fhostáisiún in Iardheisceart na hÉireann chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do ghiniúint inathnuaite nua ar an gcóras.
- Gradam Chambers Ireland as éacht a dhéanamh sa bhfreagracht shóisialta chorparáideach 2016.
- Cur isteach os cionn 1,200 kW de ghrianphainéal tríd an gcomhfhiontar atá againn le Kingspan.



Pat O'Doherty
An Príomhfheidhmeannach

## NUÁLAÍOCHT BUNAITHE AR CHUSTAIMÉIRÍ

Déanann ESB nuálaíocht chun luach a n-airgead a thabhairt do chustaiméirí agus leanann sé air ag cur béime ar phraghasáil iomaíoch. I rith 2016, chuir ESB ar aghaidh coigilteas dár gcustaiméirí tríd rátaí aonaid chaighdeánacha a laghdú 6% ón 1 Meitheamh 2016 do chustaiméirí leictreachais cónaithe, an tríú laghdú i bpraghas leictreachais le níos lú ná dhá bhliain. Laghdaíodh praghsanna aonaid gháis 5% ón 1 Deireadh Fómhair 2016, an tríú laghdú i bpraghsanna gáis chónaithe le 18 mí anuas. Ba é Electric Ireland an chéad rannóg freisin chun an táirge nua 'enduring award' a chur ar an margadh dár gcustaiméirí dílse, táirge a glacadh leis go forleathan. Tá muid ag cur béime leanúnach ar chumasú custaiméirí agus féinseirbhís in Electric Ireland agus ESB Networks araon tríd seirbhísí nua digiteacha a chur ar fáil, lena n-áirítear feidhmchlár lascacháin atá inrochtana ar fhóin mhóibíleach agus cainéil nua seirbhíse do chustaiméirí.

## AG FORBAIRT LUCHT SAOTHAIR AN TODHCHAÍ

I margadh fostaíochta iomaíoch, is tosaíocht í cumas agus inbhuanaitheacht ár lucht saothair oilte a chaomhnú. Rinneadh infheistíocht leanúnach san oiliúint, sa bhforbairt agus san earcaíocht spriocdhírithe chun na scileanna is gá chun luach a n-airgead a thabhairt dár gcustaiméirí a fhorbairt i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíocht ghéar agus atá ag athrú go tapa.

Mar thacaíocht do chuspóirí ESB an gnó a fhás agus a athnuachan, cuireadh béim i 2016 ar an múnla nua fostaíochta a tugadh isteach i 2015 a chur i bhfeidhm go daingean agus ar athnuachan an lucht saothair. Ó thaobh ESB de, caomhnaíonn sé seo inbhuanaitheacht agus ardchaighdeán an mhúnla pá margadhbhunaithe dírithe ar an todhchaí agus ó thaobh na bhfostaithe de, cothaíonn sé gluaiseacht dhearfach phá agus deiseanna suntasacha maidir le forbairt gairme don todhchaí. Tá muid tiomanta freisin do thimpeallacht éagsúlaithe agus ionchuimsitheach a chur ar fáil dár bhfostaithe.

## AG FREAGAIRT D'FHÓRSAÍ AN MHARGAIDH EACHTRAIGH

Tá roinnt fórsaí móra ag brú athruithe chun cinn san earnáil fuinnimh, go háirithe an t-athrú aeráide, custaiméirí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht agus comhtháthú an mhargaidh. Tá sé léirithe ag ESB arís agus arís eile go nglacann sé go maith le hathruithe, agus go bhfuil bearta déanta aige chun freagra a thabhairt i ngach réimse, lena n-áirítear ár bpunann giniúna a fhás, oibriú le páirtnéirí chun ár n-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a thapú agus seirbhísí nua fuinnimh a chur ar fáil do chustaiméirí chun cabhrú leo úsáid níos éifeachtúla a bhaint as fuinneamh. Tríd an gclár nuálaíochta struchtúraithe atá ar bun againn, tá muid ag teacht ar agus ag forbairt smaointe nua, agus i rith 2016 d'fhorbair muid slí straitéiseach chun réitigh bunaithe ar chustaiméirí a fhorbairt i raon de réimsí tábhachtacha lena n-áirítear líonraí cliste, leictriú teasa, iompar agus olltiomsú sonraí.

## AG AISTRIÚ I dTREO THODHCHAÍ ÍSEALCHARBÓIN

Is tosaíocht d'ESB déine carbóin ár n-oibriúcháin a laghdú ach inacmhainneacht an fhuinnimh agus slándáil an tsoláthair do chustaiméirí a chaomhnú. Sa chomhthéacs seo, tá muid ag díriú ar cheithre réimse: infheistíocht a dhéanamh i nginiúint inathnuaite agus ísealcharbóin; an líonra leictreachais a fhorbairt chun tacú le breis acmhainní fuinnimh dáilte; ár gcustaiméirí a chumasú chun go nglacfadh siad níos mó smachta ar a n-úsáid fuinnimh agus tacú le leictriú teasa agus iompair chun dlús a chur le dícharbónú na sochaí.

I rith 2016, lean ár n-aistriú i dtreo an ghiniúna inathnuaite ar aghaidh le coimisiúnú Fheirm Ghaoithe Ráithín Liath, feirm ghaoithe 35 MW i gContae Chill Mhantáin agus le cur isteach os cionn 1,200 kW de ghrianphainéal tríd an gcomhfhiontar atá againn le Kingspan. Tá cúig fheirm ghaoithe eile á thógáil faoi láthair agus tá ár stáisiún fuíolladhmaid go fuinneamh (comhfhiontar le Green Investment Bank na RA agus an soláthraí trealaimh Lochlannach BWSC agus AET) atá lonnaithe ag Cuan Tilbury in Essex, an Ríocht Aontaithe (RA) beagnach críochnaithe. Ní bheadh fás na n-athnuaiteán ar oileán na hÉireann indéanta mura ndéanfadh ESB Networks agus Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) infheistíocht shuntasach inár líonraí. I 2016, rinneadh caiteachas caipitiúil iomlán de os cionn €500 milliún i ngnó an dá líonra chun go mbeidh siad in ann éilimh reatha agus todhchaí a chomhlíonadh do gach custaiméir leictreachais. Tá ESB ag tacú freisin le rolláil amach an leathanbhanda ardluais do theaghlaigh agus gnólachtaí ar fud na tíre. Idir an dá linn, bhain Electric Ireland amach a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh i 2016 agus leanann sé ar aghaidh ag forbairt réitigh chun cabhrú le custaiméirí a lorg carbóin a laghdú.

## AG ULLMHÚ LE hAGHAIDH COMHTHÁTHÚ MARGAIDH

Cuireann comhtháthú mhargaí fuinnimh an RA agus Éireann deiseanna suntasacha ar fáil d'ESB chun a ghnó a fhás i margadh i bhfad níos mó. Cuireann feidhmíocht láidir Stáisiúin Ghiniúna Carrington ónar coimisiúnaíodh é i Meán Fómhair 2016 le cumas ESB bheith san iomaíocht sa RA, agus léiríonn sé an poitéinseal atá ann chun tuilleadh fáis a dhéanamh sa ghnó giniúna. Tá éiginnteacht agus castacht níos mó ag baint leis an athrú atá beartaithe ó Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) go SEM comhtháite sa todhchaí (I-SEM), ach tá ESB suite go maith chun déileáil leis seo. Ar an dóigh chéanna, is léir gur dúshláin agus deiseanna na leasúcháin margaidh a leanann ar aghaidh sa Bhreatain Mhór (GB).

Cé go gcothaíonn Breatimeacht éiginnteacht, tá deiseanna fáis fós in earnáil fuinnimh na RA agus tá ESB ag déanamh monatóireacht i gcónaí ar na tionchair ón mBreatimeacht atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn.

## IS BUNLUACH AN TSÁBHÁILTEACHT I gCÓNAÍ

Is bunluach í an tsábháilteacht d'ESB agus tá muid ag obair chun sábháilteacht ár bhfostaithe, ár gconrathóirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú. Sheol ESB Networks feachtas nua sábháilteacht phoiblí, Stay Safe, Stay Clear, i 2016 a chur go mór le heolas an phobail faoi chonas a bheith sábháilte cóngarach do shreanga leictreacha. Go hinmheánach, tá tionchar dearfach ar shábháilteacht ar fud an Ghrúpa ag an eagraíocht nua sábháilteachta a bunaíodh i 2015.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Tá an comhoibriú mar pháirt lárnach dár straitéis, mar go spreagann sé nuálaíocht agus cothaíonn sé acmhainní breise le haghaidh infheistíochtaí nua. Tá muid inár bpáirtí ag gnólachtaí nuathionscanta, institiúidí acadúla agus cuideachtaí ilnáisiúnta éagsúla i ngach réimse dár ngnó; Kingspan agus Terra Solar do thionscnaimh fhuinnimh ghréine, Vodafone do thionscnaimh snáithín-chuig-an-bhfoirgneamh agus Endeco do réitigh fhreagairt mhinicíocht thapa. Táthar ag súil leis go dtosnófar in 2017 ar an athfhorbairt atá beartaithe d'ionad Phríomhoifig Shráid Mhic Liam. Trí chomhoibriú, tá ESB tiomanta do bheith ina shlat tomhais maidir le spás oifige nua-aimseartha agus inbhuanaithe a chruthú i gcathair Bhaile Átha Cliath a bhfuil dearadh aige atá ag teacht le carachtar stairiúil na cathrach, le timpeallacht na háite ina bhfuil sé agus a thugann léargas ar an am a cruthaíodh é.


## AG TACÚ LEIS AN BPOBAL

Le deich mbliana anuas, tá os cionn €10 milliún deonaithe ag ESB do thionscnaimh phobalbhunaithe i bPoblacht na hÉireann (ROI) agus i dTuaisceart Éireann (NI) i réimsí an Chosc ar Fhéinmharú, an oideachais agus an easpa dídine tríd ár gCiste Fhuinneamh do na Glúnta. Déanann muid infheistíocht freisin i bpobail trí urraíocht a chuireann an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic chun cinn chomh maith leis an spórt, na healaíne agus tionscnaimh chultúrtha.

Bhí ESB iontach sásta an Gradam Chambers Ireland as éacht a dhéanamh sa bhfreagracht shóisialta chorparáideach (CSR) a fháil i 2016 de bharr go bhfuil cleachtais CSR curtha i bhfeidhm go daingean inár ngnó agus de bharr ár ndúthracht i leith rannpháirtíochta sa phobal agus an cleachtas gnó freagrach atá againn.

## AG FÉACHAINT ROMHAINN CHUIG 2017 AGUS INA DHIAIDH

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an chine daonna, agus tuigeann ESB, mar an chuideachta fuinnimh is tábhachtaí in Éirinn, an fhreagracht atá againn astaíochtaí carbóin a laghdú. An dúshláin atá romhainn ná custaiméirí a thabhairt ar thuras linn chun réitigh a fháil a chaomhnaíonn slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh, chomh maith le táirgí agus seirbhísí a fhorbairt atá ag freagairt go díreach dá riachtanais. Déanfar 90 bliain ónar bunaíodh ESB a chomóradh i 2017, agus déanfaidh muid an ócáid thábhachtach sin a chomóradh tríd pleanáil a dhéanamh dár gcuimhneachán 100 bliana agus ina dhiaidh sin, trí oibriú i dtreo thodhchaí ina sholáthraítear cumhacht le leictreachas glan.



Pat O'Doherty,
An Príomhfheidhmeannach
22 Feabhra 2017

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS


# ESB D'AON AMHARC




| DEIGHLEOG GHNÓ | MARGAÍ GINIÚNA AGUS MÓRDHÍOLA (G&WM) | ESB NETWORKS | NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS) | ELECTRIC IRELAND | DEIGHLEOGA EILE |
|---|---|---|---|---|---|
| CUR SÍOS | GINIÚINT LEICTREACHAIS | TRASCHUR AGUS DÁILEACHÁN LEICTREACHAIS | | SOLÁTHAR LEICTREACHAIS | NUÁIL AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE INMHEÁNACHA |
| IONCAM | €1,327M | €1,019M | €272M | €1,895M | €278M |
| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN | €231M | €314M | €35M | €72M | (€55M) |
| CAITEACHAS CAIPITIÚIL | €262M | €373M | €141M | €8M | €113M |
| MEÁNLÍON NA BHFOSTAITHE | 981 | 3,289 | 1,261 | 365 | 1,701 |
| NASC GO DTÍ MÍREANNA EILE SA TUARASCÁIL SEO | Féach leathanach 44 Athbhreithniú Oibriúcháin G&WM | Féach leathanach 46 Athbhreithniú Oibriúcháin ESB Athbhreithniú | Féach leathanach 48 Athbhreithniú Oibriúcháin NIE Networks | Féach leathanach 50 Athbhreithniú Oibriúcháin Electric Ireland | Féach leathanach 52 Athbhreithniú Oibriúcháin Innovation |

# BUAICPHOINTÍ

## AIRGEADAIS




CÓIMHEAS TORADH AR CHAIPITEAL A ÚSÁIDTEAR 6.1%



AG CUR OS CIONN €2 BHILLIÚN LE GEILLEAGAR NA HÉIREANN

DÍBHINNÍ IOMLÁN DE BHEAGNACHÍOCTHA AMACH LE DEICH MBLIANA ANUAS

€1.5 BILLIÚN

## OIBRIÚCHÁN

OIBRIÚCHÁIN TRÁCHTÁLA CARRINGTON 885 MW CCGT I MANCHAIN, RA

OS CIONN 26,000 NASC CUSTAIMÉIRÍ NUA

SIRO – ROCHTAIN AR LEATHANBHANDA ARDLUAIS DO 50,000 ÁITREAMH AR FUD NA HÉIREANN

CUIREADH ISTEACH OS CIONN 1,200 kW GRIANPHAINÉAL AR LEIBHÉAL DÍN LE KINGSPAN

## AN CUSTAIMÉIR AGUS MARGADH

SCIAR DEN MHARGADH GINIÚNA 47%

SCIAR DEN MHARGADH SOLÁTHAIR 37%

6% DE LAGHDÚ PRAGHSANNA DO CHUSTAIMÉIRÍ LEICTREACHAIS CHÓNAITHE – AN TRÍÚ LAGHDÚ PRAGHSANNA LE NÍOS LÚ NÁ DHÁ BHLIAIN

5% DE LAGHDÚ PRAGHSANNA DO CHUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE GÁIS – AN TRÍÚ LAGHDÚ PRAGHSANNA LE HOCHT MÍ DÉAG ANUAS

SEOLADH NA SEIRBHÍSÍ FUINNIMH CHLISTE

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

SEOLADH FEACHTAS STAY SAFE, STAY CLEAR

DHÁIL AN CISTE FUINNEAMH LE HAGHAIDH NA NGLÚNTA OS CIONN €10 MILLIÚN LE DEICH MBLIANA ANUAS AR THIONSCNAIMH PHOBALBHUNAITHE IN ÉIRINN

THUG ELECTRICAID OS CIONN €1 MILLIÚN I 2016 DO THIONSCNAIMH FHORBARTHA AGUS FHAOISIMH I DTÍORTHA ATÁ I MBÉAL FORBARTHA

OS CIONN 30,000 UAIREANTA OIBRE DEONACHA DÉANTA AG FOSTAITHE

**MÚNLA GNÓ, TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ, STRAITÉIS AGUS PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIs)**


16 Múnla Gnó

18 Tuairisciú ar Rioscaí

24 Straitéis

28 Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIs)

# MÚNLA GNÓ

Feidhmíonn ESB a mhúnla gnó i ngach réimse den mhargadh leictreachais: ó ghiniúint, tarchur agus dáileadh go soláthar chustaiméirí, le láithreacht i margadh giniúna na Breataine Móire (GB) atá ag scaipeadh. Is múnla gnó é seo atá bunaithe ar feabhas a chur ar na gnólachtaí seo agus deiseanna nua gnó a fhorbairt thar an nGrúpa ar fad a chabhróidh linn breisluach a chruthú agus ESB a aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

## TIMPEALLACHT GHNÓ

- Beartas Aeráide agus Fuinnimh
- Bealach Éireann go dtí Córas Fuinnimh Ísealcharbóin agus Ról an Leictrithe
- Éileamh, Trasfhoirmiú agus Nuáil
- Breatimeacht
- Neart Airgeadais

Féach leathanach 24 le haghaidh tuilleadh eolais faoin Timpeallacht Ghnó

## PRÍOMHRIOSCAÍ 2016

**AIRGEADAIS**
- Trádáil Fuinnimh
- Feidhmíocht Airgeadais
- Tráchtálaíocht Carrington

**RIALÁLA**
- Torthaí Rialála
- Cáil

**OIBRIÚCHÁN**
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Teip ar Infreastruchtúr Líonraí
- Feidhmthréimhse Stáisiúin Ghiniúna
- Teip TF
- Caillteanas Sonraí

**STRAITÉISEACH**
- Margadh / Teicneolaíochtaí Suaiteacha, Iomaitheoirí
- Cumas Eagrúcháin
- Atmaisféar Caidrimh Thionsclaíoch
- Rioscaí Dlí
- Cur i gCrích Straitéise

Féach leathanach 18 i gcomhair an Tuairisciú ar Rioscaí agus Príomhrioscaí

**TUGTAR SONRAÍ THÍOS AR NA PRÍOMHCHAIPITIL A ÚSÁIDEANN ESB INA GHNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ CHUN LUACH A CHRUTHÚ DON GHRÚPA AGUS DÁ PHÁIRTITHE LEASMHARA**

## CINEÁLACHA CAIPITIL

### 1. CAIPITEAL MONARAITHE
**– Fuinneamh a ghiniúint agus a sholáthar ar bhealach sábháilte agus ar féidir brath air**
- 5,727 MW den chumas giniúna
- Os cionn 180,000 ciliméadar de líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann (ROI)
- Os cionn 49,000 ciliméadar de líonra leictreachais i dTuaisceart Éireann (NI)

### 2. CAIPITEAL AIRGEADAIS
**– Luach a chruthú dár bpríomhpháirtithe leasmhara**
- Rátáil chreidmheasa BBB+
- Sócmhainní iomlána de €12.9 billiún
- Giaráil 51%
- Leachtacht de €1.7 billiún

### 3. CAIPITEAL INTLEACHTÚIL
**– Luach a chruthú tríd nuáil leanúnach a dhéanamh**
- Giniúint Nuála agus réitigh nua a chur i bhfeidhm
- Cur chun cinn nuála
- Struchtúr rialachais chorparáidigh
- Córais agus scileanna bainistíochta tionscadail
- Go dtí seo tá beagnach €140 milliún infheistithe ag Ciste Novusmodus

### 4. CAIPITEAL DAONNA
**– Lucht saothair atá spreagtha agus bríomhar**
- Beagnach 7,600 fostaí
- Straitéis um Cheannaireacht Shábháilteacht
- Cláir um fhorbairt fostaí
- Cláir um Athrú an Chultúir Shábháilteachta

### 5. CAIPITEAL SÓISIALTA AGUS CAIDRIMH
**– Caidreamh a chruthú atá bunaithe ar bhonn iontaoibhe lenár bpríomhpháirtithe leasmhara**
- 1.4 milliún custaiméir
- Os cionn 30,000 uaireanta déanta ar chláir dheonacha
- Os cionn €10 milliún dáilte do thionscnaimh phobail le deich mbliana anuas
- Síntiús bliantúil de thart ar €1 milliún tugtha go ElectricAid
- Ag obair i gcomhar le cuideachtaí eile

### 6. CAIPITEAL NÁDÚIR
**– Réitigh inbhuanaitheacha agus iomaíocha a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad**
- 422 MW de shócmhainní giniúna inathnuaite

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ

**Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM)**
– Féach leathanach 44 d'Athbhreithniú Oibriúcháin G&WM
Gníomhaíochtaí giniúna, trádála agus forbartha sócmhainní i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Ríocht Aontaithe atá i gceist le G&WM

**ESB Networks**
– Féach leathanach 46 d'Athbhreithniú Oibriúcháin ESB Networks
Déanann ESB Networks bainistíocht ar an líonra tarchurtha leictreachais agus córais dháilte i bPoblacht na hÉireann agus feidhmíonn sé líonra an chórais dháilte leictreachais i bPoblacht na hÉireann.

**Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**
– Féach leathanach 48 d'Athbhreithniú Oibriúcháin NIE Networks
Déanann NIE Networks bainistíocht ar an líonra tarchurtha leictreachais agus córais dháilte i dTuaisceart Éireann agus feidhmíonn sé líonra an chórais dháilte leictreachais i dTuaisceart Éireann.

**Electric Ireland**
– Féach leathanach 50 d'Athbhreithniú Oibriúcháin Electric Ireland
Tá Electric Ireland ar cheann de phríomhsholáthróirí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus lena chois sin tá sciar nach beag aige den mhargadh leictreachais neamhbhaile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

**Nuáil**
– Féach leathanach 52 d'Athbhreithniú Oibriúcháin agus Línte Gnó Innovation
Oibríonn Innovation le páirtnéirí go hinmheanach agus go heachtrach chun tairiscintí nua a chur ar fáil do chustaiméirí a thacaíonn le haistriú ESB chuig todhchaí ísealcharbóin.

## TORTHAÍ

- EBITDA €1.3 billiún
- Cóimheas toradh ar chaipiteal a úsáidtear (ROCE) de 6.1%
- Os cionn €2 bhilliún curtha le geilleagar na hÉireann
- Beagnach €1.5 billiún díbhinní íoctha amach le deich mbliana anuas
- 47% de sciar an mhargaidh ghiniúna uile-oileáin
- 37% de sciar an mhargaidh sholáthair uile-oileáin
- Caomhnú os cionn 180,000 ciliméadar líonraí dáilte agus tarchurtha i bPoblacht na hÉireann
- Caomhnú os cionn 49,000 ciliméadar líonraí dáilte agus tarchurtha i dTuaisceart Éireann
- Beagnach 4,400 MW de ghiniúint inathnuaite ceangailte leis an eangach ar bhonn uile-oileáin
- Curtha i bhfeidhm os cionn 1,200 pointe luchtaithe ecar inrochtana ag an bpobal ar fud oileán na hÉireann chomh maith le 1,700 pointe luchtaithe baile
- Os cionn 26,000 ceangal nua custaiméara
- Os cionn 300,000 malartú suímh éascaithe

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

- Fóntas Láidir Éagsúlaithe Comhtháite go hIngearach
- Gnólachtaí Giniúna & Soláthair Scála
- Líonraí Soifisticiúla
- Nuáil Inbhuanaithe
- Struchtúr Costais Athraithe ó Bhonn
- Eagraíocht Spreagtha & Bhríomhar

Féach leathanach 26 le haghaidh Tosaíochtaí Straitéiseacha

## ÁR LUACHANNA

**Tugann luachanna treoir dúinn maidir le conas a ghníomhaíonn muid, a dhéanann muid cinntí agus a bpléann muid lenár bpáirtithe leasmhara**

DO SHÁBHÁILTEACHT | IONRACAS AGUS MEAS | SEIRBHÍS IOMAÍOCH AR FÉIDIR BRATH UIRTHI | NUÁIL INBHUANAITHE | COMHOIBRIÚ

# TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ

## CUR CHUIGE I LEITH BAINISTÍOCHT RIOSCAÍ

Measann ESB go bhfuil bainistíocht riosca éifeachtúil ina gné lárnach d'oibriúcháin ghnó agus ríthábhachtach chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord maidir le bainistíocht riosca agus smachtú inmheánach. Tá Polasaí Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais glactha aige ina leagtar amach a spriocanna bainistíochta riosca agus lena gcinntítear maoirseacht éifeachtach ar rioscaí ar fud an Ghrúpa.

Fágann an Bord an fhreagracht maidir le maoirseacht rioscaí sainiúla faoi na Coistí Boird de réir Théarmaí Tagartha na gCoistí agus a réimsí saineolas ar leith. Tagann an Bord ar chomhaontú maidir le conas a choinníonn na Coistí a chéile agus an Bord ar an eolas maidir le rioscaí agus cleachtais mhaoirseachta rioscaí. Déanann cathaoirligh na gCoistí tuairisc don Bhord iomlán faoi na príomhfhorbairtí agus ceisteanna a bhfuil tuilleadh plé agus machnaimh ag teastáil uathu. Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca faoi chinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna fiontraíochta a aithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a smachtú thar ceann an Bhoird agus tugann sé comhairle don Bhord maidir lena bhreithiúnas faoi ghlacadh rioscaí, lamháltas riosca agus straitéis riosca an Ghrúpa.

Tá mionsonraí faoin méid a rinne an Bord agus an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca in 2016 i dtaca lena gcuid freagrachtaí riosca leagtha amach ar leathanach 74.

Tá na haonaid ghnó freagrach as rioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú laistigh dá réimsí faoi seach. Ag leibhéal feidhmiúcháin, déanann Coiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa athbhreithniú ar na príomhrioscaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus cinntíonn sé go ndéantar bunphrionsabail na dea-bhainistíochta riosca a chuimsiú sa phróiseas cinnteoireachta ag gach leibhéal den Ghrúpa. Tugann Fóram Riosca an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna threorú ag an bPríomhfheidhmeannach, gealltanas don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an Bord maidir le tathag na measúnaithe riosca agus dul chun cinn na pleananna atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus deiseanna a thapú.

## PRÍOMHRIOSCAÍ A AITHINT

Aithníonn ESB príomhrioscaí trí chur chuige ón mbonn aníos agus gnáthamh ón mbarr anuas a chuirtear i bhfeidhm gach bliain.

Déanann gach aonad gnó an gnáthamh ón mbun aníos a chur chun feidhme. Déanann an Fhoireann Fheidhmiúcháin agus na foirne bainistíochta sinsearacha de gach aonad na torthaí a phlé agus a mhachnamh go cuimsitheach agus déantar an fhreagracht maidir le bainistiú na príomhrioscaí a dháileadh orthu siúd lena mbaineann an riosca.

Le go n-oibreodh an próiseas ón mbarr aníos, ní mór léargas comhtháite de phróifíl an Ghrúpa a fhorbairt bunaithe ar na torthaí a fuarthas ó gach aonad gnó chomh maith le dearcthaí tomhaiste na mbainisteoirí sinsearacha a bhfuil feidhmeanna ar fud an Ghrúpa acu. Cuirtear treochtaí agus fachtóirí riosca seachtracha san áireamh sa phróiseas.

Tar éis don Choiste um Iniúchóireachta agus Riosca Plean Riosca an Ghrúpa a chíoradh go mion agus moladh a dhéanamh ina leith, déantar é a chur faoi bhráid an Bhoird lena fhormheas.

## FACHTÓIRÍ MAIDIR LE RIOSCAÍ A AITHINT

Déantar léargas comhtháite de phróifíl riosca an Ghrúpa a fhorbairt bunaithe ar na príomhthorthaí seo a leanas:

- Straitéis Grúpa ESB go dtí 2025
- An timpeallacht eachtrach ghnó
- Ráitis maidir le fonn priacal
- Pleananna gnó agus buiséid
- Athbhreithnithe um rialachas bliantúil agus rialú airgeadais
- Athbhreithnithe um rioscaí aonad
- Athbhreithnithe / measúnaithe riosca eachtracha (m.sh. Measúnú Riosca Náisiúnta, Athbhreithniú Riosca Domhanda an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda
- Dearcthaí iniúchóirí inmheánacha agus eachtracha
- Taighde piara eachtrach agus malartú faisnéise
- Cruinnithe leis an gCoiste Bainistíochta Riosca, le Fóram Riosca an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus leis an bPríomhfheidhmeannach

## FREAGRACHTAÍ

Míníonn an Polasaí Bainistíochta Riosca agus an Creat Rialachais conas an gcomhlíonfaidh an Bord, na Coistí Boird agus an bhainistíocht a freagrachtaí faoi seach maidir le bainistíocht riosca agus rialú inmheánach.

## CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA

RIALAITHE

ÓN MBARR ANUAS

**RÓL AN BHOIRD**

- Formheasann Straitéis Grúpa ESB
- Formheasann an Polasaí Riosca, an Creat Bainistíochta Riosca iomlán, an fonn riosca, na pleananna riosca agus na spriocanna feidhmíochta

**RÓL NA GCOISTÍ BOIRD**

| AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA | AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA | AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS TIMPEALLACHTA | AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA |
|---|---|---|---|

- Tugann An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca comhairle maidir le fonn riosca, rialachas riosca agus ceisteanna eile a bhaineann le riosca ardleibhéil
- Tugann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta comhairle maidir le rioscaí trádála fuinnimh, cistíochta agus infheistíochta / rioscaí a bhaineann le tionscnaimh
- Tugann an Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil comhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta chun a chinntiú go gcomhlíonann ESB a oibleagáidí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil
- Cinntíonn an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta go bhfuil an fonn riosca, an cúiteamh, na próisis roghnúcháin agus cinnteoireachta ag teacht le chéile

**RÓL NA BAINISTÍOCHTA SINSIRIGH**

- Straitéis a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm laistigh de theorainneacha an fhoinn riosca
- Freagrach as rialachas agus rialaithe riosca

PRÓISEAS

ÓN MBUN ANÍOS

**FONN RIOSCA**

- Déantar cur síos anseo ar na rioscaí a bhfuil an Grúpa toilteanach glacadh leo bunaithe ar straitéis fadtéarmach, ar bhunphrionsabail riosca, ar luachanna agus ar inniúlachtaí bainistíochta riosca

| POLASAITHE BAINISTÍOCHTA RIOSCA AGUS AN CREAT RIALACHAIS | MÚNLA NA TRÍ LÍNE COSANTA | DAOINE | FEIDHM RIOSCA NEAMHSPLEÁCH |
|---|---|---|---|

- Cinntíonn an creat rialachais riosca go ndéantar maoirseacht chuí ar chuntasacht maidir le bainistíocht riosca
- Leagan múnla na trí líne cosanta amach na rólanna agus na freagrachtaí maidir le bainistíocht riosca
- Cumasaíonn an cultúr riosca daoine chun an rud ceart a dhéanamh ar son pháirtithe leasmhara, custaiméirí agus fostaithe
- Cinntíonn feidhm riosca neamhspleách go ndéantar an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht ar riosca is gá

**PRÓISIS AGUS NÓSANNA IMEACHT BAINISTÍOCHTA RIOSCA**

| PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN | RIOSCA AGUS RIALÚ TEASLÉARÁID DÉINE | TÁSTÁIL LEANÚNACHAIS GHNÓ | Próisis chun rioscaí a théann thar theorainneacha an fhoinn riosca a aithint, monatóireacht a dhéanamh orthu agus na rioscaí a mhaolú |
|---|---|---|---|

**PRÍOMHRIOSCAÍ DO NA HAONAID GHNÓ**

- Rioscaí a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí gnó atá tomhaiste, agus a dhéantar monatóireacht agus bainistiú orthu

**BUNAITHE AR LUACHANNA ESB**

## CREAT UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

Chun tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht agus mhaoirseacht riosca ar fud an Ghrúpa, éilíonn an Polasaí Bainistíochta Riosca agus an Creat Rialachais go ndéanfaí creat bainistíochta riosca oiriúnach a bhunú agus a chaomhnú, bunaithe ar na cleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Glacann an creat bainistíochta riosca cur chuige uile-fiontraíochta agus is éard atá i gceist leis ná struchtúir chuí chun tacaíocht a thabhairt le bainistíocht riosca, dáileadh foirmeálta de fhreagrachtaí riosca, nósanna imeachta agus córais le haghaidh aitheanta / measúnú / tuairisciú riosca agus monatóireacht leanúnach ar éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí maolaithe riosca agus rialála riosca.

## NA PRÍOMHATHRUITHE SA CHREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA I 2016

- Rinneadh Polasaí Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais ESB a thabhairt suas chun dáta i 2016. Áirítear sa pholasaí leasaithe roinnt fheabhsaithe sa phróiseas, lena n-áirítear ról na gCoistí Boird ar fad i dtaca le maoirsiú riosca a dhéanamh foirmeálta agus a shoiléiriú. Tacaíonn an Polasaí le cur chun cinn deiseanna mar mheicníocht riachtanach chun rath fadtéarmach an Ghrúpa a chinntiú.
- Tá an Polasaí Bainistíochta Riosca agus an Creat Rialachais bunaithe ar sraith threoirlínte a thugann treoir níos mionsonraithe do na línte gnó i réimsí áirithe ar nós bainistíochta agus tomhais riosca. Rinneadh na treoirlínte ar Bhainistíocht Géarchéime agus Riosca ón Seachfhoinsiú a leasú i 2016.
- I 2016, tugadh isteach sa Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca nuashonraithe ráithiúla ar bhonn níos foirmeálta chun a chinntiú go ndéantar athruithe sa phróifíl riosca agus dul chun cinn i ngníomhaíochtaí maolaithe a chur in iúl níos soiléire.

## PRÍOMHRIOSCAÍ

Níor tharla aon athrú do phríomhrioscaí agus éiginnteachtaí ESB ó 2015 go 2016, cé gur tharla athrú éigin i rangú coibhneasta na rioscaí agus roinnt athraithe ar na cúiseanna taobh thiar de na rioscaí. Rinne an Bord na príomhrioscaí agus Plean Mionsonraithe an Ghrúpa a fhormheas, tar éis don Choiste Iniúchta agus Riosca na rioscaí a athbhreithniú agus moladh a dhéanamh. Áiríodh na príomhrioscaí ina gcomhphléití um fhonn riosca agus maolú riosca i gcaitheamh na bliana.


## RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Cuireann an creat bainistíochta riosca ar chumas an Grúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, a mhionscrúdú agus a bhainistiú chun neamhchosaint ar rioscaí a léiriú chomh luath agus is féidir. Déantar é seo a bhainistiú mar pháirt den phróiseas céanna lena n-aithnítear na príomhrioscaí. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu seo i bpáirt leis na príomhrioscaí.

## RIOSCAÍ LE TIONCHAR ARD AGUS DÓCHÚLACHT ÍSEAL (HILP)

Mar sholáthróir d'infreastruchtúr ríthábhachtach náisiúnta, tá a fhios ag ESB go rímhaith an tionchar póiteinsiúil a d'fhéadfadh a bheith ag an gcatagóir riosca seo ar an nGrúpa. Rinne an Bord athbhreithniú iomlán ar na rioscaí le tionchar ard agus dóchúlacht íseal i 2016.

## TEASLÉARÁID DÉINE RIOSCA AGUS RIALAITHE 2016




### PRÍOMHRIOSCAÍ 2016

**Airgeadais**
- A Trádáil Fuinnimh
- B Feidhmíocht Airgeadais
- C Tráchtálú Carrington

**Rialála**
- D Torthaí Rialála
- E Clú

**Oibriúcháin**
- F Sláinte agus Sábháilteacht
- G Teip ar Infreastruchtúir Líonraí
- H Feidhmthréimhse Stáisiúin Ghiniúna
- I Teip TF
- J Caillteanas Sonraí

**Straitéiseach**
- K Teicneolaíocht / Margadh Shuaiteach Iomaitheoirí
- L Cumas eagraíochtúil
- M Caidreamh Oibreachais An Timpeallacht
- N Riosca Dlí
- O Cur i bhFeidhm Straitéise

**Timpeallacht Riosca**

▲ MÉADÚ – GAN ATHRÚ ▼ LAGHDÚ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS DEISEANNA

| TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TIMPEALLACHT RIOSCA | NUASHONRÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|
| **AIRGEADAIS** | | | | | |
| **A.<br>Trádáil Fuinnimh** | | Is féidir gluaiseachtaí díobhálacha dul chun dochar maille le brabús agus sciar den mhargadh, nó trí earráid ábhartha i dtaca le trádáil fuinnimh. | ↔ | ■ Tá praghsanna cumhachta sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM), agus praghsanna breosla a d'íoc ESB i dtaca lena ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais chomh míshocair anois agus a bhí le roinnt blianta anuas | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déantar riosca margaidh a bhainistiú trí chur i bhfeidhm straitéisí trádála agus bainistíochta riosca cuí sna gnóthaí giniúna agus soláthair agus trí chur i bhfeidhm réimse tionscnamh chun rochtain ESB ar mhargaí fuinnimh a fheabhsú<br>■ Déantar riosca creidmheasa a bhainistiú trí thrádáil a dhéanamh le heintitis a bhfuil rátáil leordhóthanach acu amháin agus trí chinntiú go bhfuil cineálacha inghlactha comhthaobhacht ann nuair is gá leo<br>■ Déantar riosca oibriúcháin a bhainistiú trí chreat rialála trádála a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach<br>■ Déantar athbhreithniú leanúnach ar an bhfonn riosca agus ar an Straitéis Trádála agus Bainistíocht Riosca i bhfianaise forbairtí margaidh<br>■ Déantar rialaithe agus maolaithe, lena n-áirítear infheistíocht i gcórais agus oiliúint, a chur i bhfeidhm go leanúnach<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leasaigh an fonn riosca agus an Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca i bhfianaise forbairtí margaidh<br>■ Fiosraigh aon eachtra trádála<br>■ Athbhreithnithe ceacht foghlamtha |
| **B.<br>Feidhmíocht Airgeadais** | | D'fhéadfaí go gcuirfí i bhfeidhm díghrádú creidmheasa de bharr feidhmíocht airgeadais mhíshásúil. Má tharlaíonn sé sin, beidh sé níos deacra maoiniú a fháil ar chostas cuí chun infheistíochtaí pleanáilte a mhaoiniú agus leachtacht ESB a chinntiú. | ↔ | ■ Riosca liúntais rialála a shárú<br>■ Corrlaigh íseal sna Margaí Giniúna agus Mórdíola (G&WM) sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) agus sa Ríocht Aontaithe de bharr luaineacht i bpraghsanna fuinnimh<br>■ Athruithe suntasacha san earnáil fuinnimh de bharr teicneolaíocht nua agus cuspóirí dícharbónaithe<br>■ Iarmhairtí / luaineacht eacnamaíochta de bharr Breatimeachta<br>■ Tá athbhreithniú á dhéanamh ar thionchar an Mhargaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM) ar dhearadh an mhargaidh mhiondíola | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Socrú spriocanna ón mbarr anuas a dhéanamh mar pháirt den phleanáil ghnó ag úsáid eochairmhéadrachta airgeadais, ag díriú isteach ar Straitéis Ghrúpa ESB agus ag cosaint tathaig airgeadais<br>■ Úsáid a bhaint as rátaí cléithe sainiúla dírithe ar ghnó agus / nó teicneolaíocht i gcinntí infheistíochta gnó chun a chinntiú go ndáiltear caiteachas caipitiúil ar thionscnaimh a chomhlíonann riachtanais straitéiseacha agus feidhmíochta gnó araon<br>■ Cost-éifeachtúlacht a lorg i gcónaí<br>■ Tá sé de chúram ar Innovation gnólachtaí / teicneolaíochtaí nua a aithint chun deiseanna d'fhás sa todhchaí a thapú<br>■ Seisiúin eolais a eagrú d'infheisteoirí i bhfiachas agus do scairsealbhóirí chun iad a thabhairt suas chun dáta maidir le dul chun cinn Straitéise Grúpa agus staid airgeadais ESB<br>■ Leithdháileadh caipitil a choinneáil faoi athbhreithniú ar fud an Ghrúpa<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Straitéis Grúpa ESB a leasú chun a thathag airgeadais a chosaint<br>■ Déileáil le dúshláin rialála tríd chumarsáid dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis rialála |
| **C.<br>Tráchtálú Carrington** | | D'fhéadfaí riosca a bheith ann d'ESB mura gcuirtear i gcrích Stáisiún Giniúna Carrington in am agus / nó mura bhfuil an corrlach fuinnimh agus an t-ioncam margaidh acmhainne atá ar fáil i margadh na RA dóthanach chun go n-aisíocfaí infheistíochtaí déanta i stáisiúin gháis nuathógtha. | ↓ | ■ Rinneadh Carrington a choimisiniú i 2016 agus ghlac ESB seilbh air<br>■ Tá an stáisiún ag feidhmiú go maith sa mhargadh<br>■ Léiríonn leataí réamh-mheasta go raibh feabhas éigin ann i 2016<br>■ Bhí rath ar Carrington i gceant acmhainne na RA do na tréimhsí 2017-18 agus 2020-21 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Leanúint de Straitéis Rochtana Margaidh don Bhreatain Mhór a chur chun feidhme<br>■ Ionchur a thabhairt i gcomhairliúcháin agus deiseanna a lorg chun dul i dteagmháil le lucht déanta polasaithe maidir le forbairtí polasaí sa todhchaí i margadh na RA<br>■ Rinneadh tionscnaimh le haghaidh tráchtálú Carrington a bhunú agus a chur chun feidhme chun na nithe seo a leanas a chur ar fáil:<br>  ■ Straitéis i gcomhair ceantanna acmhainne na RA<br>  ■ Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca<br>  ■ Cinntiú go gcuirtear na córais agus na próisis oibriúcháin i gcrích chun tacú le coimisiúnú agus le bainistíocht leanúnacha Carrington<br>  ■ Feabhas a chur ar acmhainneacht thrádála na RA<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Straitéis Grúpa ESB a athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna chun ár dtathag airgeadais a chosaint<br>■ Dul i dteagmháil le lucht déanta polasaithe na RA |

FÓNTAS LÁIDIR ÉAGSÚLAITHE ATÁ COMHTHÁITE GO HINGEARACH

NUÁIL INBHUANAITHE

GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR

STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN

LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA

EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

| TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TIMPEALLACHT RIOSCAÍ | NUASHONRÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|
| **RIALÁIL** | | | | | |
| **D.<br>Torthaí Rialála** | | Is iad na príomhrioscaí rialála atá os comhair an Ghrúpa ná margadh inmheánach fuinnimh agus oibleagáidí athraithe aeráide an AE atá ag síorathrú, an cur chuige rialála i dtaca le hathbhreithnithe rialaithe phraghasanna sa ghnó líonraí agus oibleagáidí maidir le ceadúnais agus dlí na hiomaíochta. | ↑ | ■ Rinneadh aighneachtaí chuig Electricity Networks Northern Ireland (NIE Networks) i rith Tréimhse Rialála 6 (2017 - 2024) (RP6), agus tá dréachtchinneadh le bheith ann i Márta 2017 agus cinneadh deiridh i lár 2017.<br>■ Tá athbhreithniú á dhéanamh ar thionchar I-SEM ar dearadh an mhargaidh mhiondíola<br>■ Bhí an Treoir um Laghdú Costais, treoir maidir le bearta a dearadh chun costas curtha isteach leathanbhanda a laghdú, i bhfeidhm ón 1 Iúil 2016<br>■ Riachtanas breise a eascraíonn as méadú i líon na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh atá ceangailte le líonraí Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Foireann tionscnaimh a bhfuil go leor taithí aici a bhunú i NIE Networks chun ullmhú le haghaidh agus a bheith i mbun idirbheartaíochta ag RP6<br>■ Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin faoi threoir rialálaithe maidir le DS3 - togra nuálach chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn<br>■ Bunú thionscnaimh I-SEM chun dearcadh ESB maidir le ceisteanna rialála, margaidh agus struchtúracha a fhorbairt agus ullmhú le haghaidh an aistrithe chuig dearadh margaidh nua<br>■ Forbairtí rialála a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Straitéis ESB Group<br>■ Ceadúnais mhonatóireachta agus tuairiscithe a thabhairt d'údaráis rialála chun comhlíonadh leanúnach a thaispeáint<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna costais chaipitil agus oibriúcháin a leasú chun go mbeadh siad ag teach leis na torthaí rialála<br>■ Neamhchomhlíonadh rialála a thuairisciú agus bearta a chur chun feidhme chun aon fhadhbanna a réiteach<br>■ Pleananna cumarsáide a úsáid chun déileáil le haon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn |
| **E.<br>Clú** | | D'fhéadfadh tarlú aon de na príomhrioscaí damáiste ábhartha a dhéanamh do cháil ESB mar bhranda, le lagú muiníne san ESB i measc páirtithe leasmhara dá bharr, rud a d'fhéadfadh tacaíocht do Straitéis ESB Group agus cumas ESB maoiniú ag rátaí inghlactha a fháil a chur i mbaol, rud a thiocfadh salach ar acmhainn ESB cláir infheistíochta caipitiúla a chur i gcrích agus custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil. | ↔ | ■ Imní leanúnach faoi leibhéil phraghasanna fuinnimh<br>■ Cuireann úsáid mhéadaithe na meán sóisialta ar chumas custaiméirí agus grúpaí tomhaltóirí bheith i dteagmháil le chéile, a ndearcthaí a roinnt agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht dhíreach agus i bhfeachtais eile níos furasta ná riamh | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Na príomhrioscaí a bhainistiú go réamhghníomhach<br>■ Na meáin a úsáid chun cumarsáid oscailte agus shoiléir a éascú<br>■ Comhlíonadh rialála a bhainistiú go gníomhach<br>■ Ullmhúchán agus chur chun feidhme Plean Bainistíochta na bPáirtithe Leasmhara<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna Bainistíochta Géarchéime agus Bainistíochta Geallsealbhóirí a chur i ngníomh, mar is cuí |
| **OIBRIÚCHÁIN** | | | | | |
| **F.<br>Sláinte agus Sábháilteacht** | | Riosca tromghortaithe nó báis d'fhostaithe, conraitheoirí agus an pobal i gcoitinne. | ↔ | ■ Bás duine den phobal le linn ghearrtha crainn i Márta 2016<br>■ Tosaíocht tugtha do shábháilteacht an phobail agus na dainséirí a bhaineann le líonraí leictreacha<br>■ Bás duine den phobal nuair a bhuail carr in aghaidh fheithicil fostaí ESB<br>■ Cuir isteach tríú páirtí agus goideadh shócmhainní leictreachais leanúnach<br>■ Is tosaíocht i gcónaí cur i ngníomh Straitéis Sábháilteachta ESB<br>■ Comhaontú faoi chomhghuaillíocht straitéiseach nua idir an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus ESB i bhFeabhra 2016 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Feachtais um fheasacht sláinte phoiblí a chur i bhfeidhm<br>■ Rolláil amach gach gné de Straitéis Sábháilteacht ESB a thapú<br>■ Creidiúnú de chórais bhainistíochta sábháilteachta ESB a chaomhnú chuig OHSAS 18001<br>■ Tionscnaimh sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm bunaithe ar ainilís a dhéanamh ar fheidhmíocht shábháilteachta<br>■ Tionscnaimh sláinte agus folláine a chur i gcrích chun tacú le folláine fhisiciúil agus intinne fostaithe<br>■ Cur i láthair pleanáil leanúnachais ghnó agus chláir tástála<br>■ Rianú teagmhas agus breitheanna maithe le húsáid córais taifeadta fiontair, mar aon le tuairisciú le húsáid Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna), chun aird a tharraingt ar fheidhmíocht<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Tabhairt faoi fhiosrú agus tuairisciú criticiúil ar theagmhais<br>■ Cuir bearta maolaithe i gcrích<br>■ Déan athbhreithniú ar na ceachtanna atá foghlamtha |
| **G.<br>Teip ar Infreastruchtúir Líonraí** | | An riosca go mbeadh bristeacha cumhachta ann go minic nó ar feadh tréimhsí fada de bharr teagmhais aimsire, ná go mbeadh fadhbanna oibriúcháin ann a mbeadh laghdú ioncaim nó costais bhreise oibriúcháin mar thoradh orthu. | ↔ | ■ Cuid mhór teagmhas aimsire le linn na bliana a raibh bristeacha eangaigh mar thoradh orthu<br>■ Dóiteán mór i Stáisiún 220kV Inse Chór mar gheall ar thionchar tríú páirtí | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déanann gnóthais líonra athbhreithniú bliantúil agus uasdátú ar shlándáil líonra na bpleananna soláthair<br>■ Leagan crann, cothabháil agus patról guaiseanna leanúnach<br>■ Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Comhordúcháin Éigeandála Náisiúnta i ndáil le himeachtaí géarchéime a bhaineann le stoirmeacha agus tuilte<br>■ Táthar creidiúnaithe sa chaighdeán bainistíochta sócmhainní PAS 55, a chuireann ar chumas gnóthas, sócmhainní fisiciúla a bhainistiú chomh héifeachtach agus is féidir, agus tacaíonn seo le hathbhreithniú agus pleanáil chuimsitheach an líonra<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Athbhreithniú ar dhamáiste stoirme chun tacú le pleananna bainistíochta sócmhainní agus le haighneachtaí rialaithe praghsanna sa todhchaí<br>■ Ardleibhéal d'uathoibriú líonra chun athshlánú uathoibríoch agus / nó cianda an tsoláthair a chinntiú áit ar féidir<br>■ Pleananna teagmhasacha agus buantreoracha gaolmhara a bheith ar fáil do na Rialaitheoirí Líonra chun an soláthar a athchur tar éis caillteanas i stáisiún cumhachta mór<br>■ Uainchláir 24/7 do bhainisteoirí córais agus do chustaiméirí a bheith ann chun bainistíocht córais iar-ama a sholáthar le linn cásanna fabhtanna agus chun caidrimh le geallsealbhóirí a bhainistiú tar éis na himeachta nó an cháis éigeandála<br>■ An chúis leis an mbriseadh cumhachta sa stáisiún a aithint agus na bearta cothabhála cuí a chur chun feidhme agus, más gá, leasúcháin ar na pleananna cothabhála leanúnacha |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

| TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TIMPEALLACHT RIOSCAÍ | NUASHONRÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN (ar lean)** | | | | | |
| **H. Feidhmthréimhse Stáisiúin Ghiniúna** | | An riosca go mbeadh fadhbanna teicniúla nó oibriúcháin ann, nó comhaontuithe uireasacha a mbeadh feidhmthréimhsí laghdaithe mar thoradh orthu, rud a mbeadh ioncam laghdaithe agus costais oibriúcháin bhreise ann dá bharr. | ↔ | ■ Cé gur bhain na stáisiúin ghiniúna sárleibhéal feidhmíochta de 93% amach in 2016, is tosaíocht fós é feidhmthréimhsí arda a chinntiú<br>■ Aird fós á díriú ar chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Saintionscadail spriocdhírithe chun feidhmthréimhsí na bpríomhsócmhainní a chinntiú<br>■ Pleananna fadtéarmacha maidir le cothabháil sócmhainní a chur i bhfeidhm do stáisiúin ghiniúna, a dtacóidh creidiúnú leantach sa chaighdeán bainistíochta sócmhainní PAS 55 do shócmhainní giniúna leo<br>■ Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Comhordúcháin Éigeandála Náisiúnta i ndáil le himeachtaí géarchéime a bhaineann le stoirmeacha agus tuilte<br>■ Scileanna oibriúcháin / cothabhála a choimeád<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Infhaighteacht páirteanna spártha straitéiseacha<br>■ Socruithe a dhéanamh go gcuirfear saineolas ar fáil ar ghearrfhógra, agus go mbeidh tacaíocht ann dó seo ar bhonn socruithe conarthacha le déantóirí buntrealaimh<br>■ An chúis leis an mbristeach cumhachta sa stáisiún a aithint agus na bearta cothabhála cuí a chur chun feidhme agus, más gá, leasúcháin ar na pleananna cothabhála leanúnacha |
| **I. Teip TF** | | Riosca go dteipfí ar infreastruchtúr TF nó ar chórais TF, de dheasca cibearionsaí ar éirigh leis, nó teip neamhmhailíseach. | ↔ | ■ Tugtar aird leanúnach ar an riosca seo toisc a oiread is a bhíonn gnóthais ag brath ar chórais TF agus ar an teileachumarsáid<br>■ Ceanglais dhlíthiúla nua do sholáthróirí príomhinfreastruchtúir faoin Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (Treoir Slándála Líonra agus Faisnéise (NIS)) | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Athléimneacht ionsuite, lena n-áirítear saoráidí cúltaca agus athshlánaithe<br>■ Athbhreithniú agus uasdátú rialta ar Phleananna Leanúnachais Ghnó agus Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste<br>■ Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht agus iontaobhas teicniúil<br>■ Socruithe do bhearta uasdátaithe córas tráthúla<br>■ Monatóireacht tiomnaithe agus leanúnach ar an cibear-riosca arna cur i bhfeidhm ag an bhFoireann Slándála TF<br>■ Clár leanúnach feasachta d'fhostaithe ar chibearshlándáil<br>■ Ullmhú a dhéanamh do riachtanais chomhlíonta na Treorach NIS<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Na pleananna athshlánaithe agus cumarsáide atá ullmhaithe do phríomhpháirtithe leasmhara a chur i ngníomh, ag brath ar cén teagmhas atá i gceist<br>■ Torthaí agus saineolas foghlamtha ó theagmhais a chomhroinnt chun rioscaí a bhainistiú sa todhchaí |
| **J. Caillteanas Sonraí** | | Caillteanas sláine sonraí nó sárú an Achta um Chosaint Sonraí / treoracha R-Príobháideachais. | ↔ | ■ Tugtar aird leanúnach ar an riosca seo i gcónaí toisc a oiread is a bhíonn gnóthais ag brath ar chórais TF agus ar an teileachumarsáid<br>■ Tá Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Polasaithe cosanta sonraí<br>■ Bainisteoir tiomanta cosanta sonraí<br>■ Oiliúint leanúnach ar chosaint sonraí<br>■ Déanfar na torthaí ón iniúchadh cosanta sonraí a chomhroinnt ar fud an Ghrúpa agus tá na moltaí á gcur chun feidhme<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna cumarsáide atá ullmhaithe do na príomhpháirtithe leasmhara a chur i ngníomh, ag brath ar an teagmhas |
| **STRAITÉISEACH** | | | | | |
| **K. Margadh / Teicneolaíocht Shuaiteach, Iomaitheoirí** | | Gan fhreastal ar chineálacha nua dianiomaíochta agus nuálaíochta, lena n-áirítear tionscnaimh shuaiteacha amhail múnlaí gnó, teicneolaíochtaí agus iomaitheoirí nua, i gcás go bhféadfadh caillteanas sciar margaidh shuntasaigh sna margaí miondíola agus mórdhíola a bheith mar thoradh air seo, rud a mbeadh drochthionchar aige ar bhrabúsacht, agus a chuirfeadh dúshlán faoi ESB maidir lena aidhm straitéiseach a bhaint amach i dtaca le Gnóthais Giniúna / Soláthar a bhfuil Scála agus Nuálaíocht Inbhuanaithe ag baint leo. | ↔ | ■ Tá forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh nua ag bailiú nirt, agus tá an margadh soláthair fuinnimh fós gníomhach mar gheall ar iomaitheoirí a bheith sa tóir níos déine ar sciar den mhargadh<br>■ Níor tháinig aon iomaitheoirí nua nó teicneolaíochtaí suntasacha nua ar an margadh le linn 2016 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Treochláir do straitéisí nuálaíochta a chur chun feidhme<br>■ Dul i muinín comhfhiontar agus páirtithe sa teicneolaíocht d'fhonn deiseanna seachtracha a aithint i dtaca le comhoibriú agus comhroinnt eolais<br>■ Mol nuálaíochta a chur ar bun lasmuigh den láthair oibre<br>■ Gnóthais rathúla a bhunú cosúil le Smart Energy Services<br>■ A bheith sa tóir ar thionscnaimh nuálacha amhail an Big Energy Hack<br>■ Sársheirbhís a sholáthar do chustaiméirí, mar aon le praghsanna iomaíocha agus táirgí nuálacha<br>■ Úsáid a bhaint as cláir fialais chun dílseacht na gcustaiméirí a mhéadú, agus béim a chur ar thionscnaimh / ardáin margaíochta digití.<br>■ Níos mó custaiméirí cónaithe a ghnóthú i dTuaisceart Éireann<br>■ Obair i gcomhar le páirtithe seachfhoinse chun solúbthacht ghnó a fheabhsú<br>■ Leanúint den obair maidir le treochlár a chruthú i gcomhair samhail chomhtháite Giniúna, Trádála agus Soláthar don ESB<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leasú a dhéanamh ar Straitéis ESB Group agus cinneadh a dhéanamh maidir le dul isteach i margaí nua, seilbh a fháil ar ghnóthais nua nó breithniú a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta eile<br>■ Fócas níos láidre a chur ar tháirgí ar phraghsanna iomaíocha agus ar ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí |

| TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TIMPEALLACHT RIOSCAÍ | NUASHONRÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|
| **STRAITÉISEACH (ar lean)** | | | | | |
| **L. Cumas Eagraíochtúil** | | Mura n-éiríonn linn daoine ardchumasacha a mhealladh, agus na daoine atá ann cheana a choinneáil agus a scileanna a fhorbairt, d'fhéadfadh meath teacht ar fheidhmíocht gnó nó ar ár gcumas Straitéis ESB Group a chur i gcrích, ós rud é go bhfuil ESB ag brath go mór ar chumas teicniúil a chuid bainisteoirí / fostaithe. | ↔ | ■ Is dúshlán fós é fostaithe a bhfuil sainscileanna áirithe acu a choimeád agus a earcú | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ An Straitéis Daoine a chur chun feidhme, a bhfuil rannpháirtíocht fostaithe agus feidhmiú samhail nua fostaíochta ina mbonn léi<br>■ Plean Mionsonraithe an Ghrúpa maidir le hAcmhainní, ina leagtar amach riachtanais acmhainní sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma<br>■ Pleanáil comharbais a chur i bhfeidhm i ngach aonad gnó<br>■ Earcaíocht agus forbairt céimithe a chur i bhfeidhm chun tacú le fás gnó<br>■ An t-am agus na hacmhainní a sholáthar do nuálaithe chun smaointe a fhorbairt, de réir Straitéis ESB Group<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun teacht ar acmhainní gearrthéarmacha ionas gur féidir inniúlachtaí agus tacair sainscileanna a aimsiú<br>■ Breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ann maidir le fostaithe a aistriú chuig folúntais lárnacha ar bhunús na sain-tacar scileanna atá gnóthaithe acu ó róil roimhe seo, agus daoine a chur faoi oiliúint ghasta go comhuaineach lena gceapadh i bpoist thábhachtacha sna gnóthais |
| **M. Timpeallacht Caidrimh Thionsclaíoch** | | Riosca gníomhaíochta tionsclaíche, mura n-éiríonn linn teacht ar chomhaontú faoi mhúnla nua cúitimh inbhuanaithe. | ↔ | ■ Lean ESB dá rannpháirtíocht leis an nGrúpa Ceardchumann in 2016 i dtaca le pá agus coinníollacha d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe na todhchaí i bPoblacht na hÉireann<br>■ Rinneadh comhaontú in 2016 le gach ceardchumann comhcheangailte seachas ceann amháin. Chuir an ceardchumann áirithe sin in iúl i bhFeabhra 2017 go raibh glactha aige leis an gComhaontú, agus tá cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe fós idir lámha | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Tá leas iomlán á bhaint as próisis agus nósanna imeachta tionsclaíocha chun cur i gcrích sásúil a bhaint amach<br>■ Cumarsáid leanúnach le fostaithe<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leas a bhaint as meicníochtaí agus nósanna imeachta inmheánacha chun teacht ar réiteach fadhbanna ar leith<br>■ Bainistíocht géarchéime agus socruithe pleanála teagmhasaí a thosú |
| **N. Riosca Dlí** | | Riosca drochtheagmhas móra comhshaoil a sháróidh an dlí / ár gceadúnas. Méadú ar líon na n-agóidí dlíthiúla agus ar chastacht na n-agóidí sin, mar aon le riachtanais mhéadaithe i dtaca le comhlíonadh reachtaíochta. | ↑ | ■ Rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal le linn 2016 mar thoradh ar na próisis Saoráil Faisnéise (FOI) do DAC ESB Networks agus Fáil ar Eolas faoin gComhshaol (AIE) | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Monatóireacht leanúnach ar riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta<br>■ Foireann dhlíthiúil thiomanta a sholáthróidh comhairle maidir leis na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla<br>■ Na próisis FOI agus AIE i bhfeidhm<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Breithniú cás ar chás a dhéanamh ar thionchar an riosca<br>■ Pleananna cumarsáide a chur i ngníomh chun na príomhpháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas |
| **O. Cur i bhFeidhm Straitéise** | | Nuair nach gcuirtear Straitéis chomhaontaithe ESB Group i bhfeidhm, mar shampla, mura bhfreagraítear ar na hathruithe seachtracha a mbeadh tionchar acu ar na haidhmeanna straitéiseacha, mura mbainfí spriocanna amach, dá dteipfeadh ar na spriocanna na torthaí ionchasacha a bhaint amach, dá ndéanfaí caipiteal, daoine nó fócas a mhí-leithdháileadh chun cur i bhfeidhm na spriocanna a éascú. | ↔ | ■ Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar an timpeallacht ghnó sheachtrach agus aon tionchar gaolmhar a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar Straitéis ESB Group. Tar éis an athbhreithnithe seo, rinne an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord Straitéis ESB Group a dhearbhú. Le linn 2016, tugadh aird faoi leith ar thionchar COP21 agus Breatimeacht ar Straitéis ESB Group. Anuas air sin, rinneadh measúnú ar staid na Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna). | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Cuireadh socruithe láidre rialachais agus maoirseachta ar bun a raibh an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin bainteach leo<br>■ Déantar mionathbhreithniú bliantúil ar an timpeallacht ghnó sheachtrach, mar aon le monatóireacht leanúnach ar phríomhréimsí<br>■ Déantar na SPInna a shainmhíniú agus a mhonatóirú go gníomhach<br>■ Cruinnithe athbhreithnithe cuimsitheacha curtha i bhfeidhm ar bhonn leathbhliantúil (ar a laghad) a bhfreastalaíonn daoine ainmnithe ón bhFoireann Feidhmiúcháin agus ó na haonaid ghnó orthu<br>■ Próiseas pleanála corparáidí sainmhínithe, faofa agus curtha i bhfeidhm<br>■ Leithdháileadh / beartú tosaíochta chaipiteal an Ghrúpa trí phróiseas pleanála bliantúil<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Athbhreithniú iomlán ar straitéisí, lena n-áirítear tosaíochtaí agus spriocanna<br>■ Acmhainní a athleithdháileadh, lena n-áirítear roghanna dífheistithe / dúnta<br>■ Anailís bunchúise a chur i bhfeidhm chun a fháil amach cén fáth nár baineadh an straitéis chomhaontaithe amach |

FÓNTAS LÁIDIR ÉAGSÚLAITHE ATÁ COMHTHÁITE GO HINGEARACH
NUÁIL INBHUANAITHE
GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR
STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN
LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA
EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

# STRAITÉIS

## PRÓISEAS PLEANÁLA STRAITÉISÍ

Cuimsítear le próiseas rialachais straitéise an Bhoird, athbhreithniú Boird ar Straitéis ESB Group suas go 2025, a dhíreoidh go príomha ar an timpeallacht ghnó sheachtrach, agus athbhreithniú eile ina dhiaidh sin ina dtabharfar aird den chuid is mó ar fheidhmíocht le linn chur i bhfeidhm na straitéise. Ina theannta sin, áireofar sa phróiseas athbhreithniú ar na Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna).

## STRAITÉIS ESB GROUP GO DTÍ 2025

Tá Straitéis ESB Group go dtí 2025, arna faomh ag an mBord, bunaithe ar an sprioc fhoriomlán go mbeadh an eagraíocht ina Fhóntas Láidir Eagsúlaithe atá Comhtháite go hIngearach, agus go mbeadh scála ag baint léi ar fud an tslabhra bhreisluachaTá an chúig thosaíocht thíos ina mbunchloch leis an straitéis:

- Gnóthais Giniúna / Soláthair a bhfuil Scála ag Baint Leo
- Líonraí Ardteicneolaíochta
- Nuáil Inbhuanaithe
- Struchtúr Costais Athraithe ó Bhonn
- Eagraíocht Ghníomhach Aclaí

Rinne an Bord athbhreithniú ar Straitéis Grúpa ESB suas go dtí 2025 ag athdhearbhú tosaíochtaí straitéiseacha ESB agus treoir ghinearálta an ghnó. Chuir an t-athbhreithniú béim ar an ngá le nuálaíocht agus infheistíocht leanúnach a dhéanamh chun tacú le haistriú ESB chuig todhchaí ísealcharbóin.

Ba é tátal athbhreithniú straitéise an Bhoird le linn 2016 ná go bhfuil réasúnaíocht fhoriomlán Straitéis ESB Group go dtí 2025 fós ábhartha, is é sin, a bheith solúbtha freagrúil agus a bheith in ann deiseanna a thapú i ré neamhchinnteachta nach bhfacthas a leithéid riamh, agus go mbeadh scála aige ar fud an tslabhra bhreisluacha fóntas mar thoradh ar mheascán gnóthas rialaithe agus neamhrialaithe a bheith aige, agus ag an am céanna, rátáil chreidmheasa ar ghrád infheistíochta BBB+ a choimeád.

## TIMPEALLACHT GHNÓ ESB

Tá achoimre ar na príomhfhachtóirí timpeallachta gnó a bhfuil tionchar acu ar Straitéis ESB Group leagtha amach thíos:

## 1 BEARTAS AERÁIDE AGUS FUINNIMH

Tá an t-athrú aeráide agus an dícharbónú ina ngnéithe lárnacha de chláir oibre beartais na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, an Aontais Eorpaigh (AE) agus an domhain. Beidh dúshláin agus deiseanna araon mar thoradh air seo don earnáil fuinnimh go ceann i bhfad.

I mí na Nollag 2015, ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, ghlac 195 tír an chéad chomhaontú domhanda uilíoch a rinneadh riamh agus a bhí ina cheangal de réir dlí. Daingníodh Comhaontú Pháras go foirmeálta mar chonradh dlíthiúil i mí na Samhna 2016. I gComhaontú Pháras, tugtar gealltanas chun an t-ardú domhanda ar an teocht a choinneáil i bhfad faoi bhun 2 °C, agus leagadh síos sprioc 1.5 °C. Aontaíodh timthriall leanúnach athbhreithnithe cúig bliana ar ranníocaíochtaí náisiúnta i dtaca leis an sprioc thuas, agus cé nach bhfuiltear ag súil go gcoinneofar an t-ardú ar an teocht dhomhanda faoi bhun 2 °C leis na ranníocaíochtaí reatha, is féidir leis na hathbhreithnithe seo borradh a chur faoin uaillmhian agus faoin iarracht chomhpháirteach na spriocanna sin a bhaint amach.

Is é beartas reatha an AE laghdú 80-95% a dhéanamh ar astaíochtaí iomlána gáis cheaptha teasa faoi 2050. Shocraigh Rialtas na Ríochta Aontaithe sprioc de laghdú 80% ar astaíochtaí faoi 2050. Sa mheántéarma, tá sprioc glactha ag an AE laghdú 40% a bhaint amach in astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi 2030. Beidh sprioc amháin bliantúil ceangailteach ag gach Ballstát i leith gás ceaptha teasa don talmhaíocht, don chóras iompair agus d'fhoirgnimh. Ó 2021 i leith, beidh próiseas rialachais Aontais Fuinnimh i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do phleananna náisiúnta fadtéarmacha agus do mhonatóireacht ar dhul chun cinn maidir le gás ceaptha teasa, mar aon le spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal an AE a rianú.

Sa ghearrthéarma, faoin gcreat 2020, tá spriocanna ann ar leibhéal náisiúnta, agus iad sin ina gceangal dlí, chun astaíochtaí carbóin a laghdú in earnálacha amhail iompar, talmhaíocht agus foirgnimh. Tá spriocanna socraithe ag Poblacht na hÉireann agus ag an Ríocht Aontaithe maille leis an gcéatadán leictreachais a thagann ó fhoinsí inathnuaite, de 40% agus 30%, faoi seach.

## 2 I DTREO CÓRAS ÍSEALCHARBÓIN IN ÉIRINN AGUS AN RÓL ATÁ AG AN LEICTRIÚ

Tá Poblacht na hÉireann tiomanta anois do dhícharbónú fadtéarmach céimnitheach a chórais fuinnimh, 80% faoi 2050 agus 100% faoi 2100. Beidh orainn i bPoblacht na hÉireann iomlán na n-astaíochtaí a bheidh ceadaithe faoi 2050 a laghdú go dtí thart ar 6 mhilliún tonna (Mt) de choibhéis CO² ($CO_2e$).


B'ionann is thart ar 60 Mt $CO_2e$ na hastaíochtaí bliantúla in 2015, agus cuimsíodh sa mhéid sin:

- 20 Mt $CO_2e$ ó thalmhaíocht, sa chomhthéacs gurb é is beartas an Rialtais anois ann ná sprioc a bhaint amach don bhliain 2050 go mbeadh neodracht ann ó thaobh carbóin de, idir thalmhaíocht agus úsáidí eile talún, mar shampla, foraoiseacht.
- 12 Mt $CO_2e$ ó leictreachas, a ndéantar monatóiriú agus rialú faoi leith air faoin Scéim Uile-Eorpach um Thrádáil Astaíochtaí (ETS). De réir struchtúr dlí agus margaidh an ETS, tá cuideachtaí aonair seachas rialtais freagrach as astaíochtaí a laghdú, agus tá earnáil an leictreachais ar an mbóthar ceart leis an dícharbónú riachtanach a bhaint amach.
- 26 Mt $CO_2e$ ó earnálacha an teasa agus an iompair, a bheidh ag dul i ngleic le brú aníos ó seo go dtí 2050 mar go bhfuil sé tuartha go bhfásfaidh daonra na hÉireann faoi 29%, go mbeidh méadú 54% ar líon na gcarranna agus go mbeidh méadú 34% ar a bhfuil ann de thithe.

I bhfianaise mhéid na n-astaíochtaí in Éirinn faoi láthair, agus na spriocanna náisiúnta atá comhaontaithe do 2050, beidh athrú ó bhonn ag teastáil i ngach earnáil. Maidir le leictreachas, tá an críochphointe follasach agus tá struchtúir i bhfeidhm cheana chun na hathruithe a chur i gcrích. Is amhlaidh atá freisin i dtaca leis na céimeanna a theastaíonn sa ghearrthéarma in earnáil an leictreachais, agus tá béim shoiléir ar nascadh acmhainní in-athnuaite agus ar a n-úsáid a mhéadú, agus ar leas a bhaint as breosla amhail gáis chun fuinneamh inrialaithe ar mhórscála a chur ar fáil le linn aistriú seo na cuideachta chuig córas atá bunaithe go hiomlán ar fhuinneamh ísealcharbóin.


Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tá roghanna le déanamh i gcás earnáil an leictreachais agus ní follasach fós iad na torthaí a bheidh ann ar deireadh. Tá ESB gafa cheana le leictreachas a ghiniúint ó fhuinneamh na gaoithe agus na gréine, le tástáil a dhéanamh ar fhuinneamh na farraige, le teicneolaíochtaí taisce ceallra a úsáid agus a chomhtháthú ar bhonn píolótach, agus le roghanna a fhiosrú i dtaca le laghdú déine carbóin a stáisiún giniúna gual- agus móinbhreoslaithe.

### ASTAÍOCHTAÍ ÉIREANN INA N-IOMLÁINE IN 2015




Foinse Sonraí: Anailís ESB, atá bunaithe ar eolas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)

### ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA ÉIREANN I MILLIÚIN TONNA DE CHOIBHÉIS DÉ-OCSAÍDE CARBÓIN (Mt $CO_2e$)




Foinse Sonraí: Comhairle Comhairleach Éireann um Athrú Aeráide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

*Leibhéil stairiúla amháin

Cé go bhfuil an creat rialaithe atá i bhfeidhm do dhícharbónú leictreachais réasúnta soiléir, ní bhaineann ach 20% d'astaíochtaí Éireann ina n-iomláine le leictreachas. Mar sin féin, is rogha é an leictreachas i dtreo iompair agus teasa ísealcharbóin. Ní gá go mbeadh cur i bhfeidhm na n-athruithe seo ag brath ar bhaint iomlán an charbóin ón gcóras leictreachais, mar tá éifeachtúlacht carbóin níos láidre ag baint cheana féin le teas agus iompar a soláthraíonn an leictreachas cumhacht dóibh, ná mar atá le teas agus iompar a soláthraíonn an ola cumhacht dóibh. Tá beartais Rialtas Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe araon bunaithe ar anailísí saineolaithe, ina n-aithnítear gur gné lárnach de dhul i ngleic le hathrú aeráide agus de spriocanna náisiúnta astaíochtaí a chomhlíonadh é an carbón a bhaint d'iompar agus de theas, agus tá leictriú na n-earnálacha iompair agus teasa bunriachtanach chuige seo.

## 3 ÉILEAMH, ATHRÚ Ó BHONN AGUS NUÁIL

Mar thoradh ar mheascán iarmhairtí i dtaca leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht theicniúil agus le beartais, tá an t-éileamh ar leictreachas ó fhoinsí traidisiúnta tar éis laghdú. De réir mar a leanann an téarnamh geilleagrach ar aghaidh, beidh níos mó éilimh ar an leictreachas, cé gur dóchúil go mbeidh praghas níos ísle air. É sin ráite, d'fhéadfadh fás a theacht ar leictreachas ó fhoinsí neamhthraidisiúnta, má úsáidtear é chun carbón a bhaint den iompar agus den teas.

Tá borradh tagtha faoi na mórathruithe agus an nuálaíocht in earnáil na bhfóntas, arna spreagadh ag riachtanais na mbeartas fuinnimh agus ag teicneolaíochtaí nua atá tar éis deiseanna a chruthú do shamhlacha gnó úra a chuirfidh dúshlán faoin gcóras seanbhunaithe. Tá réimse tionscnamh á gcur i bhfeidhm ag ESB chun na dúshláin seo á ghlacadh chuige féin, mar shampla, i gcásanna áirithe, comhpháirtíochtaí a chruthú in earnáil an fhuinnimh agus in earnálacha gaolmhara a bhaineann le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus le teicneolaíochtaí fuinnimh a bhfuil múnlaí gnó úra ag baint leo.

## 4 BREATIMEACHT

I mí an Mheithimh 2016, vótáil muintir na Ríochta Aontaithe ar son an Aontais Eorpach a fhágáil. Nochtfar a iarmhairtí seo le linn na mblianta atá romhainn amach, agus ní fios go ceann tamall maith cén cineál iarmhairtí a bheidh i gceist nó cén tionchar a bhainfidh leo.

### Infheistíochtaí i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór

Tá ár n-infheistíochtaí i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe bunaithe ar an gcuspóir straitéiseach go mbeadh scála éagsúlaithe ag baint leis an slabhra breisluacha ina iomláine i ngnóthais rialaithe agus neamhrialaithe araon, agus gur gné ríthábhachtach a bheadh san éagsúlacht i dtaca le rioscaí agus torthaí. Tá an infheistíocht in Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) tar éis scála an bhoinn sócmhainne rialaithe a mhéadú; Gan Breatimeacht a thabhairt san áireamh in aon chor, tá ESB ag súil go mbeidh sé ag feidhmiú laistigh de chóras seasta rialaithe ina spreagfar infheistíocht sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann.

### Beartas agus Rialáil

De réir Straitéis ESB Group, táthar ag féachaint leis an ngnóthas giniúna / soláthar a fhás ar bhonn scála laistigh de mhargadh uile-oileán. Tá géarghá sa Ríocht Aontaithe le hathchóiriú ar a flít giniúna, i bhfianaise a cinneadh le deireanas, stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe a dhúnadh síos, mar aon leis an mhoill ar na pleananna maidir le stáisiún cumhachta núicléiche Hinkley, agus nach bhfuil éirithe ag ceantanna toillte sa Ríocht Aontaithe, tiomantas nithiúil a mhealladh maidir le córas mórscála nua giniúna ar féidir é a chasadh air nó as de réir éilimh.

Le linn an 18 mhí atá imithe thart, tá údaráis rialála Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann tar éis a bheith ag obair i gcomhpháirt lena chéile chun dul ar thóir an tionscadail Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM), a chuirfidh chun feidhme riachtanais bheartas an AE maidir leis an trádáil idir ballstáit a chomhchuibhiú. Ó tharla Breatimeacht, tá údaráis rialála Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann tar éis a dtiomantas don tionscadal I-SEM a athdhearbhú, agus maíonn siad go bhfuil údair mhaithe leis an margadh uile-oileáin ó thaobh an gheilleagair de, agus go bhfuil sé neamhspleách ar dhlíthe nó beartais an AE. Tiocfaidh I-SEM isteach in áit an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) agus is é a bheidh mar thoradh air ná trádáil chomhchuibhithe idir an margadh uile-oileáin agus margadh na Breataine Móire, rud a éascóidh an fhéidearthacht go mbeidh aon mhargadh miondíola comhchuibhsithe uile-oileán amháin ann. Is cinnte gur tharraing Breatimeacht amhras ar chinnteacht na dtorthaí seo, cé gurb é margadh na Breataine Móire an margadh is gaire don SEM agus an t-aon cheann atá nasctha go leictreach leis. Dá mbeifí fós in ann trádáil a dhéanamh idir na margaí seo, fiú más margaí aonair ar leith iad, meastar go mbeadh sin luachmhar fós don ESB agus do rannpháirtithe eile sa mhargadh.

Cé go bhfuil neamhchinnteacht ann mar thoradh ar Bhreatimeacht, tá deiseanna fáis fós in earnáil fuinnimh na Ríochta Aontaithe agus tá ESB ag déanamh monatóireacht agus bainistiú i gcónaí ar iarmhairtí Breatimeachta atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn.

## 5 NEART AIRGEADAIS

Tá brabúsacht ESB bunaithe ar spriocanna rialála a bhaint amach agus ar thorthaí sásúla a chomhaontú maidir lena ghnóthais líonraí rialaithe, mar aon le bheith an-iomaíoch i margaí fuinnimh agus margaí gaolmhara. Beidh tionchar dá réir aige seo ar a láidreacht airgeadais, agus beidh seo follasach óna rátáil chreidmheasa agus ó scála agus dáileachán a infheistíochtaí caipitiúla. Toisc go bhfuil ESB ina úinéir ar líonraí rialaithe, tá oibleagáidí infheistíochta mórscála air, agus mar sin, cé go bhfuil scála ag baint leis ar fud an tslabhra bhreisluacha fuinnimh, tá sé claonta go láidir i dtreo sócmhainní líonraí rialaithe.

# STRAITÉIS ESB GROUP GO DTÍ 2025 AGUS DUL CHUN CINN OS COINNE PRÍOMHTHÁSCAIRÍ STRAITÉISEACHA

## TIMPEALLACHT GHNÓ 2016

1 Beartas Aeráide agus Fuinnimh

2 I dTreo Córas Ísealcharbóin in Éirinn agus an Ról atá ag an Leictriú

3 Éileamh, Athrú ó Bhonn agus Nuáil

4 Breatimeacht

5 Neart Airgeadais

## TÉAMAÍ UILEGHABHÁLACHA

### Éiginnteacht agus Athrú

Tá ESB ag feidhmiú i dtimpeallacht nach bhfacthas riamh roimhe seo ó thaobh méid na héiginnteachta agus luas féideartha an athraithe de. Is léir an éiginnteacht seo ar leibhéal polaitiúil, geilleagrach, earnála, beartais agus margaidh.

### Inoiriúnaithe agus Sofhreagrach

I bhfianaise na héiginnteachta seo i dtaobh mhéid agus luas an athraithe, ní mór don ESB a bheith solúbtha maidir lena threo straitéiseach agus a bheith freagrúil ar athruithe ar an timpeallacht, a mbeadh athrú dá leithéid ag teastáil ina dtaobh. Dá réir sin, tá ESB Group ag díriú ar sholúbthacht agus ilchineálacht thar réimse gnéithe éagsúla, lena n-áirítear éagsúlacht na ngnóthas fad an tslabhra breisluacha fuinnimh; láithreacht i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe; réimse foinsí giniúna le meascán de chineálacha breosla; a bheith i gcomhghuaillíocht le gnóthas atá dírithe ar chustaiméirí; agus a bheith ar thóir deiseanna fáis in earnálacha gaolmhara.

### Neart Airgeadais

Tá cur chuige smachta i leith bainistiú feidhmíochta gnó, infheistíochtaí agus rioscaí ag ESB agus cothóidh seo a neart airgeadais, rud a bheidh ina bhonn agus ina thaca lena chumas, Straitéis ESB Group a bhaint amach agus freagairt go solúbtha ar thimpeallacht atá ag síorathrú.

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

### 1 A Fóntas Láidir Éagsúlaithe atá Comhtháite go hIngearach

I súile ESB, ciallaíonn comhtháthú ingearach cothromaíocht agus inoiriúnaitheacht a chinntiú i gcomhthéacs comhshaoil éiginnte dá leithéid. Cruthaíonn ESB luach trí réimse infheistíochtaí a bhainistiú agus a fhorbairt fad an slabhra breisluacha fuinnimh. Féachann sé freisin le leas a bhaint as na sócmhainní agus an saineolas atá aige ar mhargaí gaolmhara cóngaracha. Is trí bhainistiú airgeadais smachta a dhéanamh ar na haonaid ghnó a choinníonn ESB an tsolúbthacht chun freagairt d'athruithe seachtracha ón timpeallacht.

### 2 Gnóthais Giniúna / Soláthair a bhfuil Scála ag Baint Leo

Mar fhreagairt ar chomhtháthú margaí leictreachais Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, méadóidh ESB scála agus cumais a ngnóthais giniúna, trádála, agus soláthair ionas go bhféadfaidh siad dul san iomaíocht sa timpeallacht nua iomaíochta uile-oileáin. Aithníonn ESB an gá chun an tsochaí a dhícharbónú san fhadtéarma, agus is dá réir sin a dhéanfaidh ESB infheistíocht chun an méid carbóin inár bhflít giniúna cumhachta a laghdú agus ról níos tábhachtaí a thabhairt d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite sa mheascán breosla, ar aon dul leis an mbeartas foriomlán margaidh agus poiblí.

### 3 Líonraí Ardteicneolaíochta

Beidh ESB ag dréim le líonraí leictreachais inacmhainne ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Áireofar leis sin infheistíocht a bheidh mar bhonn taca le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, le slándáil an tsoláthair agus le gnóthú spriocanna don athrú aeráide.

### 4 Nuáil Inbhuanaithe

Aithníonn ESB go n-imreoidh fórsaí amhail dícharbónú, iomaíocht agus forbairtí teicneolaíochta athrú mór ar an gcomhthéacs oibriúcháin, agus beidh sé i mbun nuálaíochta chun deiseanna nua a bhaineann lena bpríomhghnó go díreach a chruthú agus a fhás.

### 5 Struchtúr Costais Athraithe ó Bhonn

Le hiomaíocht mhéadaithe, éiginnteacht sa timpeallacht eacnamaíoch agus an gá chun fás a mhaoiniú sa todhchaí, beidh ar ESB dul i dtreo tuilleadh éifeachtúlachta. Cuirfidh ESB le héifeachtacht costais ár ngnó ionas go mairfidh sé agus go mbeidh rath air sa chomhthéacs nua seo.

### 6 Eagraíocht Ghníomhach Aclaí

Chun Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm beidh eagraíocht sholúbtha, an-spreagtha inoiriúnaithe ag teastáil. Cruthóidh ESB ionad oibre dinimiciúil a spreagfaidh daoine agus a bheidh in ann freagairt go tapa éifeachtach don athrú.

Féach leathanaigh 44 go 53 chun eolas a fháil ar na tosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha sna codanna faoi na haonaid gnó.

| CINEÁLACHA CAIPITIL | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA STRAITÉISEACHA (SPINNA) | 2016 | SPRIOC 2025 |
|---|---|---|---|
| Airgeadais<br>Monaraithe<br>Intleachtúil<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh<br>Nádúrtha | **Neart Airgeadais** | Rátáil BBB+ | Rátáil BBB+ |
| | **EBITDA** | €1.3 billiún | 1.5 go €2 billiún |
| Airgeadais<br>Monaraithe<br>Intleachtúil<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh<br>Nádúrtha | **Giniúint iomlán acmhainn (MW)** | 5,727 MW | 7,000 MW |
| | **Sciar den mhargadh giniúna uile-oileáin (% de tháirgeacht)** | 5% | 7% |
| | **Toilleadh inathnuaite mar % den toilleadh giniúna iomlán** | 11% | 26% |
| Airgeadais<br>Monaraithe<br>Intleachtúil<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh<br>Nádúrtha | **Bonn Sócmhainní Rialaithe (BSR)** | €9 billiún | €14 billiún |
| | **Méadair / greillí cliste** | Tús curtha le soláthar réiteach méadair chliste Éireann | Riachtanais an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER) curtha i bhfeidhm ina n-iomláine |
| | **Fuinneamh gaoithe ceangailte** | Leibhéal nasctha faoi dheireadh 2016 thart ar 70% den sprioc do 2020 | Naisc líonra a sholáthar chun tacú leis an sprioc 2020 maidir le fuinneamh in-athnuaite |
| Airgeadais<br>Monaraithe<br>Intleachtúil<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh<br>Nádúrtha | **Gnóthais atá ag teacht chun cinn** | Tá ESB International tar éis cuid mhór custaiméirí a ghnóthú sa Mheánoirthear agus san Eoraip<br><br>Tá dul chun cinn suntasach déanta ag ecars maidir le hiomaíochas a bhaint amach<br><br>Seoladh Smart Energy Services agus tá seirbhísí á gcur ar fáil aige do chustaiméirí cheana féin<br><br>I láthair na huaire, is ag SIRO atá an táirge cábla-snáthoptaice-go-foirgneamh is leithne in Éirinn, agus tá sé seo ag fás as éadan | Tairbhe a bhaint as deiseanna infheistíochta úra agus ioncam seachtrach ESB International a mhéadú |
| Airgeadais<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh | **Bonn costais** | Cur i bhfeidhm samhail fostaíochta nua<br><br>Méadracht feidhmíochta agus tagarmharcáil i bhfeidhm do na haonaid gnó<br><br>Tionscadal um Athrú Soláthair curtha i gcrích | Struchtúr costais iomaíoch |
| Airgeadais<br>Intleachtúil<br>Daonna<br>Sóisialta agus Caidrimh | **Sábháilteacht** | 72 LTInna (Fostaithe agus Conraitheoirí) | Níor tharla aon ghortuithe |
| | **Rannpháirtíocht** | Suirbhé Fostaithe ESB le reáchtáil in 2017 | Ardleibhéil rannpháirtíochta agus feidhmíochta |
| | **Athrú** | Samhail fostaíochta nua | Athrú tapa, arna spreagadh go háitiúil |

Féach ar leathanach 16 chun tuilleadh eolais a fháil ar chineálacha caipitil.


01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIS)


Úsáideann ESB táscairí airgeadais agus neamhairgeadais, agus is léiriú iad na táscairí sin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Straitéis ESB Group a bhaint amach. Tá a KPInna féin ag gach aonad gnó, agus tagann siad seo go cruinn le KPInna an Ghrúpa.

## AIRGEADAIS


### EBITDA €'m




### Glanfhiachas €'m





### Caiteachas Caipitiúil €'m





| PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA (KPI) | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|---|
| **EBITDA** | Tuilleamh roimh ús, cánachas, dímheas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla (EBITDA) | Is príomhthomhas é EBITDA den airgead tirim a gineadh le linn na bliana, atá ar fáil ansin le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, aisíocaíocht fiachais agus íocaíochtaí díbhinní. | Brabús oibriúcháin níos ísle is toradh ar laghdú EBITDA. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an athbhreithniú airgeadais ar leathanach 40. |
| **Glanfhiachas** | Iasachtaíochtaí agus glanfhiachais eile d'airgead tirim agus a choibhéisí airgid | Is táscaire é an glanfhiachas ar leibhéal giarála an Ghrúpa, agus tugann sé le fios cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh a phríomhchúnant. | Tá laghdú tagtha ar an nglanfhiachas, agus is toradh é seo ar EBITDA dearfach agus ar lagú phunt na Ríochta Aontaithe (GBP), arna bhfritháireamh ag infheistíocht chaipitiúil leanúnach, costais airgeadais, díbhinní agus íocaíochtaí cánach. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an athbhreithniú airgeadais ar leathanach 41. |
| **Caiteachas Caipitiúil** | Méideanna breise do mhaoin, gléasra agus trealamh, mar aon le sócmhainní doláimhsithe agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | Tá infheistíochtaí caipitiúla suntasacha idir lámha ag ESB faoi láthair i gcás a ghnóthais líonraí agus Generation and Wholesale Markets (G&WM) araon. Tá seo amhlaidh ionas gur féidir le ESB an líonra leictreachais a fhorbairt agus Straitéis ESB Group a bhaint amach i dtaca le Gnóthas Giniúna a sholáthar a bhfuil Scála ag baint leis. | Is é an caiteachas méadaithe ar infheistíochtaí in-athnuaite a spreagann méadú ar an gcaiteachas caipitiúil. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an athbhreithniú airgeadais ar leathanach 41. |

## OIBRIÚCHÁIN

### Feidhmíocht Stáisiún Cumhachta





### MW In-athnuaite Infheidhme*




*gaoth


### Nóiméid Custaiméirí a Cailleadh (CMLanna)





| KPI | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|---|
| **Feidhmíocht Stáisiún Cumhachta** | Céatadán den bhliain a raibh an stáisiún giniúna in ann leictreachas a tháirgeadh linn, cibé ar ghin sé leictreachas nó nár ghin | Is gné ríthábhachtach d'fheidhmíocht tráchtála ESB é cumas oibriúcháin láidir a sholáthar i gcumhachtstáisiúin uile ESB mar thoradh ar ardchaighdeáin i dtaca le feidhmíocht agus cothabháil, mar aon le cur i gcrích tráthúil oibreacha ollchóirithe. | Bhí feidhmíocht agus cumas na gcumhachtstáisiún fós láidir in 2016, agus dá bharr seo, bhí stáisiún giniúna ESB in ann freastal ar éilimh chórais agus ar dhálaí an mhargaidh. Féach an chuid faoi aonad gnó G&WM ar leathanach 44. |
| **MW In-athnuaite Infheidhme*** | MW de ghiniúint in-athnuaite, áit a bhfuil na sócmhainní tar éis a ndáta feidhmíochta tráchtála a bhaint amach | Is í an ghiniúint in-athnuaite an ghné is tábhachtaí de chuspóir ESB, déine carbóin a fhlít ghiniúna a laghdú. | An méadú 18 MW, baineann sin le Feirm Ghaoithe Ráithín Léith i gContae Chill Mhantáin, ar comhfhiontar é le Coillte Teoranta a chuaigh i mbun oibriúchán tráchtála le linn 2016. Féach an chuid faoi aonad gnó G&WM ar leathanach 44 chun tuilleadh eolais a fháil. |
| **Nóiméid Custaiméirí a Cailleadh (CMLanna)** | Meánfhad na mbristeacha (pleanáilte agus de bharr fabhtanna) i soláthar leictreachais na gcustaiméirí le linn na bliana | Is ardtosaíocht don ESB é iontaofacht an eangaigh agus bristeacha i soláthar leictreachais na gcustaiméirí a laghdú. | De thoradh thiomantas ESB maidir le bristeacha i soláthar na gcustaiméirí agus fad na mbristeacha sin a mhaolú, tháinig laghdú ar líon na nóiméad custaiméirí a cailleadh. |

## AN CUSTAIMÉIR AGUS AN MARGADH


### Sciar an Mhargaidh Mhiondíola




### Sásamh Custaiméirí Cónaithe





### Feasacht Branda





| KPI | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|---|
| **Sciar Margaidh** | Sciar margaidh uile-oileáin iomlán den Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) | Is gnéithe ríthábhachtacha don ESB iad coimeád agus fás an sciar mhargaidh atá aige ionas gur féidir leis iomaíochas a bhaint amach sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. | Tá aidhm Electric Ireland fós á baint amach, is é sin, a bheith ar thosach an tslua le sciar 37% den mhargadh uile-oileáin, chun Gnóthas Soláthair a bhfuil Scála ag Baint leis a chur ar fáil. Bhí laghdú 1% ar an sciar margaidh iomlán le linn 2016 mar thoradh go príomha gur cailleadh custaiméirí in earnáil an mhargaidh chónaithe. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 50 chun tuilleadh eolais a fháil. |
| **Sásamh Custaiméirí Cónaithe** | Cuireann seo tomhas i dtaca le sásamh na gcustaiméirí ar fáil (Foinse: Torthaí Suirbhéithe Míosúla de chuid Research Perspective) | Bíonn ESB agus Electric Ireland ag déanamh a ndícheall ag iarraidh sársheirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil agus eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú chun an sciar atá acu den mhargadh a choinneáil. | D'fheabhsaigh sásamh na gcustaiméirí cónaithe in 2016 mar thoradh ar laghdú praghsanna agus seoladh táirgí úra nuálacha sa mhargadh. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 50 chun tuilleadh eolais a fháil. |
| **Feasacht Branda** | Feasacht ar Electric Ireland mar Sholáthróir Fuinnimh (Foinse: Torthaí de Shuirbhéithe Custaiméara IPSOS) | Branda Electric Ireland a láidriú chun iad a phoibliú mar an soláthraí fuinnimh atá chun tosaigh in Éirinn. | Bhí feasacht branda láidir fós follasach in 2016 de bharr feabhsuithe ar mhargaíocht, urraíocht agus feachtais bolscaireachta. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 50 chun tuilleadh eolais a fháil. |

## DAOINE

### Líon na nDaoine




### Am Oibre a Chailltear mar Thoradh ar Ghortuithe (LTInna)




| KPI | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|---|
| **Líon na nDaoine** | Meánlíon na bhfostaithe an bhliain sin, lena n-áirítear fostaithe sealadacha: | Chun Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm, beidh ar an eagraíocht a bheith solúbtha fíorspreagtha inoiriúnaithe, agus beidh scála áirithe i gceist léi freisin. | Bhí níos mó daoine sa chuideachta in 2016 de bharr earcaíochta i dtaca le línte nua gnó, mar aon le hearcú printíseach agus céimithe. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar nóta 8 de na ráitis airgeadais. |
| **LTInna Fostaithe** | Is é atá i gceist le LTInna fostaithe ná gortuithe a bhíonn acu a gcailleann siad ar a laghad lá amháin oibre mar thoradh orthu (agus ní áirítear leis seo an lá ar tharla an gortú). | Is bunluach de chuid an Ghrúpa í an tsábháilteacht. Cuireann ESB béim i gcónaí ar rioscaí a laghdú sna réimsí den ghnó a dtarlaíonn gortuithe tromchúiseacha iontu. | Cuireadh Clár Píolótach um Chultúr Sábháilteachta i bhfeidhm in 2016 chun an tiomantas a athláidriú i dtaca le cosc gach teagmhas agus gortú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an t-athbhreithniú sábháilteachta atá ar fáil ar leathanach 57. |

FÓNTAS LÁIDIR ÉAGSÚLAITHE ATÁ COMHTHÁITE GO HINGEARACH
NUÁIL INBHUANAITHE
GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR
STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN
LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA
EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN


32 An Fhoireann Feidhmiúcháin

34 Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin 2016

38 Athbhreithniú Airgeadais

44 Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM)

46 ESB Networks

48 Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)

50 Electric Ireland

52 Nuálaíocht

# AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

Díríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin ar Straitéis ESB Group, ar fhorbairtí teicneolaíochta agus tráchtála, cláir a chur i bhfeidhm, feidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, forbairt daoine, forbairt eagraíochtúil agus polasaithe don Ghrúpa ar fad.



**Pat O'Doherty**
**An Príomhfheidhmeannach**

**Ceapachán:** Nollaig 2011
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige anois, bhí Pat i gceannas ar na gnóthais is mó de chuid ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar DAC ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Bhain Pat bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chríochnaigh sé an tArdchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School. Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe, ina Stiúrthóir ar Energy UK agus ina Chathaoirleach ar an gComhairle Printíseachta Éireann.



**Jerry O'Sullivan**
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

**Ceapachán:** Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme:** Sular ceapadh é sa ról atá aige faoi láthair, bhí Jerry ina Stiúrthóir Bainistíochta ar DAC ESB Networks. Thosaigh sé in ESB in 1981 agus bhí cuid mhaith ról aige sna réimsí Tógáil Cumhachtstáisiún, Dáileacháin agus Tarchurtha, Miondíola, Comhairleoireachta, Margaíochta agus Seirbhísí do Chustaiméirí. Ceapadh é ina Cheann ar Sheirbhísí Líonra in 2002 agus ina Cheann ar Inbhuanaitheacht agus ar Chórais Líonra in 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



**Pat Fenlon**
**Stiúrthóir FeidhmiúcháinAirgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa**

**Ceapachán:** Iúil 2016
**Taithí ghairme:** Sula raibh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí cuid mhaith ról sinsearach airgeadais, tráchtála agus ginearálta ag Pat ar fud ESB, lenar áiríodh Bainisteoir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, Cisteoir an Ghrúpa, Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland agus Bainisteoir Athruithe Corparáideacha. Is Comhalta é de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'oibrigh sé le PwC i mBaile Átha Cliath sular thosaigh sé ag obair le ESB in 1993.



**Paddy Hayes**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Generation and Wholesale Markets**

**Ceapachán:** Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí róil éagsúla bainistíochta sinsearaí ag Paddy in ESB, lenar áiríodh Ceann Independent Generation. Sular thosaigh sé ag obair leis an ESB in 1999, bhí roinnt ról ag Paddy le British Steel. Is innealtóir cairte é agus tá céim mháistir aige san innealtóireacht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick sa Ríocht Aontaithe.



**Marguerite Sayers**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin DAC Líonraí ESB**

**Ceapachán:** Samhain 2014
**Taithí Ghairme:** Thosaigh Marguerite ag obair le ESB in 1991 agus tá céim aici san Innealtóireacht Leictreonach ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Roimhe sin, bhí ról aici mar Cheann Bainistíochta Sócmhainní ar ESB Networks agus mar Bhainisteoir na Seirbhísí Custaiméirí do Bhaile Átha Cliath Theas, agus d'oibrigh sí freisin in Acmhainní Daonna agus i bPleanáil, Oibriúcháin agus Tógáil Líonraí. Ba Bhainisteoir í Marguerite freisin ar ESB Generation, agus bhí sí freagrach ansin as punann giniúna 5,500 MW ESB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is comhalta í ar Chomhairle agus ar Choiste Feidhmiúcháin Innealtóirí Éireann, agus is comhalta í freisin ar Bhord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta.



**Jim Dollard**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Business Service Centre (BSC) agus Electric Ireland**

**Ceapachán:** Iúil 2013
**Taithí Ghairme:** Is cuntasóir é Jim, agus thosaigh sé amach ar a ghairm réime in ESB i 1992 agus bhí poist éagsúla ardbhainistíochta aige sa Ghrúpa. Tá Céim Bhaitsiléara ag Jim sa tráchtáil agus Céim Mháistir sa Staidéar Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



**Paul Mulvaney**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Nuáil**

**Ceapachán:** Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme:** Tháinig Paul isteach in ESB in 1985 agus bhí poist éagsúla sa bhainistíocht shinsearach aige, mar Bhainisteoir Stáisiúin Ghiniúna an Oileáin Mhóir agus Ghob na Muine, mar Bhainisteoir an Ghrúpa ar Stáisiúin Ghuail / Ola / Gháis, Bainisteoir Sócmhainní i nGiniúint Cumhachta agus mar Chlárbhainisteoir in Athruithe Corparáideacha. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ecars in 2009 agus ina Cheann ar Dháileachán & Seirbhísí do Chustaiméirí, ESB Networks in 2012. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Paul agus tá an Clár Ardbhainistíochta déanta aige ag Scoil Ghnó IESE in Ollscoil Navarra sa Spáinn.



**Pat Naughton**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa**

**Ceapachán:** Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:**
Is innealtóir meicniúil é Pat agus d'oibrigh sé i róil éagsúla ó thosaigh sé ag obair sa Ghrúpa i 1978. Bhí poist shinsearacha aige roimhe seo mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna in ESB Energy International, Bainisteoir ar Fhorbairt Straitéise agus Punainne in ESB Energy International agus Bainisteoir ar Hidrea-Stáisiúin in ESB Power Generation.



**John Redmond**
**Rúnaí na Cuideachta**

**Ceapachán:** Deireadh Fómhair 2002
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí John ina Rúnaí Grúpa agus ina Leasuachtarán Sinsearach, Cúrsaí Corparáideacha, in GPA Group plc., agus ina dhiaidh sin, bhí sé ina Rúnaí Cuideachta in Debis AirFinance BV (cuideachta chomhlachaithe de Daimler Chrysler) agus in Airplanes Limited atá cláraithe le SEC. Idir 1980 agus 1988, d'oibrigh sé sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Airgeadais. Is céimí de chuid Ollscoil Mhaigh Nuad é agus fuair sé cáilíochtaí iarchéime sa Rialachas Corparáideach ó Ollscoil Napier, Dún Éideann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Comhalta é d'Institiúid na Rúnaithe Cairte ó 1997.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# STRUCHTÚR AN MHARGAIDH AGUS TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN 2016

## 1
## FORBHREATHNÚ AR STRUCHTÚR NA MARGAÍ LEICTREACHAIS

Is féidir struchtúr an mhargaidh leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann a roinnt ina cheithre dheighleog: giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. Tá iomaíocht i réim i ngach cuid de ghiniúint agus de sholáthar an leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Is monaplachtaí rialaithe iad tarchur agus dáileachán leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, agus socraíonn an rialaitheoir san dá áit an t-ioncam ceadaithe don tréimhse athbhreithnithe praghsanna.

### Beartas agus Rialáil Fuinnimh
Bíonn beartais fuinnimh á leagadh síos ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i bPoblacht na hÉireann agus ag an Aire Geilleagair i dTuaisceart Éireann. Bíonn beartais agus rialáil fuinnimh go mór faoi thionchar dhlí an Aontais Eorpaigh (AE).

Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh an rialtóir neamhspleách don mhargadh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann. Is é Údarás Tuaisceart Éireann um Rialáil Fóntais (NIAUR) rialtóir neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i dTuaisceart Éireann.

### An Margadh Aonair Leictreachais (SEM)
Is é an SEM an margadh aonair mórdhíola (malartán cumhachta) don leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Is malartán cumhachta comhlán éigeantach é an SEM, agus ní mór do gach gineadóir an malartán seo a úsáid chun cumhacht a dhíol agus do gach soláthraí é a úsáid chun cumhacht a cheannach. Socraíonn an malartán cumhacht spotphraghas don leictreachas, ar a dtugtar an Praghas Imeallach Córais (SMP), gach tríocha nóiméad. Faigheann gineadóirí íocaíochtaí ar leith tríd an meicníocht cumais ghiniúna, ar bhunús a bhfeidhmthréimhsí. Bainistíonn gineadóirí agus soláthraithe luaineacht praghsanna sa mhalartán cumhachta trí chonarthaí airgeadais seasta a chur i gcrích (conarthaí difríochta).


### Socruithe Trádála agus Tarchuir Leictreachas na Breataine (BETTA)
Is é is BETTA ann ná an margadh mórdhíola leictreachais atá i bhfeidhm sa Bhreatain Mhór. Murab ionann agus an SEM, is féidir le gineadóirí agus soláthraithe trádáil a dhéanamh lena chéile ar bhonn déthaobhach nó malairtí, agus is féidir leo conarthaí fisiciúla agus airgeadais araon a dhéanamh chun luaineacht a bhainistiú, do thréimhsí ama éagsúla, mar shampla, roinnt mhaith blianta amach anseo nó margaí trádála aon lae amháin. Mar chuid dá thionscnamh Leasaithe ar an Margadh Leictreachais (EMR) chun infheistíocht a spreagadh i leictreachas ísealcharbóin agus chun sláine agus inacmhainneacht an tsoláthair a fheabhsú, tá Rialtas na Breataine tar éis scéim luach saothair le haghaidh cumais a thabhairt isteach, agus dá réir seo, bronntar conarthaí cumais ar ghineadóirí ar bhunús torthaí ceant, rud a chuirfidh ar a gcumas íocaíochtaí a fháil as cumas giniúna a sholáthar, ach a mbeidh pionóis ann ina leith mura bhfuil aon soláthar le linn teagmhas ganntanais.

### An Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM)
An príomhrud atá taobh thiar de thabhairt isteach I-SEM ná cur chun feidhme éifeachtúil Spriocshamhail an AE, ar sraith socruithe comhchuibhithe í le haghaidh trádáil trasteorann fuinnimh mhórdhíola agus seirbhísí cothromaíochta ar fud na hEorpa. Mar fhreagairt ar na hathruithe molta seo, tá ESB tar éis clár I-SEM a chur ar bun lena chinntiú go bhfuil an gnó ullamh do na socruithe nua margaidh. Ar dtús, bhí I-SEM le bheith curtha in ionad SEM i mí Dheireadh Fómhair 2017, ach i Samhain 2016, d'athraigh na húdaráis rialála dáta tosaithe I-SEM go dtí Bealtaine 2018.

I gcomhthráth le I-SEM agus mar fhreagairt ar spriocanna ceangailteacha náisiúnta agus Eorpacha, chuir EirGrid Group tús le clár ilbhliana, ar a dtugtar Córas Slán Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar (DS3). Is é is aidhm don Chlár DS3 ná na dúshláin a bhaineann le córas leictreachais a oibriú a shárú ar bhealach slán sábháilte agus na spriocanna i leith leictreachas in-athnuaite 2020 a bhaint amach. Ceapadh an Clár DS3 lena chinntiú gur féidir leis an gcóras cumhachta feidhmiú go slán sna blianta amach romhainn ar bhonn giniúna in-athnuaite neamhshioncronaí athraithí (e.g. gaoth) atá ag síormhéadú.

### Líonraí Leictreachais
Is éard atá ann i gcóras tarchuir leictreachais ná líonra ardvoltais chun soláthar leictreachais builc a tharchur. Seachadann an córas dáileacháin leictreachas do chustaiméirí aonair thar na líonraí 38kV / meánvoltais / ísealvoltais. I bPoblacht na hÉireann, is le ESB an líonra córais tarchuir agus dáileacháin agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais; oibríonn EirGrid an líonra córais tarchuir. I dTuaisceart Éireann is le Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) an líonra córais tarchuir agus dáileacháin leictreachais agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais. Oibríonn Oibreoir Córas Thuaisceart Éireann (SONI) an líonra córais tarchuir.

**AN MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS (SEM)**





### Idirnasc

Ar chúiseanna tíreolaíochta, tá córais tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann scoite i gcomparáid le córais ar mhór-roinn na hEorpa agus sa Bhreatain Mhór (GB). Nascann Idirnasc na Maoile eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban trí chábla faoi uisce a ritheann idir stáisiúin tiontaire i dTuaisceart Éireann agus in Albain. Tá cumas 500 MW ag an nasc, agus éascaíonn seo tarchur dháthreo leictreachais.

Nascann an tIdirnasc Soir Siar an córas tarchuir leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchuir leictreachais sa Bhreatain Bheag, ionas gur féidir leictreachas a tharchur sa dá threo. Ritheann an tIdirnasc Soir Siar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí i bPoblacht na hÉireann. Tá na naisc faoi thalamh agus faoi uisce tuairim is 260 ciliméadar ar fad agus acmhainn ann chun 530 MW a iompar. I Meán Fómhair 2016, tar éis gnáthchothabhála, tharla fabht ar an Idirnascaire Thoir-Thiar, agus mar thoradh air seo, fógraíodh go mbeadh an t-idirnascaire sin as seirbhís go dtí Nollaig 2016.

Is rannpháirtí gníomhach é ESB sna margaí Idirnascaire Moyle agus Thoir Thiar agus is é a bhí freagrach as 65% de na hallmhairí uile ar fad agus as 2% de na honnmhairí uile in 2016.

**GINIÚINT LEICTREACHAIS DE RÉIR CINEÁL BREOSLA**





### Giniúint leictreachais
13,446 MW d'acmhainn, nó geall leis, atá in earnáil ghiniúna an Mhargaidh Aonair Leictreachais agus é nasctha leis an gcóras ar bhonn uile-oileáin (2015: 12,785 MW). San áireamh i gcumas an chórais, tá meascán de sheanstáisiúin ghiniúna, gástuirbíní timthrialla comhcheangailte nua-aimseartha agus foinsí fuinnimh in-athnuaite ar nós cumhacht gaoithe agus hidreachumhacht. Gineann na stáisiúin seo leictreachas ó bhreoslaí amhail gás, gual agus ola chomh maith le breoslaí dúchasacha lena n-áirítear hidreachumhacht, gaoth, móin agus bithmhais.

Tá 3,100 MW de ghaoth suiteáilte sa SEM (2015: 2,963 MW), agus tá seo ríthábhachtach do Rialtas Phoblacht na hÉireann agus d'Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann maidir lena sprioc go ngineofaí 40% den leictreachas ó acmhainní in-athnuaite faoi 2020. B'ionann is 18% an chuid den ghiniúint arbh ón ngaoth í in 2016 (2015: 21%), agus rinneadh aschur uasta gaoithe de 2,827 MW a thaifeadadh i mí na Nollag. Ba é ESB a ghin 47% den ghiniúint leictreachais iomlán in SEM in 2016 (2015. 49%). Bhí feidhmthréimhse mhaith don ghiniúint bhonnualaigh theirmigh in SEM in 2016, agus an gás agus gual fós ar na breoslaí is mó a úsáideadh le haghaidh giniúna ar an margadh.


### Trádáil Leictreachais
Nasctar le chéile margaí leictreachais agus gáis na Ríochta Aontaithe, Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann ar dhá bhealach; déantar seo ar an gcéad dul síos mar thoradh ar úsáid gáis le haghaidh giniúint leictreachais, agus lena chois sin, cuirtear i bhfeidhm é de bharr idirnascadh fisiciúil na líonraí leictreachais agus gáis. Dála an-chuid cuideachta i margadh na hÉireann, tá ESB gníomhach ar na margaí gáis agus leictreachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

Anuas ar na leasanna giniúna atá aige, bíonn ESB gníomhach i ngach earnáil den mhargadh soláthair gháis, idir chustaiméirí cónaithe agus chustaiméirí móra tráchtála, agus tá sé ar na seoltóirí gáis is mó in Éirinn. Tá ESB fós i mbun fáis sna margaí leictreachais agus gáis, agus ceann de na príomhfhorbairtí a tharla in 2016 ná gur thosaigh Cumhachtstáisiún Carrington, atá lonnaithe gar do Mhanchain, ag feidhmiú ar bhonn tráchtála. Mar thacaíocht don ghníomhaíocht seo, tá cumas trádála iomlán ag ESB Trading chuig an leibhéal fíor-ama, agus tá láithreacht 24 uair aige sna margaí gáis agus leictreachais.

**SCIAR AN MHARGAIDH ALLMHAIRE**




**SCIAR AN MHARGAIDH ONNMHAIRÍOCHTA**



# 2
# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## NA MARGAÍ FUINNIMH DOMHANDA

### Praghsanna Gáis

Bhí na praghsanna gáis níos ísle in 2016 ar an meán ná mar a bhíodh roimhe, agus ba in 2015 a thosaigh an treocht sin, mar thoradh ar sholáthair méadaithe gáis nádúrtha leachtaithe (LNG). An meánphraghas a bhí ar ghás in Eanáir 2016 ná 31.94 in aghaidh na teirme, agus bhí an meánphraghas sin ardaithe go dtí 46.54 in aghaidh na teirme faoi Nollaig. Ba é 34.59 an meánphraghas bliantúil ar ghás don bhliain 2016 in aghaidh na teirme (2015: 42.56 in aghaidh na teirme).

### Praghsanna Guail

Bhí ardú ar phraghsanna guail an bhliain seo, ó $45.97/tona ar an meán in aghaidh na míosa ag tús na bliana i mí Eanáir, go dtí $90.89/tona ar an meán in aghaidh na míosa faoi Nollaig. An rud ba chúis leis an ardú praghsanna seo ná éileamh méadaithe ar ghual, go háirithe sa tSín, mar aon le laghdú ar róacmhainneacht táirgeachta. Ba é an meánphraghas ar ghual in 2016 ná $59.97/tona, (2015: $56.61/tona).

### Praghsanna Carbóin

An meánphraghas míosúil a bhí ar charbón i mí Eanáir ná €6.94/tona agus tháinig laghdú air seo le linn na bliana, go háirithe sa tríú ráithe, go dtí gurbh é €5.24/tona an meánphraghas míosúil a bhí air i mí na Nollag. Ba é an meánphraghas ar charbón in 2016 ná $5.38/tona, (2015: €7.71/tona). Tá gluaiseachtaí ar phraghas carbóin ag brath go mór ar chinntí beartais agus cur chun feidhme ar leibhéal an AE, agus ní ar phraghsanna tráchtearraí. Tá baint ag an laghdu ar phraghas carbóin in 2016 le rósholáthar Lamháltas Astaíochtaí an AE (EUAnna), cé go bhfuil athruithe ar na bacáin.

### Praghsanna Leictreachais Mhórdhíola SEM


Tá an Praghas Imeallach Córais (SMP) sa SEM comhdhéanta de dhá chuid: (i) an costas imeallach gearrthréimhseach táirgeachta (SRMC), arb ionann é agus costas an bhreosla, agus (ii) ardú. Bionn ardú i gceist nuair a aisghabhtar costais tionscnaimh agus costais gan lód, ar costais sheasta iad nach n-athraíonn de réir aschuir.

In 2016, bhí breoslaí iontaise ina mbonn le 75% den ghiniúint, gás agus gual ar an bhformhór. Is iad na gástuirbíní comhthimthrialla (CCGT) na haonaid theirmeacha is éifeachtúla sa chóras, agus tá dlúthbhaint idir praghas an gháis mhórdhíola agus an SMP. Mar thoradh ar laghdú bliain ar bhliain de 18%, ba é €41.82/meigevatuair (MWh) mheánluach an SMP in 2016, (2015: €50.83/MWh), agus ba é an laghdú ar phraghsanna gáis an phríomhchúis leis seo. Anuas air sin, tharla éarthaí seirbhíse suntasacha in Idirnascaire Moyle agus in Idirnascaire Thoir Thiar in 2016, agus ba mhór an tionchar a bhí acu seo ar phraghsanna sa SEM. Bhí roinnt mhaith arduithe praghais tobanna i gcaitheamh na bliana de bharr na n-éarthaí idirnascaire thuas, a tharla ag an am céanna le cuid mhór éarthaí fada i stáisiúin theirmeacha.


Ag tús na bliana, bhí SMP míosúil de €40.09/MWh ann ar an meán i mí Eanáir, agus ansin thit na SMPanna go dtí €37.60/MWh ar an meán don chéad naoi mí den bhliain, ach tháinig ardú ansin i mí Dheireadh Fómhair go dtí €53.89/MWh in aghaidh na míosa ar an meán. Ag deireadh na bliana, i mí na Nollag, bhí meánphraghas míosúil de €54.47/MWh ann.

Tá treocht anuas le sonrú i gcás ardaithe ó rinneadh athrú rialála ar ríomh an ardaithe ar 1 Eanáir 2015. In 2014, ba é a bhí i gceist le hardú ná 29% den SMP ar an meán, ach thit sé seo go dtí 24% den SMP in 2015. Tá laghdú suntasach tagtha air ó shin, agus in 2016, bhí meán míosúil de 15% den SMP i réim i gcás ardaithe.

**PRAGHSANNA GÁIS, GUAIL AGUS CARBÓIN**




**SMP (€/MWh)**





### Praghsanna Leictreachais sa Bhreatain Mhór

Thosaigh cumhachtstáisiún Carrington ag feidhmiú ar bhonn tráchtála i mbliana, ag an am céanna is a bhí fadhbanna suntasacha ag tarlú, agus cé gur rud dearfach é seo don chumhachtstáisiún Carrington, is léiriú é ar cé chomh idirnasctha is atá margadh fuinnimh inmheánach an AE.

In 2016, rinneadh daingniú méadaithe ar chóras na Breataine Móire, a bhíodh ag brath ar allmhairí roimhe seo, agus ba thoradh é an daingniú sin go príomha ar idirnascairí fomhuirí idir an Bhreatain Mhór agus eangacha cumhachta na Fraince agus na hÍsiltíre. Nuair a thosaigh fadhbanna ag tarlú sa Fhrainc maidir lena tionscal núicléach, a bhí buailte le han-chuid éarthaí, laghdaigh allmhairí sa Bhreatain Mhór an oiread sin gur onnmhairíodh níos mó leictreachais ón tír i mí Dheireadh Fómhair 2016 ná mar a allmhairíodh. Mar thoradh ar na fadhbanna sa Fhrainc, bhí arduithe praghais tobanna ar fud na hEorpa, mar go raibh an Fhrainc ag onnmhairiú níos mó leictreachais óna comharsana chun freastal ar an éileamh i dtaca le soláthar. Chuir an t-athrú cothromaíochta seo níos mó brú ar líonra cumhachta na Breataine Móire, tráth a raibh sí faoi bhrú cheana féin de bharr dhúnadh cumhachtstáisiúin gualbhreoslaithe mar chuid dá hiarrachtaí, astaíochtaí carbóin a laghdú.

Bogadh go tréan ar shiúl ón ngual sa Bhreatain Mhór in 2016, agus chuathas ina ionad sin i muinín giniúint ghásbhreoslaithe, rud a raibh praghsanna gáis níos ísle, praghsanna guail níos airde agus an Tobhach um Thacú le Praghsanna Carbóin ina mbonn leis. Tá téarnamh tar éis tarlú maidir leis an bpraghas bunualaigh agus corrlaigh CCGTanna mar thoradh ar laige i bpraghsanna gáis struchtúracha agus corrlach daingean ar chúlchistí córais. De bharr ísliú an ghuail in ord fiúntais na Ríochta Aontaithe, tá lódfhachtóirí CCGT níos airde ann, mar aon le meán-éifeachtúlacht níos airde agus costais tionscnaimh níos ísle. Tharla an méid thuas san am céanna ar thosaigh Cumhachtstáisiún Carrington ag feidhmiú ar bhonn tráchtála, agus rinne Carrington tús maith dá dheasca sin.

**BONNUALACH NA BREATAINE MÓIRE (£/MWh)**



# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS



**PAT FENLON**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in ESB?

Bhí feidhmíocht láidir oibriúcháin i ngach réimse den ghnó in 2016, agus bhí feidhmíocht airgeadais rathúil ag an nGrúpa mar thoradh air sin. Léirigh an gnóthas Generation and Wholesale Markets (G&WM) feidhmíocht láidir airgeadais, d'ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú sa timpeallacht feidhmíochta, agus ba thoradh é sin ar thréimhsí feidhme sármhaithe a bheith ag na cumhachtstáisiúin, chomh maith le tráchtálaíocht rathúil Cumhachtstáisiún 885 MW Carrington in 2016. Bhí cláir shuntasacha caipitil agus cothabhála fós á soláthar ag ár ngnóthais líonraí de réir a gconarthaí rialála, a raibh d'aidhm acu athléimneacht a fheabhsú agus tacú le méadú breise ar ghiniúint in-athnuaite. Chruthaigh Electric Ireland, brainse miondíola ESB, níos fearr ó thaobh cúrsaí airgeadais de, toisc go príomha gur bhainistigh sé neamhchosaint tráchtearraí go gníomhach, agus freisin gur lean sé de sholáthar táirgí iomaíocha i margadh a mbíonn an-iomaíochas ag baint leis i gcónaí.

Tá an fheidhmíocht seo le sonrú i leibhéal EBITDA an Ghrúpa de €1.3 billiún don bhliain 2016 (2015: €1.3 billiún) a chuimsigh 63% a gineadh ónár ngnóthais líonraí rialaithe, leachtacht de €1.7 billiún agus rátáil chreidmheasa grád infheistíochta ESB de BBB+ (saorsheasamh). Chuir an fheidhmíocht rathúil seo ar chumas ESB díbhinn iomlán de €116 milliún a íoc don bhliain 2016 de réir an bheartais chomhaontaithe um dhíbhinní, agus freisin, bhí sé in ann maoiniú €897 milliún d'infheistíocht chaipitiúil a dhéanamh in infreastruchtúr leictreachais chun leasa chustaiméirí ESB agus gheilleagar na hÉireann.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas Finance leis an ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Ceann de na príomhróil atá ag an ngnóthas Finance ná straitéisí a chur i bhfeidhm, ach ag an am céanna, láidreacht agus sláine ESB a chosaint. Chun an aidhm seo a chur i gcrích, oibrímid le gach gnóthas chun na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- Córas tuairiscithe cuimsitheach um bhainistíocht feidhmíochta a chur i bhfeidhm
- Córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm
- Leithdháileadh caipitil a optamú i ngach réimse de phunann deiseanna infheistíochta ESB

Cinntíonn Group Treasury i gcónaí go ndéantar bainistíocht réamhghníomhach ar phríomhrioscaí airgeadais, mar shampla, neamhchosaint maidir le hairgeadra eachtrach agus rátaí úis. Tá staid mhaith ag ESB sna margaí caipitil fiachais. Is léiriú air seo an t-athdhearbhú a rinne na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ar rátáil chreidmheasa BBB+ (saorsheasamh) ESB, mar aon leis an láithriú rathúil a rinne ESB go luath in 2017 de bhanna €600 milliún ar ráta seasta de 1.875% a thiocfaidh in aibíocht i Meitheamh 2031, agus de bhanna €500 milliún ar ráta seasta 1.750% a thiocfaidh in aibíocht i bhFeabhra 2029.

### Ceist Cad iad na prío mhdhúshláin atá roimh ESB Group sna chéad trí bliana eile atá romhainn amach?

Amhail go leor cuideachtaí, tá an-chuid dúshlán straitéiseach airgeadais os comhair ESB.

**Neamhchinnteacht**

Tá an-chuid neamhchinnteachtaí os comhair ESB de réir mar a thagann forbairt ar mhargaí, rialáil, theicneolaíocht agus riachtanais custaiméirí.
Tá neamhchinnteacht ar leith ag baint leis an Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM), atá le bheith ag feidhmiú beo i mí Bhealtaine 2018, agus athróidh seo na modhanna a úsáideann ár ngnóthais, go háirithe G&WM agus Electric Ireland, chun ioncam a thuilleamh agus rioscaí a bhainistiú. Tá tionscadal I-SEM curtha ar bun lena chinntiú go bhfuil ESB réidh le dul i ngleic leis na hathruithe seo.

Tiocfaidh iarmhairtí Breatimeachta ina n-iomláine chun solais le linn na mblianta atá díreach romhainn amach. Cé go bhfuil neamhchinnteacht ag baint leis seo, leanfaimid dár mbainistíocht stuama ar na sócmhainní atá againn sa Ríocht Aontaithe, a bhfuil cómhaoiniú curtha ar fáil ina leith i bpunt na Ríochta Aontaithe. Leanfaimid freisin dár monatóireacht ar Bhreatimeacht agus ar theagmhais shochpholaitiúla eile ar fud an domhain, agus cuirfimid bearta stuama i bhfeidhm mar is cuí i leith bainistíocht airgeadais, chun láidreacht airgeadais ESB a chosaint.

**Soláthar Feidhmíochta**

Tá staid mhaith ag ESB ó thaobh a bheith in ann freagairt ar na dúshláin maidir le soláthar feidhmíochta. Ar na dúshláin sin, tá luaineacht mhéadaithe agus brú anuas ar chorrlaigh fuinnimh mhórdíola, éascú idirbheartaíochta agus soláthair maidir leis na creataí rialála don dá ghnóthas líonraí atá againn lena chinntiú go gcoimeádfar ár láidreacht airgeadais, agus déileáil mar is cuí le hiomaíocht sa mhargadh miondíola, atá ag dul i méid.

**Straitéisí a Chur i bhFeidhm**

Is tosaíocht straitéiseach de chuid ESB é a láidreacht airgeadais a chosaint a fhad agus a bheidh Straitéis ESB Group á cur i bhfeidhm aige. Déanaimid bainistíocht chúramach ar an gclár suntasach caipitil lena chinntiú go bhfuil ár méadracht airgeadais á cosaint againn.

I bhfianaise struchtúr gnó éagsúlaithe ESB, atá comhtháite go hingearach, mar aon lena staid rathúil airgeadais faoi láthair, a bhfuil EBITDA, leachtacht láidir agus rátáil chreidmheasa sheasta ina gcomharthaí den staid sin, cuirfidh staid airgeadais ESB ar a chumas na dúshláin seo a bhainistiú go héifeachtach agus a shárú.

**FIGIÚR 1: ACHOIMRE CÚIG BLIANA**

| | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m |
| Ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla[1] | **3,247** | 3,364 | 3,293 | 3,445 | 3,295 |
| Ioncam oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla[2] | **597** | 635 | 552 | 684 | 576 |
| Brabús coigeartaithe roimh chánachas[3] | **382** | 381 | 307 | 450 | 351 |
| EBITDA gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh[4] | **1,324** | 1,348 | 1,301 | 1,342 | 1,256 |
| Caiteachas caipitiúil | **897** | 873 | 960 | 825 | 765 |
| Glanfhiachas | **4,524** | 4,975 | 4,639 | 4,144 | 4,414 |
| Giaráil (%)[5] | **51%** | 55% | 53% | 48% | 53% |
| Iomlán na sócmhainní | **12,907** | 13,157 | 12,973 | 12,782 | 12,600 |

1 Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainne (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 mhilliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún).

2 Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2015: muirear bearnaithe (€104 mhilliún). 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainne (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 mhilliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún).2012: costais scor foirne (€161 mhilliún).

3 Brabús coigeartaithe roimh chánachas: Figiúr an bhrabúis roimh cháin coigeartaithe le haghaidh míreanna eisceachtúla agus gluaiseachtaí cóirluacha ar bhabhtálacha ráta úis.

4 Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2015: muirear bearnaithe (€104 mhilliún). 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainne (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 mhilliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún). 2012: costais scor foirne (€161 mhilliún).

5 Ní áirítear comhfhiontair.

**FIGIÚR 2: RÁITEAS COIMRITHE AR IONCAM**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Ioncam de gach saghas | 3,247 | 3,364 |
| Costais oibriúcháin | (2,650) | (2,729) |
| **Brabús oibriúcháin** | **597** | **635** |
| Míreanna eisceachtúla | - | (104) |
| **Brabús oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla a áireamh** | **597** | **531** |
| Costais Iomlána Airgeadais | (198) | (245) |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | (190) | 30 |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (15) | (9) |
| **Brabús roimh cháin** | **194** | **307** |
| Muirear cánach | (8) | (21) |
| **Brabús i ndiaidh cánach** | **186** | **286** |

**IONCAM**

B'ionann ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla agus €3,247 milliún, agus ba laghdú €117 milliún é sin i gcomparáid le 2015 (€3,364 milliún).

Is é a bhí mar thoradh ar an laghdú sin ná ioncaim íslithe in Electric Ireland de bharr méideanna íslithe agus laghdú ar phraghsanna, arna bhfritháireamh ag ioncaim mhéadaithe sa ghnóthas Generation and Wholesale Markets (G&WM), a raibh baint acu le coimisiúnú Cumhachtstáisiún CCGT Carrington sa Bhreatain Mhór agus le hioncam rialaithe méadaithe in ESB Networks.

**BUAICPHOINTÍ**

| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN | BRABÚS I NDIAIDH CÁNACH | CAITEACHAS CAIPITIÚIL | DÍBHINNÍ 2016 | CÓIMHEAS TORADH AR CHAIPITEAL A ÚSÁIDTEAR |
|---|---|---|---|---|
| €597 milliún | €186 milliún | €897 milliún | €116 milliún | 6.1% |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

03 RÁITIS AIRGEADAIS

## COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

Tá costais oibriúcháin foriomlána de €2,650 milliún ann, arb ionann é agus méadú de €79 milliún.

- Tá laghdú €188 milliún tagtha ar chostais breosla agus costais fuinnimh eile i gcomparáid le leibhéil 2015, mar thoradh ar chostais íslithe gáis agus praghsanna íslithe fuinnimh mhórdhíola.
- Tá méadú de €15 milliún tagtha ar dhímheas i gcomparáid le 2015 toisc bonn sócmhainní níos mó a bheith ann in 2016.
- Tá ardú €25 milliún tagtha ar chostais fostaí i gcomparáid le 2016 mar thoradh go príomha ar an múnla gnó nua agus ardú líon na bhfostaithe.
- Tá méadú €64 milliún tagtha ar chostais oibriúcháin agus cothabhála, mar thoradh go pointe áirithe ar chaillteanas aistrithe airgeadra eachtraigh neamhairgid i dtaca le staid airgeadais na gcuideachtaí a bhfuil steirling in úsáid acu, agus mar thoradh freisin ar na costais ardaithe abhain le cur i bhfeidhm straitéisí agus le gníomhaíochtaí nua gnó in 2016.

Tá miondealú ar na costais oibriúcháin de réir deighleog gnó ar fáil i nóta 2.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

Tá laghdú €38 milliún tagtha ar bhrabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla a áireamh. Is iad na fachtóirí seo a leanas is cúis leis an laghdú:

- Caillteanas aistrithe airgeadra eachtraigh neamhairgid de €36 milliún i dtaca le staid airgeadais na gcuideachtaí a bhfuil steirling in úsáid acu
- Costais oibriúcháin ardaithe in 2016 de €64 milliún – féach na costais oibriúcháin i gcomhair tuilleadh mionsonraí.
- Tionchar praghsanna leictreachais mhórdhíola íslithe agus ioncam rialaithe méadaithe in ESB Networks, arna bhfritháireamh ag ollchorrlaigh ardaithe de €62 milliún in 2016 mar thoradh go príomha ar chorrlach breise ó Chumhachtstáisiún Carrington.

Leagtar amach an ghluaiseacht i mbrabús oibriúcháin idir 2015 agus 2016 sa réiteach cuntas i **BHFIGIÚR 4**.

## EBITDA

Gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh, tá laghdú €24 milliún ar EBITDA in 2016 (€1,324 milliún) i gcomparáid le 2015. Brabús oibriúcháin íslithe is cúis leis seo, mar a míníodh thuas.

## BRABÚS COIGEARTAITHE ROIMH CHÁIN


An brabús coigeartaithe roimh chánachas don bhliain 2016 ná €382 milliún (2015: €381 milliún) atá dlite mar thoradh ar ghnóthais fochuideachta. Cé go bhfuil cosúlachtaí ann bliain ar bhliain, tá éagsúlachtaí suntasacha ann freisin, mar atá leagtha síos i **BHFIGIÚR 5**.

Ceann de na príomhchúiseanna leis seo ná na gluaiseachtaí cóirluacha diúltacha de €188 milliún a tháinig aníos ar na babhtálacha rátaí úis a bhí nasctha le boilsciú in 2016 (2015: €30 milliún dearfach), rud ar léiriú atá ann ar an timpeallacht ísealráta úis atá i réim faoi láthair, chomh maith le boilsciú ardaithe sa Ríocht Aontaithe.

### FIGIÚR 3: COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (GAN MHÍREANNA EISCEACHTÚLA A ÁIREAMH)

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Costais breosla agus costais fuinnimh eile | **900** | 1,088 |
| Dímheas agus amúchadh | **760** | 745 |
| Costais fostaí | **464** | 439 |
| Costais oibriúcháin agus cothabhála | **521** | 457 |
| Bearnúchán (mír eisceachtúil in 2015) | **5** | – |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin (gan mhíreanna eisceachtúla a áireamh)** | **2,650** | 2,729 |

### FIGIÚR 4: RÉITEACH AN BHRABÚIS OIBRIÚCHÁIN 2015 GO 2016




*caillteanas aistrithe airgeadra eachtraigh neamhairgid i dtaca le staid airgeadais na gcuideachtaí a bhfuil steirling in úsáid acu

### FIGIÚR 5: RÉITEACH AN BHRABÚIS CHOIGEARTAITHE ROIMH CHÁNACHAS

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Brabús roimh chánachas | 194 | 307 |
| Míreanna eisceachtúla | - | 104 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar bhabhtálacha rátaí úis. | 188 | (30) |
| **Brabús coigeartaithe roimh chánachas** | **382** | **381** |

## COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS

Tá costais iomlána airgeadais na bliana 2016 €173 milliún níos airde ná na costais a bhí ann in 2015.

An laghdú ar an nglanús ar iasachtaíochtaí, baineann seo le tionchar phunt na Breataine Móire (GBP), a bhfuil a luach ag laghdú, ar íocaíochtaí úis GBP, agus leis an laghdú ar chostais úis.

Déantar cur síos ar leathanach 40 ar ghluaiseachtaí na mbabhtálacha rátaí úis atá nasctha le boilsciú. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i nóta 20.

## CÁNACHAS

Is é is cúis go príomha leis an muirear íslithe cánach de €8 milliún ná creidmheasa cánach iarchurtha in 2016 mar thoradh ar na babhtálacha rátaí úis atá nasctha le boilsciú, agus ar asbhaint úis a rinneadh i dtaca le Cumhachtstáisiún Carrington. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i nóta 18.

## FEIDHMÍOCHT NA NDEIGHLEOG

Tá an Grúpa eagraithe ina chúig phríomhdheighleog intuairiscithe nó rannán straitéiseach, a bhainistítear ar leithligh. Gheofar mionsonraí breise ar fheidhmíocht airgeadais na ndeighleog gnó sna gcodanna i dtaca le hathbhreithniú na n-aonad gnó ar leathanaigh 44 go 53 agus i nóta 2.

## GLANFHIACHAS AGUS GIARÁIL

Léiríonn an laghdú ar an nglanfhiachas go €4.5 billiún in 2016 ó €5.0 billiún in 2015 EBITDA dearfach agus tionchar lagú an GBP, arna bhfritháireamh ag infheistíocht leanúnach chaipitiúil, costais airgeadais, agus íocaíochtaí cánach is díbhinní in 2016.

Tá an leibhéal giarála de 51% níos ísle ná mar a bhí in 2015 faoi 4%, rud a léiríonn glanfhiachas íslithe. Le linn na bliana, tháinig laghdú ar na sócmhainní iomlána go dtí €12.9 billiún ó €13.1 billiún in 2015, rud ar léiriú é ar lagú an GBP.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Bhí caiteachas caipitiúil iomlán de €897 milliún ann in 2016, arb ionann é agus méadú de €24 milliún ar chaiteachas caipitiúil 2015.

Leanadh den infheistíocht chaipitiúil sna gnóthais líonraí in 2016. Infheistíodh €514 milliún san infreastruchtúr líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh an caiteachas sin mar chuid de na cláir chaiteachais chaipitiúil cúig bliana a aontaíodh leis na rialtóirí faoi seach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

B'ionann is €262 milliún an caiteachas a wrinneadh in G&WM in 2016 (2015: €176 milliún) atá dlite mar thoradh ar ghnóthais fochuideachta. Chuimsigh an caiteachas seo infheistíocht €86 milliún i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, infheistíocht €71 milliún in ollchóiriú cumhachtstáisiún agus €48 milliún ar chur i gcrích Cumhachtstáisiún CCGT Carrington sa Bhreatain Mhór. Cuimsítear freisin méadú ar an soláthar €57 milliún do dhúnadh stáisiún, mar a leagtar síos i nóta 25. Áirítear leis an infheistíocht chaipitiúil i nDeighleoga Eile infheistíocht bhreise in Novusmodus, an ciste teicneolaíochta glaine agus fuinnimh in-athnuaite san aonad gnó Innovation, agus cur chun cinn tionscadal eile de chuid an Ghrúpa, lena n-áirítear athfhorbairt na Ceannoifige ar Shráid Mhic Liam agus an t-ullmhúchán i gcomhair I-SEM.


### FIGIÚR 6: IOMLÁN NA GCOSTAS AIRGEADAIS

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Glan-ús ar iasachtaí | 170 | 206 |
| Muirir mhaoinithe | 37 | 40 |
| Ioncam airgeadais | (9) | (1) |
| **Glanchostais airgeadais** | **198** | **245** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | 188 | (30) |
| Caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 2 | – |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | **388** | **215** |

### FIGIÚR 7: RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID COIMRITHE


| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| EBITDA (gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh) | 1,324 | 1,348 |
| Úsáid soláthar agus gluaiseachtaí eile | (74) | (153) |
| Ús agus cáin | (239) | (306) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **1,011** | **889** |
| Fáltais Díolacháin | 9 | 7 |
| Caiteachas caipitiúil | (770) | (786) |
| Eile | 2 | 1 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | **(759)** | **(778)** |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | (14) | (124) |
| **Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim** | **238** | **(13)** |

### FIGIÚR 8: CAITEACHAS CAIPITIÚIL





01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS


**FIGIÚR 9: FIACHAS AN GHRÚPA €4.9 BILLIÚN**




**FIGIÚR 10: BAINISTÍOCHT RÁTAÍ ÚIS**




**FIGIÚR 11: LEACHTACHT INFHÁLA DE €1.7 BILLIÚN**




## BAINISTÍOCHT CISTÍOCHTA

### CREAT MAIDIR LE HOIBRIÚCHÁIN CHISTÍOCHTA AGUS TRÁDÁLA

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá roimh an Ghrúpa le:

- Leachtacht a choimeád, chomh maith le rochtain ar na margaí fiachais
- Luaineacht maidir le Malairt Eachtrach
- Gluaiseachtaí rátaí úis i dtaca le punann fiachais an Ghrúpa faoi láthair agus a phunann fiachais réamh-mheasta sa todhchaí
- Gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí breosla
- Nochtadh creidmheasa contrapháirtí
- Riosca oibriúcháin, lena n-áirítear neamhchosaint ar chalaois agus earráidí

Tá Aonad Cistíochta an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá, agus dá bhrí sin, tá sé freagrach, go hiomlán nó suas go pointe, as gach ceann de na rioscaí airgeadais sin. Is féidir cuid de na rioscaí sin a mhaolú trí ionstraimí airgeadais díorthaigh, agus nuair is cuí, cuirtear i bhfeidhm iad de réir shonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Faoin Acht seo cumasaítear don ESB conarthaí díorthacha a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca ó athruithe ar rátaí úis, ar airgeadra, ar phraghsanna tráchtearraí agus ó fhachtóirí eile den chineál céanna, nó é a mhaolú. Cuirtear cuntasaíocht fálaithe IAS 39 i bhfeidhm ar staideanna díorthacha an Ghrúpa áit ar féidir.

Coinnítear Coiste Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta. Tá cur chuige an Ghrúpa i leith phríomhrioscaí airgeadais ESB a bhainistiú leagtha amach i Nóta 26.

### LEACHTACHT AGUS MAOINIÚ

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hoibriúcháin maoinithe an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le leachtacht dhóthanach a choimeád. Chuige sin, baineadh amach roinnt garspriocanna in 2016 chun seasamh maoinithe agus leachtachta an Ghrúpa a shlánú.

In Eanáir 2016, cuireadh síneadh bliana le téarma áis creidmheasa imrothlaigh €1.44 billiún ESB. Rinneadh rogha ar shíneadh bliana breise a fheidhmiú i Nollaig 2016, agus ciallaíonn sin go bhfuil staid leachtachta teannta an Ghrúpa daingnithe go dtí Eanáir 2022.


I Meitheamh 2016, d'eisigh ESB banna €600 milliún ar ráta cúpóin seasta de 1.875%, agus tiocfaidh seo in aibíocht i Meitheamh 2031. Úsáideadh cuid de na fáltais chun cuid de bhanna €500 milliún ar ráta 6.25% a aischeannach, a bhí le teacht in aibíocht i Samhain 2019. Chuidigh an láithriúchán banna agus an t-aischeannach rathúil seo leis an nGrúpa, síneadh ama a chur le meántréimhse aibíochta a fhiachais fhadtéarmaigh ar rátaí iomaíocha.

Tar éis na n-idirbheart sin, ba é 4.3% an meánráta úis ualaithe i gcás punann d'iasachtaíochtaí amuigh an Ghrúpa ar 31 Nollaig 2016, agus b'ionann is naoi mbliana meántréimhse ualaithe na n-iasachtaíochtaí úd ar an dáta sin. Tháinig laghdú breise ar mheánchostas agus ar mheántréimhse phunann fiachais ESB tar éis seoladh rathúil bhanna €500 milliún ar ráta cúpóin seasta de 1.750% a eisíodh go luath in 2017, agus a thiocfaidh in aibíocht in 2029. Tá seo ag teacht le sprioc Aonad Cistíochta an Ghrúpa, staid leachtachta an Ghrúpa a dhaingniú, meánchostas fiachais a íoslaghdú, agus próifíl chothrom sholáimhsithe maidir le haisíocaíocht fiachais a chinntiú.

Díríonn straitéis bainistíochta fiachais an Ghrúpa ar phróifíl punainne fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaofa agus maoiniú iontaofa teoranta nuair is cuí agus cuirtear san áireamh costais chistiúcháin agus an gá atá le maolú riosca. Comhlíonann gach áis iasachta na hAchtanna Leictreachais agus na ceanglais reachtúla ábhartha agus coinníonn Ciste an Ghrúpa éagsúlacht i mbonn iasachtóirí an ESB d'fhonn riosca a leathadh go straitéiseach.

Léiríonn staid maoinithe ESB a neart bunúsach airgeadais agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad ó gach ceann de na trí mhórghníomhaireacht. Meastar go bhfuil próifíl aibíochta fiachais ESB, arna leagan amach i **BHFIGIÚR 12** ar leathanach 43, oiriúnach don ghnóthas, go háirithe i gcomhthéacs feidhmíocht láidir leanúnach EBITDA (2016: €1.3 billiún) agus leachtacht de beagnach €1.7 billiún (idir airgead infhála agus áiseanna tiomanta nár tarraingíodh orthu) ar 31 Nollaig 2016. Tá an Grúpa fós ag bainistiú a phróifíl aisíocaíochta iasachtaíochtaí go réamhghníomhach agus ag déanamh cinnte go bhféadfaidh sé maoiniú a fháil sa todhchaí trí dhea-chaidreamh a choinneáil leis na bainc, na hinfheistitheoirí agus na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

**FIGIÚR 12: PRÓIFÍL AIBÍOCHTA FIACHAIS ESB AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2016**




### AIRGEADRA EACHTRACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AN RÁTA ÚIS

Tá an chuid is mó de ghnóthais an Ghrúpa lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Dá réir sin, is in euro nó steirling go príomha a bhíonn sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe. An eisceacht mhór air seo ná ceannacháin ghuail, a ainmnítear i ndollair na Stát Aontaithe de ghnáth. Bainistítear an chuid is mó den nochtadh d'airgeadra eachtrach le díorthaigh airgeadra ar nós réamhchonarthaí ceannaigh.

Is é beartas an Ghrúpa a ghnó in euro a mhaoiniú trí iasachtaí díreacha in euro nó iasachtaí in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro le húsáid ionstraimí díorthacha. Is gnách infheistíochtaí sa RA (lena n-áirítear NIE Networks agus Cumhachtstáisiún Carrington) a mhaoiniú le fiachas atá ainmnithe i steirling. Tá tuairim agus 62% d'fhiachas ESB ainmnithe in euro, agus an fuílleach de 38% in GBP.

Is é an beartas atá ag an nGrúpa maidir le rátaí úis ná an chuid is mó dá fhiachas a choinneáil ag rátaí úis seasta, agus 50% de a choinneáil ar ráta seasta an t-am ar fad. Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí 83% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí go dtiocfadh sé in aibíocht, agus bhí 13% de nasctha le boilsciú.

### AN RIOSCA MAIDIR LE PRAGHSANNA TRÁCHTEARRAÍ

Praghsanna a íocann ESB ar bhreosla agus carbón i dtaca lena ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais, léiríonn siad luaineacht uaireanta, ag brath ar dhálaí an mhargaidh. Bíonn neamhchosaint ann mar thoradh air seo ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna breosla i dtaca le tuilleamh sa todhchaí, agus bainistíonn ESB an neamhchosaint seo ar bhonn fálú roghnaitheach. Tá conarthaí réamhphraghsanna tráchtearraí déanta ag ESB maidir le liúntais gháis, ghuail agus astaíochtaí carbóin go ceann trí bliana chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí i bpraghsanna mórdhíola leictreachais ag éirí as luaineachtaí dá shórt i bpraghsanna tráchtearraí. Is fál nádúrtha é gnó soláthair an Ghrúpa, Electric Ireland, maidir leis seo.

### RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc aige i bpáirt leo agus lena mbíonn sé i mbun gnó ar na margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa teorainn a chur leis an nochtadh do chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Tá nochtadh agus teorainneacha gaolmhara faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó, agus faoi réir Choiste Trádála an Ghrúpa, ar bhonn an Ghrúpa uile. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála a bhunú le contrapháirtithe.

De ghnáth, bíonn dlúthnasc idir teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a shocraíonn an GTC agus rátáil chreidmheasa gach contrapháirtí faoi mar a chinneann na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa é, cé gur féidir fachtóirí eile a chur san áireamh freisin, dála an tslándáil a chuirtear ar fáil agus struchtúr dlíthiúil an idirbhirt. Is é an teorainn a shocraítear do chontrapháirtí an méid nach ceadmhach a shárú i dtaca le suim iomlán an ghlanta, luach na marcála de réir margaidh, agus aon neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí; déantar athbhreithniú ar na staideanna seo ar bhonn rialta.

### NA HIONCHAIS

Leis an athrú tapa ar an timpeallacht eacnamaíoch agus rialála, agus an luaineacht i bpraghsanna margaidh, tá dúshláin ann chun clár infheistíochta ESB in infreastruchtúr fuinnimh a chur i ngníomh, agus spriocanna eile atá leagtha síos i Straitéis ESB Group a bhaint amach. Chun é féin a ullmhú do na dúshláin sin, tá an deis tapaithe ag an nGrúpa le bliain anuas, a chostas iasachtaíochta a laghdú, a phróifíl aisíocaíochta fiachais a leathnú agus a éascú, agus a staid leachtachta a fheabhsú. Rinneadh sreafaí airgid oibriúcháin sa todhchaí ó ioncam reatha leictreachais, soláthar breosla lena ngabhann agus riachtanais airgeadra eachtraigh a fhálú go cuí chun rioscaí a mhaolú. Mar fhorbairt ar an dul chun cinn a rinneadh an bhliain seo caite, is é straitéis bainistíochta ciste an Ghrúpa ná leanúint d'fhorbairt agus leas a bhaint as na deiseanna chun tacú le fás agus trasfhoirmiú an Ghrúpa, trí rochtain a chinntiú ar mhaoiniú ar an gcostas agus den tréimhse is fearr atá ar fáil, agus trí phróisis stuama chun riosca a aithint agus a bhainistiú i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta.

# GENERATION AND WHOLESALE MARKETS (G&WM)



**PADDY HAYES**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Generation and Wholesale Markets**

## Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in G&WM?

Ba iad sainghnéithe 2016 ná go raibh tréimhsí feidhme an fhlít ghiniúna ar fheabhas, gur soláthraíodh cuid mhaith mórthionscadal, agus gur léiríodh feidhmíocht tráchtála den scoth i dtaca le giniúint agus trádáil.

Ba gharsprioc thábhachtach é coimisiúnú an Chumhachtstáisiúin gástuirbín comh-thimthrialla (CCGT) 885 MW in Carrington, gar do Mhanchain na Ríochta Aontaithe. Tacaíonn soláthar an stáisiúin seo lenár gcuspóirí straitéiseacha maidir le déine carbóin phunann giniúna G&WM a laghdú agus fás a éascú inár margaí baile, an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) agus an Ríocht Aontaithe. Ba ghaisce freisin é suiteáil an chéad tionscadail tráchtála taiscthe ceallra de chuid ESB, ar comhfhiontar é le Kingspan, agus is céim shuntasach chun tosaigh é seo i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Déanfar an ceallra a oibriú chun spáráil fuinnimh ar bhunús agaí úsáide a éascú do chustaiméir dár gcuid agus freisin, chun seirbhísí córais ríthábhachtacha a sholáthar.

Tá moladh mór tuillte ag na foirne oibriúcháin, cothabhála agus teicniúla as an gcion oibre atá déanta acu chun rath tráchtála G&WM a chinntiú arís i mbliana, go háirithe maidir le tréimhsí feidhme maithe, a raibh sábháilteacht sa fhlít giniúna iomlán ina bonn leo.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt phunann in-athnuaite G&WM. Rinneadh Feirm Ghaoithe Ráithín Léith i gContae Chill Mhantáin (ar comhfhiontar é le Coillte Teoranta) a choimisiúnú agus tá cúig fheirm ghaoithe eile á dtógáil faoi láthair. Tá tógáil Tilbury Green Power, cumhachtstáisiún 40 MW adhmaid go fuinneamh atá suite in Essex sa Ríocht Aontaithe (agus atá ina chomhfhiontar le Green Investment Bank na Ríochta Aontaithe agus na soláthraithe trealaimh Lochlannacha BWSC agus AET) fós ar na bacáin, agus beidh sé réidh faoi choinne coimisiúnú agus feidhmiú tráchtála in 2017.

## Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Tá G&WM i mbun a phunann giniúna ísealcharbóin a fhás i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe chun a chion féin a dhéanamh ar mhaithe le Straitéis ESB Group. An cur chun cinn a rinneadh le linn 2016, is é sin, soláthar Cumhachtstáisiún Carrington, sócmhainní giniúna fuinnimh ghréine ar dhíonta, agus Feirm Ghaoithe an Ráithín Léith, chuir sé le baint amach an chuspóra seo.

Cuireann G&WM go mór freisin le cur i gcrích chuspóirí airgeadais ESB. Bhí an fheidhmíocht láidir le linn 2016 mar bhonn agus thaca leis an mbrabús oibriúcháin de €231 milliún.

## Ceist Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh G&WM sna chéad trí bliana eile amach romhainn?

- Tá G&WM réidh le dul i ngleic le han-chuid dúshlán, mar d'fhéadfadh athruithe tapa a tharlú maidir le margaí, teicneolaíocht, rialacháin, riachtanais chustaiméirí agus éilimh i ndáil leis an gcomhshaol.
- Tá leibhéal níos airde neamhchinnteachta agus castachta in Éirinn de bharr athrú pleanáilte an SEM atá ann faoi láthair ina Mhargadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM) faoi Bhealtaine 2018. Is dóchúil go mbeidh tionchar aige seo ar ioncam margaidh agus go mbeidh iomaíocht mhéadaithe mar thoradh air, ach tá G&WM réidh le dul i ngleic leis an dúshlán seo. Tá Athchóiriú an Mhargaidh Leictreachais fós idir lámha sa Ríocht Aontaithe, agus eascróidh dúshláin agus deiseanna araon as seo.
- Is dúshlán mór ann féin é tacú le haistriú slán inacmhainne chuig todhchaí ísealcharbóin. Tá G&WM ag tógáil acmhainní giniúna gaoithe agus gréine mar fhreagairt ghníomhach air seo, agus tá sé freisin ag déanamh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí aistrithe amhail giniúint ardéifeachtach gáis, agus ag déanamh iniúchadh maidir le húsáid bithmhaise sna cumhachtstáisiúin mhóinbhreoslaithe. Tá staidéar á dhéanamh aige freisin ar an mbealach is fearr le déine carbóin ár gcumhachtstáisiún gualbhreoslaithe a laghdú gan a leasanna tábhachtacha don gheilleagar a chailliúint, is é sin, a n-inacmhainneacht agus sláine a soláthar.

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN**

**2016** - €231 milliún

**2015** - €241 milliún*

**(€10 MILLIÚN)**

*roimh mhíreanna eisceachtúla

**CAITEACHAS CAIPITIÚIL**

**2016** - €262 milliún

**2015** - €176 milliún

**€86 MILLIÚN**

## FORLÉARGAS

Déanann an gnóthas G&WM aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB a fhorbairt, a fheidhmiú agus a thrádáil. Cuimsíonn an phunann 5,727 MW de shócmhainní giniúna teirmeacha in-athnuaite ar fud na Breataine Móire agus SEM, agus tá 112 MW sa bhreis á thógáil faoi láthair.

Agus é ag díriú go mór ar shábháilteacht, déanann G&WM luach a sholáthar mar seo a leanas:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a chur ar fáil chun riachtanais na gcustaiméirí a shásamh
- Seirbhísí córais a thairiscint chun tacú le heangach láidir leictreachais agus chun comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú
- Oibriúchán phunann giniúna ESB a optamú
- Sócmhainní na glúine nua a sholáthar chun tacú leis an sprioc, tiontú go todhchaí ísealcharbóin
- Gníomhú go dearfach i bpobail áitiúla sna ceantair ina bhfuil tionscadail tógála agus sócmhainní oibriúcháin

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Bhí brabús oibriúcháin €231 milliún ag G&WM, agus is laghdú €10 milliún é sin ar 2015. Is léiriú é seo go príomha ar an laghdú a tháinig ar phraghsanna leictreachais mhórdhíola agus ioncam cumais sa flít SEM, arna bhfritháireamh i ráithe dheireanach 2016 ag Cumhachtstáisiún Carrington, atá díreach coimisiúnaithe.

Bhí €262 milliún de chaiteachas caipitiúil ann, ar méadú €86 milliún é ar 2015 toisc níos mó caiteachais ar thionscadail in-athnuaite, méadú ar an soláthar dúnta stáisiún a bhain le costais díchoimisiúnaithe agus comhshaoil, agus laghdú ar an infheistíocht i gCumhachtstáisiún Carrington de réir mar a bhí sé á chríochnú.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Bhí dúshláin fós ag baint leis an timpeallacht oibriúcháin le linn 2016. Bhí na corrlaigh sa SEM níos ísle i gcoitinne ná in 2015, ach mar thoradh ar mhéadú éilimh, mar aon le gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí, tháinig athrú ar phróifíl feidhmithe na gcumhachtstáisiún le linn na ráithe deireanaí. Bhí corrlaigh daingne i dtaca le cumas fisiciúil le sonrú sa Bhreatain Mhór sa ráithe dheireanach de 2016, agus dá bharr seo, tháinig méadú ar chorrlaigh na stáisiún gáis, rud a bhí chun leasa gineadóirí éifeachtúla solúbtha amhail Cumhachtstáisiún Carrington ESB.

Is margadh nua é I-SEM, a chuirfear in ionad SEM, agus beidh seo ag feidhmiú beo don chéad uair i mBealtaine 2018, agus ceaptar go mbeidh tionchar aige ar an gcumas réamhfhála do ghineadóirí agus soláthraithe.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá G&WM freagrach as punann chothrom giniúna ísealcharbóin a chruthú sa mhargadh uile-oileáin, a thacóidh le fís ESB a bheith ar thosach an tslua maidir leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

Rinne G&WM dul chun cinn suntasach leis an gcuspóir sin le linn 2016 ar na bealaí seo a leanas:

### Soláthar Sócmhainní

- Tá Cumhachtstáisiún Carrington, ar CCGT de 885 MW é, tar éis tosú ag feidhmiú ar bhonn tráchtála.
- D'éirigh le bunú Fheirm Ghaoithe an Ráithín Léith, ar comhfhiontar de 35 MW é le Coillte Teoranta.
- Shuiteáil Kingspan ESB, ar comhfhiontar le Kingspan é, breis is 1,200 kW de thionscadail nua fuinnimh theirmigh ar dhíonta

### Forbairt Sócmhainní

- Rinne G&WM infheistíocht in Terra Solar, forbróir fuinneamh gréine a bhfuil punann de 38 tionscadal féideartha aige
- Rinneadh dul chun cinn maidir le tógáil na bhfeirmeacha gaoithe Eglish, Crockdun, na Ceapaí, Moneypoint agus Chaisleán an Phúca
- Rinne Tilbury Green Power dul chun cinn maith agus é i mbun cumhachtstáisiún 40 MW a thógáil ina dtiontófar fuíolladhmad go fuinneamh.
- Forbraíodh rogha CCGT 1,600 MW ag Knottingley in Yorkshire sa Ríocht Aontaithe le haghaidh cheant cumais na Ríochta Aontaithe i Nollaig 2016 GB

### Infheistíocht i Sócmhainní atá ann Cheana

Le linn 2016, lean G&WM dá infheistíochtaí (ar luach €72 milliún) sa phunann giniúna a bhí ann cheana, agus áiríodh leis seo athchóiriú suntasach ar chumhachtstáisiúin Chuan Bhaile Átha Cliath agus Coolkeeragh, mar aon le níos mó oibre ar chlár hidrea-athchóirithe dá fhlít iomlán. Tá creidiúnú PAS 55, an caighdeán idirnáisiúnta bainistíochta sócmhainní, ag G&WM agus feidhmíonn sé dá réir.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Tá G&WM fós ag obair i gcomhar le cuideachtaí eile ar roghanna in-athnuaite a chabhróidh le dícharbónú leantach na punainne giniúna. Seo cúpla sampla:

- Is comhfhiontar le Coillte Teoranta í Feirm Ghaoithe an Ráithín Léith, a thosaigh ag feidhmiú ar bhonn tráchtála le linn 2016.
- Is comhfhiontar le Kingspan é Kingspan ESB, a sholáthraíonn réitigh fuinnimh ghréine ar dhíonta agus réitigh taiscthe do chustaiméirí tionsclaíocha agus tráchtála.
- Is comhfhiontar é an tionscadal Tilbury Green Power (stáisiún 40 MW fuíolladhmaid go fuinneamh) le Green Investment Bank agus soláthraithe trealaimh Lochlannacha BWSC agus AET.
- Tá G&WM ag obair i gcomhar le Coriolis Energy, forbróir gaoithe, chun roghanna um ghiniúint gaoithe a fhorbairt in Albain.
- Rinne G&WM infheistíocht shuntasach le deireanas in Terra Solar, cuideachta forbartha gréine Éireannach.
- Le linn 2016, thosaigh G&WM ag comhoibriú níos mó le cuid mhaith ollscoileanna agus institiúid foghlama, go háirithe leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun tacú le cumas nuálaíochta a chruthú.

## CUSTAIMÉIRÍ G&WM

Tá conarthaí éagsúla a thrádáiltear ar an malartán á dtairiscint ag G&WM do na cuideachtaí soláthair ar fad sa SEM ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trí ardán trádála thar an gcuntar. Cuireann na conarthaí seo ar chumas na soláthraithe a gceannacháin fuinnimh a fhálú sa chaoi gur féidir leo an riosca luaineachta i dtaca le praghsanna fuinnimh a mhaolú dá gcustaiméirí cónaithe agus tráchtála.

## DAOINE

Tá 981 fostaí in G&WM faoi láthair, agus tá seo cosúil le figiúr 2015. Is tosaíocht é go mbeifí in ann feidhmiú leis an líon seo fostaithe, agus ag an am céanna, go mbeifí in ann feidhmíocht shlán éifeachtúil an ghnóthais a chinntiú agus an straitéis a chur chun feidhme.

Tá an tsábháilteacht ríthábhachtach, agus le linn 2016, úsáideadh clár feabhsaithe na sábháilteachta G&WM chun an clár um shábháilteacht próiseas a dhaingniú níos mó agus chun an bhéim a choimeád ar shábháilteacht iompair. Rinneadh triail phíolótach ar Chlár um Athrú an Chultúir Shábháilteachta i suímh san Áth Fhada i gContae Chorcaí agus i gCuan Bhaile Átha Cliath.

Tá gach suíomh de chuid G&WM á chlúdach ag córas bainistíochta sábháilteachta arna iniúchadh go seachtrach agus arna chreidiúnú ag OHSAS, agus tá an creidiúnú seo fós á choimeád.

Choinnigh G&WM a chreidiúnú Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe. Bhain Cumhachtstáisiún Carrington an creidiúnú Infheisteoirí i nDaoine amach.

## INBHUANAITHEACHT

Agus é i mbun a ghnó, is tosaíocht de chuid G&WM é an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus tá sé mar aidhm aige méadú suntasach a dhéanamh ar ghiniúint in-athnuaite agus déine charbóin na giniúna sin a laghdú i gcoitinne. Tá an t-aschur $CO^2$ ó chumhachtstáisiúin SEM G&WM fós thart ar 36% níos ísle ná mar a bhí in 2005. Mar thoradh ar fheidhmiú tráchtáil Chumhachtstáisiún Carrington, bhí méadú 11% ar aschur fhlít iomlán G&WM i gcomparáid le 2015.

Tá G&WM ag leanúint dá infheistíocht ina Chláir Caomhnaithe Iascaigh, a bhfuil buntáistí follasacha ag baint leo i dtaca le stoic éisc agus gnáthóga nádúrtha abhann a fheabhsú.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2016 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2017

| TOSAÍOCHT 2016 | DUL CHUN CINN 2016 | TOSAÍOCHT 2017 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, gan ghortuithe a sholáthar, le sábháilteacht a chinntiú. | ■ Dhírigh G&WM fós ar shábháilteacht iompair, lenar áiríodh trialacha píolótacha den chur chuige ionad oibre saor ó theagmhais agus ó ghortuithe<br>■ Daingníodh na gnéithe cinnteachta de Straitéis Ceannaireachta Sábháilteachta ESB | ■ Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, gan ghortuithe a sholáthar, le sábháilteacht a chinntiú.<br>■ An próiseas sábháilteachta a dhaingniú níos mó<br>■ Leanúint de chinntiú sábháilteachta a fheabhsú |
| Cumhachtstáisiún Carrington a chur i gcrích go sábháilte, dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail ghaoithe agus ghréine Tilbury Green Power chun réimse sócmhainní fuinnimh a sholáthar a mbeidh an-éagsúlacht ag baint leo, agus déine carbóin a laghdú. | ■ Cuireadh na tionscadail Cumhachtstáisiúin Carrington agus an Ráithín Léith i bhfeidhm go sábháilte<br>■ Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Tilbury Green Power agus ar chuid mhaith tionscadal in-athnuaite atá á dtógáil<br>■ D'fhorbair Kingspan ESB sócmhainní nua gréine eile | ■ Tógáil Tilbury Green Power agus na punainne tionscadal gaoithe a chur i gcrích go sábháilte |
| Rinneadh infheistíocht shuntasach i sócmhainní reatha agus díríodh freisin ar nuálaíocht úr agus ar fheabhsú feidhmíochta maidir le giniúint agus trádála. | ■ infheistíodh €72 milliún i sócmhainní reatha<br>■ Tréimhsí feidhme láidre sa fhlít giniúna<br>■ D'oibrigh G&WM i gcomhar le han-chuid ollscoileanna chun barr feabhais a chur ar a chumas nuálaíochta<br>■ Bhí an fheidhmíocht trádála láidir, d'ainneoin dálaí margaidh casta | ■ Ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil i ndáil le giniúint agus trádáil araon<br>■ Ullmhú le haghaidh I-SEM |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Níos mó tionscadal in-athnuaite, agus ag an am céanna, leanúint d'fhorbairt roghanna éagsúla i gcomhair fás in-athnuaite teirmeach. | ■ Breis is 100 MW de shócmhainní gaoithe á dtógáil<br>■ Tilbury Green Power le bheith críochnaithe in 2017 mar a beartaíodh<br>■ Scair faighte in Terra Solar | ■ Níos mó tionscadal in-athnuaite, agus ag an am céanna, leanúint d'fhorbairt roghanna éagsúla i gcomhair fás in-athnuaite teirmeach. |
| Trádáil Carrington agus ceapadh próiseas trádála agus táirgí mórdhíola nua a bheidh oiriúnach do struchtúr I-SEM. | ■ Tá Carrington ag trádáil go láidir ó thosaigh sé ag feidhmiú ar bhonn trádála<br>■ Tá foireann curtha ag obair chun an idirghníomhaíocht le I-SEM a optamú | ■ Tá an trádáil agus an cumas feidhmíochta le bheith curtha chun cinn sa chaoi go mbeifear ullmhaithe do mhargadh I-SEM |

# ESB NETWORKS



**MARGUERITE SAYERS**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**DAC Líonraí ESB**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in ESB Networks?

D'eascair torthaí maithe ón gcéad bhliain den athbhreithniú praghsanna rialála 4 (PR4) 2016 - 2020 i ndáil le cláir caipitil agus cothabhála, mar a leagadh síos sa chonradh rialála leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Ina theannta sin, forbraíodh creat le linn 2016 chun an fheidhmíocht PR4 a mhonatórú.

Tá ESB Networks ag dréim le freastal ar éilimh an líonra, a bhíonn ag síorathrú, agus tá Straitéis Nuálach forbartha aige chun sainlíonraí a dhearadh, a thógáil agus a fheidhmiú sa chaoi gur féidir leis solúbthacht de shaghsanna nua a fhorbairt. Tá an straitéis mar bhonn agus thaca ag taighde ar theicneolaíochtaí nuálacha, agus ag a bhforbairt, a léiriú agus a ghlacadh. Ar an iomlán, is é an aidhm atá ag an straitéis ná seirbhísí leictreachais feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí agus an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a thapú.

Tá ESB Networks dírithe go mór ar chustaiméirí agus in 2016, tugadh isteach réimse níos leithne modhanna cumarsáide le custaiméirí, lena n-áirítear suíomh ESB Networks agus láithreacht níos feiceálaí ar na meáin shóisialta.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas leis an ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Is príomhthosaíocht straitéiseach de chuid ESB é Líonraí Ardleibhéil. De réir an cháir PR4, tá ESB Networks ag féachaint le tionscadail caipitil agus cothabhála i leith tarchur agus dáileachán a sholáthar go héifeachtúil, agus táthar ag iarraidh go gcomhlíonfaí na tionscadail sin an straitéis i dtaca le líonra láidir cliste iontaofa inacmhainne a chur ar fáil, agus foinsí in-athnuaite, mar aon le leictriú, a éascú.

In 2016, d'éirigh le ESB fás €122 milliún a bhaint amach ar a bhonn sócmhainní rialaitheach mar thoradh ar dhul chun cinn maidir lena chláir tarchuir agus dáileacháin faoi PR4.

Ar bhunús na socruithe conarthacha atá ag ESB le SIRO, comhfhiontar ESB le Vodafone, tá ESB Networks fós i mbun cur i bhfeidhm cáblaí snáthoptaice a éascú i mbailte Éireann.

### Ceist iad na príomhdhúshláin atá roimh ESB Networks sna chéad trí bliana eile amach romhainn?

- Is bunluach í an tsábháilteacht in ESB Networks agus tá an t-aonad gnó tiomanta i gcónaí dúshlán a chur faoin mbealach a ndéanann sé a chuid oibre, lena chinntiú go gcosnaítear sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, na gconraitheoirí, na gcustaiméirí agus an phobail i gcónaí.
- Déanfaidh ESB Networks a dhícheall, an t-infreastruchtúr criticiúil a chur ar fáil ar gá leis chun tacú le fás leantach gheilleagar na hÉireann laistigh de na cláir PR4 chomhaontaithe maidir le caipiteal agus cothabháil, agus beidh sé ag dréim freisin le creat a fhorbairt d'fhonn an fheidhmíocht PR4 a mhonatórú ar bhonn leanúnach.
- Bíonn síoriniúchadh á dhéanamh ag ESB Networks ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar riachtanais na gcustaiméirí sa tionscal leictreachais ina iomláine, agus déanfaidh sé pleananna straitéiseacha dá réir, sa chaoi gur féidir leis an ngnóthas a láithriú go héifeachtach le bheith ina cheannródaí iomráiteach sa réimse fuinnimh agus inbhuainaitheacht comhshaoil.

| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN | CAITEACHAS CAIPITIÚIL | BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR) |
|---|---|---|
| 2016 - €314 milliún | 2016 - €373 milliún | 2016 - €7.5 billiún |
| 2015 - €287 milliún | 2015 - €494 milliún | 2015 - €7.4 billiún |
| €27 MILLIÚN | (€121 MILLIÚN) | €0.1 BILLIÚN |

## FORLÉARGAS

Déanann ESB Networks bainistíocht agus obair tógála ar líonra tarchuir agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann de bhreis is 180,000 ciliméadar, ar leis é, agus ar a ndéanann sé cothabháil freisin. Rinne an gnóthas infheistiú €373 milliún (lúide ranníocaíochtaí caipitiúla) in atreisiúchán agus tógáil líonraí nua in 2016. I gcaitheamh 2016, caitheadh €117 milliún ar chothabháil an líonra atá ann anois.

Ba é 2016 an chéad bhliain a raibh PR4 ann, agus tá ESB Networks tar éis dul chun cinn maith a dhéanamh ar na cláir fhaomhaithe infheistíochta agus cothabhála, rud a léiríonn a thiomantas do líonra sábháilte iontaofa.

Tá creidiúnú ISO 55001 agus OHSAS araon bainte amach ag ESB Networks. Is tábhachtach iad na creidiúnaithe seachtracha sin lena dhearbhú go bhfuil an gnóthas á fheidhmiú de réir tagarmharcanna arda seachtracha.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

B'ionann brabús oibriúcháin ESB Networks in 2016 agus €314 milliún, agus is méadú €27 milliún é sin ar 2015. Baineann an méadú sin le hioncam rialáilte taraifí níos airde.

B'ionann agus €373 milliún an caiteachas caipitiúil (lúide ranníocaíochtaí caipitiúla) agus is laghdú €121 milliún é sin ar 2015. Baineann an laghdú seo le méideanna íslithe caiteachais ar an líonra tarchuir; is le linn 2015 amháin a cuireadh cláir i bhfeidhm chun sócmhainní a athchur agus a rinneadh infheistíocht shuntasach sa fhlít. B'ionann agus €473 milliún an t-ollchaiteachas caipitiúil (roimh ranníocaíochtaí caipitiúla) in 2016 (2015: €555 milliún).

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Lean an téarnamh geilleagrach in 2016 sna hearnálacha tógála tithe agus gnó, agus bhí méadú ar líon na nasc nua sa dá earnáil sin, ardú 18% i gcomparáid le 2015. Táthar ag súil le fás measartha in 2017.

Tá an méid foinsí fuinnimh in-athnuaite atá nasctha leis an líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann tar éis 3,200 MW a shárú, agus tá níos mó fáis ag teacht air bliain ar bhliain. Tá Éire go maith chun cinn ó thaobh an sprioc náisiúnta de 40% de riachtanais leictreachais a chur ar fáil ó acmhainní in-athnuaite faoin 2020 a bhaint amach.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

### Sábháilteacht

Is bunluach de chuid ESB Networks é an tsábháilteacht, agus táimid lántiomanta, sábháilteacht, sláinte agus leas ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí, agus ár gcustaiméirí a chosaint, mar aon le sábháilteacht baill den phobal a bhféadfadh idirghníomhaíochtaí a bheith acu leis an líonra. Mar thoradh ar iniuchóireachtaí a rinneadh le déanaí, táthar tar éis a dhearbhú go bhfuil dul chun cinn déanta in ESB Networks maidir lena chaighdeáin sábháilteachta agus a chultúr.

### Infreastruchtúr Leictreachais – Infheistíocht agus Fás

Maidir le hinfheistíocht sa líonra tarchuir in 2016, bhíothas ag díriú ar an gcóras tarchuir a neartú chun nascadh giniúna leictreachais nua in-athnuaite a éascú. Lean ESB Networks, leis, de bheith ag infheistiú sa chóras dáileacháin leictreachais chun iontaofacht an tsoláthair a fheabhsú agus sábháilteacht an líonra a chinntiú.

- Le linn 2016, rinneadh trí chinn de na cúig stáisiún atá ina gcuid den Tionscadal Thoir Thiar €400 milliún a fhuinnmhiú (Baile Uascail, Cnoc an Iúir agus Ballinanhulla)
- Tá tógáil na bhfostáisiún nua 400kV, 220kV agus 110kV in Moneypoint faoi lánseol agus tosófar ar an bhfuinnmhiú in 2017
- Cuireadh fuinnmhiú stáisiúin i gcrích le linn 2016 i gcomhair trí stáisiún 110kV chun díluchtú giniúna a éascú ag Cnoc Raithní, an Clochar agus Sliabh Bán
- Rinneadh leathnú ar fhostáisiúin in Newbury agus Bancroft i mBaile Átha Cliath chun an t-ualach éilimh nua a láimhseáil
- Rinneadh aonad 50 MVA a fhuinnmhiú mar chríoch ar an gcéad chéim de shuiteáil 100 MVA de thoilleadh freasaitheora in Poolbeg
- In Ard na Croise, rinneadh fostáisiún 110kV GIS a fhuinnmhiú agus cuireadh é in ionad an tsean-fhostáisiúin aerinslithe
- Áiríodh le caiteachas atreisithe agus athchóirithe de €160 milliún, oibreacha feabhsaithe feidhmíochta sa tionscadal Charraig Mhaighin agus sna tionscadail Iarthuaiscirt lenar áiríodh stáisiúin 38kV Bhun an Phobail, an Chaisleáin Riabhaigh agus na gCeall Beag, oibreacha línte cumhachta idir an Chluain agus Tuaim, agus líonraí 38kV idir an Trá Mhór agus Coill Mhic Thomáisín
- Cuireadh an stáisiún 38kV Siemens in Mount Misery, Contae Phort Láirge, as feidhm le linn 2016 agus cuireadh fostáisiún ar dhearadh modúlach ina áit
- Soláthraíodh cláir sábháilteachta le linn 2016 sna réimsí ionchais, a chuimsigh patróil i dtaca le guais sábhála poiblí, cláir gearrtha adhmaid, agus oibreacha maolaithe ar shuímh MV neamhchosanta

## CUSTAIMÉIRÍ ESB NETWORKS

Leanann ESB Networks de bheith ag feabhsú a sheirbhís do gach custaiméir agus soláthraí leictreachais.

Le linn 2016, chuir ESB Networks réimse seirbhísí ar fáil do sholáthraithe leictreachais. Éascaíodh 300,000 athrú suímh agus cuireadh 20,000 nasc nua cónaithe agus gnó i gcrích. Anuas air sin, shuiteáil ESB beagnach 6000 méadar Íoctar mar a Úsáidtear chun leanúint dá thacú le custaiméirí a raibh cruatan airgid á fhulaingt acu. Rinneadh athchóiriú ar shuíomh gréasáin ESB Networks agus anois tá áiseanna air le haghaidh íocaíochtaí ar líne agus tuairisciú ar líne a dhéanamh maidir le fabhtanna. Tá an sprioc 80% fós á baint amach nó á sárú maidir le sásamh custaiméirí le ESB Networks i dtaca le réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear léamh méadair agus naisc nua.

## DAOINE

Tá ról ríthábhachtach ag fostaithe ESB Networks maidir le straitéis gnó an ghnóthais a bhaint amach go rathúil. Mar léiriú air seo, chuir ESB Networks béim mhór ar fhorbairt leantach gach fostaí le linn 2016, de bharr a thiomantais d'oiliúint ar an láthair oibre. In 2016, lean ESB Networks air ag earcú printísigh nua faoin bhfeachtas printíseachta, agus freisin, chuathas ar thóir teicneoirí líonra agus leictreoirí a raibh taithí acu sa ghnó. Is léiriú é seo ar thiomantas ESB Networks a chinntiú go bhfuil na hacmhainní agus na scileanna riachtanacha againn chun an líonra a chothabháil agus a fheabhsú.

## INBHUANAITHEACHT

Tá ESB Networks tiomanta, cabhrú le Rialtas na hÉireann i dtaca leis an sprioc atá aige go dtiocfadh 40% den ídiú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Nascadh 540 MW d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite san iomlán in 2016, arbh ionann é agus breis is 3,200 MW in-athnuaite a bhí nasctha leis an eangach. Tá sé beartaithe ag ESB Networks 800 MW d'fhuinneamh in-athnuaite sa bhreis a nascadh in 2017.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Bhí an-chuid measa ag ESB Networks riamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhobair. Seo cúpla sampla:

- Tá comhoibriú déanta ag ESB Networks i dtaca leis an bhFeachtas nua um Fheasacht ar Shábháilteacht Phoiblí (Stay Safe, Stay Clear) ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin dhigiteacha. Tá sé fós ina chomhpháirtí leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus bíonn siad i scoileanna ar fud na tíre ag caint faoi shábháilteacht ar bhóithre agus ó thaobh an leictreachais de.
- Chun fás foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú, tá ESB Networks rannpháirteach i gcuid mhaith tionscadal straitéiseach i gcomhar leis an Electric Power Research Institute (EPRI), agus cuireann seo ar a chumas, comhoibriú le hoibreoirí córais ó gach cearn den domhan.
- Is gné thábhachtach é an nuálaíocht mar thoradh ar an gcomhoibriú i bhforbairt Straitéis Nuálaíochta ESB Networks. Is tionscadal é Reserve a bhfuil baint ag ESB Networks leis i gcomhar le haon pháirtí cuibhreannais déag, lena n-áirítear Ericsson, agus táthar ar thóir réiteach a chobhsóidh an córas le haghaidh leibhéal 100% d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Faoi láthair, tá teorainn feidhmiúcháin de 55% d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ann.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2016 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2017

| TOSAÍOCHT 2016 | DUL CHUN CINN 2016 | TOSAÍOCHT 2017 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanúint den straitéis a chinnteoidh sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail. | ■ Is bunluach i gcónaí í an tsábháilteacht. Mar thoradh ar iniuchóireachtaí seachtracha neamhspleácha a rinneadh le déanaí, táthar tar éis a dhearbhú go bhfuil dul chun cinn déanta in ESB Networks maidir lena chaighdeáin sábháilteachta agus a chultúr in 2016 | ■ Leanfar den straitéis sábháilteachta lena chinntiú go gcosnóidh ESB Networks sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail. |
| Déanfar iniúchadh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i líonraí leictreachais san Eoraip agus forbrófar pleananna straitéiseacha dá réir, sa chaoi go mbeidh ESB Networks réidh le dul i ngleic le hathruithe sa tionscal amach anseo. | ■ Tá ESB Networks tar éis dul chun cinn a dhéanamh maidir le roinnt mhaith tionscadal mar chuid dá Straitéis nuálaíochta agus Líonraí Cliste | ■ Leanfar d'iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i líonraí leictreachais san Eoraip agus forbrófar pleananna straitéiseacha dá réir<br>■ Cuirfear na tionscadail i gcrích arna leagan amach faoin Straitéis Nuálaíochta |
| Seolfar suíomh gréasáin ina n-éascófar réimse breise seirbhísí ar líne do chustaiméirí. | ■ Seoladh an suíomh gréasáin leasaithe, mar aon le bealaí nua cumarsáide i dtaca leis na meáin shóisialta | |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| An chéad bhliain de na cláir caipitil agus cothabhála a chur chun feidhme, agus san am céanna, creat a fhorbairt lenar féidir feidhmíocht PR4 a mhonatórú ar bhonn leanúnach. | ■ Cur chun cinn maith maidir le cur i bhfeidhm na gclár caipitil agus cothabhála arna leagan síos sa PR4<br>■ Creat forbartha lenar féidir an fheidhmíocht PR4 a mhonatórú | ■ Leanúint de sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh ar na cláir caipitil agus cothabhála PR4 |
| An t-infreastruchtúr criticiúil a chur ar fáil go héifeachtúil, ar gá leis chun tacú le fás leantach gheilleagar na hÉireann. | ■ Dul chun cinn maith déanta maidir le tionscadail tarchuir agus dáileacháin in 2016 | ■ Tionscadail caipitil agus cothabhála i dtaca le tarchur agus dáileachán a chur i bhfeidhm go héifeachtach, de réir an chonartha PR4 |
| A bheith mar cheannródaí sa réimse fuinnimh agus inbhuanaitheacht comhshaoil sa chaoi gur féidir linn Straitéis Líonraí Cliste Chomhtháite a fhorbairt, a chuirfidh ar ár gcumas, spriocanna náisiúnta a bhaint amach. | ■ Tá ESB Networks tar eis a Straitéis Líonraí Cliste a fhorbairt | ■ Leanfar d'iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i líonraí leictreachais san Eoraip agus forbrófar pleananna straitéiseacha dá réir<br>■ Na tionscadail a chur i gcrích arna leagan amach faoin Straitéis Nuálaíochta |

# NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS)



**JERRY O'SULLIVAN**
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in ESB Networks?

Le linn 2016, chaith NIE Networks €111 milliún den chlár suntasach infheistíochta a faomhadh i bpróiseas rialaithe praghsanna thréimhse rialála 5 (RP5) ar athchóiriú agus athchur sócmhainní caite tarchuir agus dáileacháin chun iontaofacht an tsoláthair agus sábháilteacht an líonra a chinntiú do chustaiméirí. Ar thionscadail na bliana 2016, bhí cur i gcrích fostáisiún mhóir nua i mBéal Feirste agus dul chun cinn suntasach maidir le hathchóiriú sé fhostáisiún móra eile.

Leanadh den fhorbairt líonra in 2016 chun nascadh giniúna breise foinsí in-athnuaite a éascú, lenar áiríodh oibreacha tógála suntasacha ar an líne 110kV 50 ciliméadar idir an Ómaigh agus an Tamhnach Mhór, agus ar thrí fhostáisiún braisle 110/33kV le haghaidh feirmeacha gaoithe. Rinneadh dul chun cinn maith ar chlár athchur méadar do chustaiméirí, agus suiteáladh thart ar 100,000 méadar le linn 2016.

I Meitheamh 2016, sheol NIE Networks an plean gnó maidir le rialú praghsanna thréimhse rialála 6 (RP6) chuig Údarás Thuaisceart Éireann um Rialú Fóntas (an Rialtóir Fóntas), ina leagtar amach pleananna infheistíochta NIE Networks dontréimhse idir 1 Deireadh Fómhair 2017 go dtí 31 Márta 2024. Ba thoradh é seoladh an phlean ghnó ar an-chuid pleanála, anailíse agus comhairliúcháin, lenar áiríodh rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbeidh an plean RP6 ar leasa na gcustaiméirí agus go mbeidh sé ina bhunchloch don todhchaí.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Is príomhthosaíocht straitéiseach de chuid NIE Networks go mbeadh Sainlíonraí ann, lena soláthrófar líonraí inacmhainne d'ardchaighdeán dár gcustaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Áireofar leis sin infheistíocht a bheidh mar bhonn taca le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, le slándáil an tsoláthair agus le gnóthú spriocanna don athrú aeráide.

Lena chláir infheistíochta, rinne NIE Networks a chion le bonn sócmhainní rialaithe (RAB) ESB ina iomláine a fhás faoi £80 milliún níos mó le linn 2016. Ina theannta sin, le linn 2016, sholáthair NIE Networks 235 MW de naisc líonra bhreise chun tacú leis an sprioc go mbeadh leibhéal fuinnimh in-athnuaite de 40% ann faoi 2020.

### Ceist Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh NIE Networks sna chéad trí bliana eile amach romhainn?

Seo a leanas na príomhdhúshláin atá roimh NIE Networks sna chéad trí bliana eile:

- Dea-thoradh a bhaint amach i gcomhar leis an Rialtóir Fóntas i dtaca le rialú praghsanna an RP6 i Meitheamh 2017
- Na cláir infheistíochta mhóra i ndáil leis na líonraí tarchuir agus dáileacháin a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go héifeachtach le linn an chuid atá fágtha de na tréimhsí RP5 agus RP6
- Na cláir infheistíochta mhóra a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go héifeachtach chun leibhéil níos airde nasc giniúna in-athnuaite a éascú
- An gnóthas NIE Networks Connections a ullmhú don iomaíocht a bheidh ann nuair a osclófar an margadh nasc custaiméirí go hiomlán go luach in 2018

## FORLÉARGAS

Tá NIE Networks freagrach as leictreachas a tharchur agus a dháileadh ó ghineadóirí do gach baile, feirm agus gnóthas i dTuaisceart Éireann. Oibríonn NIE Networks 24/7 chun an líonra leictreachais a phleanáil, a thógáil, a dheisiú agus a fhorbairt agus an líonra dáileacháin a fheidhmiú agus na soilse a choinneáil lasta do chustaiméirí. Tá NIE Networks freagrach as méadrú chomh maith, agus cuireann sé faisnéis méadraithe ar fáil do gach soláthraí leictreachais. Forbraíonn agus athchumraíonn sé an líonra leictreachais chun giniúint foinsí in-athnuaite a nascadh.

Mar a éilítear faoi na ceadúnais rialála, is gnó neamhspleách é NIE Networks de chuid ESB, a bhfuil Bord Stiúrthóirí dá chuid féin aige, bainisteoirí agus fostaithe.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Bhí brabús oibriúcháin de €35 milliún ag NIE Networks in 2016, arbh ionann é agus laghdú €13 milliún ar 2015. Bhí ioncam taraifí rialaithe níos airde ann, ach frithÁiríodh é seo mar thoradh ar thionchar punt na Breataine Móire a bhí ag lagú os coinne an euro.

Bhí ardú €6 milliún i gcomparáid le 2015 ar an gcaiteachas caipitiúil, arb ionann anois é agus €141 milliún.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is príomhsprioc straitéiseach do NIE Networks é plean infheistíochta sa líonra a chur i bhfeidhm faoin rialú praghsanna don tréimhse rialála 5 (RP5). Rinne NIE Networks dul chun cinn suntasach maidir leis seo le linn 2016. Cuireadh leis an gclár caiteachais chaipitiúil arís sa chaoi go soláthrófaí na torthaí a sonraíodh sa phlean infheistíochta i líonraí don RP5, lenar áiríodh infheistíocht £111 milliún a caitheadh go príomha ar athchóiriú agus athchur sócmhainní caite tarchuir agus dáileacháin chun iontaofacht an tsoláthair agus sábháilteacht an líonraí a chinntiú do chustaiméirí.

Rinneadh níos mó infheistíochta le linn 2016 chun nasc giniúna in-athnuaite breise a éascú agus infheistíodh freisin i gclár um athchur méadar do chustaiméirí, a raibh suiteáil 100,000 méadar le linn 2016 mar thoradh air.

## CUSTAIMÉIRÍ NIE NETWORKS

D'ainneoin ionchais mhéadaithe custaiméirí i dtaca leis an tseirbhís agus le cur i bhfeidhm tapa an chláir infheistíochta i líonraí, tá NIE Networks fós ag bainistiú bristeacha seirbhíse d'fhonn teagmhais agus tréimhsí gan leictreachas a íoslaghdú do chustaiméirí. Ba é 65 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr briseadh seirbhíse pleanáilte (2015:66). Ba é 56 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr fabhtanna sa líonra dáileacháin (2015: 65). Dhéileáil Comhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann (CCNI) le gearán amháin ar son custaiméirí le linn na bliana, i gcomparáid le 4 gearán an bhliain roimhe.

Ar bhunús aiseolais ó chustaiméirí agus páirtithe leasmhara, tá sé de rún ag NIE Networks glacadh le cur chuige ilbhealaigh maidir le cumarsáid, agus le linn 2016, seoladh an áis Powercheck ar shuíomh gréasáin NIE Networks chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi theagmhais gearrtha leictreachais.

## DAOINE

Is é an príomhluach atá ina bhonn le hoibríochtaí uile NIE Networks ná sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail a chinntiú. Is é is aidhm leis sin ná timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, ina ndéanfar rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a mheasúnú; ní raibh ach teagmhas amháin ag NIE Networks le linn na bliana (2015: nialas) ar chaill fostaí am oibre dá bharr, agus léiríonn seo tiomantas na bhfostaithe i leith cloí leis na caighdeáin sábháilteachta is airde. Mar aitheantas ar an mbéim láidir a chuirtear ar shábháilteacht in NIE Networks, bhuaigh sé duais sábháilteachta sa réigiún ag Na Duaiseanna Sábháilteachta Ceirde Uile-Éireann.

Bhuaigh NIE Networks duais an Chartered Institute of Personnel Development i dTuaisceart Éireann as an Straitéis Rannpháirtíochta Fostaithe is Fearr, agus léirigh suirbhé rannpháirtíochta fostaithe a rinneadh le linn na bliana dul chun cinn maith ó rinneadh an suirbhé deireanach in 2012, mar gur bhain sé scóir rannpháirtíochta amach a bhí níos airde ná tagarmharc an tionscail.

Leanadh de chlár bliantúil NIE Networks um earcú printíseachtaí nuair a tugadh isteach printísigh le linn na bliana, a raibh an céatadán is airde printíseach mná go dtí seo ina measc.

## INBHUANAITHEACHT

In 2016, gineadh thart ar 25% den idiú leictreachais iomlán ó fhoinsí in-athnuaite. Le linn na bliana sin, nascadh dhá fheirm ghaoithe mhóra, 290 tionscadal giniúna fuinnimh in-athnuaite ar scála beag, agus na céadta tionscadal micrighiniúna leis an líonra, agus b'shin 235 MW de ghiniúint in-athnuaite breise. Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,087 MW d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite nasctha.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Le linn 2016, ba mhór ag NIE Networks an comhoibriú a rinne sé le cuid mhaith eagraíochtaí. Seo cúpla sampla:

- Mar chuid d'fhorbairt an phlean ghnó le haghaidh RP6, bhunaigh NIE Networks Painéal Comhairleach um Rannpháirtíocht Tomhaltóirí, a chuimsigh ionadaithe ón Rialtóir Fóntas, ón CCNI agus ón Roinn Geilleagair, chun go bhféadfaí tuiscint a fháil ar thuairimí agus dearcaidh na bpáirtithe leasmhara ar fad maidir le cineál agus leibhéal na seirbhísí ar mhaith leo a bheith ann agus maidir le conas tús áite a thabhairt do sholáthar na seirbhísí sin laistigh de theorainneacha buiséid. Beidh feachtas eolais agus feasachta NIE Networks i dtaca le RP6 ag díriú ar 97,500 duine le linn thréimhse an RP6.
- De réir thosaíocht NIE Networks, sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail a chinntiú, bímid ag obair go dlúth le heagraíochtaí éagsúla chun an aidhm seo a bhaint amach, lena n-áirítear Feidhmeannas um Shláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann, Grúpa Shábháilteacht na bhFóntas Thuaisceart Éireann, An Cumann Táirgí Cairéil, Coiste Údarás Thuaisceart Éireann um Bhóithre agus Fóntais, An Ghníomhaireacht Comhshaoil, Gnó sa Phobal, mar aon le ballraíocht coistí éagsúla sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an gCumann Líonraí Fuinnimh.
- Tá NIE Networks ag féachaint le daoine ardoilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil chun dul i ngleic leis an dúshlán, a chinntiú go bhfuil dóthain iarrthóirí ann le tabhairt isteach sa chuideachta, agus chuige seo, bainimid úsáid as cláir printíseachta, céimí, printíseach-go-céimí, scoláireachtaí ollscoile agus urraíochta. Mar shampla, tá NIE Networks tar éis dul chun cainte le mic léinn chun tathant orthu machnamh a dhéanamh ar innealtóireacht mar ghairm, agus chuige seo, úsáidtear réimse leathan tionscnamh, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le níos mó ná 60 scoil chun na deiseanna a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar na hábhair, eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) a chur chun cinn.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2016 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2017

| TOSAÍOCHT 2016 | DUL CHUN CINN 2016 | TOSAÍOCHT 2017 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Tabharfaidh NIE Networks tús áite do shláinte agus sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne i gcónaí. | ■ Teagmhas amháin ar cailleadh am oibre mar gheall air<br>■ Creidiúnú OHSAS coimeádta<br>■ Duais sábháilteachta réigiúnaí gnóthaithe ag Na Duaiseanna Sábháilteachta Ceirde Uile-Éireann | ■ Sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, le cabhair ó chur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar ghortuithe agus timpistí a chosc |
| Leanúint d'ardchaighdeáin a chinntiú maidir le feidhmíocht líonra agus seirbhísí do chustaiméirí. | ■ Dul chun cinn suntasach maidir le nascadh 235 MW de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite agus éascú oscailt margaidh do naisc líonra >5 MW ó thaobh na hiomaíochta de<br>■ Ardscór i suirbhé maidir le sásamh custaiméirí tar eis sheoladh an tionscnaimh Think Customer<br>■ Bainistíocht leantach éarlaisí cumhachta | ■ Ardchaighdeáin á soláthar ar bhonn leanúnach i ndáil le feidhmíocht líonra agus seirbhísí do chustaiméirí, agus dianchlár infheistíochta á chur ar fáil, mar aon le leibhéal ard nasc giniúna<br>■ Cur ar fáil oscailt margaidh iomlán do naisc |
| Déanfaidh NIE Networks a dhícheall na riachtanais rialaithe praghsanna RP5 a chomhlíonadh, agus chuige seo, cuirfidh sé éifeachtúlachtaí costais agus feabhsuithe feidhmíochta i bhfeidhm, áit ar féidir. | ■ Infheistíocht chaipitiúil mhór (€141 milliún), lena n-áirítear dul chun cinn suntasach leis an gclár RP5, i dtógáil oll-líne tarchuir idir an Ómaigh agus an Tamhnach Mór, agus sa chlár um athchur méadar<br>■ Cinntítear go mbíonn costais fostaithe ar aon dul leis na tagarmharcanna ábhartha | ■ Na riachtanais atá fágtha i dtaca leis an gclár infheistíochta líonra RP5 a chomhlíonadh, agus éifeachtúlachtaí costais agus feabhsuithe feidhmíochta a chinntiú áit ar féidir, lena n-áirítear costais fostaithe a bheith ar aon dul leis an tagarmharc ábhartha |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bhfostaithe chun cumas na heagraíochta a fheabhsú le cabhair ó chláir forbartha fostaithe breise, rannpháirtíocht agus cumasú méadaithe fostaithe, agus for-rochtain oideachasúil níos leithne. | ■ Scóir suirbhé maidir le rannpháirtíocht fostaithe os cionn an mheáin sa tionscal agus duais rannpháirtíocht fostaithe gnóthaithe ón Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra<br>■ Cumas ceannaireachta ag gach leibhéal, arna bhfeabhsú ag tionscnaimh éagsúla oiliúna agus forbartha | ■ Forbairt fostaithe éifeachtach agus rannpháirtíocht mhéadaithe fostaithe á gcur i bhfeidhm chun leanúint d'infheistíocht sna fostaithe, agus cuirfear béim ar fheabhsú leanúnach a spreagadh |
| Dul i mbun plé éifeachtúil le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear rialtóirí, grúpaí sa tionscal fuinnimh in-athnuaite, Cónaidhm Thionscail na Breataine (BCI) agus úsáideoirí móra fuinnimh. | ■ Rannpháirtíocht leathan le custaiméirí agus páirtithe leasmhara eile chun na tosaíochtaí infheistíochta a shonrú do RP6 | ■ Leanúint de rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara |
| Rialú praghsanna cuí a chomhaontú chun cur ar chumas NIE Networks a sprioc a bhaint amach, leictreachas a dháileadh ar bhealach sábháilte iontaofa éifeachtúil ina dtabharfar an comhshaol san áireamh freisin. | ■ Seoladh an phlean ghnó RP6 chuig an Rialtóir Fóntas | ■ Toradh sásúil a bhaint amach maidir le rialú praghsanna RP6 |

| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN | CAITEACHAS CAIPITIÚIL | BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR) |
|---|---|---|
| 2016 - €35 milliún | 2016 - €141 milliún | 2016 - £1.4 billiún |
| 2015 - €48 milliún | 2015 - €135 milliún | 2015 - £1.3 billiún |
| (€13 MILLIÚN) | €6 MILLIÚN | £0.1 BILLIÚN |

# ELECTRIC IRELAND



**JIM DOLLARD**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Business Service Centre (BSC)**
**agus Electric Ireland**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in Electric Ireland?

Le linn 2016, lean Electric Ireland de luach a gcuid airgid a chinntiú dá chustaiméirí, agus chuige seo, laghdaigh sé praghsanna agus d'fheabhsaigh sé eispéireas na gcustaiméirí le húsáid seirbhísí digiteacha níos fearr, mar aon le táirgí nuálacha.

I mBealtaine 2016, ba é Electric Ireland an chéad soláthraí de chuid an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) a shábháil airgead ar a chustaiméirí cónaithe leictreachais agus gáis ar bhonn buan fadtéarmach. Is féidir le gach custaiméir cónaithe de chuid Electric Ireland leas a bhaint as sábháil airgid de suas le 8.5% ar bhonn iompair áirithe amhail billeáil ar líne agus dochar díreach.

Laghdaigh Electric Ireland na rátaí aonaid caighdeánacha do chustaiméirí cónaithe leictreachais faoi 6% ó 1 Meitheamh 2016, arbh ionann é agus sábháil airgid de €58 ar an meán in aghaidh na bliana don ghnáthchustaiméir. Anuas air sin, laghdaíodh praghsanna na n-aonad gáis faoi 5% ón 1 Dheireadh Fómhair, agus bhí sábháil airgid bhliantúil de €39 mar thoradh air seo don ghnáthchustaiméir cónaithe.

Tá a bhonn margaidh chónaithe méadaithe ag Electric Ireland, agus tá sciar 3.6% den mhargadh (27,500 custaiméirí) gnóthaithe aige anois, rud a chiallaíonn go bhfuil staid mhaith aige i dTuaisceart Éireann. Ag an am céanna, tá Electric Ireland tar éis forbairt a dtáirgí a chur chun cinn mar thoradh ar fhuinnimh gréine cónaithe a thabhairt isteach ar bhonn trialach, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar tháirgí baile nasctha cliste, a bheidh réidh le seoladh in 2017.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas le ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Ceann de na príomhthosaíochtaí a shainaithin ESB a chuirfidh ar a chumas, a sprioc a bhaint amach maidir le bheith ina Fhóntas Láidir Éagsúlaithe atá Comhtháite go hIngearach, ná Gnóthas a fheidhmiú a bhfuil Scála ag baint leis. Le linn 2016, lean Electric Ireland den sprioc seo a bhaint amach, agus d'fhan sé chun tosaigh ar an margadh, le 37% den sciar margaidh uile-oileáin.

San am céanna, tá brabúis oibriúcháin i gcónaí bainte amach ag Electric Ireland, agus cabhraíonn seo leis a rátáil chreidmheasa ar ghrád infheistíochta a choimeád agus cistí a éascú le haghaidh infheistíochta amach anseo. Cuireadh seo i bhfeidhm mar thoradh ar bhainistíocht ghníomhach neamhchosanta tráchtearraí, agus tá seo tar éis cur ar chumas Electric Ireland a spriocanna airgeadais a chur i gcrích agus freisin, laghdú praghsanna a sholáthar dá chustaiméirí.

### Ceist Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh Electric Ireland sna chéad trí bliana eile amach romhainn?

- An príomhdhúshlán atá roimh Electric Ireland sna chéad trí bliana eile ná fanacht ar thosach an tslua ar an margadh gnó agus an margadh cónaithe araon, tráth a bhfuil neamhchinnteacht as cuimse ag baint leis an timpeallacht oibriúcháin. Tá méid an dúshláin sin le sonrú sa leibhéal tiontaithe atá follasach faoi láthair ina earnáil leictreachais chónaithe, mar aon le hiomaitheoirí nua ar an margadh agus níos mó gníomhaíochta a bheith idir lámha ag a iomaitheoirí seanbhunaithe.
- Bainfidh Electric Ireland leas as meascán de phraghsáil iomaíoch agus táirgí nuálacha úra i ngach margadh chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. Beidh smaointeoireacht nua nuálach, gastacht agus oibriúchán den scoth ag teastáil chun freastal ar chur i láthair teicneolaíochtaí nua agus ar leasú margaidh suntasach, agus chun dul i ngleic leis na bagairtí agus na deiseanna a bheidh ann de bharr na neamhchinnteachta margaidh seo.
- Tá Electric Ireland á ullmhú féin le dúshlán an Mhargaidh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM) a láimhseáil. Cé go mbeidh leibhéal nua castachta sa mhargadh fuinnimh de dheasca I-SEM, beidh leasa na gcustaiméirí fós mar phríomhthosaíocht ag Electric Ireland.

**IONCAM**
**2016 - €1.9 billiún**
**2015 - €2.1 billiún**
**(€0.2 BILLIÚN)**

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN**
**2016 - €72 milliún**
**2015 - €44 milliún**
**€28 MILLIÚN**

## FORLÉARGAS

Is é Electric Ireland géag mhiondíola an ESB; soláthraíonn sé seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh do chustaiméirí ar fud oileán na hÉireann. Tá breis is 1.4 milliún custaiméirí ag Electric Ireland, mar aon le sciar 37% den mhargadh uile-oileáin, agus freastalaíonn sé ar gach deighleog den mhargadh, idir theaghlaigh agus ghnóthais mhóra tionscail agus tráchtála, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Ag díriú go mór ar sheirbhís do chustaiméirí, luach ar airgead a chinntiú go gach custaiméir agus ag cur le pobail ar fud na tíre, tá clú ar Electric Ireland mar bhranda mór miondíola i measc custaiméirí agus gnóthais Éireannacha.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Bhain Electric Ireland €1.9 billiún d'ioncam amach in 2016, arbh ionann é agus laghdú 10% i gcomparáid le 2015, agus an chúis a bhí leis an laghdú seo ná praghsanna rátaí aonad laghdaithe do chustaiméirí leictreachais agus gáis, chomh maith le laghdú sa sciar margaidh. Bhí laghdú 1% ar sciar margaidh iomlán Electric Ireland go dtí 37% le linn 2016 mar thoradh go príomha gur cailleadh custaiméirí in earnáil an mhargaidh chónaithe.

Thuairiscigh Electric Ireland brabús oibriúcháin de €72 milliún, arbh ionann é agus corrlach brabúis oibriúcháin de 3.5% (gan choigeartuithe cuntasaíochta neamhairgid marcála ón margadh a bheith san áireamh). Na fachtóirí ba chúis leis an bhfeabhsú seo ar an bhfeidhmíocht airgeadais i gcomparáid le 2015 ná costais íslithe fuinnimh in 2016 agus muirear aon uaire in 2015 a bhain le hioncam rialaithe in-athnuaite. Bhain na custaiméirí tairbhe as na costais fuinnimh íslithe seo i bhfoirm laghduithe ar na rátaí aonad leictreachais agus gáis i Meitheamh agus Deireadh Fómhair, faoi seach.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá Electric Ireland ag feidhmiú i gceann de na margaí miondíola fuinnimh is dinimiciúla agus is iomaíche san Eoraip, mar is léir ó líon na soláthraithe nua a tháinig isteach sa mhargadh le blianta beaga anuas agus ón ardleibhéal tiontaithe i measc custaiméirí. Tá Electric Ireland ag díriú fós ar phraghsáil iomaíoch agus ar sholáthar táirgí úra nuálacha sa chaoi go mbeidh sé in ann dul in iomaíocht go héifeachtúil sa timpeallacht seo.

Tá custaiméirí Electric Ireland tar éis tairbhe nach beag a bhaint as na laghduithe praghsanna breosla atá tarlaithe le blianta beaga anuas.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Chuir Electric Ireland bearta suntasacha i bhfeidhm le linn 2016 chun an sprioc straitéiseach atá aige a bhaint amach, is é sin, a bheith ina Ghnóthas Soláthar a bhfuil Scála ag baint leis. Tugadh isteach táirge luaíochta buaine nua le haghaidh custaiméirí dílse, darb ainm Stay Happy, agus is cur chuige nuálach é seo atá dírithe ar luach fadtéarmach dá gcuid airgid a sholáthar do chustaiméirí, tráth a bhfuil an margadh plúchta le tograí atá gearrthéarmach ó thaobh luach ar airgead de. Is é aidhm an chuir chuige nuálaigh seo ná príomhsciar margaidh buan a chinntiú i gcroílár an mhargaidh. Leanfaidh Electric Ireland de tháirgí iomaíocha a chur ar fáil, mar aon le seirbhísí den scoth do chustaiméirí agus táirgí úra nuálacha do chustaiméirí cónaithe agus gnó araon.

Le linn 2016, threisigh Electric Ireland a bhranda i margadh Thuaisceart Éireann, agus tá dul chun cinn déanta aige maidir lena tháirge nua cliste nasctha, a sheolfar in 2017.

## CUSTAIMÉIRÍ ELECTRIC IRELAND

Tugann Electric Ireland tús áite don chustaiméir i gcónaí. Anuas ar phraghsanna a laghdú agus táirgí úra nuálacha a sheoladh, tá Electric Ireland fós i mbun athruithe a chur i bhfeidhm i dtaca le seirbhísí do chustaiméirí, chun an t-eispéireas do chustaiméirí a fheabhsú. Agus é ag féachaint le díriú fós ar chumasú custaiméirí agus ar fhéinseirbhís a éascú dóibh, rinne Electric Ireland níos mó forbartha ar a chumas seirbhíse digití ag gach céim d'eispéireas an chustaiméara le linn 2016, agus ba é an toradh air seo ná gur seoladh:

- Dhá fheidhmchlár aistrithe ar líne atá inrochtana ar fhón móibíleach, chun clárú leis an tseirbhís a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí cónaithe agus gnó araon
- Próiseas nua cláraithe ar líne do chustaiméirí atá ag iarraidh an tseirbhís Stay Happy a úsáid
- Próiseas nua cláraithe níos éasca le haghaidh clárúcháin don r-bhilleáil
- Áis nua ar líne lenar féidir le custaiméirí coinne a dhéanamh i gcomhair seirbhíse ar a gcoirí gáis

Ina theannta sin, chuir Electric Ireland réimse nua taraifí ar fáil do chustaiméirí gnó lena chinntiú go bhfuil sé ag freastal fós ar riachtanais custaiméara a bhíonn ag síorathrú, agus go bhfuil an luach is fearr ar airgead a thairiscint aige le hais a iomaitheoirí ar an margadh.

Tá eispéireas an chustaiméara chónaithe agus an chustaiméara ghnó, chomh maith le feabhsúcháin ar acmhainn dhigiteach an ghnóthais, fós ar ceann de mhórthosaíochtaí seirbhíse Electric Ireland don bhliain 2017.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Le linn 2016, bhí Electric Ireland bródúil bheith ag obair le han-chuid eagraíochtaí sna hearnálacha spóirt, sóisialta, is carthanúla. Seo cúpla sampla:

- Rinneadh urraíocht ar chraobhchomórtais mhionúir iománaíochta agus pheile an CLG, rud a d'ardaigh a phróifíl agus a chuir rannpháirtíocht daoine óga sa spórt chun cinn sa chaoi go mbeadh ardán níos leithne acu lena gcuid scileanna a chur in iúl. Díríodh aird an phobail ar lúthchleasaithe na gCluichí Oilimpeacha mar thoradh ar an urraíocht a cuireadh ar fáil d'Fhoireann na hÉireann do Chluichí Rio, agus thug seo deis dóibh a scéalta a insint agus inspioráid a thabhairt do mhuintir na hÉireann.
- Ba Pháirtí Fuinnimh Oifigiúil é Electric Ireland arís den Electric Picnic, agus d'fheabhsaigh seo eispéireas na ndaoine le seirbhís ó Electric Ireland a thaisteal chuig an bhféile.
- D'urraigh Electric Ireland an imeacht Darkness into Light don cheathrú bliain as a chéile, agus an bhliain seo, bhí méadú rannpháirtithe ann, agus bhailigh 130,000 duine breis is €3 milliún ar son Pieta House. Is gluaiseacht é Darkness into Light a thionscain Pieta House le hairgead a bhailiú chun tacú lena obair i dtaca le cosc féinmharaithe agus féindochair.

## DAOINE

Tá cumas, saineolas agus feidhmíocht na bhfostaithe ríthábhachtach chun tosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin Electric Ireland a chur ar fáil go rathúil. Má dhíríonn sé go láidir ar fhorbairt fostaithe agus earcaíocht dhírithe thar réimse disciplíní agus gníomhaíochtaí éagsúla, leanfaidh Electric Ireland de sholáthar tairiscintí nua iomaíocha, ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí, agus táirgí úra nuálacha chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

In 2016, d'fhostaigh Electric Ireland 22 fostaí nua a bhfuil réimse leathan scileanna agus taithí acu, lena n-áirítear anailísíocht dhigiteach agus saineolas digiteach is margaíochta, chun tacú leis an ngnóthas lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

## INBHUANAITHEACHT

Bíonn Electric Ireland aireach dá ghnó a fheidhmiú ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Tá na gníomhaíochtaí inmheánacha gnó teastaithe de réir chaighdeán ISO 14001 agus tá Electric Ireland ag obair go gníomhach chun cabhrú le custaiméirí inbhuanaitheacht a mbailte agus a ngnóthais a fheabhsú trí úsáid éifeachtach an fhuinnimh a chuirtear ar fáil dóibh.

Chuir Electric Ireland spáráil fuinnimh ar fáil mar chuid den Chlár Náisiúnta Oibleagáidí Éifeachtúlachta Fuinnimh. In 2016, thug Electric Ireland cúnamh d'údaráis áitiúla agus cumainn tithíochta ar fud na tíre chun éifeachtúlacht fuinnimh tithíochta sóisialta a fheabhsú trí réimse beart éagsúil lena n-áirítear insliú áiléir agus ballaí, feabhsúcháin ar an gcóras téimh agus uasghrádaithe rialaithe téimh. Tá Electric Ireland ag cúiteamh custaiméirí a dhéanann beart chun éifeachtúlacht fuinnimh a mbailte a fheabhsú tríd an Scéim Dreasachtaí um Éifeachtúlacht Fuinnimh, lena dtugtar lascainí do chustaiméirí ar a mbillí. Bhí Electric Ireland ar an gcéad chuideachta a thug isteach Rialuithe Cliste Téimh, mar chuid de phleananna praghsanna chun cabhrú le custaiméirí a riachtanais fuinnimh a bhainistiú. Agus chuidigh Electric Ireland le custaiméirí gnó athbhreithniú a dhéanamh ar a dtomhaltas fuinnimh agus rinneadh coigiltis shuntasacha trí tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua ó uasghrádaithe soilse go feabhsúcháin tomhaltais fuinnimh.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2016 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2017

| TOSAÍOCHT 2016 | DUL CHUN CINN 2016 | TOSAÍOCHT 2017 |
| --- | --- | --- |
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanúint de nuálaíocht a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na custaiméirí mar thoradh ar sholáthar táirgí agus seirbhísí úra cliste nuálacha. | ■ Tugadh isteach táirge luaíochta buaine nua, Stay Happy, le haghaidh a chustaiméirí dílse | ■ Leanúint de nuálaíocht a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na custaiméirí mar thoradh ar chumarsáid fheabhsaithe faoi tháirgí a bhfuil luach ar airgead ag baint leo, agus soláthar táirgí agus seirbhísí úra cliste nuálacha |
| Córas freagartha gutha (IVR) idirghníomhach feabhsaithe arna sheoladh. | ■ Thosaigh an córas IVR ag feidhmiú beo in Eanáir 2016, agus chuir seo feabhas suntasach ar chumas féinseirbhíse na gcustaiméirí | ■ Cuireadh tairsigh cónaithe agus gnó nua ar líne i bhfeidhm, agus d'fheabhsaigh seo cumas féinseirbhíse custaiméirí i dtaca le réimse feidhmeanna agus idirbheart. |
| Leanúint de luach ar airgead a chinntiú dár gcustaiméirí uile (reatha agus nua) agus cloí lenár dtiomantas, go mbainfidh ár gcustaiméirí tairbhe as laghduithe ar phraghsanna fuinnimh, áit ar féidir. | ■ Laghdú 6% ar phraghas leictreachais chónaithe ó 1 Meitheamh 2016<br>■ Laghdú 5% ar phraghsanna gáis ó 1 Deireadh Fómhair 2016<br>■ Seoladh an fheachtais Stay Happy | ■ Leanúint de dhíriú ar bhainistíocht fuinnimh agus costas oibriúcháin chun táirgí a chur ar fáil do chustaiméirí ar luach nach bhfuil a shárú le fáil ar an margadh |
| Custaiméirí a shainaithint go luath a bhféadfadh fadhbanna a bheith acu le híocaíocht, agus a bheith réamhghníomhach ó thaobh táirgí agus pleananna íocaíochta cuí a chur ar fáil dóibh. | ■ Réimse táirgí agus pleananna íocaíochta i bhfeidhm, mar aon le teagmháil réamhghníomhach luath le custaiméirí<br>■ Tháinig laghdú ar líon na gcustaiméirí a dícheanglaíodh ón líonra in 2016 – níos lú ná 25 custaiméir in aghaidh 10,000 a dícheanglaíodh. | ■ Bainistiú agus rialú creidmheasa éifeachtach<br>■ Leanúint den chumarsáid leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) agus le Cumann Naomh Uinseann de Pól chun réitigh a chur ar fáil do chustaiméirí leochaileacha |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Béim leantach ar áisiúlacht, cumasú agus modhanna rialaithe do chustaiméirí mar thoradh ar fhorbairt leanúnach na hacmhainne seirbhíse digití i ngach réimse den eispéireas custaiméara. | ■ Cur síos an dul chun cinn sa chuid faoi chustaiméirí Electric Ireland | ■ Béim leantach ar áisiúlacht, cumasú agus modhanna rialaithe do chustaiméirí mar thoradh ar fhorbairt leanúnach na hacmhainne seirbhíse digití i ngach réimse den eispéireas custaiméara. |
| Electric Ireland a choinneáil chun tosaigh ar an margadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, mar aon le táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil do chustaiméirí sa chaoi gur féidir leo a lorg carbóin a ísliú. | ■ Tá Electric Ireland ar an mbóthar ceart lena spriocanna i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, agus bímid i gcónaí sa tóir ar bhealaí nua chun tacú le custaiméirí, a lorg carbón a laghdú<br>■ Le linn 2016, d'éirigh le tairiscint Electric Ireland i ndáil leis an gclár freagartha ar éilimh custaiméirí cónaithe de chuid EirGrid, a bhfuil d'aidhm aige cabhrú le custaiméirí a leibhéil ídithe a bhainistiú | ■ Ról gníomhach a bheith aige maidir le cuspóir dícharbónaithe ESB Group a chur chun feidhme, agus leanúint de spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach níos túisce ná soláthraithe eile ar an margadh chun an cuspóir thuas a bhaint amach |
| Cinntiú go bhfuil tús áite ag an gcustaiméir, agus I-SEM agus an Clár Méadraithe Chliste á ndearadh. | ■ Tá Electric Ireland tar éis tús áite a thabhairt do leasanna na gcustaiméirí ina chuid freagairtí le linn na gcomhairliúcháin i dtaca le dearadh margaidh I-SEM, lena chinntiú go bhfeiceann an custaiméir na tairbhí a bhaineann le comhtháthú mhargadh leictreachais na hÉireann i múnla an AE um spriocanna fuinnimh | ■ Cinntiú go bhfuil Electric Ireland réidh don tiontú chuig I-SEM |
| | | ■ Réitigh atá iomaíoch ó thaobh costais de a sholáthar do chustaiméirí Thuaisceart Éireann chun fás leantach an sciar mhargaidh chónaithe ansin a chinntiú |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# NUÁLAÍOCHT



**PAUL MULVANEY**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Nuáil**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 in ESB Innovation?

In 2016, bhí dhá phríomhfhócas ann in Innovation: tacú le forbairt deiseanna nua gnó ar fud an ESB agus dul i ngleic le dúshláin an iomaíochais sna gnóthais ESB Telecom agus ESB International. Tá an dá sprioc seo tar éis dúshlán ár bhfoirne a thabhairt, smaoineamh ar thairiscintí nua do chustaiméirí.

Ba iad buaicphointí 2016 ná ról lárnach ESB International, i gcomhar le Generation and Wholesale Markets (G&WM) agus ESB Networks, faoi seach, i dtaca le Cumhachtstáisiún Carrington a choimisiúnú faoi choinne feidhmíocht tráchtála agus fuinneamh a thabhairt ar ais chuig na hOileáin Árann le húsáid leagan nuashonraithe den réiteach nuálach maidir leis an gcábla fomhuirí a dheisiú. Buaic eile a baineadh amach in 2016 ná seoladh rathúil an ghnó Smart Energy Services, atá ag soláthar seirbhísí do chustaiméirí ar fud na hÉireann cheana féin. Tá SIRO, ár gcomhfhiontar le Vodafone, fós ag cloí lena thiomantais, agus is é anois an soláthraí cábla snáthoptaice go foirgneamh (FTTB) is mó in Éirinn,a bhfuil níos mó ná 50,000 áitreamh ann ar féidir leis iad a nascadh. Ina theannta sin, tá SIRO gafa go gníomhach le Plean Náisiúnta Leathanbhanda Rialtas na hÉireann, agus tá sé i mbun plé lena scairshealbhóirí cé acu an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé tairiscint ar ghabháltas amháin nó níos mó san iomaíocht.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas leis an ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Tá ESB Innovation ag obair i gcomhpháirt leis na gnóthais eile san ESB chun na hollathruithe sa tionscal fuinnimh a shainaithint agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tionscal a mheas, agus chun na bagairtí agus deiseanna is toradh ar na hathruithe sin a mheas. Oibreoimid ansin lenár gcomhghleacaithe san ESB agus le páirtithe seachtracha eile chun freagairtí a fhorbairt ar na bagairtí agus deiseanna sin, sa chaoi go mbeimid in ann feidhmíocht airgeadais an ESB a fheabhsú.

Má dhéanaimid ár mbuntáistí i dtaca le custaiméirí a aithint agus ár luach sa todhchaí a nochtadh go luath, is féidir linn dréim le bheith i measc na gcuideachtaí is éifeachtúla ar an margadh, agus an ceann is mó atá dírithe ar chustaiméirí, is láidreacht airgeadais an Ghrúpa a chothú san am céanna.

### Ceist Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh Innovation sna chéad trí bliana eile atá roimhe?

Na réimsí a bhfuil Innovation ag obair iontu, tá siad ag athrú faoi láthair mar go bhfuil iomaitheoirí, teicneolaíochtaí agus múnlaí gnó nua ag baint leo. Ar na príomhréimsí a bhfuiltear ag díriú orthu, tá giniúint dháilte, teicneolaíochtaí stórála fuinnimh agus múnlaí gnó nua (lena n-áirítear teicneolaíochtaí ceallra) agus riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí (táirgeoirí is tomhaltóirí). Tá foirne againn atá gafa le measúnú a dhéanamh ar na hathruithe sin agus ar na réitigh ghnó is dóichí a n-éireoidh leo, agus conas iad a chur i bhfeidhm.

## FORLÉARGAS

Tá ESB Innovation ag obair i gcónaí le páirtithe inmheánacha agus seachtracha chun tograí a thairiscint do chustaiméirí a thacóidh le haidhm ESB a bheith ina cheannródaí maidir le gluaiseacht i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Tá ESB Innovation ag leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna nua gnó agus dá bhforbairt, rud a bheidh chun tairbhe na gcustaiméirí agus a sholáthróidh sruthanna ioncaim don ESB.

Leanfaidh ESB Innovation de mheon na nuálaíochta a chur chun cinn mar thoradh ar go leor tionscnamh tras-Ghrúpa, lena n-áirítear Gradaim an ESB um Aitheantas Nuálaíochta, forbairt straitéiseach treochlár agus ceardlanna ina ndíreofar ar thobsmaointeoireacht agus forbairt táirgí nua.

Cuimsítear feidhmíocht airgeadais ESB Innovation mar chuid de Dheighleoga Eile, féach nóta 2 sna ráitis airgeadais.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá iomaíochas fós follasach sna margaidh a bhaineann le gnóthais ESB Innovation.

Tá meas fós ar ESB International mar ghrúpa comhairleoireachta idirnáisiúnta, agus tá conarthaí ilbhliantúla fós á ngnóthú aige i margaidh seanbhunaithe agus i margaidh nua araon. Rinne ESB International 40 bliain de sholáthar seirbhísí a chomóradh in Bairéin i mbliana, agus ghnóthaigh siad conarthaí suntasacha nua le custaiméirí reatha agus le custaiméirí nua sa réigiún chun an sprioc thábhachtach seo a cheiliúradh.

Tá comhdhlúthú fós idir lámha i margadh mórdhíola snáthoptaice agus túr na hÉireann ina mbíonn an deighleog Teileachumarsáide ag feidhmiú. Tá an deighleog Teileachumarsáide fós ag obair i gcomhar lena custaiméirí chun caidrimh fhadtéarmacha a chothú lena seirbhísí líonra riachtanacha a sholáthar, mar thoradh ar úsáid a hinfreastruchtúr túr náisiúnta arna chomhtháthú le líonra náisiúnta snáthoptaice. Tá an deighleog Teileachumarsáide fós i mbun a punann táirgí a fhorbairt, agus táthar ag cur réiteach raidió micreathonnaigh leis na táirgí atá á dtairiscint.

Le linn 2016, lean Novusmodus dá infheistíocht i ndeiseanna sna hearnálacha teicneolaíochta glaine agus ísealcharbóin. Rinneadh an infheistíocht is déanaí dá chuid in Endeco Technologies, cuideachta Éireannach atá gníomhach sa mhargadh freagairt mhinicíochta thapa agus a bhfuil méadú sciobtha ag teacht air. Tá Novusmodus ag díriú níos mó anois ar luach a ghnóthú óna infheistíochtaí chun cur le haistriú leanúnach eolais luachmhair ó earnálacha agus thionscail ar leith, rud a bheidh úsáideach amach anseo i dtaca le forbairt Straitéis Grúpa an ESB.

Tá ecars anois tar éis a infreastruchtúr iomlán a aistriú chuig córas nua bainistíochta pointí luchtaithe, agus tá sé ag leanúint den chomhoibriú le réimse páirtithe leasmhara ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann chun daoine a spreagadh, carranna leictreacha a cheannach – tá seo tráthúil i bhfianaise a thábhachtaí is atá sé, an t-iompar a leictriú sa chaoi go mbainfear amach na spriocanna náisiúnta i leith astaíochtaí. Ina theannta sin, tá ecars tar éis caidrimh a chothú le páirtithe leasmhara sa Bhreatain Mhór agus tá sé ag díriú níos mó ar an margadh sin ós rud é go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na bhfeithiclí leictreacha atá in úsáid sa Bhreatain Mhór.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is cuspóir straitéiseach mór é an nuáil inbhuanaithe i ngach líne gnó de chuid ESB Innovation, agus ról tábhachtach aige freisin maidir leis an gcuspóir sin a chur chun cinn sna haonaid eile gnó in ESB.

Tá Innovation ag díriú ar na réimsí seo a leanas i dtaca le Nuáil Inbhuanaithe.

### Teicneolaíochtaí

Is cinnte go bhfuil ESB ar an eolas faoi na hathruithe teicneolaíochta atá ag tarlú faoi láthair sa tionscal fuinnimh, agus faoin gcaoi a mbíonn éilimh na gcustaiméirí ag síorathrú ó thaobh an fhuinnimh de. Is foireann tiomanta é an tAonad Nuálaíocht sa Teicneolaíocht a bhíonn ag obair i gcomhpháirt le foirne eile ar fud an ESB chun réitigh a fhorbairt a fhreastalóidh ar na héilimh sin amach anseo. Tá an fhoireann seo tar éis forbairt treochlár straitéiseach a chomhordú maidir le cuid mhaith sainréimsí san ESB trí chéile, agus cuirfidh sin ar a chumas, tairbhe a bhaint as deiseanna gnó i réimsí nua.

### Foireann ESB ag Cumhachtú an Todhchaí

Tá ESB fós tiomanta tacú lena fhostaithe, smaointeoireacht nua a thabhairt isteach san eagraíocht, agus bhí a fhianaise sin le feiceáil ar na Gradaim is déanaí a bronnadh ar bhaill foirne ESB i dtaca le hAitheantas Nuálaíochta.

## CUSTAIMÉIRÍ INNOVATION

Aithnítear in ESB Telecom na dúshláin atá le sárú ag a chustaiméirí ó thaobh iomaíochais agus comhdhlúthaithe de, agus tá sé ar theann a dhíchill ag iarraidh caidrimh thráchtála fhadtéarmacha a chur ar bun chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, rud a bhí follasach ón gcomhaontú fadtéarmach a cuireadh i gcrích i mbliana le Three Ireland chun freastal ar chuid shuntasach dá lorg líonra mar chuid de bheart ilbhliantúil.

Sa bhliain 2016, chuir ESB International oibríochtaí ullmhúcháin i bhfeidhm ar an láthair i gcomhar le custaiméirí nua sa Mheánoirthear agus san Eoraip araon, agus tá a réitigh theicniúla á nuashonrú aige lena chinntiú go gcuirfear in oiriúint iad do riachtanais na gcustaiméirí, a bhíonn ag síorathrú.

Seoladh Smart Energy Services in 2016 chun dul i ngleic le riachtanais gnóthas a úsáideann an-chuid fuinnimh agus atá ag iarraidh a n-ídiú fuinnimh a laghdú. I láthair na huaire, tá Smart Energy Services ag soláthar seirbhísí do roinnt mhaith custaiméirí den chineál sin, agus méadófar an soláthar seo in 2017 agus amach anseo.

## DAOINE

De réir mar atá an gnó Smart Energy Services á fhorbairt ag ESB Innovation agus de réir mar atá béim níos mó á cur aige ar fhorbairt agus soláthar treochlár straitéise, bíonn ESB Innovation ag teacht ar scileanna agus cumas nua ar bhonn leanúnach, a chuirfidh le hacmhainní na foirne agus a thacóidh le soláthar a riachtanas gnó agus riachtanais ghnó an Ghrúpa.

## AG OBAIR LE CHÉILE

Tá tionscnaimh comhoibrithe á bhforbairt sa chaoi gur féidir le Innovation leathnú i réimsí nua agus sruthanna ioncaim a fhás, rud a dhéanfaidh a thairiscintí do chustaiméirí gnó a dhoimhniú. Seo cúpla sampla:

- Tá Innovation ar éis an tsaoráid X_Site a chur ar bun ag Dogpatch Labs i mBaile Átha Cliath. Tá foirne ESB ag obair anseo i dtimpeallacht nuálach le cuideachtaí sa réimse digiteach agus teicneolaíoch chun tairiscintí agus seirbhísí nua a fhorbairt i dtaca le táirgí fuinnimh, a bheidh dírithe ar riachtanais na gcustaiméirí le leibhéil níos airde rannphháirtíochta agus trédhearcachta
- I mí Dheireadh Fómhair 2016, d'óstáil ESB an chéad Hackathon a bhí in Éirinn riamh, The Big Energy Hack, ag Dogpatch Labs. D'fhreastail 150 toscaire air san iomlán ó réimse éagsúil cúlraí, agus chaith siad am ag iarraidh teacht ar agus iniúchadh a dhéanamh ar réitigh nuálacha custaiméara ar bhonn todhchaí ísealcharbóin.
- Sna sála ar na gradaim tionscnaimh in 2015, rinne ESB a nuálaithe féin a cheiliúradh le Gradaim ESB um Aithint Nuálaíocht Foirne i Samhain 2016. Aithníonn na dámhachtainí sin gnóthachtálacha fostaithe a léirigh smaointe nua agus a d'fhorbair réitigh chruthaitheacha ar dhúshláin ar fud an Ghrúpa.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2016 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2017

| TOSAÍOCHT 2016 | DUL CHUN CINN 2016 | TOSAÍOCHT 2017 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanfaidh ESB International agus Telecoms ag tacú lena gcustaiméirí seachtracha agus ag iarraidh a n-ioncam a mhéadú mar thoradh ar fhorbairt táirgí nua do chustaiméirí reatha agus custaiméirí nua araon. | ■ Tá ESB International tar éis cuid mhór custaiméirí a ghnóthú sa Mheánoirthear agus san Eoraip<br>■ Chuir Telecoms comhaontú ilbhliantúil le Three Ireland i gcrích agus sheol sé táirge raidió micreathonnaigh chun a thairiscint a leathnú chuig custaiméirí taobh amuigh den líonra snáthoptaice | ■ Leanfaidh ESB International agus Telecoms ag tacú lena gcustaiméirí seachtracha agus ag iarraidh a n-ioncam a mhéadú mar thoradh ar fhorbairt táirgí nua do chustaiméirí reatha agus custaiméirí nua araon. |
| Leanfaidh Novusmodus den phunann infheistíochta a bhainistiú agus ag tacú leis, ag cruthú luacha d'ESB ó thaobh an airgeadais agus ó thaobh táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt. | ■ Tá Novusmodus tar éis infheistíochtaí breise a dhéanamh ina phunann agus tá tús curtha aige le hullmhúchán roinnt mhaith infheistíochtaí a réadófar amach anseo<br>■ Tá an comhoibriú le cuideachtaí infheistiúcháin Novusmodus tar éis tacú le seoladh an ghnóthais Smart Energy Services, mar aon le lear mór tionscnamh comhoibrithe eile | ■ Leanfaidh Novusmodus air ag díriú ar luach a réadú ina phunann infheistíochta, agus tacú le forbairt roghanna gnó nua don 'ESB |
| Cuirfidh ecars tús le cur i bhfeidhm tairiscint tráchtála maidir lena infreastruchtúr náisiúnta pointí luchtaithe, agus ag an am céanna, déanfaidh sé iniúchadh ar dheiseanna eile in earnáil na leictrea-shoghluaiseachta lasmuigh d'Éirinn. | ■ Tá ecars gafa le próiseas leathan le páirtithe leasmhara chun tacú le glacadh le feithiclí leictreacha in Éirinn, lena n-áirítear cur i bhfeidhm infreastruchtúr tráchtála<br>■ Tá dul chun cinn suntasach déanta ag ecars maidir le hiomaíochas a bhaint amach sa Bhreatain Mhór | ■ Tionscnóidh ecars cur i bhfeidhm tairiscint tráchtála maidir lena infreastruchtúr náisiúnta pointí luchtaithe, agus ag an am céanna, leathnóidh sé a sheirbhísí sa Bhreatain Mhór faoi réir chinntí rialála |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Tabharfaidh an tAonad Nuálaíochta sa Teicneolaíocht táirgí nua tráchtála isteach i gcroí-mhargaidh an ESB chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, a bhíonn ag síorathrú. | ■ Táthar tar eis treochláir straitéiseacha a fhorbairt agus tá siad sin á soláthar anois<br>■ Seoladh Smart Energy Services agus tá seirbhísí á gcur ar fáil aige do chustaiméirí cheana féin | ■ Leathnóidh Smart Energy Services a sheirbhísí i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe araon<br>■ Leanfar de sheoladh táirgí agus seirbhísí nua chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, a bhíonn ag síorathrú |
| Beidh SIRO ag leanúint de dhlús a chur lena sheoladh táirgí uathúla. | ■ I láthair na huaire, is ag SIRO atá an táirge cábla-snáthoptaice-go-foirgneamh is leithne in Éirinn, agus tá sé seo ag fás as éadan<br>■ Tá comhaontú déanta ag SIRO anois le ceithre mhiondíoltóir a bheidh ag cur a foireann táirgí ar fáil | ■ Beidh SIRO ag leanúint de dhlús a chur lena sheoladh táirgí uathúla.<br>■ Beidh measúnú á dhéanamh ag SIRO ar dheiseanna le páirt a ghlacadh sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda |
| Leanúint d'obair i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha | ■ X_Site curtha ar bun agus comhoibriú leanúnach ar siúl | ■ Leanúint d'obair i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha |

## LÍNTE GNÓ NUÁLA

**ESB International**
- Tairgeann ESB International raon iomlán réiteach innealtóireachta, oibríochtaí agus cothabhála don mhargadh domhanda fuinnimh, chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta

**Novusmodus**
- Ciste teicneolaíochta glaine agus fuinnimh in-athnuaite de €200 milliún lena ndéantar infheistíocht in earnálacha fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh

**Telecoms**
- Tá líonra leathanbhanda snáthoptaice aige, mar aon le líonra de thúir fóin mhóibíligh neamhspleácha
- SIRO, comhfhiontar cábla-snáthoptaice-go-foirgneamh le Vodafone

**An tAonad Nuálaíocht sa Teicneolaíocht**
- Tacaíonn sé le forbairt réimse teicneolaíochtaí agus múnlaí gnó chun freastal ar riachtanais fuinnimh an chustaiméara agus an mhargaidh, a bhíonn ag síorathrú

**ecars**
- Oibríonn sé an t-infreastruchtúr náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus cuireann seirbhísí tráchtála ar fáil don earnáil leictreamhóibíleach go hidirnáisiúnta

**Smart Energy Services**
- Cuireann sé seirbhísí bainistíochta fuinnimh ar fáil d'úsáideoirí móra fuinnimh i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH


56 Forléargas

57 Sábháilteacht

58 Daoine

60 Inbhuanaitheacht

61 Úsáid Fuinnimh in 2016

62 Freagracht Chorparáideach

# FORLÉARGAS



**PAT NAUGHTON**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa**

### Ceist Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach in 2016 ó thaobh Dhaoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa de?

Mar chéim chun cinn ar chur i láthair ár samhail fostaíochta nua in 2015, dhíríomar ár n-aird in 2016 ar an tsamhail seo a chur i bhfeidhm go daingean agus ar athnuachan ár lucht oibre. I gcás ESB, cothóidh seo inbhuanaitheacht agus sláine samhla atá bunaithe ar an margadh agus dírithe ar an todhchaí, agus i gcás fostaithe, is gluaiseacht dhearfach pá a bheidh mar thoradh air, mar aon le deiseanna suntasacha i dtaca le forbairt gairme amach anseo.

In 2016, d'earcaíomar 84 céimí nua sna réimsí innealtóireachta, airgeadais, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus margaíocht. Beimid in ann scileanna criticiúla a aimsiú agus a chothú sa todhchaí de bharr na ndaoine a earcaíodh mar thoradh ar na cláir seo, chomh maith le hinfheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt na bhfostaithe atá againn faoi láthair. Le cabhair ónár bpróiseas um phleanáil acmhainní straitéiseacha, is cinnte go mbeimid in ann é seo a dhéanamh sa chaoi go gcosnófar ár gcumas ar bhealach inbhuanaithe, oiread agus is féidir.

### Ceist Conas a chabhraíonn an gnóthas leis an ESB a chuspóirí straitéiseacha agus airgeadais a chur i gcrích?

Is eagraíocht scileanna é an ESB. Is iad na daoine atá fostaithe san ESB an acmhainn is luachmhaire atá aige. Braitheann gach rud ar scileanna agus cumas ár ndaoine, agus cuimsíonn sin an t-infreastruchtúr a thógaimid, na hinfheistíochtaí a éascaíonn na tionscadail sin agus an tseirbhís a sholáthraímid dár gcustaiméirí. Is é an fócas i dtaca le Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa san ESB ná a chinntiú go bhfuil daoine againn leis na scileanna cuí sna háiteanna cuí chun gur féidir linn ár straitéis gnó agus spriocanna airgeadais a chur i gcrích.

### Ceist Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh do ghnóthas sna chéad trí bliana eile atá roimhe?

I bhfianaise margadh fostaíochta atá ag éirí níos iomaíche agus tionscal fuinnimh atá ag síorathrú, is é an príomhdhúshlán atá romhainn ná cinntiú go bhfuil na scileanna agus an cumas ag ár lucht oibre le gur féidir leo sprioc Straitéis Grúpa an ESB a bhaint amach, is é sin, Eagraíocht Ghníomhach Mheabhrach a fhorbairt.
Is mian liom aitheantas a thabhairt don chion atá déanta ag gach duine sa Ghrúpa ina iomláine maidir le rath leanúnach ár ngnóthais a chinntiú go sábháilte éifeachtúil in 2016. Is iad iarrachtaí ár bhfostaithe agus a dtiomantas dár gcustaiméirí a chuireann ar ár gcumas, seirbhís iontaofa a sholáthar a bhfuil luach ar airgead ag baint léi, agus a fheabhsófar maidir le hinbhuaineacht le himeacht ama. Is bunluach de chuid ESB é sábháilteacht ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí agus an phobail, agus cloítear inár n-oibreachtaí ar fad leis na caighdeáin sábháilteachta is airde chun a chinntiú nach dtarlóidh eachtraí nó gortuithe in aon cheann dár n-ionaid oibre.

Ós rud é go mbíonn an táirgeadh fuinnimh ag síorathrú, is tosaíocht gnó againn é, lucht oibre inniúil, nuálach agus oilte a bheith againn. Tá an tsamhail fostaíochta nua, a tugadh isteach in 2015, tar éis earcú an chéad ghlúin eile d'fhostaithe ESB a éascú. Is margadh fostaíochta thar a bheith iomaíoch atá ann faoi láthair, agus tá ganntanais scileanna ag teacht chun cinn i réimsí teicniúla lárnacha; cuireann an cur chuige nua seo ar ár gcumas a bheith iomaíoch ar an margadh, na daoine leis na scileanna cearta a mhealladh, agus fostaíocht d'ardchaighdeán, mar aon le forbairt gairme, a thairiscint dóibh

Aithnímid go mbeimid in ann baill foirne cumasacha a choinneáil má tá meas agus cuimsitheacht le sonrú inár n-ionaid oibre, agus cinnteoidh seo éagsúlacht agus nuálaíocht, rud a bhrúfaidh ár ngnóthas chun cinn. Táimid tiomanta dó seo tríd an rannpháirtíocht a léirímid dár bhfostaithe agus ár dtionscnaimh forbartha, mar aon lenár gcláir um Shláinte agus Folláine a thacaíonn le folláine coirp agus intinne ár bhfostaithe.
In 2016, bronnadh an Gradam Chambers Ireland ar an ESB as Sárchaighdeáin i dtaca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR). Is aitheantas é an gradam seo ar ár ndea-dhintiúirí mar shaoránach maith corparáideach. Táimid gafa le fada an lá le rannpháirtíocht sa phobal agus le cur i bhfeidhm gníomhartha chun leasa na sochaí. Bíonn ár n-oibríochtaí gnó i gcónaí dírithe ar an rud ceart a dhéanamh, agus ba chúis lárnach é seo riamh gur éirigh chomh maith sin leis an nGrúpa. Mar thoradh ar a fheabhas atá éirithe linn, tá tionchar níos doimhne againn ó thaobh CSR de, ar na pobail a bhfreastalaímid orthu mar thoradh ar ár gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí a bhfuil baint acu lenár gCiste Fuinneamh ó Ghlúin go Glúin. In 2016, thacaíomar le hiarrachtaí roinnt eagraíochtaí ar fud na hÉireann i réimsí amhail cosc féinmharaithe, easpa dídine agus oideachas. Aithnítear leis an ngradam freisin tionchar ár bhfostaithe ó thaobh CSR de le linn fheidhmiú ár gciste ceartais shóisialta, ElectricAid, agus iarrachtaí deonacha ár ndaoine. Sa bhliain 2016 amháin, chaith ár bhfostaithe breis is 30,000 uair san iomlán i mbun oibre deonaí.

Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde bainistíochta comhshaoil a bhaint amach agus d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide. Cuirimid cláir i bhfeidhm i ngach cuid dár n-oibríochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne a chur chun cinn, agus chun táirgí, próisis agus deiseanna fostaíochta nua a fhorbairt, a bhfuil an nuálaíocht agus neamhdhíobháil don chomhshaol ina mbonn leo.

Pat Naughton

Pat Naughton,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa



01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# SÁBHÁILTEACHT

## FORLÉARGAS

Geallann ESB Networks sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail dá bhfónann sé a chosaint. Is bunluach de chuid an Ghrúpa í an tsábháilteacht. Agus an Grúpa i mbun a chuid gníomhartha agus gníomhaíochtaí, tugtar tús áite i gcónaí do shábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí, na gcustaiméirí agus an phobail. Creideann an ESB gur féidir gach próiseas oibriúcháin a cheapadh agus a oibriú ar shlí atá sábháilte tríd is tríd. Is é an bunluach seo a threoraíonn an cur chuige i leith na sábháilteachta i ngach gníomhaíocht gnó, agus athneartaítear é mar thoradh ar an gceannaireacht láidir atá follasach sa Ghrúpa ina iomláine.

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach go hiomlán as sláinte agus sábháilteacht san ESB a bhainistiú. Leagtar amach i Ráiteas Sábháilteachta Grúpa an ESB, arna fhaomhadh ag a Bhord, an beartas iomlán agus na socruithe ginearálta atá déanta chun sláinte, sábháilteacht agus folláine a bhfostaithe uile a chinntiú. Glacann an fhoireann ardbhainistíochta agus, as sin, gach bainisteoir, maor, ceannaire foirne agus gach ball foirne le freagracht as ceannaireacht a thabhairt i leith na sláinte. Mar chuid den Bhord, tá Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ann a thacaíonn le monatóiriú agus rialú an Bhoird ar shláinte, shábháilteacht agus an comhshaol. Tá tuilleadh eolais faoin gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ar fáil ar leathanach 82.

Tá córais bhainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm i ngach aonad gnó den ESB, agus tá mórchuid díobh deimhnithe go caighdeán OHSAS 18001 nó a choibhéis. Cuireann ESB caighdeáin agus beartais sábháilteachta i bhfeidhm lena chinntiú mar sprioc deiridh go mbeidh an timpeallacht oibre saor ó eachtraí agus ó ghortuithe.

## FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA IN 2016

I gclár sábháilteachta 2016, táthar ag díriú ar chur i bhfeidhm na Straitéise Ceannaireachta maidir le Sábháilteacht atá bunaithe ar cheithre bhunchloch, mar atá, ceannaireacht, inniúlacht, comhlíonadh agus rannpháirtíocht. Úsáideann gach réimse gnó an ceithre bhunchloch seo mar bhunús lena gcláir sláinte agus sábháilteachta bhliantúla agus lena bpleananna bliantúla i dtaca le feabhsú sábháilteachta. Úsáidtear próiseas eochairtháscaire feidhmíochta chun feidhmíocht i dtaca le sláinte, sábháilteachta agus folláine a bhainistiú. Féach an tábla thíos chun eolas a fháil faoi Ghortuithe Am Caillte.

Ar an drochuair, maraíodh beirt den phobal in 2016. Bhain ceann amháin acu seo le timpiste bhóthair ina maraíodh duine mar thoradh ar imbhualadh lena raibh baint ag fostaí ESB a bhí i mbun turas oibre. Sa dara ceann, cailleadh conraitheoir nár chonraitheoir ESB é, nuair a bhí sé ag gearradh adhmaid agus theagmhaigh sé de thaisme le cábla leictreachais lasnairde.

### Gortuithe Am Caillte (LTIanna)

Tharla 72 LTIanna in 2016 (2015: 58). Cé go raibh formhór na ngortuithe seo ar leibhéal an-íseal, tá sé mar aidhm ag ESB i gcónaí rioscaí is eachtraí sa ghnó a spreagann na gortuithe seo a laghdú. Is é an chúis is coitianta le gortú am caillte sleamhnú agus tuislí, láimhseáil, ardú agus úsáid uirlisí agus trealaimh. Is tosaíocht don Ghrúpa é aird a dhíriú ar LTIanna. Cuirtear oiliúint ar láimhsiú sábháilte ar fáil do na fostaithe ar fad sa chaoi go laghdófar an riosca LTIanna.

## TEAGMHAIS ARDCHONTÚIRTE


Le cois díriú ar ghortuithe am caillte, déanann an ESB teagmhais dhíobhálacha agus neasteagmhais a chatagóiriú agus dírítear go háirithe ar theagmhais ardchontúirte a bhféadfadh torthaí níos tromchúisí a bheith orthu. Déantar gach teagmhas ardchontúirte agus gach gortú ama caillte a imscrúdú le féachaint cérbh é an bhunchúis leis an teagmhas. Is iad na rioscaí sábháilteachta is suntasaí a bhaineann le teagmhais ardchontúirte i gcás an ESB ná an leictreachas, tiomáint agus iompar, obair ar airde agus úsáid uirlisí agus trealaimh.

**I measc phríomhthionscnamh 2016, bhí na cinn seo a leanas:**


- Spreagann ESB a fhostaithe chun breith mhaith a thaifeadadh. Is éard is breith mhaith ann ná nuair a dhéanann duine idirghabháil dhearfach tar éis dó rud éigin a fheiceáil nach bhfuil sábháilte. Tá an-tábhacht ag baint le breitheanna maithe maidir le láthair oibre a chinntiú san ESB a bheidh saor ó theagmhais agus ó ghortuithe. Tá i gceist ag ESB cur leis an dul chun cinn seo, agus don bhliain 2017, táthar ag iarraidh sprioc níos dúshlánaí de 10,000 breith maith a thaifeadadh sa Ghrúpa ina iomláine.
- Tá tús curtha ag ESB le clár atá dírithe ar chomhráite míosúla idir an bainisteoir sinsearach agus na fostaithe faoi shábháilteacht, agus tá sé pleanáilte, an clár seo a leathnú in 2017.
- Rinne ESB triail phíolótach ar chlár a raibh mar aidhm leis go ndéanfaí ath-thiomantas maidir le cosc ar theagmhais agus ghortuithe de gach saghas in ESB. Cuireadh an Clár um Athrú ar an gCultúr Sábháilteachta i bhfeidhm in dhá ionad oibre in Generation and Wholesale Markets agus ESB Networks araon. Tá measúnú á dhéanamh air faoi láthair chun gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir le conas a sheolfar an clár chuig an gcuid eile den Ghrúpa agus cé chomh cuimsitheach is a bheidh an seoladh sin.
- Lean ESB de dhul chun cinn a dhéanamh in 2016 i bhfeabhsú a fheidhmíochta sábháilteachta agus chuige seo, cuireadh straitéisí sábháilteachta áirithe i bhfeidhm i ngach réimse gnó ar leith, a chuimsigh sainfhócas ar phríomhréimsí riosca.
- Leanadh den obair ar chur i ngníomh feidhm nua sláinte, sábháilteachta agus folláine a bhí dírithe ar riosca, agus cuimsíodh leis seo ionaid inniúlachta chun cur chuige dea-chleachtais a spreagadh maidir leis na réimsí riosca ar fad. Tá cultúr oscailte sábháilteachta á chur chun cinn san ESB, agus mar thacaíocht leis seo, cuirtear eolas agus seisiúin sábháilteachta rialta ar fáil d'fhostaithe faoi chúrsaí sláinte, sábháilteachta agus folláine.
- Is mór ag ESB a bheith ina pháirtí leis an Institute of Advanced Motoring, ar féidir le tiománaithe sa Ghrúpa ardchúrsa sa tiomáint a bhaint amach ann, agus is léiriú é seo ar a dhoimhne is atá tiomantas an ESB fós do thiomáint níos sábháilte agus níos cliste.

## AM OIBRE A CHAILLTEAR MAR THORADH AR GHORTUITHE (LTINNA)


**LTInna Fostaithe**




**LTInna conraitheoirí**




**LTInna iomlána**



# DAOINE

## STRAITÉIS DAOINE ESB

Is iad cumas agus tiomantas fostaithe ESB a chabhraíonn leis seasamh amach. In 2016, ba é Straitéis Daoine ESB a chuir an fócas agus an treo ar fáil don iliomad tionscnamh agus gníomh acmhainní daonna. Tá an straitéis sin ceaptha chun tacú leis an gcuspóir de chuid Straitéis ESB Group maidir le heagraíocht rannpháirteach aclaí a fhorbairt. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, dírítear ar na ceithre réimse seo a leanas:

- Ag forbairt daoine
- Sláinte agus folláine fostaithe
- Éagsúlacht agus cuimsiú
- Rannpháirtíocht fostaithe

## AG FORBAIRT DAOINE

Tá roinnt próiseas comhtháite acmhainní daonna mar dhlúthchuid den eagraíocht a chinntíonn go mbainfidh ESB spriocanna na Straitéise Grúpa amach.

### Pleanáil Acmhainní

Tá pleanáil acmhainne in ESB dírithe ar líon na bhfostaithe atá riachtanach a aithint, mar aon leis na hinniúlachtaí atá ag na fostaithe a éascóidh cur i bhfeidhm rathúil Straitéis Grúpa an ESB. Le linn an phróisis sin, féachtar leis an mbearna atá idir cumas is líon reatha na mball foirne agus riachtanais na todhchaí a shainaithint. Glactar pleananna gníomhaíochta comhaontaithe agus cuirtear i bhfeidhm iad lena chinntiú go líontar na bearnaí sin.

### Forbairt Fostaithe

Tá ESB tiomanta dá bhfostaithe go léir a fhorbairt ionas go mbeidh na scileanna agus inniúlachtaí chun obair a dhéanamh go héifeachtach sa phost atá acu faoi láthair agus gairm réime a fhorbairt san eagraíocht ar bhonn a riachtanas féin agus riachtanais na heagraíochta. Gníomhaíocht thábhachtach straitéiseach is ea é i gcónaí acmhainn na bhfostaithe a fhorbairt de réir mar a fhéachann an ESB lena thimpeallachtaí éagsúla gnó a bhainistiú i bhfianaise an dúshláin atá i gceist le gach ceann díobh. Cuireann Próiseas Feidhmíochta agus Forbartha Bliantúla an Ghrúpa ardán ar fáil chun réitigh spriocdhírithe foghlama agus forbartha a aithint agus a sholáthar. Bíonn forbairt éifeachtach bunaithe ar inniúlachtaí sonraithe atá ailínithe le riachtanais an Ghrúpa agus an duine aonair.

### Forbairt Bainisteoirí

Lean ESB dá infheistíocht i bhforbairt scileanna a bhainisteoirí de réir an Chreata um Forbairt Bainisteoirí (MDF), agus faomhadh Beartas Forbartha Bainisteoirí athshonraithe i gcaitheamh na bliana.

**I measc na bpríomhthionscnamh in 2016 bhí na cinn seo a leanas:**

- Cuireadh Clár Cumarsáide do Cheannairí i gcrích i gcaitheamh na bliana i gcomhair breis is 800 meánbhainisteoirí agus bainisteoirí túslíne, a mhair trí lá agus inar díríodh ar scileanna maidir le comhráite faoi fheidhmíocht.
- Tacaíonn ESB le bainisteoirí agus fostaithe maidir le tabhairt faoi chláir oscailte sheachtracha i scoileanna gnó in Éirinn agus san Eoraip.
- I Meán Fómhair 2016, rinneadh iniúchadh bliantúil ar an gclár Bainistíochta Acmhainní (HRM) do Bhainisteoirí Líne, atá creidiúnaithe ag an Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD), agus d'éirigh leis an gclár san iniúchadh. Is ionad CIPD fós é ESB mar thoradh air sin.
- Tá ESB ag leanúint dá infheistíocht i gcóitseáil feidhmíochta, agus bíonn oidí oilte inmheánacha agus seachtracha araon á n-úsáid aige chuige sin. Cuireadh Beartas Straitéise agus Cóitseála athshonraithe i bhfeidhm in 2016.

### Earcaíocht agus Forbairt Céimithe agus Printíseach

Thosaigh 84 earcach nua san iomlán (ó gach disciplín) ar chlár do chéimithe in 2016. Áirítear sa chlár forbartha imeacht ionduchtúcháin a bhainistítear go lárnach, tascanna oibre, sainoiliúint gnó amach ón jab, forbairt scileanna pearsanta agus oiliúint éigeantach, le tacú ó ghaol meantóireachta.

Ina theannta sin, d'earcaigh ESB 76 printíseach nua in 2016 mar chuid dá sprioc straitéiseach, 300 printíseach nua ar a laghad a fhostú sa Ghrúpa idir 2015 agus 2020.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE FOSTAITHE

Tá ESB an-tiomanta chun tacú le fostaithe sláinte agus folláine a choinneáil. Tá Clár Sláinte agus Folláine ESB dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe barr a gcumais a bhaint amach san ionad oibre mar thoradh ar sholáthar seirbhísí réamhghníomhacha, a bhfuil cosc agus luath-idirghabháil ina mbunús leo. Dírítear ar chláir shláinte réamhghníomhacha a chur ar fáil, trína gcuirtear faisnéis agus comhairle ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl mhaireachtála shláintiúil a chruthú agus a choimeád. Cuimsítear sa chlár seirbhís leighis i dtaca le sláinte cheirde, Clár Cabhrach d'Fhostaithe, comhairleoireacht síceolaíoch agus réimse leathan bearta tacaíochta éifeachtúla eile chun tacú le fostaithe a bhfuil drochshláinte agus dúshláin phearsanta eile á bhfulaingt acu.

Maidir le sláinte agus folláine fostaithe, bhíothas ag díriú ar na nithe seo a leanas i mbliana:

- Gníomhaíocht choirp a chur chun cinn trí chomórtais agus dúshláin sláinte ar a dtugtar 'get active' (bí aclaí)
- Suíomh gréasáin sláinte agus folláine ESB a athchóiriú, rochtain ar an suíomh a dhéanamh níos éasca agus nuashonruithe rialta a fhoilsiú ar ábhair sláinte
- An tsraith clár sláinte réamhghníomhach atá ar fáil a mhéadú

### Clár Sláinte Réamhghníomach

Tá cláir réamhghníomhacha ESB dírithe ar chosc breoiteachta agus ar fholláine na bhfostaithe a chothabháil, chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh saol níos sláintiúla agus níos aclaí a bheith acu. Aithnítear gur gnáthchuid den saol é an strus, ach tá fiúntas ar leith ag baint lena leithéid seo de chláir ghníomhacha san ionad oibre a chabhraíonn le fostaithe a thabhairt faoi deara cathain a mbíonn siad faoi strus agus conas déileáil leis na dúshláin sin, ionas gur lú a dtionchar ar a bhfolláine. I measc na gclár agus na dtionscnamh a bhí ar fáil d'fhostaithe ESB i gcaitheamh na bliana bhí:

- Seimineáir agus ceardlanna d'fhostaithe i dtaca le meabhairshláinte dhearfach d'fhoirne, ithe le haghaidh fuinnimh, cúram droma agus bainistíocht airgeadais
- Comórtas 'Dúshlán Peidiméadair' ceithre seachtaine ar ghlac foirne ar fud an ESB páirt ann
- Cláir scagthástála cardashoithíoch agus inné, agus clár vacsaínithe in aghaidh an fhliú

## ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Tá tiomantas ESB obair i dtreo ionad oibre ina ndéantar níos mó iarrachta maidir le cuimsiú, fós faoi lánseol. Tá tábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe san ionad oibre ag méadú i gcónaí ó thaobh chumas an ESB chun príomhscileanna agus buanna a mhealladh, a choimeád agus fhorbairt.

Mar chuid de thosaíochtaí ESB maidir le héagsúlacht agus cuimsiú, tá sé d'aidhm aige timpeallacht oibre dhearfach chuimsitheach a chinntiú trí thuiscint agus feasacht a chothú ar na tairbhí a bhaineann le fórsa oibre ilchineálach cuimsitheach don duine aonair agus don eagraíocht. Déantar athbhreithniú ar Bheartais Comhionannais agus Ilchineálachta ESB go rialta, ar aon dul leis an reachtaíocht agus le dea-chleachtas, agus féachtar iontu le cultúr cuimsithe, measa agus dínite a chothú don duine aonair san ionad oibre agus do na custaiméirí a mbíonn ESB ag freastal orthu.

**I measc phríomhthionscnamh 2016, bhí na cinn seo a leanas:**

- Ba chúis cheiliúrtha don ESB é an éagsúlacht cultúr atá follasach anois san ionad oibre, a chuimsíonn fostaithe de bhreis is 35 náisiúntacht difriúil.
- Tá sprioc 3% an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais maidir le fostaithe faoi mhíchumais a fhostú fós á sárú
- Tá roghanna gairme i dtaca le heolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) fós á gcur chun cinn do mhná i gcomhar le hInnealtóirí Éireann, agus cuirtear feasacht chun cinn chun tacú leis seo.
- Seoladh BeMe@ESB, Líonra Fostaithe leispiacha, aeracha agus trasinscne (LGBT) ESB.
- Tá grúpaí éagsúlachta in aonaid ghnó ag leanúint d'fheasacht a ardú ar bhonn áitiúil mar thoradh ar chomhtháthú cleachtas éagsúlachta agus cuimsithe d'fhostaithe agus do chustaiméirí, mar shampla, clár SPARKS 2016 de chuid Electric Ireland.

## RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE

Tá bealaí éagsúla ag ESB chun faisnéis a chur ar fáil dá bhfostaithe, lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin, ríomhphoist, twitter, na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs agus fiseáin agus faisnéisiú aonad gnó sonrach.

Tá ESB tar éis a chur chuige i dtaca le cumarsáid le fostaithe a fhorbairt sa chaoi go ndíríonn sé níos mó anois ar phlé agus ar rannpháirtíocht Tá bealaí cumarsáide curtha i láthair aige a ligeann d'fhostaithe a dtuairimí a nochtadh. In 2016, sheol ESB inlíon úrnua d'fhostaithe, an 'Hub', agus cuireann seo ar chumas fostaithe ábhar a phostáil, mar aon le ráitis maidir le nuacht.

Agus ESB ag gluaiseacht i dtreo 2017, tionscnóidh sé clár ar fud an Ghrúpa a mbeidh d'aidhm aige a fhostaithe a spreagadh chun a bheith páirteach i spriocanna ESB mar eagraíocht, agus cothófar an mbealach seo tiomantas agus rannpháirtíocht fostaithe uile ESB maidir le todhchaí dhearfach a éascú do chustaiméirí na heagraíochta.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhFostaithe | 7,597 | 7,305 |
| Mná | 22% | 22% |
| Mná ar Leibhéal Bainistíochta | 19% | 19% |
| Lánaimseartha | 94% | 94% |
| Fostaithe faoi Mhíchumas | 5% | 5% |

Cuimsítear i nóta 8 de na ráitis airgeadais an meánlíon fostaithe de réir aonad gnó.

# INBHUANAITHEACHT

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ INBHUANAITHEACHTA

Ullmhaíonn ESB tuarascáil bhliantúil maidir le hinbhuanaitheacht de réir threoirlínte GRI G4 i dtaca le tuairisciú ar inbhuanaitheacht dhomhanda. Tá ábhar na tuarascála bunaithe ar na ceisteanna ábhartha is mó a bhfuil tábhacht ag baint leo don ESB agus dá pháirtithe leasmhara, arna ndeimhniú mar thoradh ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Le linn 2016, chuaigh ESB i mbun plé shuntasaigh le páirtithe leasmhara trí ghníomhaireacht sheachtrach. Beidh na torthaí agus an fhoghlaim a ghnóthófar ón rannpháirtíocht seo ina mbonn leis an gcur chuige agus an nochtadh a dhéanfar i dtuarascálacha ar inbhuanaitheacht amach anseo. Tá cóip den tuarascáil inbhuanaitheachta ar fáil ó shuíomh gréasáin ESB, www.esb.ie

Le linn 2016, leanadh d'iarrachtaí ESB maidir le hinbhuanaitheacht i réimse leathan oibríochta. Is é aidhm na n-iarrachtaí seo ná díriú ar an gceithre phríomhréimse atá léirithe sa tábla thíos sa chaoi gur féidir gluaiseacht i dtreo todhchaí ísealcharbóin:

| FÓCAS STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN LE LINN 2016 |
|---|---|
| **Forbairt punainne i dtaca le giniúint ísealcharbóin**<br>■ Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua ísealcharbóin in-athnuaite amhail fuinneamh gréine, gaoithe agus bithmhaise, mar aon le teicneolaíochtaí aistrithe ardéifeachtúla, mar shampla, gástuirbíní comh-thimthrialla (CCGT) | Tá an Stáisiún Cumhachta Carrington, ar CCGT de 885 MW é, tar éis tosú ag feidhmiú ar bhonn tráchtála. Beidh Carrington ar na Stáisiúin Cumhachta theirmeacha is éifeachtúla sa Bhreatain Mhór, agus soláthróidh sé dóthain leictreachais le haghaidh breis is milliún teaghlach agus gnóthas.<br><br>D'éirigh le bunú Fheirm Ghaoithe an Ráithín Liath, ar comhfhiontar de 35 MW é le Coillte Teoranta.<br><br>Rinneadh dul chun cinn maith maidir le tógáil Fheirmeacha Gaoithe na hEaglaise (15 MW), Crockdun (12.5 MW), na Ceapaí (50 MW), Moneypoint (17 MW) agus Chaisleán an Phúca (17.5 MW).<br><br>Shuiteáil Kingspan ESB breis is 1,200 kW de thionscadail nua fuinnimh theirmigh ar dhíonta, agus rinne Generation and Wholesale Markets (G&WM) infheistíocht in Terra Solar, cuideachta Éireannach a bhíonn ag plé le forbairt fuinnimh theirmigh.<br><br>Rinne Tilbury Green Power dul chun cinn maith agus é i mbun stáisiún cumhachta 40 MW a thógáil ina dtiontófar fuíolladhmad go fuinneamh. |
| **Éifeachtúlacht agus inacmhainneacht fuinnimh do chustaiméirí**<br>■ An líonra leictreachais a dhéanamh níos cliste agus níos láidre sa chaoi gur féidir leis déileáil le níos mó fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus le níos mó acmhainní fuinnimh dáilte, agus ag an am céanna, pátrúin aimsire a láimhseáil a bhíonn ag síorathrú. | Bearta chun acmhainneacht a chinntiú, lena n-áiríodh laghdú eile ar na rátaí aonad caighdeánach do chustaiméirí leictreachais ón 1 June 2016 agus laghdú 5% ar phraghsanna aonaid gháis ón 1 Deireadh Fómhair 2016.<br>Sábháladh beagnach 200 GWh d'fhuinneamh in 2016 mar thoradh ar na scéimeanna éifeachtúlacht fuinnimh a thairgeann Electric Ireland do chustaiméirí.<br>Faoi láthair, déanann Electric Ireland naisc leictreachais 25 custaiméir in aghaidh gach 10,000 nó níos lú a dhíscor in aghaidh na bliana, agus tá laghdú bliain ar bhliain ag teacht ar an bhfigiúr sin. |
| **Líonraí athléimneacha a fhorbairt agus foinsí in-athnuaite a éascú**<br>■ Na huirlisí ábhartha a thabhairt do chustaiméirí ionas gur féidir leo a n-úsáid fuinnimh féin a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla | Nascadh geall le 800 MW d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh leis an líonra ar fud oileán na hÉireann le linn 2016, agus dá bharr sin, is ionann is 4,400 MW ar fud Éireann líon na nasc fuinnimh in-athnuaite atá ann anois. |
| **Leas a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa chaoi gur féidir deiseanna a fhorbairt, dícharbónú na sochaí a éascú**<br>■ Leictriú an teasa agus an iompair a mholadh agus tacú leis chun baint an charbóin den tsochaí ina hiomláine a éascú | Tá an rannóg ecars tar éis Córas Bainistíochta Pointí Luchtaithe (CPMS) nua a shuiteáil chun 1,200 pointe luchtaithe poiblí a bhainistiú níos éifeachtaí. Tá ecars ag déanamh iniúchadh ar dheiseanna chun seirbhísí luchtaithe feithiclí leictreacha a chur ar fáil chun go mbeifear in ann seirbhísí tacsaí agus ciantaisteal a dhícharbónú.<br>Chuir SIRO, comhfhiontar ESB le Vodafone, teicneolaíocht leathanbhanda snáthoptaice ardluais i bhfeidhm i níos mó ná 50,000 áitreamh le linn 2016 mar chuid den chéad chéim dá sholáthar leathanbhanda snáthoptaice go foirgneamh, a bhfuil luasanna íoslódála agus uaslódála de 1 gigighiotán (Gbps) in aghaidh an tsoicind ag baint leis.<br>Rinne an Ciste Novusmodus infheistíocht €3.3 milliún in Endeco, a bhfuil teicneolaíocht acu a bhaineann le réitigh optamaithe i gcomhair eangaigh chliste fuinnimh.<br>Tá gnóthas nua, Smart Energy Services, curtha ar bun chun cabhrú le húsáideoirí móra fuinnimh feabhsuithe suntasacha a bhaint amach i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh. |

Féach leathanaigh 44 go 53 chun sonraí a fháil ar inbhuanaitheacht na n-aonad gnó.

# ÚSÁID FUINNIMH IN 2016

Sna Rialacháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh I.R. Uimh. 426 de 2014 (reachtaíocht Éireannach, agus reachtaíocht AE arna trasuí sa dlí áitiúil), ceanglaítear ar ESB a idiú bliantúil fuinnimh a nochtadh, mar aon le haon tionscnaimh atá ar bun chun a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Déanann ESB monatóireacht agus tuairisciú ar thomhaltas fuinnimh os cionn na bonnlíne (2005 i gcás giniúna, 2006-2008 meánach i gcás oibriúchán) agus is é tiomanta don fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

## GINIÚINT

Caitear os cionn 90% d'fhuinneamh an ESB ar ghiniúint leictreachais. In 2016, d'ídigh ESB 36,828 GWh d'fhuinneamh breosla iontaise le linn do leictreachas a bheith á ghiniúint dá fhlít iomlán. Sa bhliain 2016, b'ionann na hastaíochtaí carbóin ó ghiniúint is 10.23 milliún tonna, a raibh déine carbóin de 560 g $CO_2$/kWh ag baint leo, agus is ardú astaíochtaí 5% san iomlán é seo ar an mbliain 2015. Laghdaíodh déine carbóin iomlán ghníomhaíochtaí giniúna ESB mar thoradh ar na leibhéil giniúna in-athnuaite, atá de shíor ag méadú, agus mar thoradh ar fheidhmíocht tráchtála Stáisiún Cumhachta Carrington.

## OIBRÍOCHTAÍ GNÓ

Maidir le húsáid an fhuinnimh atá fágtha, is é an méid fuinnimh a úsáideann an ESB ina fhoirgnimh an chionroinnt is suntasaí, agus ina dhiaidh sin, an fuinneamh a úsáidtear sa fhlít agus i gcairr phríobháideacha chun gnó na cuideachta a dhéanamh. Ídítear an chuid is mó den fhuinneamh ar spás a théamh. Ídíodh 125 GW den choibhéis príomhfhuinnimh go hinmheánach inár ngníomhachtaí neamhghiniúna (bonnlíne de 167 GWh). Os coinne an ídithe bhonnlíne (meánmhéid 2006-2008), rinne ESB feabhsú 22.2% maidir le hídiú na coibhéise príomhfhuinnimh. Tá sin ar aon dul le cuspóir an Rialtais feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 san earnáil phoiblí.

Le linn 2016, chuir ESB cuid mhór bearta cuimsitheacha athfheistithe i bhfeidhm ar infreastruchtúr seanfhoirgneamh chun creatlach na bhfoirgneamh seo a uasghrádú agus chun feidhmíocht fuinnimh na n-áitreamh i gcoitinne a fheabhsú ar bhonn tosaíochta. Anuas air sin, reáchtáladh sraith iniúchadh fuinnimh ar shampla d'áitribh agus d'fhlít chun deiseanna a shainaithint agus tús áite a thabhairt d'éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht a fheabhsú. Soláthróidh torthaí an phróisis iniúchta fuinnimh seo miondeiseanna i gcomhair uasghrádú agus idirghabhálacha i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh ar fud oibríochtaí foirgnimh agus flít ESB le linn na mblianta atá romhainn.

Táthar ag súil leis go dtosnófar in 2017 ar an athfhorbairt atá beartaithe d'ionad Phríomhoifig Shráid Mhic Liam. Is spás oifige níos inbhuanaithe éifeachtúil a bheidh san athfhorbairt seo d'fhostaithe ESB nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

### GINIÚINT

| FOINSE FUINNIMH | 2016* | 2015 |
|---|---|---|
| Gual (GWh) | **12,807** | 13,106 |
| Gás nádúrtha | **18,839** | 7,791 |
| Móin (GWh) | **4,629** | 4,676 |
| Ola (GWh) | **553** | 631 |
| Iomlán | **36,828** | 26,204 |

### OIBRÍOCHTAÍ GNÓ

| FOINSE FUINNIMH | 2006 - 2008 MEÁNMHÉID* | 2016 GWH | ATHRÚ (GWH) |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 39 | 29 | (10) |
| An Leictreachas mar Choibhéis Príomhfhuinnimh | 96 | 66 | (30) |
| **Breoslaí Iontaise** | | | |
| - Gás Nádúrtha | 1 | 2 | 1 |
| - Ola Téimh | - | - | - |
| - Díosal | 70 | 57 | (13) |
| Breoslaí Iontaise san Iomlán | 71 | 59 | (12) |
| Fuinneamh In-athnuaite | - | - | - |
| Iomlán na Coibhéise Príomhfhuinnimh | 167 | 125 | (42) |

*Léiríonn an bhonnlíne ríomhanna maidir le comhlíonadh Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Figiúirí 2016 le haghaidh PEE mar a tuairiscíodh iad sa tuarascáil bhliantúil 2016 maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí.

# FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH

Ónar bunaíodh é in 1927, tá tuiscint mhaith ag ESB ar fhreagracht shóisialta chorparáideach. Tacaíonn sé i gcónaí le pobail agus le cláir a fheabhsaíonn an chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta, agus bíonn sé i gcónaí ag iarraidh solas agus fuinneamh a chur ar fáil do na daoine ar a bhfreastalaíonn sé, sa chaoi gur féidir le daoine agus le pobail barr feabhais a bhaint amach i ngach réimse den saol.

## CISTE UM FHUINNEAMH LE hAGHAIDH NA NGLÚN

Tá ESB tiomanta páirt a ghlacadh maidir le dul i ngleic le cuid de na príomhfhadhbanna atá romhainn sa tír faoi láthair. Is é is aidhm an ESB leis an gCiste um Fhuinneamh le hAghaidh na nGlún ná cur chuige níos straitéisí a chur i bhfeidhm chun tionchar na hinfheistíochta a mhéadú a oiread agus is féidir.

Sa bhliain 2016, íocadh amach os cionn €2 mhilliún le haghaidh réimse leathan tionscnamh pobal agus tionscnamh dírithe ar shaincheisteanna. Bhain beagnach €1 milliún den mhéid seo le maoiniú díreach trí chiste ráithiúil, arna bhainistiú ag Coiste tras-Chuideachta, a tugadh do 154 carthanas atá gníomhach sna réimsí cosc féinmharaithe, easpa dídine, agus rochtain is tacaíocht maidir le hoideachas. Tá na tionscadail seo fréamhaithe i bpobail ar fud na hÉireann agus is é a n-aidhm ná caighdeán saoil na ndaoine a chónaíonn sna pobail sin a fheabhsú.

Sannadh an fuílleach ar réimse tionscnamh, lena n-áiríodh tacaíocht do ElectricAid, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, cistí pobail d'fheirmeacha gaoithe agus tacaíocht d'obair dheonach fostaithe.

### Ceisteanna Oideachais

Cosúil le go leor cuideachtaí eile, tá ESB ar thóir fostaithe a bhfuil scileanna láidre acu san eolaíocht, sa teicneolaíocht, sa mhatamaitic agus sa litearthacht, agus is toradh iad na scileanna seo uile ar thús chomh maith agus is féidir a thabhairt do pháistí ó thaobh an oideachais de. Cabhraíonn cláir amhail Time to Read, Time to Count, Fighting Words agus TechSpace le ESB é seo a dhéanamh, agus ag an am céanna, is deis iontach é d'fhostaithe, obair dheonach fhiúntach a dhéanamh sa phobal.

Is mór ag ESB dul i mbun comhpháirtíochta le Coláiste Pobail Fiorúil An Cosán, an chéad ardán oideachais fhíorúil do dhaoine fásta in Éirinn riamh, a bhfuil d'aidhm aige níos mó oideachais agus oideachas níos airde a chur ar fáil ar fud na tíre, agus dul i ngleic le neamhionannas sóisialta le cabhair ó theicneolaíocht ar líne agus ó theicneolaíocht mhóibíleach.

### Tacaíocht d'Obair Dheonach na bhFostaithe

Tá ESB ag iarraidh freisin leas fiúntach a bhaint as a bhfuil aige de scileanna agus d'eolas chun torthaí níos inbhuanaithe agus níos dearfaí a bhaint amach. Déanann an ESB iarracht a fhostaithe a spreagadh le hobair dheonach a dhéanamh, mar aon le tacaíocht a thabhairt don phobal áitiúil, agus soláthraíonn an Ciste Fuinneamh le hAghaidh na nGlún tacaíocht d'fhostaithe ESB a dhéanann obair dheonach ina bpobail féin.

Fostaí ar bith a bhfuil os cionn fiche uair an chloig d'obair dheonach déanta aige le carthanas, is féidir leis iarraidh ar an ESB €250 a bhronnadh ar an eagraíocht sin. Táthar tar éis freagairt mhaith a fháil ar an tionscnamh seo, agus tá suimeanna airgid tugtha do réimse leathan carthanas, a chuimsíonn Down Syndrome Ireland, an tIonad Lae Caipisíneach, Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann, Cros Dhearg na hÉireann agus Scouting Ireland. Go dtí deireadh mhí na Nollag 2016, tá níos mó ná 30,000 uair d'obair dheonach déanta ag fostaithe ESB.

## CISTE POBAIL FEIRME GAOITHE

Bíonn ESB ag tacú go gníomhach leis na pobail thart timpeall ar na feirmeacha gaoithe. In 2016, chuir ESB níos mó ná €1 milliún ar fáil do raon leathan tionscadal pobail i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

## URRAÍOCHT

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa sna réimsí seo a leanas:

- Daoine óga a chur chun cinn sa spórt, trí chraobhchomórtas mionúr iománaíochta agus peile Electric Ireland CLG, foireann rugbaí faoi 20 na hÉireann agus Foireann Éireann 2016 sna Cluichí Oilimpeacha
- Bródúil as a bheith inár dtacaí agus urraitheoir d'imeacht bliantúil Pieta House, Darkness into Light
- Ag tacú leis na healaíona agus leis an gceol trí urraíochtaí don Fheis Cheoil, don Phicnic Leictreach agus don Ghailearaí Náisiúnta
- Ag tacú le forbairt scileanna san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht trí chomhpháirtíochtaí le Gailearaí na hEolaíochta, Baile Átha Cliath, City Spectacular, agus Innealtóirí Éireann
- Ag tacú le Clár Náisiúnta Fhorbairt na hÓige Naomh Uinseann de Pól, a bhfuil d'aidhm aige dearcadh dhiúltacha ar dhaoine óga a athrú agus bród a chothú maidir leis an tionchar dearfach a bhíonn ag daoine óga ar shochaí na hÉireann

### CISTE UM FHUINNEAMH LE HAGHAIDH NA NGLÚN

TUGADH BEAGNACH **€1 MILLIÚN** ÓN GCISTE DO **154 TIONSCADAL** AR FUD NA H-ÉIREANN

OIDEACHAS (37 TIONSCADAL ARNA MAOINIÚ)

EASPA DÍDINE (42 TIONSCADAL ARNA MAOINIÚ)

FÉINMHARÚ (75 TIONSCADAL ARNA MAOINIÚ)




AN ÁIT INA BHFUIL NA CARTHANAIS LONNAITHE

## GRADAM ÉACHTA CHAMBERS IRELAND

Ghnóthaigh ESB duais as a éachtaí sa réimse Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) ag Gradaim CSR Chambers Ireland 2016. Rug ESB an bua is airde leis as cleachtais CSR a bheith ina mbunchloch sa Chuideachta agus as a thiomantas leanúnach do rannpháirtíocht sa phobal agus do chleachtas freagrach gnó.

## CSR IDIRNÁISIÚNTA


Is é ElectricAid carthanas ceartas sóisialta agus forbartha fostaithe agus pinsinéirí ESB (agus EirGrid). Tá ElectricAid á rialú ag an 2,630 ball a thugann tabhartais dó, agus faigheann sé tacaíocht láidir leanúnach ón ESB, i bhfoirm tabhartais chomhfhreagracha 2:3, suas chuig uasmhéad de €250,000. Is é ElectricAid an carthanas ceirdbhunaithe is mó sa tír.

In 2016, thacaigh ElectricAid le 135 tionscadal forbartha agus fóirithinte agus chuir sé maoiniú breis is €1 milliún ar fáil chuige sin. Soláthraíodh maoiniú in Éirinn agus in 35 tír éagsúil i mbéal forbartha. Léirítear tionchar idirnáisiúnta ElectricAid sa tábla thíos.

Cuireadh beagnach €100,000 i leataobh do phráinnfhreagairt in Éirinn (tuilte), san Aetóip, sa Nígir, san Éigipt (dídeanaithe ón tSiria) agus i Háítí (Hairicín Matthew).

Tá cóip de thuarascáil bhliantúil ElectricAid le fáil ar shuíomh gréasáin ElectricAid, www.electricaid.ie.

### CISTIÚ ELECTRICAID IN 2016




## ÁR MBRABÚS A ÚSÁID AR BHEALACH INBHUANAITHE

### Infheistíocht

Beagnach €1 billiún a infheistiú in aghaidh na bliana chun timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a chothú, agus soláthar leictreachais seasta sábháilte iontaofa a chur ar fáil do thithe agus do ghnóthais chun tacú le fás eacnamaíoch

**€897M**

### Cánacha

Íocaíochtaí bliantúla de réir ceanntáisc cánach éagsúla Iomlán na gcánacha os cionn

**€500M**

### Sásamh Custaiméirí Cónaithe

Táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt do chustaiméirí, atá dírithe ar eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus an custaiméir a chumhachtú.

**94%**

### Ag Tacú leis an bPobal

Tá sé mar aidhm aige an clár freagrachta sóisialta corparáidí a úsáid chun daoine agus an pobal a chumhachtú agus cur lena saol.

**€10M**

le linn an chéid seo caite

### Fostaíocht

Cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le fostaithe, an t-am a chur ar fáil dóibh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairm réime. Tacú le poist trí chonarthaí seirbhíse conraitheora agus soláthraí

**Printíseach agus Céimí earcaithe** **160**

### Infheisteoirí Fiachais

Ús bliantúil agus aisíocaíochtaí de bhreis is

**€500M**

### Torthaí do scairshealbhóirí

Soláthraíonn ESB díbhinn bhliantúil 38% de bhrabús tar éis cánach dá scairshealbhóirí

**€116M** do 2016

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH


66
An Bord sa bhliain 2016

68
Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach

69
Tuarascáil Rialachais an Bhoird

76
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

82
Coistí de Chuid an Bhoird sa bhliain 2016

84
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird


"Tá mise i m'athair le páistí óga agus tuigim cé chomh tábhachtach is atá sé go ndéanfaimis iarracht sábháilteacht ár bpáistí a chinntiú. Bhí mé iontach sásta baint a bheith agam leis an bhfeachtas 'Stay Safe, Stay Clear' i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus mar chuid de seo, thugamar veisteanna sofheicthe do na naíonáin shóisearacha uile a thosaigh sa scoil Meán Fómhair seo caite. Tá ESB Networks ar theann a dhíchill ag iarraidh go mbeadh páistí thar a bheith sofheicthe nuair a bhíonn sé dorcha ar maidin agus sa tráthnóna, agus anuas air sin, go dtuigfidís an baol a bhaineann le bheith ag dreapadóireacht ar chuaillí atá suite gar do línte lasnairde."

Dermot Cunningham
ESB Networks



# AN BORD SA BHLIAIN 2016

Tugann an Bord ceannaireacht agus treoir don ghnó go ginearálta agus tá sé freagrach as rath fadtéarmach an ESB a chinntiú. Ní dhéantar aon chinneadh sula gcuirtear an t-eolas ábhartha ar fad faoi bhráid chomhaltaí an Bhroid agus tar éis machnamh cuí a dhéanamh ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Ceistíonn agus cabhraíonn an Bord go cuiditheach le forbairt mholtaí maidir le straitéis, agus ansin déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh.



**Ellvena Graham**
**Cathaoirleach**

**Ceapachán ar an mBord:** Meán Fómhair 2010 agus ceapadh í ina Cathaoirleach ó Iúil 2015 i leith.
**Sealbhaíocht:** Cúig bliana agus trí mhí (bliain agus cúig mhí mar Chathaoirleach).
**Taithí ghairme:** Tá breis is 30 bliain de thaithí ag Ellvena sa bhaincéireacht, agus bhí an post is déanaí dá cuid ar leibhéal Bainistíochta Feidhmeannaí le Banc Uladh, mar a raibh sí ina Ceann Bhanc Uladh i dTuaisceart Éireann agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Bhaincéireacht do Ghnóthais Bheaga and Mheánmhéide (SME) ar fud oileán na hÉireann. Tá taithí idirnáisiúnta ag Ellvena le Grúpa an Royal Bank of Scotland (RBS), agus mar chuid de seo, bhainistigh sí oibríochtaí ar mhórscála san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic.
**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh maidir leis an nGeilleagar (EAG) i dTuaisceart Éireann. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Bhanc Uladh Teo., comhalta Boird de Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail Thuaisceart Éireann, agus Cathaoirleach den ionad nua Waterfront and Ulster Hall Ltd. i mBéal Feirste. Comhalta den Institiúid Bancéireachta.



**Pat O'Doherty**
**An Príomhfheidhmeannach**

**Ceapachán ar an mBord:** Tá sé ina Chomhalta Boird ó Eanáir 2013 agus ina Phríomhfheidhmeannach ó Nollaig 2011. **Sealbhaíocht:** Ceithre bliana mar chomhalta den Bhord.
**Taithí ghairme:** Bhain sé bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Roimhe sin, bhí sé i gceannas ar na gnóthais is mó de chuid ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Chríochnaigh sé Ardchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School.
**Ceapacháin sheachtracha:** Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe, ina Stiúrthóir ar Energy UK agus ina Chathaoirleach ar an gComhairle Printíseachta Éireann.



**Anne Butler**
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Samhain 2012.
**Sealbhaíocht:** Ceithre bliana agus sé mhí.
**Taithí ghairme:** Innealtóir cairte. D'oibrigh sí i sainchomhairleoireacht innealtóireacht in Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus mar Stiúrthóir bunaidh (Feidhmiúcháin) den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Iar-Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí agus is ball d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.
**Ceapacháin sheachtracha:** Bhí sí ar roinnt bord lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, REPAK agus Bord Forbartha an Ospidéil Phéidiatrigh Náisiúnta.



**Dave Byrne**
**Oibrí is Comhalta den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Sé bliana.
**Taithí ghairme:** Is ball foirne é i bhfoireann atá mar chuid den eagraíocht Ionad Seirbhise Gnó ESB faoi láthair agus d'oibrigh sé in ESB Customer Supply (ar a dtugtar Electric Ireland anois) roimhe seo.
**Ceapacháin sheachtracha:** Uachtarán ar Chumann Oifigeach ESB (ESBOA) go dtí Aibreán 2010 agus ansin ceapadh mar ionadaí é ar Ghrúpa Ceardchumann sa Chomhpháirtíocht Lárnach.



**Andrew Hastings**
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Iúil 2015.
**Sealbhaíocht:** Bliain agus sé mhí
**Taithí ghairme:** Comhairleoir gnó agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách tar éis gairm 30 bliain a chur de sa réimse seirbhísí baincéireachta agus airgeadais. Is Stiúrthóir Cairte, Baincéir Cairte agus Stiúrthóir Deimhnithe Bainc é, a bhí ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Barclays Bank Ireland plc go dtí Márta 2015, agus freagracht air as Tuaisceart Éireann freisin. Roimhe sin, ba Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é in BNP Paribas Ireland ó 2007 go 2011.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir ar Elavon Financial Services DAC atá ina fhochuideachta de US Bancorp atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Pepper Finance Corporation (Ireland) DAC, agus Stiúrthóir ar Carrick Laurel Consulting Ltd. Páirtí in AP Partners agus comhairleoir do Valuation Consulting LLP atá lonnaithe i Londain. Cathaoirleach den Fhóram Neamhspleách Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ag Cónaidhm na mBanc Idirnáisiúnta laistigh den Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí.



**Seán Kelly**
**Oibrí is Comhalta den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Sé bliana.
**Taithí ghairme:** Chuaigh sé isteach in ESB i 1997 mar phrintíseach teicneora líonra.
**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach an Choiste Aoisliúntais Sochair Sainithe, Cathaoirleach den Choiste Náisiúnta um Shábháilteacht Líonraí agus Oifigeach Oiliúna don Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe de chuid ESB. Comhalta d'Institiúid Eadránaithe na hÉireann.



**Paul Lynam** [1]
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Deireadh Fómhair 2016.
**Sealbhaíocht:** Trí mhí.
**Taithí ghairme:** Tá 25 bliain taithí san iomlán aige sa réimse gnó agus is Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é i gClinic Whitfield, ospidéal príobháideach neamhspleách atá suite i bPort Láirge. Roimhe seo, chaith sé 5 bliain mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Siemens Limited in Éirinn agus ba Phríomhoifigeach Airgeadais é sa chuideachta chéanna sa tréimhse 2008 – 2010. Roimh an 10 mbliain a chaith sé in Siemens, bhí Paul i mbun róil bhainistíochta éagsúla in Smurfit Group agus Kappa Packaging sa Ghearmáin ar feadh 14 bliain.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir ar Siemens Limited Éireann idir 2008 agus 2015, agus Stiúrthóir ar chuideachtaí a bhain le Clinic Whitfield.



**Tony Merriman**
**Oibrí is Comhalta den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Deich mbliana.
**Taithí ghairme:** Thosaigh sé ag obair leis an ESB mar theicneoir gréasáin i 1979. Bhí sé ina oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB.
**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Bord ESB ESOP Trustee Limited agus Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe.



**Noreen O'Kelly**
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Aibreán 2013.
**Sealbhaíocht:** Trí bliana agus ocht mí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in KPMG. Bhí roinnt post sinsearach aici in Independent News and Media Group, mar Cheann Cistíochta agus Rúnaí an Ghrúpa. Ceapadh í ina Rúnaí Cuideachta ar C&C Group sa bhliain 2002. Comhairleoir maidir le rialachas corparáideach.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir / Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta Rehab agus comhalta seachtrach d'Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.



**Peter O'Sullivan**
**Comhalta Bhord na nOibrithe**

**Ceapachán ar an mBord:** Eanáir 2015 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Dhá bhliain.
**Taithí ghairme:** Chuaigh sé isteach in ESB den chéad uair mar theicneoir líonra i 1980. Ba Ionadaí Sábháilteachta in Iarthar Chorcaí é roimhe sin.
**Ceapacháin sheachtracha:** Iaruachtarán an Chumainn Teicneoirí Líonra agus comhalta idirbheartaíochta an Ghrúpa Cheardchumann. Ina Chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited.



**Alf Smiddy** [1]
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Deireadh Fómhair 2016.
**Sealbhaíocht:** Trí mhí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a d'oibrigh leis an PwC. Cathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta Beamish & Crawford plc, a bhfuil a cheanncheathrú i gCorcaigh, le breis is 12 bliain, agus comhalta ar Bhord a mháthairchuideachta Scottish & Newcastle (UK) Ltd. Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus de Bhord Údarás Aerfort Chorcaí.
**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Boird de Dalata Hotel Group plc, Stiúrthóir ar Chomhlachas Tráchtála Chorcaí, Cathaoirleach ar Choiste Rialtais Áitiúil Chorcaí agus Stiúrthóir ar Chiste Nuálaíocht Shóisialta Éireann, arna ráthú ag an rialtas. Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'Institiúid Margaíochta na hÉireann.



**Noreen Wright**
**Comhalta Neamhspleách den Bhord**

**Ceapachán ar an mBord:** Meitheamh 2011.
**Sealbhaíocht:** Cúig bliana agus sé mhí
**Taithí ghairme:** Glaodh chun Barra Thuaisceart Éireann í i 1976. D'oibrigh sí sa tionscadal leictreachais ar feadh 25 bliain agus bhí roinnt post ardbhainistíochta aici in Northern Ireland Electricity plc agus Viridian plc, Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Seirbhísí Dlí san áireamh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Giúistís Tuata, comhalta de Bhinse Tionsclaíoch agus de Bhinse Fostaíochta Thuaisceart Éireann, agus Comhalta de Bhinse Luachála Thuaisceart Éireann. Stiúrthóir ar Springvale Training Limited agus ar Co-operation Ireland Limited.

- ■ COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA - FÉACH LEATHANACH 76
- ■ COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS AN CHOMHSHAOIL - FÉACH LEATHANACH 82
- ■ COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBARTHA BAINISTÍOCHTA - FÉACH LEATHANACH 82
- ■ COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA - FÉACH LEATHANACH 83

[1] Ceapachán i bhfeidhm ó Eanáir 2017.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH MAIDIR LE RIALACHAS CORPARÁIDEACH



**ELLVENA GRAHAM**
**An Cathaoirleach**

Is bunchloch de chruthú luach fadtéarmach ESB é an dea-rialachas agus tá Bord an ESB, agus mé féin, mar Chathaoirleach ag díriú go mór air sin. Óna thaobh sin de, agus ar aon dul le Cód an Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach 2014, feictear dúinn go bhfuilimid freagrach as aidhmeanna fadtéarmacha an Ghrúpa a bhaint amach, ceannasaíocht agus treorú a chur ar fáil den ghnóthas ina iomláine, agus tacaíocht agus dúshláin a chur roimh na bainisteoirí chun na torthaí is fearr a fháil d'ESB agus dá bpáirtithe leasmhara.

Tá an saineolas is gá ag na bainisteoirí chun riachtanas oibriúcháin an ghnóthais a shásamh. Ní faoin mBord atá sé an obair sin a dhéanamh aris. Ach fiosraímid agus déanaimid monatóireacht i gcomhréir le luachanna agus treoir straitéiseach ESB. Dar linn, na cinntí is fearr a dhéantar, is toradh iad ar an gcaidreamh gníomhach seo idir an Bord agus na bainisteoirí.

## RIALACHAS

Agus é ag tabhairt faoina spriocanna rialála a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát 2009 (Cód an Stáit) a chomhlíonadh, agus Cód na Ríochta Aontaithe freisin, a oiread agus is féidir. I Meitheamh 2016, d'fhoilsigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais Cód um Rialachas Corparáideach nuashonraithe don Ríocht Aontaithe, agus tá seo i bhfeidhm i gcás tréimhsí custasaíochta dar tús 17 Meitheamh 2016 nó ina dhiaidh. Beidh seo i bhfeidhm don ESB don bhliain airgeadais chuig 31 Nollaig 2017.

Tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag ESB chun an Cód Stáit a chomhlíonadh, lena leagtar amach an creat rialála a d'aontaigh an Rialtas don bhainistíocht inmheánach agus do chaidrimh inmheánacha agus seachtracha na gComhlachtaí Stáit. Déanann ESB athbhreithniú agus nuashonrú ar a gcuid beartas agus nósanna imeachta ar bhonn leanúnach chun comhlíonadh Chód an Stáit a chinntiú agus tuairiscítear an comhlíonadh sin gach bliain don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

I Lúnasa 2016, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Baineann leagan 2016 le tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tosach 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh, agus i gcás an ESB, don bhliain airgeadais ó 31 Nollaig 2017. Phléigh an Bord is an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca na riachtanais nua ag a gcruinnithe i mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag, faoi seach, agus tá siad sásta go mbeidh ESB in ann na riachtanais seo a chomhlíonadh mar is cuí.

Tá an Bord ar an eolas freisin faoi riachtanais nua Acht na gCuideachtaí 2014 (an tAcht), a bhaineann le fochuideachtaí de chuid ESB. Rinneadh fochuideachtaí ar fad ESB a athchlárú le linn 2016, mar a éilítear de réir an Achta, agus tá bearta curtha i bhfeidhm ag ESB lena chinntiú go bhfuil a fhochuideachtaí ag comhlíonadh riachtanais eile an Achta, lena n-áirítear na riachtanais i leith ráitis comhlíonta Stiúrthóirí, áit ar gá.

Ina theannta sin, comhlíonann ESB Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach na hÉireann, a oiread agus is féidir is ar bhonn saorálach. Cloímid go dlúth agus is féidir leis na caighdeáin rialaithe atá i bhfeidhm i leith cuideachtaí liostaithe.

Tá a Chód Eitice féin glactha ag ESB, ina leagtar amach ár gcur chuige i leith iompar freagrach eiticiúil. Is é bunphrionsabal an Chóid Eitice gur fearr a rachaidh fostaithe chun leasa ESB má chomhlíonann siad na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothromais agus rúndachta, agus má fhreastalaíonn siad ar na riachtanais uile dlíthiúla agus rialála. Déanann an Bord athbhreithniú ar an gCód Eitice ar bhonn bliantúil agus foilsítear é ar inlíon an ESB. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa imscrúdú ar aon sárú a ndearna tuairisciú air agus cuireann siad an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca ar an eolas faoi.

Tá cur síos ar an gcomhlíonadh rialachais leagtha amach ar leathanaigh 69 go 75.

## ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Bíonn an Bord ag féachaint i gcónaí lena héifeachtacht a fheabhsú. Cuirtear seo i bhfeidhm ar bhonn leanúnach neamhfhoirmeálta mar thoradh ar phlé i measc comhaltaí an Bhoird agus aiseolas a thugtar don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta. Chomh maith leis sin, déanaimid measúnú foirmiúil gach bliain agus athbhreithniú lárbhliana. 2Tá cur síos déanta ar thorthaí na meastóireachta a rinne an Bord don bhliain 2016 ar leathanach 72. Cuirtear athbhreithniú neamhspleách i bhfeidhm gach trí bhliain agus tá ceann acu sin á dhéanamh faoi láthair trí Athbhreithniú Boird ICSA, a mbeidh torthaí ar fáil uaidh níos déanaí in 2017.

## ATHRUITHE AR AN MBORD AGUS AN GCOISTE

Chuaigh Paul Lynam agus Alf Smiddy ar an mBord mar chomhaltaí Boird neamhspleácha i mí Dheireadh Fómhair 2016. Déanfaidh an dá cheapachán sin cinnte de go mbeidh cumas agus inniúlacht lárnach ar a thoil ag an mBord in eagraíocht a bhfuil ról ríthábhachtach aige i margadh fuinnimh na hÉireann. Cuirim fearadh na fáilte roimh ár mbeirt chomhaltaí Boird agus táim ag súil le hobair in éineacht leo.

Faoi Alt 2 (4) den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, athcheapadh Noreen Wright ina comhalta Boird Neamhspleách, agus bhí an Ceapachán sin i bhfeidhm ó Mheitheamh 2016. Is í Noreen an Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach.

Tháinig deireadh le téarma oifige Séamus Mallon i mBealtaine 2016. Ba chomhalta Boird Neamhspleách é ar feadh 10 mbliain agus bhain an Bord agus an bhainistíocht araon leas as a shaineolas, a thiomantas don tseirbhís phoiblí, a breithiúnas críonna agus a ionracas. Tá sonraí faoi chomhaltaí an Choiste leagtha amach ar leathanaigh 66 go 67 den tuarascáil seo.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Is tosaíocht ríthábhachtach fós iad bainistíocht riosca agus tuairisciú don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca araon, agus is gnéithe lárnacha de chur chuige ESB i leith bainistíocht riosca iad Beart Riosca ESB agus creat láidir rialaithe inmheánaigh sa chuideachta. Cé gurb é an Bord atá iomlán freagrach as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca, is é an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca atá freagrach as tacú le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca, agus bhí ról lárnach ag an gCoiste in 2016 maidir le cinntiú gur daingníodh an rialachas agus an ceistiú cuí i dtaca le riosca agus deimhniú ar fud an Ghrúpa. Leagtar amach an cur chuige seo i leith riosca sa Tuarascáil Riosca ar leathanaigh 18 go 23.

## ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD

Tá an Bord lántiomanta d'éagsúlacht mar luach lárnach, ar mhaithe leis féin agus ar mhaithe leis an nGrúpa ina iomláine, agus meastar go bhfuil tábhacht ag baint leis seo maidir le cur i gcrích cuspóirí gnó ESB. Leanfaidh an Bord dá thiomantas go mbeadh cothramaíocht optamach scileanna, taithí agus éagsúlachta ag a chomhaltaí. Tá sonraí na gcomhaltaí Boird leagtha amach ar leathanaigh 66 go 67.

## INIÚCHÓIR SEACHTRACH

Chuir ESB próiseas tairisceana i bhfeidhm, arna fhaomh agus arna mhaoirsiú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, chun an chéad iniúchóir eile de chuid ESB a roghnú, agus mar thoradh air seo, moladh PwC mar iniúchóir seachtrach ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh trí bliana (mar atá, blianta airgeadais 2017, 2018 agus 2019), lena n-áirítear rogha é seo a shíneadh i gcomhair dhá bhliain eile. Táimid ag súil le hobair i gcomhar le PwC amach anseo. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas tairisceana leagtha amach ar leathanach 81.

## CRÍOCH

Is maith an rud é don ghnó é dea-rialachas agus tá sé bunaithe ar inniúlacht, trédhearcacht agus freagracht. Maidir lenár sprioc chun fás inbhuanaithe láidir a bhaint amach, tá an Bord agus lucht bainistíochta tiomanta i gcónaí don trédhearcacht agus don chuntasacht sin a bhaint amach inár gcleachtais uile. I mo ról mar Chathaoirleach, táim freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord go héifeachtúil, agus chun é seo a dhéanamh, éascóidh mé rannpháirtíocht iomlán gach comhalta Boird agus cinnteoidh mé cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus páirtithe leasmhara an Ghrúpa. Sna leathanaigh thíos, cuirimid síos go mion ar an mbealach ar chomhlíon an Bord agus a gCoistí a bhfreagrachtaí le linn na bliana lena chinntiú go ndaingneofar cleachtais rialachais láidre ar fud an Ghrúpa

Ellvena Graham,
An Cathaoirleach
22 Feabhra 2017

# TUARASCÁIL RIALACHAIS AN BHOIRD

## PRIONSABAIL AN RIALACHAIS

Agus é ag tabhairt faoina spriocanna rialála a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát (Cód an Stáit)[1] a chomhlíonadh, agus Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach 2014 na Ríochta Aontaithe, a oiread agus is féidir. Is féidir cóip den Chód Stáit a fháil ó shuíomh gréasáin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, www.per.gov.ie agus is féidir cóip de Chód na Ríochta Aontaithe a fháil ó shuíomh gréasáin na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Leagann Cód na Ríochta Aontaithe amach cúig phrionsabal rialachais: Ceannasaíocht, Éifeachtacht, Cuntasacht, Luach Saothair agus Caidreamh le Geallsealbhóirí.

## 1 CEANNAIREACHT

### AN BORD

Tugann an Bord ceannaireacht don Ghrúpa go díreach nó trí obair na gCoistí, agus déanann sé ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais a bhreithniú go neamhspleách. Le linn 2016, ba iad na comhaltaí den Bhord iad siúd a shonraítear ar leathanaigh 66 go 67. Ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na comhaltaí Neamhspleácha den Bhord agus ceapadh na ceathrar Comhalta ar Oibrithe iad de bhun an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Is iad na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 - 2004 agus an tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) a rialaíonn an líon daoine ar an mbord agus struchtúr an Bhoird.

### COMHALTAS AR AN MBORD

Chuir Bord ESB sa bhliain 2016 taithí, neamhspleáchas agus dúshlán ar fáil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Tugtar cuntas ar an réimse leathan taithí atá ag comhaltaí an Bhoird san innealtóireacht, san airgeadais, sa dlí, sa pholaitíocht agus in oibríochtaí ESB sna beathaisnéisí ar leathanaigh 66 go 67. Tá an Bord siúráilte go bhfuil an saineolas, an cumas agus an taithí ag comhaltaí an Bhoird chun na feidhmeanna a láimhseáil ar gá do chomhalta Boird iad a chur i gcrích.

Is é príomhról an Bhoird breithiúnas feasach neamhchlaonta a dhéanamh chun Straitéis ESB Group a cheistiú, a fhorbairt agus a fhaomhadh, lena chinntiú go bhfuil foireann bhainistíochta láidir ann chun an straitéis a chur i bhfeidhm, an fheidhmíocht ghnó a mhonatórú agus creat rialuithe stuama éifeachtacha a choimeád chun an riosca a mhaolú.


Braitheann cumas an Bhoird, na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chur i gcrích ar dhá bhunfhachtóir:

- Réimse leathan domhain scileanna agus taithí ag na comhaltaí Boird
- Próisis lena gcinntítear go bhfuil tuiscint mhaith ag na comhaltaí Boird uile ar oibriúcháin an Ghrúpa agus ar an timpeallacht sheachtrach, agus go bhfuil sé de chumas orthu cinntí feasacha a dhéanamh


Foráiltear sa Chód Stáit go bhféadfaidh an Cathaoirleach dul i dteagmháil leis an Rialtas i ndáil le comharbas agus is deis é seo lena chinntiú go mbeidh meascán cuí oilteachtaí agus taithí ag na comhaltaí Boird.

### ÉAGSÚLACHT AN CHOMHALTAIS


ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD DE RÉIR EARNÁLA





ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD DE RÉIR TRÉIMHSE OIFIGE




ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD DE RÉIR INSCNE




ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD DE RÉIR NEAMHSPLEÁCHAIS




[1] I Lúnasa 2016, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais leasaithe um Rialú Comhlachtaí Stáit. Baineann leagan 2016 le tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tosach 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh, agus i gcás an ESB don bhliain airgeadais ó 31 Nollaig 2017.

## CRUINNITHE AN BHOIRD

Tionóltar Bord go míosúil (seachas mí Lúnasa) agus ar ócáidí eile freisin de réir mar is gá. Is é an Bord atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa agus as rialáil inmheánach éifeachtach agus bainistíocht riosca a chinntiú. Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord a fhorchoimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnteoireachta. Cuirtear síos ar na hábhair a fhorchoimeádtar don Bhord ar leathanach 71.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord chuig an mbainistíocht chun gnáthchinntí gnó a dhéanamh faoi réir ag teorainneacha agus tairseacha sonraithe. Tá creat láidir tuairiscithe i bhfeidhm chun go ndéanfaí maoirseacht ar chinntí arna dtarmligean ag an mBord, agus is gné lárnach den chreat sin caidrimh éifeachtacha idir Coistí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmeannach Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa agus an Fhoireann Feidhmiúcháin.

Déantar tuairisciú airgeadais agus oibriúcháin chuig an mBord ar bhonn leanúnach agus seoltar cáipéisíocht an Bhoird chuig gach comhalta go tráthúil roimh chruinnithe an Bhoird. Áirítear le cáipéisíocht an Bhoird na miontuairiscí ó Chruinnithe Choiste an Bhoird.

Is é aidhm na gcruinnithe Boird an chothramaíocht cheart a bheith ann ó thaobh daoine, straitéis, oibriúcháin, airgeadais agus rialachas,agus cúrsaí bainistíochta riosca de. Déantar monatóireacht rialta air seo lena chinntiú go bhfuil dóthain ama á chaitheamh ar gach ceist agus go gcloitear leis an gcothramaíocht chuí. Tá an Bord sásta gur ghlac an Cathaoirleach agus gach duine de chomhaltaí an Bhoird go leor ama le linn na bliana i mbun a ndualgais a chur i gcrích mar chomhaltaí de Bhord ESB.

Chomh maith le sábháilteacht, beidh an Bord ag díriú in 2017 ar cheannaireacht an ESB i dtaca le hathrú aeráide, agus ar conas is féidir leis an nGrúpa, ós rud é go bhfuil sé ar thosach an tslua mar chuideachta fuinnimh, a pháirt ar leith a dhéanamh agus cabhrú le daoine eile, an t-athrú riachtanach i dtreo todhchaí ísealcharbóin a bhainistiú. Déanfaidh an Bord monatóireacht freisin ar an bpróiseas Breatimeachta, atá fós ag titim amach, sa chaoi gur féidir bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar infheistíocht i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

## COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD

Faigheann an Bord cabhair ó cheithre Choiste de chuid an Bhoird lena chuid freagrachtaí a chur i ngníomh agus tarmligeann an Bord freagrachtaí ar leith do Choistí Boird áirithe de réir mar a leagtar amach ina dTéarmaí Tagartha. Cabhraíonn na Coistí leis an mBord trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin, airgeadais agus gnó agus cuireann siad tuairisc chuig an mBord maidir le moltaí riachtanacha. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi na Coistí agus a gcomhaltaí ar leathanaigh 76, 82 agus 83 den tuarascáil seo.

## FREASTAL AR CHRUINNITHE IN 2016

Reáchtáladh 11 cruinniú Boird ginearálta le linn 2016. Féach thíos sonraí faoin méid cruinnithe ar fhreastail gach comhalta Boird ar leith orthu le linn na bliana.

| Comhaltaí Boird 2016 | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|
| Ellvena Graham | 11 |
| Anne Butler* | 11 |
| Dave Byrne^ | 10 |
| Andrew Hastings* | 11 |
| Seán Kelly^ | 11 |
| Paul Lynam* [2] | 3 |
| Séamus Mallon*[1] | 2 |
| Tony Merriman^ | 8 |
| Noreen O'Kelly* | 11 |
| Peter O'Sullivan^ | 11 |
| Alf Smiddy* [2] | 3 |
| Noreen Wright | 11 |
| Pat O'Doherty | 11 |

*Comhalta neamhspleách den Bhord
^Oibrí ar Comhalta den Bhord é
[1]Séamus Mallon - chuaigh sé ar scor Bealtaine 2016
[2]Paul Lynam agus Alf Smiddy - chuaigh siad ar an mBord i nDeireadh Fómhair 2016

Chomh maith leis na comhaltaí Boird, tá go leor bainisteoirí sinsearacha a fhreastalaíonn ar chuideanna bainteacha de chruinnithe Boird, ach cuireadh a bheith faighte acu.

## SAMPLAÍ DE CHEISTEANNA A BHREITHNIGH AGUS / NÓ A D'FHAOMH AN BORD IN 2016

### DAOINE

- Cur i bhfeidhm samhail fostaíochta nua
- Tuarascáil ar Shláinte, Shábháilteacht agus Fholláine an Ghrúpa

### STRAITÉIS

- Athbhreithniú agus nuashonrú na straitéise
- Uasdátú ar bheartas fuinnimh agus margaidh
- Gníomhaíochtaí na n-iomaitheoirí agus treochtaí in earnáil na bhfóntas
- An t-eolas is déanaí faoin Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM)
- Impleachtaí Breatimeachta

### OIBRIÚCHÁIN

- Tuairisc oibriúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuairiscí sláinte agus sábháilteachta
- Uasdátú ar thrádáil fuinnimh
- An clár ollchóirithe trealaimh
- Meastachán ar infheistíocht chaipitil
- Feidhmíocht an chiste Novusmodus
- Tuairiscí ar chomhfhiontair
- Uasdátú maidir le gnó rialaithe

### AIRGEADAS

- Torthaí foilsithe bliantúla agus leathbhliantúla
- Feidhmíocht agus réamhaisnéisí airgeadais ráithiúla
- Príomhtháscairí Feidhmíochta míosúla
- Buiséad bliantúil agus plean gnó cúig bliana
- Díbhinní eatramhacha agus deiridh
- Cistiú margaí caipitiúla - eisiúint bannaí €600 milliún i Meitheamh 2016
- Uasdátú ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa
- Costas rátaí caipitiúla agus íosrátaí toraidh i gcás infheistíochtaí nua

### RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA

- Ráiteas maidir le Fonn Riosca an Ghrúpa agus Plean Riosca an Ghrúpa
- Éifeachtacht na bainistíochta riosca agus an rialaithe inmheánaigh
- Plean iniúchóireachta inmheánach don bhliain
- Measúnú Boird bliantúil agus athbhreithniú Boird i lár na bliana
- Téarmaí Tagartha an Choiste
- Athbhreithniú bliantúil ar Chód Eitice Bhord ESB
- Seisiún eolais maidir le Saoráil Faisnéise
- Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme rialaithe inmheánaigh
- Próiseas tairisceana don iniúchadh
- Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) arna athbhreithniú
- Athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca



# STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

**Tá an eagraíocht leagtha amach sa chaoi go n-éascaítear cinnteoireacht éifeachtach agus éifeachtúil, mar aon le cuntasacht shoiléir.**

## RÓL AN BHOIRD

**Tugann an Bord ceannaireacht agus treoir don ghnó go ginearálta agus tá sé freagrach as rath fadtéarmach an ESB a chinntiú. Ní dhéantar aon chinneadh sula gcuirtear an t-eolas ábhartha ar fad bhráid chomhaltaí an Bhroid agus tar éis machnamh cuí a dhéanamh ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Ceistíonn agus cabhraíonn an Bord go cuiditheach le forbairt mholtaí maidir le straitéis, agus ansin déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh.**

**Tá na príomhchinntí seo a leanas forchoimeádta ag an mBord dá bhreithniú féin:**

- Faomhadh Straitéis ESB Group, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais bhliantúla is idirthréimhseacha
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais
- Faomhadh mórchaiteachais chaipitiúil
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapacháin don Fhoireann Feidhmiúcháin arna moladh ag an bPríomhfheidhmeannach
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta
- Móréadálacha, mórdhiúscairtí nó scoir mhóra
- Faomhadh rioscaí bunairgid an Ghrúpa

### AN CATHAOIRLEACH

**Ellvena Graham**
- An Bord a stiúradh
- Clár an Bhoird a chinneadh
- Éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus lánpháirtíocht gach Comhalta den Bhord a éascú
- Cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa a chinntiú

### AN BORD

**An Cathaoirleach, cúig chomhalta neamhspleácha Boird, ceithre chomhalta Boird ar oibrithe iad, agus an Príomhfheidhmeannach**
- Freagrach as rath fadtéarmach ESB agus as a bhreithiúnas foriomlán maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais

### AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

**Pat O'Doherty**
- Ceannaireacht fheidhmeannach ar ghnó an Ghrúpa
- Straitéisí agus beartais an Ghrúpa a chur i bhfeidhm
- Dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an gCathaoirleach
- An Fhoireann Feidhmiúcháin a stiúradh

### COMHALTA NEAMHSPLEÁCH SINSEARACH DEN BHORD

**Noreen Wright**
- Gníomhú mar bhonn braite don Chathaoirleach
- A bheith mar idirghabhálaí ar son na gcomhaltaí eile den Bhord

### RÚNAÍ NA CUIDEACHTA

**John Redmond**
- Cabhraíonn sé leis an gCathaoirleach lena chinntiú go gcuirtear gach eolas ábhartha ar fáil do na comhaltaí Boird ar fad ar bhealach iomlán agus tráthúil
- Freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird i gceart agus as comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh
- Idirchaidreamh a dhéanamh idir an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin

### AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

- Cuidiú leis an mBord lena gcúraimí i dtaca le:
  - Tuairisciú airgeadais
  - Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca
  - Comhlíonadh, Phríomhfheidhmeannaigh agus calaois
  - Iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha

### COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS AN

- Comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil

### AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA

- Comhairle a chur ar an mBord maidir le gach gné a bhaineann le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh
- Aon athrú ar luach saothair comhaltaí Boird is Oibrithe a fhaomhadh
- Luach saothair na Foirne Feidhmeannaí a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ceannairí reatha agus todhchaí ESB

### AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

- Athbhreithniú ar thograí maidir le struchtúr caipitiúil agus caiteachas caipitiúil
- Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le trádáil fuinnimh
- Athbhreithniú ar thograí infheistíochta agus dífheistithe atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil ESB á láithriú sa chaoi go n-éireoidh leis sa todhchaí, de réir na straitéise atá aontaithe ag an mBord

### FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

- Ceannaireacht agus rialú an Ghrúpa

Féach leathanaigh 66 go 67 chun sonraí a fháil faoin gCathaoirleach, faoin bPríomhfheidhmeannach agus faoin Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách.
Féach leathanach 33 chun sonraí a fháil faoi Rúnaí na Cuideachta.
Féach leathanaigh 32 go 33 chun sonraí a fháil faoin bhFoireann Feidhmeannach.

## 2 ÉIFEACHTACHT

### ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gCoistí. Déantar an measúnú seo chun Cód an Stáit a chomhlíonadh, agus Cód na Ríochta Aontaithe chomhlíonadh a oiread agus is féidir. Baineann an measúnú le cruthúnas an Bhoird ina iomláine agus ní le feidhmíocht chomhaltaí aonair den Bhord. Is é cuspóir an mheasúnaithe athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúcháin an Bhoird féin agus bealaí a aithint chun a éifeachtacht a fheabhsú. Cabhraíonn sé freisin oilteachtaí sonracha a theastaíonn nó atá inmhianaithe i measc chomhaltaí an Bhoird a aithint, agus is féidir leis an gCathaoirleach moltaí a dhéanamh don Rialtas i gcomhair a mbreithnithe nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh. Is deimhniú é an measúnú seo go bhfuil an Bord tiomanta do na leibhéil rialachais is airde.

Is é an Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar an measúnú, le tacaíocht ó Rúnaí na Cuideachta. Ceistneoir atá sa mheasúnú, agus i bhfianaise fhreagraí na gcomhaltaí Boird, seoltar tuairisc ar na torthaí chuig an mBord, agus moltar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna aluadh. Déantar athbhreithniú i lár na bliana ar a fhorfheidhmiú. Cuirtear athbhreithniú neamhspleách, atá bunaithe ar agallaimh aonair, i bhfeidhm gach trí bliain idir comhaltaí Boird agus an t-éascaitheoir seachtrach, agus rinneadh ceann acu sin in Eanáir 2017.

Ina theannta sin casann an Cathaoirleach leis na comhaltaí den Bhord, an Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord san áireamh, i malartú tuairimí oscailte i measc na gcomhaltaí den Bhord maidir le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an Bhoird.

Rinneadh measúnú inmheánach ar an mBord in 2016 agus cuireadh athbhreithniú lárbhliana i bhfeidhm le linn na bliana. Ba é tátal an Bhoird ná gur fheidhmigh sé go héifeachtúil le linn thréimhse an athbhreithnithe. Rinneadh roinnt moltaí a shainaithint, mar atá léirithe sa tábla thíos.

### CEAPACHÁIN AR AN MBORD

Ní dhéanann an ESB measúnú ar chomhaltaí aonair den Bhord ós rud é gur faoin Rialtas atá an fhreagracht sin, nó toghchán i measc fostaithe, iad na ceapacháin chuig an mBord. Téann an Cathaoirleach chun cainte leis an Rialtas roimh cheapacháin ar an mBord, áfach, maidir leis na scileanna sonracha a theastaíonn ar an mBord. Bíonn ceapacháin ar an mBord ag teacht leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, de réir mar d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014.

### EOLAS AGUS CRUINNITHE FAISNÉISE

Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí comhaltaí Boird ar an eolas faoi mhórathruithe gnó, ionas gur féidir éifeachtacht an Bhoird a choimeád agus a fheabhsú. Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2016 ar fáil ar leathanach 70. Cuirtear an Bord ar an eolas go rialta faoin timpeallacht rialála, faoin margadh agus faoi oibriúcháin, lena n-áirítear tuarascáil mhíosúil ar phríomhtháscairí feidhmíochta.

Reáchtáiltear cuairteanna ar shuímh éagsúla de chuid ESB do chomhaltaí Boird aonair agus do ghrúpaí comhaltaí Boird chun a dtuiscint ar ghnó ESB a fheabhsú. Ar na cuairteanna a rinneadh in 2016, bhí cuairt chuig Feirm Ghaoithe an Ráithín Léith i gContae Chill Mhantáin, Tilbury Green Power, stáisiún cumhachta Tilbury Port sa Ríocht Aontaithe ina dtiontaítear fuíolladhmad chuig fuinneamh, urlár trádála an ESB, oifig Novusmodus i Londain agus Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar.

Ina theannta sin, reáchtáladh cruinnithe Boird lasmuigh den cheannoifig in 2016, agus áiríodh leo seo cruinnithe in NIE Networks i mBéal Feirste, in Electric Ireland i Seantrabh agus in ESB Networks in Wilton, Contae Chorcaí.

### NEAMHSPLEÁCHAS

Tá an Bord tar éis a dheimhniú go raibh na Comhaltaí Boird sin (sonraí ar leathanaigh 66 agus 67) neamhspleách i rith 2016. Tugadh aird sa deimhniú sin ar na forálacha iomchuí i gCód um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe maidir le neamhspleáchas Comhaltaí Boird ó thaobh carachtair agus breithiúnais de agus easpa caidreamh nó cúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas Comhaltaí Boird. I bhfianaise na n-imthosca sin, is amhlaidh atá an Bord sásta maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird mar a shonraítear thuas iad.

### COINBHLEACHTAÍ LEASA

Nochtann na Comhaltaí Boird ar bhonn bliantúil aon choinbhleachtaí leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá an Bord fós ag déanamh monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar choinbhleachtaí leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann, agus más rud é go bhfaigheann aon chomhalta Boird amach faoi choinbhleacht atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann, nó faoi chúinsí athraithe maidir le húdarú reatha, tá sé freagrach as é seo a chur in iúl do Rúnaí na Cuideachta.

Tá sonraí faoi na comhaltaí Boird le fáil ar leathanaigh 66 go 67, lena n-áirítear aon cheapacháin sheachtracha atá acu.

### IONDUCHTÚCHÁN

Tá an clár ionduchtúcháin ann ionas gur féidir le comhaltaí nua Boird eolas a chur ar oibriúcháin an Ghrúpa. Cuirtear an clár in oiriúint don taithí, don chúlra agus do riachtanais an róil ábhartha. Is gnéithe lárnacha do rannpháirtithe an chláir iad bualadh leis na Feidhmeannaigh, cuairteanna a thabhairt ar shuímh, agus seisiúin eolais a fháil ar Straitéis ESB Group agus ar na gnóthais ar leith.

Tar éis a gceapacháin don Bhord in 2016, tá Paul Lynam agus Alf Smiddy ag glacadh páirt i gclár cuimsitheach ionduchtaithe a ndéanfaidh an Cathaoirleach agus Rúnaí na Cuideachta araon é a éascú. Le linn an chláir ionduchtúcháin, buailfidh gach comhalta Boird leis an gCathaoirleach agus leis an bhFoireann Fheidhmeannach i gcruinnithe ar leith. Thug an bheirt bhall cuairt ar ionaid ghnó Generation and Wholesale Markets, ESB Networks agus Electric Ireland le linn 2016.

### MOLTAÍ AR BHONN MHEASÚNÚ AN BHOIRD IN 2016

| MOLTAÍ 2016 | BEARTA A CUIREADH I BHFEIDHM IN 2016 |
|---|---|
| Deiseanna ag comhaltaí Boird neamhspleácha bualadh le Feidhmeannaigh i dtaca le ceisteanna faoi rioscaí gnó. | Reáchtáiltear cruinnithe rialta chun é seo a éascú, agus déanfar athbhreithniú leanúnach air. |
| Tuilleadh ama le haghaidh ceisteanna straitéiseacha a bhaineann le páirtithe leasmhara agus le luach do scairshealbhóirí. | Rinneadh monatóireacht ar an bpróiseas socraithe cláir lena chinntiú go raibh sé nasctha leis an straitéis mar ba chuí. In 2016, tharla dhá chruinniú Boird i dtaca le straitéis amháin. Tuairisciú leanúnach ón bPríomhfheidhmeannach. |
| Cuireadh le tabhairt don Bhord iomlán teacht chuig seisiún an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. | D'fhreastail an Bord ar sheisiún an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in Aibreán 2016. |
| Ní mór go mbeadh dóthain spáis ar chláir an Bhoird le haghaidh fadhbanna riosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chúrsaí gnó. | Rinne an Príomhfheidhmeannach tuairisciú míosúil ar cheisteanna riosca, agus rinne an Bord breithniú ar thuairiscí foirmeálta ráithiúla maidir le riosca. |
| Cuireadh níos mó deiseanna ar fáil do na comhaltaí Boird tréimhsí neamhfhoirmiúla a chaitheamh i gcomhluadar a chéile. | Reáchtáladh seisiúin rannpháirtíochta neamhfhoirmiúla i gcaitheamh na bliana. |

### OILIÚINT AGUS FORBAIRT LEANÚNACH

Tá clár forbartha leanúnach ann do na comhaltaí Boird ar fad. Bíonn an Cathaoirleach agus Rúnaí na Cuideachta ag obair i gcomhar leis na comhaltaí Boird chun go bhfreastalófar ar a riachtanais ar leith féin.

### COMHAIRLE PROIFISIÚNTA NEAMHSPLEÁCH

Féadfaidh na Comhaltaí Boird, i mbun a gcuid dualgas, comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas an ESB. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh i gcoinne dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

## 3 CUNTASACHT

### NA CÓID UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH A CHOMHLÍONADH

Déanann ESB an Cód Stáit a chomhlíonadh, Ina leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach, agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Ina theannta sin, déanann ESB na dualgais a chomhlíonadh maidir le rialachas corparáideach agus eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus faoin tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Cloíonn ESB a oiread agus is féidir, agus ar bhonn deonach, le cód an RA. Ina theannta sin, cloíonn ESB, a oiread agus is féidir, le hIarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann ('an Iarscríbhinn Éireannach').

Leagtar amach prionsabail (príomhúla agus tacúla) agus forálacha i gCód na Ríochta Aontaithe. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na Rialacha Liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm, agus a dheimhniú gur sásaíodh gach foráil iomchuí a bhaineann leo, mar aon le hIarscríbhinn na hÉireann, nó míniúchán a thabhairt ar aon neamhchomhlíonadh.

Is corparáid reachtúil é ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 arna leasú agus dá bharr sin, níl dualgas air Cód na Ríochta Aontaithe ná an Iarscríbhinn Éireannach a chomhlíonadh. Mar a luadh thuas, tacaíonn ESB le prionsabail agus le forálacha Chód na Ríochta Aontaithe agus leis an Iarscríbhinn Éireannach agus comhlíontar iad cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

- Is gnó de chuid an Rialtais é ceapachán a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag ESB.
- Ceaptar na comhaltaí Boird ar feadh téarmaí suas le cúig bliana nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Boird is Oibrithe agus is amhlaidh, mar sin, nach dtagann siad faoi réir atoghadh don Bhord roimhe sin.
- Tá beartais agus nochtadh faisnéise ESB maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhmithe an Rialtais. Ní áirítear i sonraí luach saothair na gcomhaltaí Boird ar leathanach 75 suimeanna a íocadh leis an gceathrar comhaltaí is oibrithe Boird, mar fhostaithe ESB (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas ar an mBord), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí Boird.
- Ní dhearnadh measúnú go nuige seo ar fheidhmíocht na gComhaltaí aonair den Bhord mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird, mar níl aon ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin a chinneadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an gceist seo.
- Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin ós rud tábhachtach é go gcomhlíonfadh ESB beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar an ról atá ag an gCathaoirleach mar phríomh-idirghabhálaí leis an Rialtas.

### TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS AGUS GNÓ


Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus measúnú cothrom sothuigthe ar sheasamh agus ionchais an Ghrúpa a chur i láthair. Tá freagrachtaí an Bhoird i leith na ráitis airgeadais agus gnóthas leantach leagtha amach ar leathanach 89.

### RIALÚ INMHEÁNACH

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá sé ag feidhmiú. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt i gcoinne riosca an mhíráitis ná an chaillteanais ábhartha. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na rialacháin, is amhlaidh a bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe ag baint leis.

Baineann an Grúpa leas as creat comhtháite um rialú inmheánach de réir mar a d'fhorbair Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway mar threoir chun rialú inmheánach a dhearadh agus a chur i gcrích agus a éifeachtúlacht a mheas. Eisíodh Creat COSO den chéad uair i 1992 agus uasdátaíodh é in 2013.

### CREAT COSO




### CREAT RIALAITHE INMHEÁNAIGH ESB

**An Timpeallacht Rialaithe**
1. Tiomantas don rialú agus do phrionsabail eiticiúla a léiriú
2. Freagracht a ghlacadh as maoirseacht
3. Struchtúr, údarás agus freagracht a bhunú
4. Tiomantas don inniúlacht a léiriú
5. Cuntasacht a fhorfheidhmiú

**Measúnú Riosca**
6. Cuspóirí oiriúnacha a shainiú
7. Riosca a aithint agus a anailísiú
8. Riosca calaoise a mheas
9. Athruithe suntasacha a aithint agus a anailísiú

**Gníomhaíochtaí Rialaithe**
10. Gníomhaíochtaí rialaithe a roghnú agus a rialú
11. Rialuithe ginearálta ar ghníomhaíochtaí a oghnú agus a fhorbairt
12. Na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm le húsáid beartas agus nósanna imeachta

**Eolas agus Cumarsáid**
13. Leas a bhaint as eolas ábhartha
14. Cumarsáid a dhéanamh go hinmheánach
15. Cumarsáid a dhéanamh go seachtrach

**Gníomhaíochtaí Monatóireachta**
16. Measúnuithe leanúnacha agus / nó ar leithligh a dhéanamh
17. Measúnú agus cumarsáid maidir le heasnaimh

Tá creat daingean rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an ESB ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

- Cód eitice a éilíonn ar gach Comhalta den Bhord na caighdeáin eitice is airde a chothú agus iad i mbun gnó
- Struchtúr eagrúcháin arna shainiú go soiléir, ina sonraítear teorainneacha le húdarás agus modhanna tuairiscithe chuig leibhéil bhainistíochta níos airde agus chuig an mBord, agus a chuidíonn le timpeallacht thréan rialaithe a choinneáil
- Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailís riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis fhoirmiúla bliantúla ó lucht bainistíochta na ngnóthas éagsúil maidir le comhlíonadh rialachais
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Ní mór faomhadh an Bhoird a fháil le haghaidh mórthionscadail chaipitiúla agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta monatóireacht ghéar orthu sin – agus d'fhéadfadh go ndéanfaí iniúchadh orthu freisin tar éis dóibh a bheith curtha i gcrích.
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais
- Tuairiscítear torthaí iarbhír agus eochairtháscairí feidhmíochta carnacha os coinne an bhuiséid agus breithníonn an Bord ar bhonn míosúil iad
- Seirbhís líne cabhraí faoi rún chun bealach rúnda, agus gan ainm más gá, a chur ar fáil d'fhostaithe chun calaois nó cúiseanna imní eiticiúla a thuairisciú

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na rialuithe sin. Cuirtear béim san athbhreithniú seo ar na réimsí is mó a mbaineann riosca leo arna sainaithint mar thoradh ar anailís riosca

Áit a sainaithnítear laigí sa chóras rialaithe inmheánach tríd an gcreat monatóireachta thuas, cuirtear pleananna i bhfeidhm le dul i ngleic leis na laigí seo agus déantar monatóireacht rialta ar na pleananna sin go dtí go bhfuil siad curtha i gcrích.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an bainistiú riosca éifeachtach ríthábhachtach do ghnóthú chuspóirí straitéiseacha ESB agus d'fhás fadtéarmach inbhuanaithe a chuid gnó. Is ríthábhachtaí i bhfad i bhfianaise na n-athruithe meara atá ag tarlú san ESB go ndéantar athmheasúnú leanúnach ar rioscaí agus go mbíonn straitéisí soiléire ann chun iad a bhainistiú. Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chuige na cuideachta i leith riosca.

Is amhlaidh go sonrach atá an Bord freagrach as:

- A chinntiú go gcuirfear próiseas leordhóthanach ar bun chun na príomhrioscaí agus na príomh-éiginnteachtaí a aithint
- Cultúr riosca iomchuí a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus é sin a mhonatórú
- Na próisis um bhainistíocht riosca agus bainistíocht géarchéime a mhaoirsiú
- Measúnacht ar éifeachtacht dhóchúil na mbeart maolaithe agus rialuithe ón lucht bainistíochta

Rinne an Bord measúnú láidir ar na príomhrioscaí roimh an nGrúpa, lena n-áirítear na rioscaí a chuirfeadh a mhúnla gnó, feidhmíocht, sócmhainneacht agus leachtacht i mbaol. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallach chun na rioscaí móra a aithint, a mheas agus a bhainistiú ar bun don bhliain atá á meas agus go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla. Leagtar amach na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí roimh an nGrúpa, mar aon leis na straitéisí maolaithe, ar leathanaigh 20 go 23.

Is eol don Bhord nach mór dó a bheith ina eiseamláir chun luachanna an Ghrúpa a mhúnlú agus tacú leo, agus is iad na luachanna seo a bheidh mar bhonn taca den chur chuige i leith riosca. Teastaíonn ón mBord freisin a chinntiú go bhfuil dóthain oilteachtaí agus inniúlachtaí bainistíochta riosca ar fáil sa ghnó agus go mbaintear úsáid as saineolas agus taithí na bhfostaithe uile in ESB a bhfuil tuiscint acu ar na rioscaí a bhaineann lenár gcuid oibriúchán. Cabhraíonn tuairisciú rialta le heolas reatha a thabhairt don Bhord faoi rioscaí agus éiginnteachtaí atá ag teacht chun cinn.

D'fhéadfadh an fonn riosca athrú le himeacht ama freisin agus tá breithniú follasach déanta ag an mBord ar leibhéal an fhoinn riosca sin agus ar aon diallas óna fhonn riosca sloinnte a bheadh an ESB sásta glacadh leis i ndáil le rioscaí sonracha. Déantar an claonadh i dtreo riosca a chothromú i gcónaí trínár meon dírithe ar rialú a chur i bhfeidhm.

### LEIS NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN BORD AGUS AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA LE LINN 2016 I NDÁIL LENA FHREAGRACHTAÍ UM RIOSCA, ÁIRÍODH NA CINN SEO A LEANAS:

| GNÍOMHAÍOCHT | MIONSONRAÍ |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Fonn Riosca an Ghrúpa agus Plean Riosca an Ghrúpa | Mhol An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca, Plean Riosca an Ghrúpa 2016 agus Ráiteas maidir le Fonn Riosca 2016 don Bhord lena bhfaomhadh. |
| Maoirseacht Riosca | Rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca breithniú maidir le maoirseacht riosca a shannadh le Coistí an Bhoird agus le clár oibre i dtaca le riosca 2016. |
| Cibear-riosca | An t-eolas is déanaí faighte faoi chibear-riosca, faoin gcosaint feidhmíochta atá ar bun san ESB agus faoi na réimsí is mó atá i mbaol riosca. |
| Pleanáil Leanúnachais Ghnó (BCP) | Sa tuairisc BCP a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, díríodh ar na próisis lárnacha. |
| Athbhreithniú gach dhá bhliain i dtaca le Tionchar Ard Dóchúlacht Íseal (HILP) | Maidir leis an athbhreithniú HILP gach dhá bhliain, mhol An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca é seo don Bhord lena fhaomhadh. Ar na bunathruithe a rinneadh in 2016, baineadh dhá HILP (Cibearchúrsaí agus Sceithireacht). Táthar ag déileáil le Cibearchúrsaí anois faoi phríomhrioscaí. |
| An Beartas Bainistíochta Riosca agus an Creat Rialachais | Moladh beartas cuimsitheach don Bhord lena fhaomhadh, a bhfuil d'aidhm aige na bainisteoirí agus na fostóirí ar fad a chur ar an eolas maidir le bainistíocht riosca. |
| Beartas Bainistíochta Géarchéime / Treoir maidir le Bainistíocht Géarchéimeanna Corparáideacha | Rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar threoirlínte athshonraithe. |
| Athbhreithniú Riosca Deireadh Bliana agus Lár na Bliana | Rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar pháipéar eolais faoi na príomhrioscaí, mar aon le hathbhreithniú ar rioscaí atá ag méadú agus maoirseacht rioscaí atá ag teacht chun cinn. |
| Bainistíocht Clú | Rinne an Bord breithniú ar chlú an Ghrúpa a bhainistiú agus na rioscaí bainteacha. |
| Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn | Rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí suaiteacha agus le múnlaí gnó nua. |

## ATHBHREITHNIÚ 2016 AR ÉIFEACHTACHT BHAINISTÍOCHT NA RIALUITHE INMHEÁNACHA AGUS AN RIOSCA

Is ar an mBord a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as bainistiú riosca ESB agus as an gcóras rialála inmheánaí. Le linn 2016, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an Ghrúpa, go díreach agus trí údarás tairmligthe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, maidir le rialú inmheánach lena gcuimsítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca do 2016, agus cinnteofar go ndéantar athbhreithniú dá mhacasamhail in 2017.

Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Feidhm bainistíochta riosca atá sainithe don ESB
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bpróiseas leathbhliantúil athbhreithnithe riosca agus an t-eolas is deireanaí a sholáthar go rialta maidir le bainistíocht riosca
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm san ESB i láthair na huaire
- Athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniúcháin ón lucht bainistíochta maidir le hoibriú sásúil éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchóireachta Inmheánaigh an Ghrúpa agus breithniú ar a gcuid torthaí agus tuairiscí
- Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc rialta freisin maidir le stádas cur chun feidhme moltaí a d'eascair óna gcuid tuairiscí féin roimhe seo agus ó thuairiscí an iniúchóra sheachtraigh
- Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaigh
- Athbhreithniú ar thuairisciú ón iniúchóir seachtrach, KPMG, ina bhfuil sonraí ar an obair atá déanta maidir leis na rioscaí tábhachtacha i leith iniúchadh

Ar bhonn an athbhreithnithe sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas do 2016:

- Tá próiseas leanúnach ar bun chun príomhrioscaí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais rialaithe inmheánaigh ar bun don bhliain atá á athbhreithniú agus go dtí go ndéanfar an tuarascáil bhliantúil a fhaomhadh
- Tá na córais ag teacht le Treoir an FRC maidir le Bainistíocht Riosca, Rialú Inmheánach agus an Tuairisciú Airgeadais agus Gnó Gaolmhar
- Níor aithníodh aon teip ná laige san athbhreithniú, agus i gcás aon réimsí ar féidir feabhas a dhéanamh iontu, tá próisis ann lena chinntiú go nglacfar an gníomh is gá agus go ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn

Mar thoradh ar a rannpháirtíocht leanúnach agus a fhorbhreathnú ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca, tá an Bord sásta go bhfuil an rialú inmheánach agus an bhainistíocht riosca éifeachtach i gcónaí.

# 4 LUACH SAOTHAIR

## LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ceapadh an tUasal O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach ó 1 Nollaig 2011, agus ceapadh ina Chomhalta den Bhord é in Eanáir 2013. Cuimsítear ina luach saothair tuarastal bliantúil de €295,000, carr cuideachta agus ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Is ball de Scéim Pinsin ESB é. Ní bhfuair sé aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht in 2016, i gcomhréir le beartas an Rialtais nach ceart do Phríomhfheidhmeannaigh cuideachtaí stáit a leithéid a fháil.

## LUACH SAOTHAIR NA GCOMHALTAÍ BOIRD IS OIBRITHE

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 mar fhostaithe de chuid ESB. Is baill de Scéim Pinsin ESB iad.

## LUACH SAOTHAIR DO CHOMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA DE BORD ESB

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí neamhspleácha den Bhord (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin ná aon chineál eile luach saothair. Tá na téarmaí agus coinníollacha leagtha amach sa litir cheapacháin, atá ar fáil ar iarratas ó Rúnaí na Cuideachta.

## CAITEACHAIS NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Chun go gcomhlíonfaí an Cód Stáit, ní mór go mbeadh nochtadh ann maidir le speansais a íoctar le comhaltaí Boird. Le linn 2016, aisíocadh €86,884 le comhaltaí Boird nó thar a gceann as speansais taistil, lóistín agus rudaí bainteacha. Ní áirítear leo sin speansais an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil lena dhualgais mar Fheidhmeannach.

## LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

**AN CATHAOIRLEACH**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Ellvena Graham | 31,500 | 23,075 |
| Lochlann Quinn | - | 3,952 |

**PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 295,000 | 295,000 |
| Sochair inchánach | 15,570 | 15,570 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 48,380 | 48,380 |
| | 358,950 | 358,950 |

**COMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA DEN BHORD**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Anne Butler | 15,750 | 15,750 |
| Dave Byrne | 15,750 | 15,750 |
| Andrew Hastings | 15,750 | 7,372 |
| Seán Kelly | 15,750 | 15,750 |
| Paul Lynam | 3,810 | - |
| Séamus Mallon | 5,335 | 15,750 |
| Tony Merriman | 15,750 | 15,750 |
| Noreen O'Kelly[1] | - | - |
| Peter O'Sullivan | 15,750 | 15,750 |
| Alf Smiddy | 3,810 | - |
| Noreen Wright | 15,750 | 15,750 |
| | 123,205 | 117,622 |

[1] Tharscaoil an tUasal O'Kelly a táillí Boird sna blianta 2016 agus 2015

# 5 CAIDRIMH LE GEALLSHEALBHÓIRÍ

## COMHPHLÉ LE GEALLSEALBHÓIRÍ

Tá 95% de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann agus 5% faoi úinéireacht Iontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP). Téann ESB i gcomhairle leis an Rialtas ar bhonn leanúnach gníomhach maidir le polasaithe tábhachtacha agus saincheisteanna straitéiseacha de réir mar a éilíonn an reachtaíocht agus Cód an Stáit. Tugann sé nuashonruithe gach ráithe maidir leis an bhfeidhmíocht airgeadais. Ina theannta sin, bíonn ESB i dteagmháil go rialta le hIontaobhaí ESOP.

## CRUINNIÚ CINN BHLIANA

Reáchtálann an ESB cruinniú cinn bhliana gach bliain, cúig mhí déag tar éis an chruinnithe dheireanaigh, ar a dhéanaí. Tugtar fógra roimh ré do gach scairshealbhóir, de réir mar is gá. Tugtar cuireadh do chomhaltaí den Bhord, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina measc, freastal ar an gcruinniú. Tugann an Cathaoirleach léargas ar fhorbairt le linn na bliana agus iarrtar ar scairshealbhóirí aon bharúlacha atá acu a chur in iúl. Freastalaíonn an t-iniúchóir seachtrach ar an gcruinniú agus déantar vótáil trí chomhaireamh lámh nó vóta.

# TUARASCÁIL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA



**NOREEN O'KELLY**
**An Cathaoirleach**
**An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca**

## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, is mór agam tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 a chur faoi bhur mbráid. Is é cuspóir na tuarascála ná léargas a thabhairt ar oibriúcháin an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcaitheamh an sé mhí dhéag atá curtha dinn. Dearbhaím gur chomhlíon An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca a bhfreagrachtaí mar a sonraíodh iad sna Téarmaí Tagartha agus faoi Chód Rialachais na Ríochta Aontaithe 2014 (Cód na Ríochta Aontaithe).

Faoi Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe, tá freagracht ar an mBord a dhearbhú gur cóir cothrom intuigthe iad an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais ar an iomlán, agus go soláthraíonn siad an t-eolas riachtanach go léir do scairshealbhóirí / geallsealbhóirí chun gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, agus tá sé sásta go sásaítear na critéir sin iontu agus is féidir leis iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh.

Bhreithnigh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca saincheisteanna móra freisin i ndáil leis na ráitis airgeadais agus leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna úd. Tá achoimre le fáil ar an obair seo ar leathanaigh 78 go 79.

Coinneoidh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca a chuid gníomhaíochtaí faoi athbhreithniú lena chinntiú go mbreithnítear forbairtí na todhchaí i ndáil le saothar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a n-iomláine. Tá achoimre ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le fáil ar leathanach 71 agus leagtar amach iad ina n-iomláine ina Théarmaí Tagartha. Faoi láthair, tá triúr comhaltaí Boird Neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a bhfuil a sonraí le fáil ar leathanaigh 66 agus 67. Tá réimse leathan taithí agus cumais ó réimse leathan tionscal ar a dtoil ag na comhaltaí, agus is gné ríthábhachtach é seo don rialachas éifeachtach.

Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fhorbairtí san AE i dtaca le tréimhsí mar iniúchóir, agus tar éis don Choiste na forbairtí sin agus cleachtas mhargaí Phoblacht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt san áireamh, rinne sé cinneadh cead a lorg ón Aire, iniúchóir nua seachtrach a cheapadh d'iniúchadh 2017 agus as sin amach. Chuir ESB próiseas tairisceana i bhfeidhm, arna fhaomh agus arna mhaoirsiú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, chun an chéad iniúchóir seachtrach eile de chuid ESB a roghnú, agus mar thoradh air seo, moladh PwC mar iniúchóir seachtrach ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh trí bliana (mar atá, blianta airgeadais 2017, 2018 agus 2019), lena n-áirítear rogha é seo a shíneadh i gcomhair dhá bhliain eile. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas tairisceana leagtha amach ar leathanach 81.

An t-iniúchadh a dhéanfar ar thuarascáil bhliantúil agus ar ráitis airgeadais 2016, sin an ceann deireanach a chuirfidh KPMG i bhfeidhm, agus ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil leis na páirtithe agus na fostaithe KPMG a d'oibrigh le ESB as an tseirbhís den scoth a chuir siad ar fáil leis na blianta.

Ar na príomhréimsí a mbeidh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca ag díriú orthu in 2017, beidh na cinn seo a leanas:

- Maoirseacht ar aistriú seachtrach hiniúchóireachta chuig PwC
- Maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh mar thoradh ar mheasúnú seachtrach ná feidhme iniúchóireachta inmheánaí
- Fócas leanúnach ar chibearchúrsaí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn
- Fócas leanúnach ar chumarsáid a fheabhsú idir an bhainistíocht agus an Coiste agus idir an Coiste agus an Bord

### Cruinnithe Choiste

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2016. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | | Sealbhaíocht | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|---|
| Noreen O'Kelly, Cathaoirleach | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 3 bliana agus sé mhí | 7 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 7 |
| Noreen Wright | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 7 |

## PRÍOMHCHUSPÓIR

Leagtar amach ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina Théarmaí Tagartha, ar féidir teacht ar chóip díobh ar láithreán gréasáin ESB. Leagtar amach dualgais an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sna Téarmaí Tagartha faoi na cinnlínte seo a leanas:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca
- Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN COISTE I GCAITHEAMH NA BLIANA 2016 I NDÁIL LENA DHUALGAIS A CHOMHLÍONADH

| DUALGAS | GNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais lena chinntiú go bhfuil siad cóir, cothrom agus intuigthe ar an iomlán agus gur cuireadh na caighdeáin, na meastacháin agus na breithiúnais chuntasaíochta chuí i bhfeidhm | ■ Athbhreithniú ar shoiléire agus iomláine an mhéid a nochtadh sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais, agus san eolas ábhartha a cuireadh i láthair iontu<br>■ Athbhreithniú ar cé acu ar chuir nó nár chuir an Grúpa caighdeáin chuntasaíochta agus meastacháin agus breithiúnais iomchuí i bhfeidhm, i bhfianaise thuairimí an iniúchóra sheachtraigh<br>■ Athbhreithniú ar na torthaí eatramhacha, lena mbaineann ráitis airgeadais agus nótaí miniúcháin<br>■ Athbhreithniú agus formheas ar ráitis airgeadais rialála ESB<br>■ Breithniú agus ceistiú na modhanna ar baineadh leas astu chun idirbhearta suntasacha nó neamhghnácha a thabhairt san áireamh, agus ar an gcaoi ar cuireadh i láthair agus ar nochtadh iad sna ráitis airgeadais |
| **Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca | ■ Athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras rialála inmheánaí an Ghrúpa<br>■ Athbhreithniú ar na socruithe do phleanáil an leanúnachais gnó<br>■ Athbhreithniú ar Bheartas Riosca leasaithe ESB, ar Phlean Riosca Ghrúpa 2016 agus ar thuairiscí rialta riosca, agus iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh<br>■ Monatóiru ar chur i bhfeidhm na moltaí a d'eascair as iniúchadh seachtrach Bhainistíocht Riosca an Ghrúpa |
| **Comhlíonadh, Sceithireacht agus calaois**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar dhóthanacht agus slándáil na socruithe d'fhostaithe agus do chonraitheoirí chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le haon éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tuairisciú airgeadais nó eile | ■ Athbhreithniú ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá ann chun dearbhú a sholáthar go bhfuiltear ag comhlíonadh oibleagáidí reachtúla<br>■ Athbhreithniú ar leordhóthanacht na bpróiseas a ghlac ESB chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (an Cód Stáit) a chinntiú<br>■ Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus na beartais chun calaois a chosc agus a aithint, agus cuireadh ar an eolas iad i leith aon cháis chalaoise<br>■ Athbhreithniú ar dhóthanacht agus shlándáil na socruithe chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le haon éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tuairisciú airgeadais nó eile<br>■ Cód Eitice ESB a thabhairt san áireamh |
| **Iniúchadh Inmheánach**<br>Monatóireacht agus measúnacht ar ról agus éifeachtacht fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí | ■ Athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean sin chun éifeachtacht na feidhme a mheas<br>■ Athbhreithniú ar thuairiscí inar tugadh mionsonraí ar thorthaí eochair-iniúchtaí, ar fhreagairt an lucht bhainistíochta agus ar thráthúlacht réiteach na ngníomhartha<br>■ Cruinniú le Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair<br>■ Breithniú a dhéanamh ar na torthaí a d'eascair as iniúchadh seachtrach na feidhme iniúchta inmheánaigh |
| **Iniúchadh Seachtrach**<br>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus inniúlacht an iniúchóra sheachtraigh agus athbhreithniú ar thorthaí an iniúchta i gcomhar leis an iniúchóir seachtrach | ■ Athbhreithniú agus ceistiú an phlean a bhí molta don iniúchadh seachtrach lena chinntiú go raibh gach eochair-riosca aitheanta ag KPMG agus go raibh nósanna imeachta iniúchta láidre forbartha acu<br>■ Athbhreithniú ar an tuairisc ó KPMG faoina iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus a gcuid freagraí ar na saincheisteanna cuntasóireachta, rialála airgeadais agus iniúchta eile de réir mar a tháinig siad chun cinn<br>■ Forfheidhmiú an bheartais i leith cheapadh an iniúchóra sheachtraigh chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar<br>■ Cruinniú leis an iniúchóir seachtrach gan an lucht bainistíochta sinsearach a bheith i láthair, a thug an deis do KPMG aon chás a thabhairt le fios go rúnda<br>■ Measúnú freagraí ar an tairiscint a rinneadh faoi choinne cheapacháin an iniúchóra sheachtraigh<br>■ Moladh don Bhord go gceapfaí PwC mar iniúchóir seachtrach ESB |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Faigheann An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca na ráitis airgeadais idirbhliana agus deireadh na bliana ón lucht bainistíocht lena mbreithniú, agus stiúrann sé an saothar a dhéanann an fhoireann iniúchóireachta inmheánaí agus faigheann sé tuarsacálacha uathu freisin, agus pléann siad straitéis agus fócas iniúchta an iniúchóra sheachtraigh.

Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí sin á cur san áireamh, chinn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca na heochair-rioscaí maidir le miráiteas a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Luach tugtha anonn na sócmhainní
- Oibleagáidí pinsin
- Díorthacha agus socruithe fálaithe
- Dliteanais theagmhasacha dhlíthiúla agus nochtadh dlíthiúil

Pléadh na saincheisteanna sin leis an lucht bainistíochta i rith na bliana, leis an iniúchóir tráth a ndearna An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus comhaontú ar phlean iniúchta an iniúchóra don Ghrúpa, nuair a rinne an t-iniúchóir athbhreithniú ar na ráitis airgeadais eatramhacha leathbhliantúla i Meán Fómhair 2016 agus freisin nuair a cuireadh an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích.

**CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH** | **CONAS A RINNE AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA SAINCHEISTEANNA A PHLÉ**

### LUACH TUGTHA ANONN NA SÓCMHAINNÍ

#### Punann Giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe

Tugadh faoi athbhreithnithe bearnúcháin ar phunanna giniúna na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe lena chinntiú go dtiocfaidh na luachanna tugtha anonn le réamhaisnéisí ar shreabhadh airgid lascainithe na todhchaí.

#### Sócmhainní Líonra Tarchuir agus Dáileacháin

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, ní raibh aon táscairí maidir le bearnúchán luach tugtha anonn bonn rialaithe shócmhainní ESB Networks (€7.5 billiún) agus le Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (€1.6 billiún), agus is é an luach sócmhainní seo a chinntíonn an t-ioncam rialaithe a thuillfear sa todhchaí.

#### Cáilmheas NIE Networks

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, aithníodh go raibh cáilmheas de €177 milliún sa ghnóthas NIE Network. Tugadh faoi thástáil bhliantúil bearnúcháin ar cháilmheas i gcomhréir le IAS 36 agus ní raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil. Breithiúnais shuntasacha atá sa ráta fáis agus sa ráta iomchuí lascainithe a úsáideadh leis an tástáil sin a chur i gcrích, agus tugtar míniú níos iomláine orthu inóta 12 leis na ráitis airgeadais.

*Conas a rinne an Coiste saincheisteanna a phlé:*

Aithníonn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil réimse cinntí breithiúnais taobh thiar de na hathbhreithnithe maidir le luach anonn sócmhainní, atá ag brath go mór ar na boinn tuisceana a úsáidtear chun an luach a mheas maidir le húsáid na sócmhainní faoi thástáil.

Chun cabhrú leo an cinneadh a dhéanamh ó thaobh an mhuirir bhearnaithe de, rinne siad an méid seo a leanas:

- Breithniú ar pháipéir mhionsonraithe lenar áiríodh tuairiscí ar na modheolaíochtaí agus na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm agus luachanna inghnóthaithe á ndíorthú, a chuimsigh na rátaí lascaine a úsáideadh.
- Na boinn tuisceana agus na réamh-mheastacháin a chuirtear i láthair sna doiciméid a cheistiú
- Breithniú ar an bhfoirm mhionsonraithe tuairiscithe agus ar na torthaí a fuair an t-iniúchóir seachtrach

Tar éis don athbhreithniu thuas a bheith curtha i gcrích, tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta leis an gcur chuige atá bunaithe ar athbhreithniú bearnúcháin agus ar phríomhbhoinn tuisceana, agus ní theastaíonn aon bhearnúcháin ábhartha.

### OIBLEAGÁIDÍ PINSIN
### SCÉIM PINSIN LE SOCHAR SAINITHE AN ESB (AN SCÉIM)

I gcomhréir le Sochair Fostaithe IAS 19, léiríonn ESB a gcuid oibleagáidí tiomnaithe reatha ar an gclár comhardaithe, mar a leagtar amach i Nóta 21 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá an nós sin bunaithe ar na príomhfhachtóirí seo a leanas, nár tháinig aon athrú orthu sa bhliain dar críoch 31 2016.

- Tá an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsean mar Scéim Sochair Shainithe. Leagtar síos sna rialacháin a rialaíonn an Scéim na sochair atá le cur ar fáil, agus sonraítear na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin.
- Ní gnáthscéim Sochair Shainithe den chineál "iarmhéid na gcostas" í an Scéim (mar a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas fuílleach na ranníocaíochtaí a íoc chun na sochair a mhaoiniú). Níl sé ar intinn ag an gcuideachta aon ranníocaíochtaí breise a dhéanamh seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha, chomh maith le hiarmhéid ranníocaíochta breise na cuideachta ar fiú €591 mhilliún í (geallta faoin gComhaontú Pinsean 2010 agus innéacsaithe ag 6.25%).
- Dá dtiocfadh easnamh aníos amach anseo, tá sé ina cheangal ar an gcuideachta faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl aon dualgas ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a chinntiú dá mbeadh easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB agus gan faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

*Conas a rinne an Coiste saincheisteanna a phlé:*

Ní mór breithiúnas a chleachtadh sa chuntasaíocht a bhaineann leis na hoibleagáidí a léirítear sna ráitis airgeadais. Tá an Bord fós sásta gurb í an tsocraíocht chuí cuntasaíochta, arna cinneadh de réir IAS 19 Sochair Fhostaithe, lena chuid oibleagáidí reatha geallta a léiriú, mar a leagtar amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

**CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH** | **CONAS A RINNE AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA SAINCHEISTEANNA A PHLÉ**

### DÍORTHACHA AGUS SOCRUITHE FÁLAITHE

Aithníonn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca castacht na cuntasaíochta díorthach agus socruithe um fhálú, agus go bhfuil breithiúnas nach beag ag teastáil chun na socruithe cuí cuntasaíochta a chinneadh. Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an neamhchosaint atá ann dó ó rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis agus praghas tráchtearraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. I measc na bpríomhdhíorthach a úsáidtear tá babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le breosla a cheannach agus le leictreachas a dhíol. Maidir le conarthaí díorthacha nach sanntar mar chonarthaí 'úsáide féin' iad déantar cuntasaíocht orthu go príomha mar fháluithe 'sreabhadh airgid', fad is a bhfuil siad ag teacht le critéir cuntasaíochta fálaithe sreafa airgid faoi IAS 39 a mbíonn tionchar acu ar chothromas den chuid is mó seachas ar thuilleamh tuairiscithe an Ghrúpa.

*Conas a rinne an Coiste saincheisteanna a phlé:*

Chun cabhrú leis an gcinneadh maidir lena ciallmhaire is atá na socruithe cuntasaíochta, rinne siad an obair seo a leanas:

- Leas a bhaint as próiseas fíoraithe tríú páirtí chun díorthaigh áirithe a luacháil
- Torthaí obair an iniúchóra sheachtraigh i dtaca le díorthaigh a thabhairt san áireamh
- Múnlaí luachála a phlé leis an lucht bainistíochta
- Breithniú a dhéanamh ar bheartais fálaithe, rioscaí, a bheith fálaithe agus cuntasaíocht i gcás a leithéid d'fhálaithe

Áirítear leis an méid thuas na babhtálacha ráta úis atá nasctha le hInnéacs Praghsanna Miondíola (RPI) Thuaisceart Éireann. Fuair ESB na babhtálacha RPI mar chuid d'éadáil NIE Networks in 2010. Is é cuspóir na mbabhtálacha seo ná riosca ESB a bhainistiú agus a neamhchosaint a laghdú i dtaca le gluaiseachtaí ó thaobh boilscithe agus rátaí úis. Níl na babhtálacha RPI i dteideal cuntasaíocht fálaithe (mar níor chomhlíon siad na critéir riachtanacha chuige seo faoi IAS 39 nuair a fuair ESB iad) agus mar sin, déantar na gluaiseachtaí maidir le cóirluach sna babhtálacha a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim.

*Conas a rinne an Coiste saincheisteanna a phlé:*

Aithníonn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca an choimpléascacht bhunúsach a bhaineann le cuntasaíocht i gcás Babhtálacha RPI.

Chun cabhrú lena gcinneadh maidir le chiallmhaire na socruithe cuntasaíochta, rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca an obair seo a leanas:

- Athbhreithniú agus plé leis an lucht bainistíochta ar dhoiciméad ina leagadh amach príomhghnéithe na mbabhtálacha RPI
- Torthaí obair an iniúchóra sheachtraigh i dtaca le babhtálacha RPI a thabhairt san áireamh

Ar bhunús an tsaothair sin, tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur glacadh cur chuige cuntasaíochta cuí i leith na díorthacha agus na socruithe fálaithe.

### DLITEANAIS THEAGMHASACHA DHLÍTHIÚLA AGUS NOCHTADH DLÍTHIÚIL

De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thionscain Aviva, a bhí ina árachóir ar UCC, caingean dlí i gcoinne ESB san Ard-Chúirt inar lorg sé €19 milliún as damáiste a rinneadh do mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015 thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas uaidh sa chás agus chinn sé go raibh an ESB faoi dhliteanas 60% as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.

Ar bhunús na comhairle dlí a fuarthas, rinne ESB achomharc in aghaidh an chinnidh os comhair na Cúirte Achomhairc, agus tá an éisteacht achomhairc pleanáilte le haghaidh Deireadh Fómhair 2017. Go dtí go n-éistfear an t-achomharc, ní bheidh aon éisteacht maidir le 'quantum' (.i. méid iarbhír na ndamáistí is iníoctha i ndáil le caillteanais de chuid UCC) agus chuir an Ard-Chúirt bac ar a ordú maidir le costais.

Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an breithiúnas sa chás UCC, tá 354 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna a éilítear i ndáil leis na himeachtaí seo agus dá bhrí sí ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (dá gcinnfeadh an Chúirt Achomhairc in aghaidh an ESB) faoi láthair. Ach níl ESB den tuairim go sáródh méid iomlán na ndamáistí a bhronnfaí, dá mba ann ar chor ar bith dóibh, agus na costais ghaolmhara do gach caingean, an cás Aviva / UCC san áireamh, an cumhdach árachais is infheidhme aige.

Creideann an ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dochúlacht go n-éireoidh leis an achomharc agus dá réir sin, ní dhearnadh soláthar ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais.

*Conas a rinne an Coiste saincheisteanna a phlé:*

Aithníonn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca nach mór leas a bhaint as breithiúnas maidir le nochtadh agus soláthar i dtaca le héilimh dlí.

Mar bhunús leis an gcinneadh maidir leis an éileamh a rangú mar dhliteanas teagmhasach, rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca an obair seo a leanas:

- An chomhairle dlí inmheánach agus sheachtrach i dtaca leis an gcás a bhreithniú
- Tuairimí an lucht bainistíochta a cheistiú nuair is gá

Ar bhonn na hoibre sin, tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur iomchuí é gan soláthar a dhéanamh i dtaca leis an gcás.

An cur síos thuas ar na ceisteanna suntasacha a tugadh san áireamh, ba chóir é a léamh i gcomhar le Tuairisc an Iniúchóra Sheachtraigh ar leathanaigh 90 go 92 agus leis an ráiteas maidir le beartais cuntasaíochta a nochtar i nóta 1 de na ráitis airgeadais ar leathanach 101.

## CÓIR, COTHROM AGUS INTUISCEANA

Ar iarratas an Bhoird, rinne An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar cé acu, ina thuairimsean, an bhfuil nó nach bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe, ar an iomlán, agus an dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí ionas gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Déantar breithniú ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear an fhaisnéis i láthair sna ráitis airgeadais ar bhealach soiléir achomair, a sheachnaíonn béarlagair, agus atá sothuigthe don léitheoir.

Cuireadh páipéar ar leith faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun cabhrú leis, an measúnú cóir, cothrom agus intuigthe seo a cheistiú agus a thriail.

Agus iad ag teacht ar thátal, bhreithnigh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca na nithe seo a leanas:

- Go luath sa phróiseas, fuair gach comhalta Boird cóip den tuarascáil bhliantúil agus de na ráitis airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh orthu lena chinntiú go raibh príomhphointí na tuarascála bliantúla ag teacht le seasamh, feidhmíocht agus straitéis an Ghrúpa agus go raibh na codanna téacs sa tuarascáil bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais
- Go raibh próiseas daingean curtha ar bun ag an lucht bainistíochta chun an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, lena n-áiríodh luathphleanáil, i bhfianaise athruithe rialála agus dea-chleachtas
- Go soláthraítear naisc shoiléire leis na spriocanna straitéiseacha sa tuarascáil tríd síos,
- Go raibh na Príomhtháscairí Feidhmíochta a úsáideadh agus ar tuairiscíodh orthu sa tuarascáil bhliantúil ag teacht leis na cinn a thug an lucht bainistíochta don Bhord i gcaitheamh na bliana
- Athbhreithniú ar na sonraí agus an fhaisnéis a chuimsigh an t-iniúchóir inmheánach agus an t-iniúchóir seachtrach sa tuarascáil bhliantúil
- Go ndearnadh tagairt leordhóthanach do gach teagmhas agus saincheist thábhachtach, idir dhearfach agus dhiúltach, a tuairiscíodh chuig an mBord le linn na bliana

Tar éis dó a athbhreithniú a dhéanamh, tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca den tuairim go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana, ar an iomlán, agus go dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí chun feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

## ÉIFEACHTACHT AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Déantar feidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a mheas mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird. 2Tá mionsonraí faoin bpróiseas measúnaithe leagtha amach ar leathanach 72. Ar bhunús an mheasúnaithe a rinne an Coiste in 2016 ar a fheidhmíocht agus a imeachtaí féin, d'fheabhsaigh an Coiste cuid mhór rudaí i gcaitheamh na bliana, lena n-áiríodh formáid na bpáipéar Coiste, an chuid is mó de na cruinnithe Coiste a fhágáil ag comhaltaí Coiste amháin, sainaithint na bpríomhghnéithe sonracha le breithniú ag an gCoiste, cuairteanna suímh do na comhaltaí Coiste chuig láithreacha ESB, agus níos mó rannpháirtíochta ag an iniúchóir seachtrach i gcruinnithe Coiste.

## INIÚCHADH SEACHTRACH

### Caighdeán na hIniúchóireachta

Chun cloí le hardchaighdeáin i leith ha h-iniúchóireachta agus lena chinntiú go bhfuil na hardchaighdeáin chéanna ag baint le tuairisciú airgeadais, déanann An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus ceistiú ar an bplean iniúchta sheachtraigh atá molta, lena n-áirítear a raon agus a ábharthacht, chun a chinntiú go bhfuil an t-iniúchóir seachtrach tar éis na príomhrioscaí iniúchta a aithint agus tar éis cur chuige daingean a fhorbairt.

Breithníonn An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca freagairt an iniúchóra sheachtraigh ar cheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus iniúchta de réir mar a thagann siad aníos, agus buaileann an Coiste leis ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair, rud a thugann deis don iniúchóir seachtrach aon cheisteanna a ardú faoi rún. Bhí cruinniú príobháideach ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le KPMG i bhFeabhra 2016.

### Plé leis an iniúchóir seachtrach

Fuair An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir le torthaí na h-iniúchóireachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na réimsí breithiúnais a shonraítear ar leathanaigh 78 go 79.

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir i láthair agus na tuarascálacha ón lucht bainistíochta agus ón iniúchadh inmheánach, agus tuairimí an iniúchóra sheachtraigh san áireamh, tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil aghaidh tugtha go cuí sna ráitis airgeadais ar na breithiúnais chriticiúla agus ar na príomh-mheastacháin sna ráitis airgeadais. Tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta freisin gur scrúdaíodh go hiomchuí na boinn tuisceana suntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a chinneadh agus go bhfuil siad sách daingean.

### Neamhspleáchas

Déanann An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca measúnú ar neamhspleáchas an iniúchóra ar bhonn leanúnach. Is é An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithníonn athcheapachán an iniúchóra sheachtraigh gach cúig bliana, agus bíonn an próiseas sin faoi réir tairisceana poiblí. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas tairisceana leagtha amach ar leathanach 81.

Tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil an t-iniúchóir atá ann anois, KPMG, neamhspleách agus oibiachtúil.

### Éifeachtacht an Iniúchóra

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain, agus aiseolas ó cheistiúchán a dhéanann An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca maidir le measúnú an iniúchóra sheachtraigh á chur san áireamh. Tá an mheastóireacht dírithe ar réimsí ar nós stóinseacht an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáide agus rialachais. Ar an iomlán, léirigh torthaí 2015 leibhéal leanúnach sástachta le KPMG agus lena sheirbhísí don ESB.

### Seirbhísí Neamh-Iniúchóireachta

Tá polasaí ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le seirbhísí neamh-iniúchóireachta a fháil ón iniúchóir seachtrach. Níor cheart na táillí a íoctar as seirbhísí neamh-iniúchóireachta in aon bhliain airgeadais amháin a bheith níos airde ná na táillí iniúchóireachta don bhliain sin. Leagtar amach i nóta 9 leis na ráitis airgeadais achoimre ar na táillí iniúchóireachta agus neamh-iniúchóireachta a íoctar leis an iniúchóir seachtrach. Tá An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca sásta go raibh eolas an iniúchóra sheachtraigh ar an nGrúpa ina phríomhúdar gur roghnaíodh é chun na seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar, agus tá an Coiste sásta freisin nach raibh na táillí a íocadh ag teacht salach ar a neamhspleáchas nó a ionracas

### Cruinnithe

Bíonn rochtain iomlán neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca toradh a chruinnithe chuig an mBord. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais úr agus ábhartha ag comhalta amháin den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a laghad ó thús deireadh na bliana. Is gnách leis na páirtithe seo a leanas freastal ar chruinnithe nó ar chuid de chruinnithe: Cathaoirleach an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus / nó an Leas-phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmeannach Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, Bainisteoir Riosca an Ghrúpa agus ionadaithe de chuid an iniúchóra sheachtraigh. Eagraítear seisiúin i gcomhair comhaltaí Coiste amháin ag tús / deireadh na gcruinnithe, arna gcinneadh ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

### Próiseas Tairisceana le haghaidh Iniúchóirí agus Ceapachán Iniúchóirí

Is é An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann an caidreamh leis an iniúchóir seachtrach a mhaoirsiú, agus áirítear leis sin an próiseas roghnaithe a bhaineann leis an tairiscint iniúchóireachta, agus cinntíonn an Coiste freisin go bhfuil an rochtain chuí ag na gnólachtaí tairisceana ar eolas agus ar dhaoine le linn an phróisis thairisceana.

Mar a luadh an bhliain seo caite, tá athbhreithniú géar leanúnach á dhéanamh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar thréimhsí iniúchta ag leibhéal an AE. Agus na forbairtí is cleachtas margaidh seo i dtaca le rothlú iniúchóirí á dtabhairt san áireamh, rinneadh cinneadh, faomhadh ón Aire a lorg chun iniúchóir seachtrach nua a cheapadh mar thoradh ar phróiseas tairisceana. Níor ghlac KPMG, na hiniúchóirí atá ann faoi láthair, páirt sa phróiseas seo.

Cuireadh an próiseas tairisceana i bhfeidhm de réir nósanna imeachta an AE, an Rialtais agus Sholáthar an ESB. I bhFeabhra 2016, eisíodh fógra de chuid Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (OJEC) ina ndearnadh glao ar léiriú spéise. Ar bhunús na ngnólachtaí a léirigh spéis mar fhreagairt ar an bhfógra OJEC, d'athbhreithnigh agus d'fhaomh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca na gnólachtaí ar an ngearrliosta a léirigh spéis sa phróiseas tairisceana. D'fhaomh An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca an doiciméad iarraidh ar thairiscint (RFT) agus cuireadh é seo ar fáil do na gnólachtaí ar an ngearrliosta.

Tar éis dó measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na freagraí ar an tairiscint, mhol An Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord go gceapfaí PwC ina iniúchóir seachtrach. Chinn an Bord go molfadh sé Ceapachán PwC don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (agus cead faighte chuige seo ón Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). I mí Dheireadh Fómhair 2016, dhearbhaigh an tAire Ceapachán PwC mar iniúchóir seachtrach ar feadh tréimhse suas le trí bliana (is é sin, blianta airgeadais 2017, 2018 agus 2019), lena n-áiríodh rogha an tréimhse seo a shíneadh ar feadh dhá bhliain eile.

Ar son an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Noreen O'Kelly,
Cathaoirleach, Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
22 Feabhra 2017

# COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD SA BHLIAIN 2016



**TONY MERRIMAN**
**An Cathaoirleach**
**An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta**

**Ról**

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Shláinte, Shábháilteachta agus Chomhshaoil ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear leis na freagrachtaí seo:

- An straitéis um shláinte, shábháilteacht agus an comhshaol a fhorbairt agus í a aistriú ina beartais agus ina cláir
- Eolas a aimsiú ar na príomhthreochtaí a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol in Éirinn, san Eoraip agus in áiteanna eile, áit ar cuí.
- Tuairiscí a fháil ar theagmhais agus ceisteanna i dtaca le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ESB
- Dul chun cinn a mhonatóirú le hais an straitéis agus na spriocanna / KPInna a comhaontaíodh maidir le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol

## AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

### Cruinnithe Choiste

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2016. Tugtar cuireadh do dhaoine agus do chomhairleoirí seachtracha eile freastal ar aon chruinniú nó ar chuid de, áit ar cuí. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | | Sealbhaíocht | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|---|
| Tony Merriman, Cathaoirleach | Oibrí is Comhalta den Bhord | 9 mbliain agus 11 mí | 3 |
| Séamus Mallon (go Bealtaine 2016) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 10 bliana | 1 |
| Pat O'Doherty | An Príomhfheidhmeannach | 5 bhliain agus 1 mhí | 4 |
| Peter O'Sullivan | Oibrí is Comhalta den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 4 |
| Anne Butler | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 4 |

| PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE SHLÁINTE, SHÁBHÁILTEACHTA AGUS CHOMHSHAOIL IN 2016 | |
|---|---|
| Uasdátú ar Fheidhmíocht | Uasdátú ar na príomhrioscaí i dtaca le sábháilteacht, lena n-áirítear am oibre a chailltear mar thoradh ar ghortuithe, eachtraí a bhféadfadh damáiste a bheith mar thoradh orthu i gcúinsí difriúla, neasteagmhais agus breitheanna maithe |
| Pleananna Feabhsaithe Sábháilteachta | Maoirseacht agus rialachas i dtaca leis na Pleananna Feabhsaithe Sábháilteachta bliantúla i ngach aonad gnó, lena n-áirítear an Tuairisc bhliantúil ar Shábháilteacht Damba<br>Uasdátú ar dhul chun cinn maidir le hionad oibre atá saor ó theagmhais agus gortuithe |
| Sláinte agus Folláine | Maoirseacht agus rialachas i dtaca le cláir Sláinte agus Folláine i ngach aonad gnó |
| An Comhshaol | Maoirseacht agus rialachas i dtaca le bainistíocht comhshaoil sna haonaid ghnó ESB Networks agus Generation and Wholesale Markets |

Féach leathanach 57 chun tuilleadh eolais a fháil faoi Shláinte, Shábháilteacht agus an Comhshaol in 2016 mar a leagadh síos é sa chuid Freagracht Shóisialta Chorparáideach.



**ELLVENA GRAHAM**
**An Cathaoirleach**
**An Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta**

**Ról**

Tá freagrachtaí an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear leo seo:

- Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar chomharbas agus forbairt an luchta bhainistíochta sinsearaí
- Comhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir leis na spriocanna sonracha atá aige i leith feidhmíocht bhliantúil
- Na pacáistí luach saothair a shocrú do bhainisteoirí sinsearacha an Bhoird mar thoradh ar mholtaí agus / nó próiseas comhairliúcháin leis an bPríomhfheidhmeannach
- Tuairiscí a fháil agus rannpháirtíocht fostaithe a mhonatóirú

## AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA

### Cruinnithe Choiste

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2016. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | | Sealbhaíocht | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|---|
| Ellvena Graham | An Cathaoirleach | 5 bliana | 4 |
| Noreen Wright | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 5 bliana | 4 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 4 |

| PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA AN CHOISTE DON LUACH SAOTHAIR AGUS FORBARTHA BAINISTÍOCHTA IN 2016 | |
|---|---|
| Spriocanna an Phríomhfheidhmeannaigh | Feidhmíocht athbhreithnithe os coinne spriocanna 2015<br>Spriocanna 2016 a shocrú |
| Pleanáil Comharbais | Athbhreithniú ar Phleanáil Comharbais agus inniúlachtaí ceannaireachta |
| Ceapachán Nua | Moladh Ceapachán Stiúrthóir Feidhmeannach Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa |

Féach leathanach 75 chun tuilleadh eolais a fháil faoi luach saothair na gcomhaltaí Boird.







**ELLVENA GRAHAM**
**An Cathaoirleach**
**An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta**

**Ról**

Tá freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear leo seo:

- Buiséid chaipitil bhliantúla a athbhreithniú roimh iad a chur faoi bhráid an Bhoird
- Iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna beartais i dtaca leis na riachtanais airgeadais an Ghrúpa, lena n-áirítear cúrsaí rátála chreidmheasa, iasachtaíochta, ionstraimí airgeadais agus bainistíochta fiacha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trádála fuinnimh an Ghrúpa
- Iniúchadh maidir le hinfheistíocht agus caiteachas caipitiúil a dhéanamh ar thograí móra gnó

## AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

### Cruinnithe Choiste

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste le linn 2016. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| Comhaltaí | | Sealbhaíocht | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|---|
| Ellvena Graham | An Cathaoirleach | 3 bliana agus 9 mí | 8 |
| Dave Byrne | Oibrí is Comhalta den Bhord | 3 bliana agus 9 mí | 8 |
| Pat O'Doherty | An Príomhfheidhmeannach | 3 bliana agus 9 mí | 8 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 7 |
| Seán Kelly | Oibrí is Comhalta den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 6 |
| Noreen O'Kelly | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain agus trí mhí | 8 |

| PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA IN 2016 | |
|---|---|
| Tuairisciú Feidhmíochta Airgeadais | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>Buiséad bliantúil agus an plean gnó cúig bliana<br>Tuairiscí ráithiúla ar chaiteachas caipitiúil<br>Tuairisc ráithiúil ar iasachtaí, babhtálacha agus bannaí |
| Tograí Infheistíochta | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>Cistiú margaí caipitiúla don eisiúint bannaí €600 milliún i Meitheamh 2016<br>Infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh<br>Athbhreithniú ar fhíorú cásanna gnó a bhaineann le hinfheistíochtaí sócmhainní giniúna<br>An clár Méadrachta Cliste<br>Clár ollchóirithe agus infheistíochta sócmhainní giniúna<br>Costas caipitil agus athbhreithniú ar íosrátaí toraidh gnó |
| Uasdátú ar Fheidhmíocht | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>Uasdátú ar mhargadh soláthair na Breataine Móire<br>Feidhmíocht an Chiste Novusmodus<br>Seasamh riosca trádála ESB<br>Giniúint ó hidreachumhacht<br>Cur i gcrích agus athbhreithniú Straitéis Trádála ESB<br>Rannpháirtíocht i gceant acmhainne na Breataine Móire |
| Uasdátú ar Mhargaí | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>Impleachtaí Breatimeachta don ESB<br>Uasdátú ar mhargaí i gcás Electric Ireland<br>Beartas Bainistíochta Riosca na Malairte Eachtraí |

I gcás gach Coiste Boird, athbhreithníonn agus faomhann an Bord a Théarmaí Tagartha ar bhonn bliantúil.

# TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Cuireann na comhaltaí Boird a dtuarascáil mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta faoi bhráid ESB agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa iad giniúint, tarchur, dáileachán agus soláthar leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta freisin i ngníomhaíochtaí gaolmhara, sa Bhreatain Mhór agus tá baint aige le roinnt tionscadal comhairleach san Áise agus san Afraic.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tugtar tráchtaireacht maidir le cúrsaí feidhmíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear eolas ar na cúrsaí is déanaí agus ar fhorbairtí ionchasacha amach anseo. Tá feidhmíocht an ghnó agus a sheasamh airgeadais, i dteannta leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa, léirithe sna hathbhreithnithe ar gach príomhaonad gnó, san Athbhreithniú Airgeadais agus sa Tuairisc Riosca.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ DON BHLIAIN

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa brabús iarchánach don bhliain airgeadais 2016 ar fiú €186 milliún é i gcomparáid le brabús €286 milliún don bhliain 2015.

Comhaontaíodh beartas díbhinne leis an Rialtas in 2013 a dhéanann soláthar do dhíbhinní spriocdhírithe brabúis iarchánaigh de 38% in 2016 agus 40% in 2017 is ó shin i leith. Íocadh díbhinn eatramhach dar luach €56 milliún (2.82 cent in aghaidh an aonaid stoic) i Meán Fómhair i ndáil le 2016.

Molann an Bord anois go n-íocfaí díbhinn deiridh do 2016 de 3.04 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó €60 milliún san iomlán. Mar thoradh air seo, b'ionann na díbhinní ar fad a íocadh le deich mbliana anuas agus beagnach €1.5 billiún.

## SCAIRCHAIPITEAL

Rinneadh togra um leachtacht margaidh Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP) a fhormheas ag cruinniú an Bhoird i mBealtaine 2015. Is é is cuspóir an togra ná leachtacht a fheabhsú sa mhargadh ESOP, áit a bhfuil ESOP Trustee tiomanta, €25 milliún a chaitheamh chun stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh an ESB cómhaoiniú ar fáil i ndáil leis an gcaiteachas atá tiomanta ag ESOP Trustee le linn na tréimhse 2014-2018. Ní thosóidh an ESB ar an stoc caipitil a ghlacadh go dtí 2017. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nótaí 17 agus 30.

Leagtar mionsonraí amach maidir le scairchaipiteal an Ghrúpa i nóta 17 leis na ráitis airgeadais.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD

Tá sonraí beathaisnéise na gcomhaltaí Boird ar fáil ar leathanaigh 66 go 67.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tá feidhmíocht, múnla gnó, straitéis, príomhrioscaí agus éiginnteachtaí an Ghrúpa, mar aon le conas a dhéantar na nithe seo a bhainistiú, leagtha amach sa tuarascáil maidir le straitéis agus feidhmíocht ar leathanaigh 1 go 63.

Tá cur síos ar staid airgeadais an Ghrúpa, a shreabhanna airgid, a staid leachtachta agus a chuid saoráidí iasachtaíochta ar fáil san athbhreithniú airgeadais ar leathanaigh 38 go 43. Áirítear le Nóta 26 sna ráitis airgeadais forbhreathnú ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa, mar aon lena neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa agus leachtachta.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag ESB le leanúint ar aghaidh i mbun na hoibre don chéad bhliain airgeadais eile agus don am atá le teacht. Dá réir sin, tá an Bord fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa.

## RÁITEAS INMHARTHANACHTA

De réir Chód na Ríochta Aontaithe, tá na comhaltaí Boird tar éis ionchais an Ghrúpa a mheasúnú thar thréimhse níos faide ná mar a theastaíonn nuair a ghlactar leis an mbonn gnóthais leantaigh sa chuntasaíocht. Rinneadh measúnú an Ghrúpa thar thréimhse cúig bliana, agus tá seo ag teacht leis an tréimhse ama atá i gceist i dtaca le próiseas pleanála gnó an Ghrúpa. Tá an measúnú bunaithe ar sheasamh reatha agus ionchais ESB a bhreithniú, neart airgeadais a choimeád, dul chun cinn os coinne Straitéis ESB Group, fonn riosca, príomhrioscaí agus an chaoi ina ndéantar iad sin a bhainistiú.

Tá an Bord den tuairim gurb é an measúnú cúig bliana is oiriúnaí, mar tá sin ag teacht leis an bpróiseas pleanála gnó a dhéantar gach bliain agus a dtacaíonn seisiúin eolais don Bhord ó na haonaid ghnó leis, mar aon le Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) chun dul chun cinn a thomhas. Sna réamh-mheastacháin sa phlean gnó, tugtar sreafaí airgid, cistiú tiomanta agus staid leachtachta an Ghrúpa san áireamh, agus déantar iniúchadh iontu ar na riachtanais chistithe agus cúnaint bhaincéireachta a bheidh ann amach anseo Cuirtear na méadraigh sa phlean gnó faoi anailís íogaireachta, is é sin na boinn tuisceana taobh thiar den phlean a choigeartú chun méadrachtaí áirithe airgeadais ar nós Cistí Saor ó Oibriúcháin (FFO) go fiachas agus EBITDA a mheas. Nuair is cuí, déantar an anailís sin chun an tionchar a bheadh ag príomhrioscaí an Ghrúpa dá dtiocfadh siad chun cinn a sheachaint.

Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann le clár comhardaithe láidir ESB. Tá tábhacht straitéiseach le hoibriúcháin chistiúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le leachtacht dhóthanach a choimeád. Cuid de straitéis bhainistiú fiachais an Ghrúpa is ea é próifíl punainne fiachais a bhaint amach a bhfuil meascán de chontrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochta ann. Cuireann áis creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa de €1.44 billiún leibhéal an-substaintiúil leachtachta fuireachais ar fáil don ESB go ceann cúig bliana. Léiríonn staid cistiúcháin ESB a neart bunúsach airgeadais agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad faighte ó gach ceann de na trí mhórghníomhaireacht. Tá tuilleadh eolais faoi aibíocht fiachais leagtha amach ar leathanach 43.

Tá measúnú daingean déanta ag an mBord ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa. Tá tuilleadh eolais ar na rioscaí seo agus ar an mbealach a bhfuil siad á maolú le fáil ar leathanaigh 20 go 23.

Ar bhonn thorthaí na hanailíse thuas, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhféadfaidh an Grúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus a dhliteanais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite thar an tréimhse cúig bliana dá mheasúnú.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Measann Comhaltaí an Bhoird gur fhostaigh siad pearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas iomchuí acu agus gur chuir siad na hacmhainní leordhóthanacha ar fáil don fheidhmeannas airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil dualgas an ESB á chomhlíonadh maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád. Tá leabhair chuntais ESB coimeádta ag Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3.

## TUARASCÁIL FAOI ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar ESB tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i dtaca le nochtadh faoi chosaint a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. De réir an éilimh seo, dearbhaíonn ESB nach raibh aon nochtadh faoi chosaint ann le linn na bliana iomláine dar críoch 31 Nollaig 2016.

## AN TACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL 2015

I gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha síos san Acht um Brústocaireacht a Rialú, tá ESB cláraithe leis an gClár Brústocaireachta ar www.lobbying.ie agus tá an tuairisceán cuí déanta aige don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016.

## AN TACHT UM SCLÁBHAÍOCHT NA LINNE SEO

Tá sclábhaíocht na linne seo ina cion coiriúil faoi Acht um Sclábhaíocht na Linne Seo na Ríochta Aontaithe 2015. Déanann an tAcht oibleagáidí a fhorchur ar eagraíochtaí de mhéid áirithe atá i mbun gnó sa Ríocht Aontaithe. Tá cineálacha éagsúla sclábhaíocht na linne seo ann, lena n-áirítear daoirse, saothar éignithe agus gáinneáil ar dhaoine, agus tá na cineálacha sin cosúil lena chéile sa mhéid is go dtarlaíonn siad nuair a bhaineann daoine a shaoirse de dhuine ionas gur féidir leo dúshaothrú a dhéanamh ar an duine sin ar mhaithe leo féin go pearsanta nó ar mhaithe lena ngíomhaíochtaí tráchtála. Is Máthairchuideachta í ESB ar roinnt mhaith fochuideachtaí a bhfuil oibríochtaí suntasacha ar siúl acu sa Ríocht Aontaithe, agus ar an ábhar sin, tá ESB tar éis Beartas a chur i bhfeidhm i dtaca le Sclábhaíocht na Linne Seo, a bhfuil d'aidhm aige a chinntiú nach dtiocfaidh fadhbanna i leith sclábhaíocht na linne seo chun cinn ina ghnóthais nó ina shlabhraí soláthair.

## INBHUANAITHEACHT

Tá coincheapa maidir le hInbhuanaitheacht agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) daingnithe in oibriúcháin agus gníomhaíochtaí uile ESB. Tá eolas ar fáil faoi chur chuige an Ghrúpa maidir le hInbhuanaitheacht agus CSR le fáil ar leathanaigh 55 go 63 agus is féidir teacht ar chur síos níos doimhne orthu sin sa tuarascáil bhliantúil ar inbhuanaitheacht, a ndéantar deimhniú neamhspleách uirthi agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa.

## AN TACHT TOGHCHÁIN, 1997

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.

## FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE PRÍOMHA

Tá sonraí maidir leis an bpríomh-fhochuideachta, comhfhiontar agus na cuideachtaí comhlachaithe gaolmhara ar fáil i nóta 33 leis na ráitis airgeadais.

## IMEACHTAÍ Ó DHÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar an 31 Eanáir 2017, d'éirigh leis an ESB Eurobond €500 milliún atá le teacht in aibíocht i bhFeabhra 2029 a chruinniú ar ráta seasta 1.750%.

## RIALÚ ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh a chinntiú, i dtaca le gach gné ábhartha, le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002). Tá an Bord sásta go bhfuil riachtanais na Rialachán seo comhlíonta ag ESB.

## IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Tá na hidirbhearta ábhartha leagtha amach i nóta 28 leis na ráitis airgeadais.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tá baint ag gnóthais an ESB le tionscadail agus cláir nuálacha i dtaca le hearnáil an fhuinnimh a fhorbairt. Tá tagairtí do mhórchuid na dtionscadal agus clár seo sa chuid faoi Straitéis agus Feidhmíocht ar leathanaigh 1 go 63.

## RÁITEAS FAOI ALT 330 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Cuireann rialacháin ESB ceangal ar ESB cloí leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le haonán d'Acht na gCuideachtaí maidir le hiniúchadh agus / nó iniúchóirí. Éilíonn seo go ndéanfadh na stiúrthóirí ráiteas sa chaoi a theastaíonn sin de réir Alt 330 den Acht 2014. Ag comhlíonadh an riachtanais seo, dearbhaíonn an Bord go gcuireann sé na caighdeáin in Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm, agus maidir leis seo, dearbhaíonn gach comhalta Boird:

- chomh fada agus is eol don stiúrthóir, níl aon fhaisnéis ábhartha ann maidir le hiniúchtaí nach bhfuil iniúchóirí reachtúla ESB ar an eolas fúthu.
- tá gach a bhfuil riachtanach déanta ag gach stiúrthóir chun é féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha maidir le hiniúchtaí agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóirí ESB ar an eolas faoin fhaisnéis sin (de réir a bhfuil leagtha síos in Alt 330).

## FAOMHADH THUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS 2016

Tar éis dó moladh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a thabhairt san áireamh, tá an Bord sásta go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe ar an iomlán.

Ellvena Graham, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

22 Feabhra 2017

**RÁITIS AIRGEADAIS**


**89** Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

**90** Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)

**93** Ráitis Airgeadais

**169** An tAcht um Íoc Pras


"Anseo in ESB, bímid i gcónaí ar thóir teicneolaíochtaí nua a chabhróidh lenár gcustaiméirí a bheith níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de. Tá córas fótavoltach agus stóráil gréine á shuiteáil ag Kingspan ESB, agus cuirfidh an córas sin réitigh fuinnimh in-athnuaite ar fáil dár gcustaiméirí gnó. Tacóidh seo le turas ESB chuig todhchaí ísealcharbóin. Tá borradh faoi oibriúcháin ESB faoi láthair agus táimid lánsásta a bheith páirteach iontu."

Cera Slevin agus Fergus Sharkey
Margaí Giniúna agus Mórdhíola



# CLÁR


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird | 89 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) | 90 |


**RÁITIS AIRGEADAIS**


| | |
|---|---|
| Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa | 93 |
| Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh an Ghrúpa | 94 |
| Clár Comhardaithe an Ghrúpa | 95 |
| Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta | 96 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le hAthruithe ar Chothromas | 97 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas | 98 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid | 99 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid | 100 |


**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**


| | |
|---|---|
| 1 Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta | 101 |
| 2 Tuairisciú ar Dheighleoga | 108 |
| 3 Faisnéis Gheografach | 110 |
| 4 Míreanna Eisceachtúla | 110 |
| 5 Ioncam Oibriúcháin Eile / (Speansais) | 111 |
| 6 Costais Oibriúcháin | 111 |
| 7 Glanchostas Airgeadais agus Muirir Mhaoinithe Eile | 112 |
| 8 Fostóirí | 113 |
| 9 Brabús don Bhliain Airgeadais | 114 |
| 10 Maoin, Gléasra agus Trealamh | 115 |
| 11 Sócmhainní Doláimhsithe | 117 |
| 12 Cáilmheas | 119 |
| 13 Infheistíochtaí Sócmhainní Airgeadais | 120 |
| 14 Fardail | 123 |
| 15 Infháltais Trádála agus Infháltais Eile | 123 |
| 16 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 125 |
| 17 Athruithe ar Chothroma | 126 |
| 18 Cánachas | 127 |
| 19 Iasachtaí agus Fiachas Eile | 131 |
| 20 Ionstraimí Airgeadais Díorthacha | 136 |
| 21 Dliteanais Pinsin | 139 |
| 22 Dliteanas – Scéim Pinsean an ESB agus Dliteanais a Bhaineann le Fostaithe | 143 |
| 23 Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile | 144 |
| 24 Ioncam Iarchurtha agus Deontais Rialtais | 145 |
| 25 Soláthairtí | 146 |
| 26 Bainistiú Riosca Airgeadais agus Luach Cóir | 148 |
| 27 Ceangaltais agus Teagmhais | 162 |
| 28 Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara | 163 |
| 29 Meastacháin agus Breithiúnais | 164 |
| 30 ESB ESOP Trustee Limited | 164 |
| 31 Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe | 164 |
| 32 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais | 164 |
| 33 Gnóthais Fochuideachta, Comhfhiontar agus Cuideachtaí Comhlachaithe | 165 |




# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, ina gcorpraítear ráitis airgeadais don ESB (Máthairchuideachta) agus don Ghrúpa ESB.

Faoi rialacháin rialaithe ESB, arna nglacadh de bhun na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú de réir mar a cheanglaítear ar chuideachtaí arna mbunú faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Ceanglaítear ar an ESB freisin a thuarascáil bhliantúil, ina gcuimsítear na ráitis airgeadais, a chur ar fáil don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir treoirlínte rialachais chorparáidigh, agus a chuid oibleagáidí faoi Alt 32 den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) a chomhlíonadh maidir le tuarascáil ar imeachtaí na bliana roimhe sin a chur chuig an Aire. Forálann Acht na gCuideachtaí 2014 gur chóir ráitis airgeadais Ghrúpa a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus go bhfuil an cinneadh déanta ag an mBord, ráitis airgeadais ESB a ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí agus de réir Rialacháin ESB.

Ní cóir do chomhaltaí an Bhoird an ráiteas airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léiriú cóir cothrom ann ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB, agus ar bhrabús nó chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Agus iad ag ullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa agus ESB ar leathanaigh 93 go 168, ní mór do na comhaltaí Boird na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na caighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ndáil le ESB, arna gcur i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go mbeidh an Grúpa agus ESB fós i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ina nochtar, am ar bith agus go réasúnta cruinn, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas ESB, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS is infheidhme arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Achtanna na gCuideachtaí agus de réir Rialacháin ESB.

Tá freagracht acu freisin as sócmhainní an ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus dá bhrí sin, as gach céim réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Anuas air sin, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus corparáide atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa agus ESB, www.esb.ie.

Tabhair do d'aire: D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Dearbhaíonn gach aon chomhalta Boird, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, an méid seo a leanas:

- Tugtar i ráitis airgeadais an Ghrúpa, arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ráitis airgeadais ESB arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm de réir Rialacháin ESB, léargas fíorcheart maidir le sócmhainní, dliteanais, agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB amhail 31 Nollaig 2016, agus maidir le brabús an Ghrúpa don bhliain sin dar chríoch 31 Nollaig 2016;
- Tugtar i dtuairisc na gcomhaltaí Boird atá sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an Ghrúpa agus an ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil aghaidh á thabhairt orthu; agus
- Tugtar sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais ina n-iomláine, an fhaisnéis atá riachtanach le feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas, agus is cóir, cothrom intuigthe í an tuarascáil a chuireann an fhaisnéis riachtanach do scairshealbhóirí ar fáil chun staid, feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis ESB a mheas.

Thar ceann an Bhoird

Ellvena Graham

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

Pat O'Doherty

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG STOCSHEALBHÓIRÍ ELECTRICITY SUPPLY BOARD (AN ESB)

## TUAIRIMÍ AGUS TÁTAIL A D'EASCAIR AS ÁR N-INIÚCHADH

### 1. NÍOR ATHRAÍODH ÁR DTUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Mar an t-iniúchóir a cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna le toiliú ón Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchóireacht déanta againn ar na ráitis airgeadais ESB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 atá leagtha amach ar leathanaigh 93 go 168. Rinneadh ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) (an Ríocht Aontaithe agus Éire).

Inár dtuairim:

- tugtar le ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíorcheart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa, amhail 31 Nollaig 2016, agus ar a bhrabús ag deireadh na bliana céanna;
- tugtar i gclár comhardaithe na Cuideachta léargas fíorcheart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail 31 Nollaig 2016;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa mar is cuí de réir chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta mar is cuí de réir chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004; agus
- ullmhaíodh ráiteas airgeadais na Cuideachta agus ráitis airgeadais an Ghrúpa mar is cuí de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004.

### 2. ÁR MEASÚNÚ AR NA RIOSCAÍ UM MÍRÁITEAS ÁBHARTHA

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúchóireachta thuas ar ráitis airgeadais an Ghrúpa, is iad seo a leanas na rioscaí um míráiteas ábhartha ag a raibh an tionchar ba mhó acu ar iniúchadh an Ghrúpa:

> Luach tugtha anonn an cháilmheasa agus na sócmhainní fadsaolacha: €10.9 billiún (2015: €11.3 billiún) Féach leathanach 78 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 103 (beartas cuntasaíochta) agus nótaí 10, 11 agus 12 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Tá sócmhainní fadsaolacha ag ESB ar a chlár comhardaithe a bhfuil luach tugtha anonn €10.7 billiún ag baint leo amhail ar 31 Nollaig 2016 (€11.1 billiún amhail ar 31 Nollaig 2015) agus cáilmheas €177 milliún a bhaineann le gnó na ngréasán leictreachais i dTuaisceart Éireann (NIE Networks) (€207 milliún amhail ar 31 Nollaig 2015).

Is iad sócmhainní líonra Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus punann giniúna cumhachta an Ghrúpa na sócmhainní is suntasaí de na sócmhainní seo. Ag cur san áireamh méadaíocht na sócmhainní sin i gcoibhneas le clár comhardaithe an ESB, bheadh tionchar suntasach ag bearnú féideartha ar bith ar thorthaí an Ghrúpa.

Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar luach tugtha anonn sócmhainní fadsaolacha suntasacha eile chun aon chomharthaí bearnúcháin a nochtadh. San athbhreithniú bliantúil ar cháilmheas agus i gcás go nochtar aon chomharthaí bearnúcháin, cuireann an lucht bainistíochta réamhaisnéirí mionsonraithe agus modhanna maidir le sreabhaidh airgid lascainithe ar fáil.

Mar gheall ar an neamhchinnteacht bhunúsach maidir le measúnú a dhéanamh ar na sreafaí airgid thirim fadtéarmacha a bhaineann le sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas, meastar gur príomhriosca iniúchóireachta é seo.

**Ár bhFreagairt**

I dtaca le punann giniúna cumhachta an Ghrúpa, fuaireamar tuiscint ar shamhlacha luach in úsáid an Ghrúpa, lena n-áirítear na boinn tuisceana a úsáideadh, an t-aschur, infhaighteacht agus brabúsacht na sócmhainní. Cheistíomar na príomhbhoinn tuisceana maidir le sreafaí airgid réamh-mheasta amach anseo agus chuireamar na boinn tuisceana i gcomparáid le sonraí díorthaithe, nuair ab fhéidir, agus rinneamar anailís íogaireachta ar an méid sin.

Chuireamar Bonn Sócmhainní Rialála ghréasáin traschuir agus dáilte an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann (ar a ndéantar an t-ioncam rialaithe amach anseo a dhearbhú) i gcomparáid le glanluach leabhair na sócmhainní sna ráitis airgeadais. Rinneamar iniúchadh chomh maith ar chomhfhreagras ábhartha idir an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus an Grúpa agus bhreathnaíomar ar na himpleachtaí do na ráitis airgeadais.

Maidir le sócmhainní NIE Networks agus an cháilmheas lena mbaineann, rinneamar measúnú ar réasúntacht bhoinn tuisceana an lucht bainistíochta a úsáideadh ina samhlacha um bhearnúchán, atá bunaithe ar an gcinneadh is deireanaí, lena n-áirítear an ráta lascaine a úsáideadh. Chuireamar boinn tuisceana an lucht bainistíochta, nuair ab fhéidir, i gcomparáid le sonraí tríú páirtí agus rinneamar anailís íogaireachta ar na príomhbhoinn tuisceana.

Maidir le gach samhail um luach in úsáid, cheistíomar na príomhbhoinn tuisceana maidir le tuilleadh agus réamhaisnéisí sreafaí airgid thirim, an ráta lascaine a úsáideadh agus, nuair ab ábhartha, luach an bhearnúcháin a gearradh sa bhliain. Bhreathnaíomar cibé an bhfuil an nochtadh a rinneadh i dtaca leis na rioscaí, neamhchinnteacht meastachán agus íogaireacht an mheasúnaithe um bearnúchán ar athruithe i bpríomhbhoinn tuisceana cuí nó nach bhfuil.

> Díorthacha agus fálú - socruithe fálaithe glandliteanas €467 milliún (2015: glandliteanas €511 milliún). Féach leathanach 79 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 104 (beartas cuntasaíochta) agus nótaí 20 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Úsáideann an Grúpa conarthaí díorthacha agus conarthaí eile chun a neamhchosaint ar mhalairt eachtrach, ráta úis, agus riosca praghsanna tráchtearraí agus fuinnimh a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh babhtálacha boilsciú-nasctha, babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe agus conarthaí tráchtála eile a bhaineann le ceannach breosla agus díol leictreachais. Tá na conarthaí sin, ach amháin babhtálacha boilsciú-nasctha an Ghrúpa nach gcáilíonn i leith cuntasaíocht fálaithe, ainmnithe isteach i roinnt éagsúla caidrimh fhálaithe sreabhaidh airgid. Tá ainmniúcháin fhálaithe agus riachtanais doiciméadúcháin lena mbaineann na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme casta agus tá luacháil na ndíorthach sin ar fad daorbhreithiúnach agus íogair i leith gluaiseachtaí in athróga bunúsacha (amhail innéacsanna ráta úis tagarmharcála agus todhchaíochtaí tráchtearraí). D'fhéadfadh athruithe beaga ar na hathróga sin tionchar suntasach a bheith acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

**Ár bhFreagairt**

Áiríodh ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta úsáid a bhaint as speisialtóirí luachála chun measúnú a dhéanamh ar luacháil na gconarthaí díorthacha agus comparáid a dhéanamh idir boinn tuisceana an Ghrúpa agus sonraí a díorthaíodh go seachtrach maidir le measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na boinn tuisceana a d'úsáid an Grúpa réasúnta. Fuaireamar freisin doiciméid cuntasaíocht fálaithe agus áirimh thacaíochta bhainteacha an Ghrúpa agus rinneamar iad a mheasúnú chun a dhearbhú cibé acu an raibh an chuntasaíocht fálaithe cuí, ar tugadh cuntas mar is ceart ina leith, ar doiciméadaíodh mar is ceart í agus ar tástáladh ar bhonn tréimhsiúil í. Rinneamar measúnú ar cibé ar léiríodh nó nár léiríodh na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an gcuntasaíocht le haghaidh ionstraimí airgeadais díorthacha sa nochtadh.

> Dliteanas ESB i dtaca leis an scéim pinsin le sochar sainithe €525 milliún (2015: €648 milliún) Féach leathanach 78 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 106 (beartas cuntasaíochta) agus nótaí 22 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Déantar socruithe pinsin mhórchuid na bhfostaithe ESB a mhaoiniú trí Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB ("an Scéim"). Tá sé ordaithe i rialacháin na Scéime go gcuirfear sochair ar fáil do bhaill na Scéime de réir foirmle atá comhaontaithe, ach níl siad sin nasctha leis na ranníocaíochtaí a cheanglaítear ar an ESB a dhéanamh faoi rialacha na Scéime. Dá réir sin, níl oibleagáid dhlíthiúil ar an ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh. Má thagann easnamh aníos amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar ESB faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hiontaobhaithe, agus Achtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh. Níl sé sin de réir gnáthscéim sochair



# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

shainithe 'iarmhéid costais' sa chás go bhfuil sé faoi dhliteanas an fhostóra iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun easnaimh a mhaoiniú. Go stairiúil, áfach, roinnt uaireanta, nuair a thuairiscigh Achtúire na Scéime easnamh agus i ndiaidh comhairliúcháin leis na páirtithe éagsúla lenar bhain, mhéadaigh ESB agus na fostaithe araon a ranníocaíochtaí leis an Scéim chun dul i ngleic leis sin.

In 2010 thángthas ar chomhaontú pinsean úr idir ESB agus baill na Scéime, inár áiríodh athruithe ar shochair agus athruithe achtúireacha eile ar an Scéim a d'íoc baill na Scéime. Níor athraíodh na ranníocaíochtaí seasta don ESB agus na baill ach d'aontaigh an ESB chomh maith ranníocaíocht aonuaire €591 milliún ("an Ranníocaíocht") a íoc agus dúnadh an Scéim do bhaill úra. I ráitis airgeadais 2010, shonraigh an ESB nach raibh sé beartaithe aige ranníocaíochtaí ar bith eile a dhéanamh leis an Scéim, seachas na ranníocaíochtaí seasta leanúnacha. Sonraíodh é sin go sainráite i ráitis airgeadais 2010 agus i dtréimhsí ina dhiaidh sin, ní dhearna an ESB ranníocaíochtaí ar bith leis an Scéim, seachas na ranníocaíochtaí a aontaíodh. Dá réir sin, leasaíodh an chuntasaíocht i gcomhair na Scéime in 2010 chun fabhrú a dhéanamh don Ranníocaíocht laistigh de chlár comhardaithe an ESB amháin, agus chun cuntas a thabhairt ar an gcéatadán seasta leanúnach um ranníocaíochtaí tuarastail maidir le costais seirbhíse reatha sa ráiteas ioncaim de réir mar a sholáthraítear seirbhís inphinsin.

I ndeireadh 2013, tharla díospóid idir an ESB agus a cheardchumainn i dtaca leis an scéim pinsean. Rinne an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais idirbheartaíocht maidir leis sin a raibh comhaontú idir na páirtithe mar thoradh air ar deireadh Cuireadh oibleagáid sa chomhaontú sin ar an ESB cur síos cruinn a dhéanamh ar an Scéim pinsean ina chuntais, athluadh an oibleagáid ar na páirtithe ann maidir le dul i gcomhairle i gcás easnaimh agus sonraíodh ann nach raibh sé de rún ag ceachtar páirtí leibhéal na ranníocaíochtaí leis an Scéim a mhéadú ag an am sin. Níor athraigh an comhaontú sin dearcthaí an Bhoird i dtaca lena chuntasaíocht don Scéim agus d'athdhearbhaigh an Bord arís nach bhfuil sé beartaithe ag an nGrúpa ranníocaíochtaí ar bith eile a dhéanamh leis an Scéim. Ar an ábhar sin, tá an Bord fós den tuairim nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe aige maidir leis seo, agus go bhfuil an cur chuige cuntasaíochta a ghlacadh in 2010 fós i bhfeidhm.

Is breithiúnas suntasach é seo mar léiriú ar rialacha na Scéime, cibé an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag ESB an Scéim a mhaoiniú, agus is casta í an chuntasaíocht a bhaineann leis seo.

**Ár bhFreagairt**

Áiríodh lenár nósanna imeachta iniúchóireachta tuiscint a ghnóthú ó dhlíodóirí inmheánacha agus seachtracha ar staid dhlíthiúil ESB. Fuaireamar uiríll ó chomhaltaí Boird nach bhfuil i gceist ag ESB aon suimeanna eile a íoc sa Scéim seachas iad siúd a ndearnadh foráil ina leith i gcomhaontú pinsin 2010, mar aon le ranníocaíocht sheasta leanúnach de thuarastail bhaill na Scéime. Bhreathnaíomar ar dhoiciméid agus ar nóta mionteagaisc inmheánacha eile a chuir an ESB ar fáil dúinn maidir leis an gceist. Lena chois sin, chuireamar san áireamh gníomhartha an ESB sa tréimhse ó bhí 2010 ann, tréimhse nach ndearnadh ranníocaíochtaí breise ar bith inti leis an Scéim. I leith an chuntasaíocht agus na rudaí a nochtadh sna ráitis airgeadais faoin mbreithiúnas suntasach seo, rinneamar breithniú cibé an raibh nó nach raibh siad cuí de réir na dtreoracha cuntasaíochta ábhartha. Ina theannta sin, rinneamar athmhachnamh ar oiriúnacht na cuntasaíochta i gcomhthéacs na Sochar Fostaithe IAS 19.

### 3. ÁR GCUR I BHFEIDHM ÁBHARTHACHTA AGUS FORBHREATHNÚ AR SCÓIP ÁR N-INIÚCHÓIREACHTA

Socraíodh ábharthacht ráitis airgeadais an Ghrúpa ag €17 milliún (2015: €17 milliún). Cinneadh é seo le húsáid thart ar 4% de thagarmharc an bhrabúis roimh chánachas, arna normalú chun nach n-áireofar caillteanas cóirluacha €188 milliún na bliana seo ar bhabhtálacha an Ghrúpa, agus iad nasctha le boilsciú, mar a nochtadh inóta 7 leis na ráitis airgeadais.

Is é ár mbreithiúnas proifisiúnta gurb é an brabús roimh chánachas, gan tionchar míreanna aonuaire a bheith san áireamh ann, an tagarmharc is oiriúnaí, mar dar linn, is ceann de na príomhrudaí é nach mór do bhaill na Cuideachta a áireamh agus iad i mbun feidhmíocht airgead an Ghrúpa a mheasúnú.

Gach míráiteas ceartaithe agus neamhcheartaithe a nochtaimid mar thoradh ar ár n-iniúchadh, a bhfuil luach breis is €0.5 milliún ag baint leis, déanaimid é a thuairisciú do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ESB, chomh maith le haon míráiteas iniúchóireachta faoi bhun na tairsí sin a mheasaimid gur chóir é a thuairisciú ar chúiseanna cáilíochtúla.

Dhírigh ár n-iniúchadh Grúpa ar an gceithre phríomhdheighleog den Ghrúpa ar féidir tuairisciú orthu, mar aon le feidhm na ceannoifige, agus cuireadh na feidhmeanna seo ar fad faoi iniúchadh iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. Is iad na láithreacha seo ina n-iomláine na príomhaonaid ghnó atá ag an nGrúpa agus is iad is údar le breis is 95% (2015: 95%) d'ioncam seachtrach, brabús iarchánach agus sócmhainní iomlána an Ghrúpa, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 agus ar an dáta sin. Is í foireann rannpháirtíochta an Ghrúpa a chuireann iniúchadh i bhfeidhm ar bhonn lárnach do na láithreacha seo uile, agus déantar seo de réir ábharthachta arna gcinneadh go sonrach do gach gné ar leith.

### 4. NÍL RUD AR BITH LE TUAIRISCIÚ AGAINN MAIDIR LE NOCHTADH PRÍOMHRIOSCAÍ

Ar bhunús an eolais a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, níl aon rud ábhartha eile againn le dearbhú nó ar mhaith linn aird a dhíriú air i dtaca le:

- ráiteas inmharthanachta na stiúrthóirí maidir le leathanach 84, a bhaineann leis na príomhrioscaí agus a mbainistíocht agus, ar a mbonn sin, le measúnú agus ionchais na stiúrthóirí ar fheidhmíocht leanúnach an Ghrúpa thar thréimhse cúig bliana chomh fada le 2022; nó
- na rudaí a nochtadh i nóta 1 leis na ráitis airgeadais i dtaca le húsáid bhonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht.

### 5. NÍL RUD AR BITH LE TUAIRISCIÚ AGAINN I DTACA LE CÚRSAÍ A GCAITHIMID TUAIRISCIÚ ORTHU AR BHONN NA HEISCEACHTA

De réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) (Ríocht Aontaithe & Éire), ní mór dúinn a thuairisciú duit, ar bhunús eolais a fuaireamar le linn an iniúchta, má táimid tar éis eolas a aithint sa ráiteas airgeadais a bhfuil neamhréireacht ábhartha ann os coinne an eolais sin nó na ráiteas airgeadais, a bhfuil míráiteas fírice ábhartha ann, nó atá míthreorach ar aon bhealach eile.

Ní mór dúinn tuairisciú duit go háirithe má:

- má aithnímid aon neamhréireachtaí idir an t-eolas a fuaireamar le linn ár n-iniúchta agus ráitis na stiúrthóirí go measann siad go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais ina n-iomláine cóir, cothrom agus intuigthe, agus go soláthraítear iontu an t-eolas a theastaíonn ó na scairshealbhóirí le gur féidir leo staid, feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an aonáin a mheas; nó
- mura nochtar i dTuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar is cuí na ceisteanna a chuireamar in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') ní mór dúinn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas i dtaca leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ar gá leis faoin gCód arna chuimsiú sa Tuairisc Rialachais Bhoird ar leathanaigh 69 go 75, comhlíonadh mír 13.1(iii) den Chód, nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an eolas atá againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus más amhlaidh atá, déanaimid tuairisciú air seo.

De réir théarmaí ár litreach rannpháirtíochta, déanaimid athbhreithniú ar:

- ráiteas na gcomhaltaí Boird, atá leagtha amach ar leathanach 84, i dtaca le gnóthas leantach agus leis an ráiteas inmharthanachta;
- an chuid den Tuairisc Rialachais Bhoird ar leathanaigh 69 go 75 a bhaineann le comhlíonadh an Bhoird maidir le forálacha Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann, arna shonrú dúinn le hathbhreithniú; agus
- gnéithe áirithe a nocht an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta sa tuarascáil do na stocshealbhóirí.

Lena chois sin, ceanglaítear orainn in Acht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú duit, má cheapaimid nach ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí, arna sainiú de réir dlí, a nochtadh.

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

### 6. TÁ ÁR GCONCLÚIDÍ MAIDIR LE CÚRSAÍ EILE NACH MÓR DÚINN TUAIRISC A DHÉANAMH ORTHU DE RÉIR ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014, LEAGTHA AMACH THÍOS

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uainn chun críocha ár n-iniúchta.

Dar linn, ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta na Cuideachta le go rabhthas in ann na ráiteas airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus go bhfuil an cur síos sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar phríomhghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i ndáil leis an bpróiseas um ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú comhsheasmhach le ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### BUNÚS ÁR DTUARASCÁLA, FREAGRACHTAÍ, AGUS SRIANTA AR ÚSÁID

Faoi mar a míníodh go hiomlán sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird arna leagan amach ar leathanach 89, tá na Comhaltaí Boird freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu. Is í ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, agus tuairim a thabhairt orthu, de réir an dlí is infheidhme agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Ceanglaítear orainn faoi na caighdeáin sin cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Is éard atá i gceist le hiniúchadh a dhéanamh de réir ISAanna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar: cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Ghrúpa nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus ar nochtadh go leormhaith iad nó nár nochtadh; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireacht ábhartha ar bith leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha, bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis, an t-eolas a fuaireamar le linn dúinn ár n-iniúchadh a dhéanamh a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Cé go bhfuil iniúchadh a dhéantar de réir ISAanna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) deartha chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le míráitis nó easnaimh ábhartha a shainaithint ní féidir a chinntiú go ndéanfaidh sé amhlaidh. Ina áit sin, déanann an t-iniúchóir an t-iniúchadh a phleanáil chun an méid tástála a theastaíonn a dhearbhú chun an dóchúlacht nach sáródh comhlán na míráiteas nár ceartaíodh nó nár braitheadh an ábharthacht do na ráitis airgeadais ina n-iomláine a laghdú go leibhéal íseal go leor. Leis an tástáil seo ní mór dúinn obair shuntasach iniúchóireachta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais chomh maith le ham suntasach na mball den fhoireann iniúchóireachta is mó a bhfuil taithí acu, go háirithe an comhpháirtí rannpháirtíochta atá freagrach as an iniúchadh, a thabhairt do réimsí suibiachtúla cuntasaíochta agus tuairiscithe.

Tá an tuarascáil seo déanta do stocshealbhóirí an ESB amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014, bainteach leis an ESB de bhua na Rialachán arna nglacadh aige mar a rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004). Rinneadh ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimid na cúrsaí sin a shonrú do stocshealbhóirí an ESB a bhfuil sé de cheangal orainn iad a thuairisciú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críocha ar bith eile. A mhéid is féidir, arna cheadú le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith eile ach amháin don ESB agus dá stocshealbhóirí, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí a shroicheamar.

Sean O'Keefe
i gcomhair agus thar ceann Cuntasóirí Cairte KPMG, an Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Baile Átha Cliath, Éire
22 Feabhra 2017



# RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € '000 | 2015 Gan míreanna eisceachtúla san áireamh € '000 | 2015 Míreanna eisceachtúla nóta 4 € '000 | 2015 Míreanna eisceachtúla san áireamh € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 2 | **3,211,751** | 3,335,401 | - | 3,335,401 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 5 | **35,524** | 28,943 | - | 28,943 |
| Costais oibriúcháin | 4/6 | **(2,649,949)** | (2,728,977) | (104,237) | (2,833,214) |
| Brabús oibriúcháin | | **597,326** | 635,367 | (104,237) | 531,130 |
| Glan-ús ar iasachtaí | 7 | **(170,487)** | (206,957) | - | (206,957) |
| Muirir mhaoinithe | 7 | **(36,823)** | (39,659) | - | (39,659) |
| Gluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 7 | **(190,162)** | 30,234 | - | 30,234 |
| Ioncam airgeadais | 7 | **9,048** | 1,294 | - | 1,294 |
| Glanchostas airgeadais | | **(388,424)** | (215,088) | - | (215,088) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **(15,257)** | (9,176) | - | (9,176) |
| Brabús roimh chánachas | | **193,645** | 411,103 | (104,237) | 306,866 |
| Speansas cáin ioncaim | 18 | **(7,454)** | (18,553) | (2,073) | (20,626) |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **186,191** | 392,550 | (106,310) | 286,240 |
| **Inchurtha le:** | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **187,848** | 395,852 | (106,310) | 289,542 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(1,657)** | (3,302) | - | (3,302) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **186,191** | 392,550 | (106,310) | 286,240 |

Tá na nótaí 1 go 33 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

| | 2016<br>€ '000 | 2015<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **186,191** | 286,240 |
| **Míreanna nach n-athrangófar ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain scéim pinsean NIE Networks | **(66,520)** | 17,220 |
| Cáin ar mhíreanna nach n-athrangófar go brabús nó caillteanas | **9,839** | (6,664) |
| | **(56,681)** | 10,556 |
| **Míreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| Fálú éifeachtach glaninfheistíochta i bhfochuideachta eachtrach | **3,004** | (1,362) |
| Difríochtaí aistrithe ar chomhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha | **(48,318)** | 33,036 |
| Caillteanais chóirluacha ar fháluithe ar an sreabhadh airgid | **91,530** | (16,421) |
| Caillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **(3,845)** | (1,031) |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid | **(3,052)** | (66,527) |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas | **(10,831)** | 1,855 |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas i ndáil le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **587** | 129 |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh ó ioncam cuimsitheach eile (OCI) | **(69)** | 7,799 |
| | **29,006** | (42,522) |
| **Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | **(27,675)** | (31,966) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **158,516** | 254,274 |
| **Inchurtha le:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **160,173** | 257,576 |
| Leasanna neamh-urlámhais | **(1,657)** | (3,302) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **158,516** | 254,274 |

# CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail ar 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016<br>€ '000 | 2015<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **10,438,562** | 10,872,836 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **273,221** | 227,740 |
| Cáilmheas | 12 | **177,242** | 206,759 |
| Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **80,990** | 94,850 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | 13 | **56,502** | 62,563 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **69,995** | 44,777 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **183,999** | 236,565 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **200,741** | 207,246 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **11,481,252** | 11,953,336 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **73,172** | 96,670 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **203,192** | 214,400 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **15,338** | 7,853 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **770,081** | 751,177 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **363,624** | 133,863 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **1,425,407** | 1,203,963 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **12,906,659** | 13,157,299 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Cúlchiste aistrithe | | **6,062** | 51,376 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **124,119** | 49,799 |
| Cúlchistí eile | | **(220,322)** | (151,098) |
| Tuilleamh coinnithe | | **2,037,459** | 1,930,558 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,927,200** | 3,860,517 |
| Leasanna neamh-urlámhais | 17 | **(3,531)** | (1,874) |
| **Cothromas iomlán** | | **3,923,669** | 3,858,643 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **4,398,113** | 4,690,314 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **370,308** | 493,148 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 21 | **170,543** | 142,069 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **78,396** | 91,057 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **-** | 8,686 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **486,531** | 510,011 |
| Soláthairtí | 25 | **237,153** | 196,431 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **709,442** | 751,082 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **753,968** | 754,537 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **7,204,454** | 7,637,335 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **489,330** | 418,825 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **154,504** | 154,981 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **64,305** | 54,353 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **835,018** | 695,535 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **50,021** | 48,273 |
| Soláthairtí | 25 | **84,822** | 79,000 |
| Dliteanais chánach reatha | | **750** | 3,250 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **99,786** | 207,104 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,778,536** | 1,661,321 |
| **Dliteanais iomlána** | | **8,982,990** | 9,298,656 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **12,906,659** | 13,157,299 |

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail ar 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **7,084,170** | 7,102,256 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **206,832** | 159,386 |
| Infheistíocht in institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | 13 | **100,000** | 100,000 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta | 13 | **61,782** | 61,782 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **82,174** | 92,905 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **67,960** | 97,586 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **7,602,918** | 7,613,915 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **43,176** | 66,843 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **138,642** | 139,398 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **5,897** | 2,250 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **3,091,981** | 3,181,023 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **235,991** | 17,202 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **3,515,687** | 3,406,716 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **11,118,605** | 11,020,631 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **28,959** | (35,883) |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,774,267** | 1,625,100 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,783,108** | 3,569,099 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **1,409,367** | 1,488,584 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **370,308** | 493,148 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **78,197** | 90,829 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **468,556** | 500,434 |
| Soláthairtí | 25 | **222,234** | 166,733 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **468,373** | 458,829 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **21,033** | 42,669 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **3,038,068** | 3,241,226 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **132,858** | 365,397 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **154,504** | 154,981 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **56,095** | 46,460 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **3,789,195** | 3,393,612 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **33,108** | 33,108 |
| Soláthairtí | 25 | **66,540** | 64,576 |
| Dliteanais chánach reatha | | **-** | 1,513 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **65,129** | 150,659 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **4,297,429** | 4,210,306 |
| **Dliteanais iomlána** | | **7,335,497** | 7,451,532 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **11,118,605** | 11,020,631 |

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa



# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ar 31 Nollaig 2016

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc caipitil € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Fálú ar an sreabhadh airgid agus cúlchistí eile € '000 | Cúlchistí eile[1] € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán € '000 | Leasanna neamh-urlámhais € '000 | **Cothromas iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 1,979,882 | 19,702 | 123,995 | (144,031) | 1,907,807 | 3,887,355 | 1,676 | 3,889,031 |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 289,542 | 289,542 | (3,302) | 286,240 |
| Gnóthachain achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | 17,220 | - | 17,220 | - | 17,220 |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | (5,543) | 5,543 | - | - | - |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | 31,674 | - | - | - | 31,674 | - | 31,674 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | |
| - Glanchaillteanais cóirluacha | - | - | (16,421) | - | - | (16,421) | - | (16,421) |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 7,722 | - | - | 7,722 | - | 7,722 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (63,718) | - | - | (63,718) | - | (63,718) |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | - | (10,531) | - | - | (10,531) | - | (10,531) |
| - Caillteanais cóirluacha ar fháluithe institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (1,031) | - | - | (1,031) | - | (1,031) |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | 1,855 | (6,664) | - | (4,809) | - | 4,809) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 7,799 | - | - | 7,799 | - | 7,799 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 129 | - | - | 129 | - | 129 |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 31,674 | (74,196) | 5,013 | 295,085 | 257,576 | (3,302) | 254,274 |
| **Athruithe ar leasanna úinéireachta** | | | | | | | | |
| Éadáil fochuideachta le NCI | - | - | - | - | - | - | 127 | 127 |
| **Athruithe iomlána ar leasanna úinéireachta** | - | - | - | - | - | - | 127 | 127 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | (272,334) | (272,334) | (375) | (272,709) |
| Soláthar athcheannaigh ESOP | - | - | - | (12,080) | - | (12,080) | - | (12,080) |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 1,979,882 | 51,376 | 49,799 | (151,098) | 1,930,558 | 3,860,517 | (1,874) | 3,858,643 |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **1,979,882** | **51,376** | **49,799** | **(151,098)** | **1,930,558** | **3,860,517** | **(1,874)** | **3,858,643** |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 187,848 | 187,848 | (1,657) | **186,191** |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | (66,520) | - | (66,520) | - | **(66,520)** |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | (5,543) | 5,543 | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | (45,314) | - | - | - | (45,314) | - | **(45,314)** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | |
| - Glanghnóthachain cóirluacha | - | - | 91,530 | - | - | 91,530 | - | **91,530** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 6,274 | - | - | 6,274 | - | **6,274** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (10,414) | - | - | (10,414) | - | **(10,414)** |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | - | 1,088 | - | - | 1,088 | - | **1,088** |
| - Caillteanais cóirluacha ar fháluithe institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (3,845) | - | - | (3,845) | - | **(3,845)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | (10,831) | 9,839 | - | (992) | - | **(992)** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | (69) | - | - | (69) | - | **(69)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 587 | - | - | 587 | - | **587** |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **(45,314)** | **74,320** | **(62,224)** | **193,391** | **160,173** | **(1,657)** | **158,516** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | (86,490) | (86,490) | - | **(86,490)** |
| Soláthar athcheannaigh ESOP | - | - | - | (7,000) | - | (7,000) | - | **(7,000)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **1,979,882** | **6,062** | **124,119** | **(220,322)** | **2,037,459** | **3,927,200** | **(3,531)** | **3,923,669** |

[1] Áirítear le cúlchistí eile (i) cúlchiste athluachála €33.2 milliún (Nollaig 2015: €38.8 milliún) a tháinig aníos tar éis éadáil 30% de Synergen Power Limited in 2009; (ii) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsin (€228.6) milliún de NIE Networks (Nollaig 2015: (€171.9) milliún); (iii) cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001 agus; (iv) soláthar maidir le hathcheannach ESOP a bhaineann leis an méid atá tiomanta ag ESB go dtí seo a cheannach ó mhargadh inmheánach ESOP (€19.1) milliún (Nollaig 2015: (€12.1) milliún). Féach nóta 17 le heolas a fháil ar athcheannach ESOP.

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE HATHRUITHE AR GHNÁTHSCAIREANNA

Amhail ar 31 Nollaig 2016

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc caipitil € '000 | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 1,979,882 | (47,795) | 1,514,040 | 3,446,127 |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | 383,394 | 383,394 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | |
| - Glanghnóthachain cóirluacha | - | 55,089 | - | 55,089 |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | (1,487) | - | (1,487) |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | (63,718) | - | (63,718) |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | 37,537 | - | 37,537 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | (6,887) | - | (6,887) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | 3,458 | - | 3,458 |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 23,992 | 383,394 | 407,386 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | (272,334) | (272,334) |
| Foráil athcheannach ESOP[1] | - | (12,080) | - | (12,080) |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 1,979,882 | (35,883) | 1,625,100 | 3,569,099 |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **1,979,882** | **(35,883)** | **1,625,100** | **3,569,099** |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | 235,657 | **235,657** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | |
| - Glanghnóthachain cóirluacha | - | 68,575 | - | **68,575** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | (4,364) | - | **(4,364)** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | (10,414) | - | **(10,414)** |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | 28,304 | - | **28,304** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | (8,568) | - | **(8,568)** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | (1,691) | - | **(1,691)** |
| **Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | **71,842** | **235,657** | **307,499** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | (86,490) | **(86,490)** |
| Foráil athcheannach ESOP[1] | - | (7,000) | - | **(7,000)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **1,979,882** | **28,959** | **1,774,267** | **3,783,108** |

[1] Baineann soláthar athcheannaigh ESOP leis an méid atá tiomanta ag ESB go dtí seo a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP, Féach nóta 17 le heolas a fháil ar athcheannach ESOP.



# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € '000 | 2015* € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **186,191** | 286,240 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **760,409** | 744,678 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(58,548)** | (57,530) |
| Glanchostais astaíochtaí | | **(27,348)** | 30,992 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **(926)** | (590) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 5 | **(9,383)** | (6,852) |
| Glanchostas airgeadais | 7 | **388,424** | 215,088 |
| Éifeacht ar choigeartuithe cóirluacha i gcostais oibriúcháin | | **10,395** | 9,611 |
| Caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **15,257** | 9,176 |
| Speansas cáin ioncaim | 18 | **7,454** | 20,626 |
| Díbhinn a fuarthas | | **(1,139)** | - |
| Muirear bearnúcháin | 4/6 | **4,970** | 104,237 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **1,275,756** | 1,355,676 |
| (Creidmheas) / muirear maidir le soláthairtí | | **(1,170)** | 14,821 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **51,446** | 34,581 |
| Úsáid soláthairtí | | **(19,484)** | (8,889) |
| Úsáid na ndliteanas a bhaineann le fostaithe | | **(227,821)** | (190,725) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas* | | **38,994** | 32,009 |
| (Méadú) / laghdú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **(35,735)** | 20,958 |
| Laghdú / (méadú) ar fhardail | | **22,301** | (20,191) |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **146,385** | (43,446) |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | **1,250,672** | 1,194,794 |
| Cáin reatha íoctha | | **(27,974)** | (50,934) |
| Costais mhaoinithe íoctha | | **(211,480)** | (254,844) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,011,218** | 889,016 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(721,437)** | (730,918) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(39,188)** | (42,108) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní neamhreatha | | **3,132** | 2,528 |
| Fáltais ó dhíolachán fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **6,831** | 4,682 |
| Díbhinn a fuarthas ó ghnólachtaí comhlachaithe | | **1,139** | - |
| Ceannach sócmhainní airgeadais | | **(10,066)** | (13,066) |
| Ús a fuarthas | | **662** | 1,294 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(758,927)** | (777,588) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 17 | **(86,490)** | (272,709) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma agus léasanna airgeadais | | **(84,424)** | (357,715) |
| Fáltais ó eisiúint fiachais úir | | **401,121** | 274,334 |
| Laghdú / (méadú) ar iasachtaí eile (glan) | | **(228,847)** | 249,259 |
| Íocaíochtaí ar bhabhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | | **(15,926)** | (17,530) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(14,566)** | (124,361) |
| | | | |
| **Glanmhéadú / (glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **237,725** | (12,933) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 1 Eanáir** | 16 | **133,863** | 143,731 |
| **Éifeacht luaineacht rátaí malairte ar airgead tirim atá á choinneáil** | | **(7,964)** | 3,065 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 31 Nollaig** | 16 | **363,624** | 133,863 |

* Rinneadh athghrúpáil ar mhéideanna comparáideacha i Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid nuair is gá le comhsheasmhacht a chinntiú don dá bhliain atá i mbun taifeadta.

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € '000 | 2015* € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **235,657** | 383,394 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **512,999** | 491,381 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(33,118)** | (32,422) |
| Glanchostas astaíochtaí | | **(31,288)** | 25,642 |
| (Caillteanas) / brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **729** | (1,398) |
| Glanchostas airgeadais | | **93,232** | 119,770 |
| Éifeacht de ghluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais i gcostais oibriúcháin | | **559** | (1,110) |
| Ioncam díbhinne ó ghnóthais fochuideachta | | **(8,680)** | (8,950) |
| Speansas cáin ioncaim | | **44,726** | 50,925 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **814,816** | 1,027,232 |
| Muirear maidir le soláthar | | **2,379** | 2,096 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **35,318** | 20,047 |
| Úsáid soláthairtí | | **(6,395)** | (8,266) |
| Úsáid na ndliteanas a bhaineann le fostaithe | | **(192,123)** | (154,939) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas* | | **1,239** | 1,034 |
| Méadú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **(96,484)** | (89,067) |
| Laghdú / (méadú) ar fhardail | | **22,470** | (15,413) |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **517,970** | 206,032 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | **1,099,190** | 988,756 |
| Cáin reatha íoctha | | **(19,287)** | (41,783) |
| Ús íoctha | | **(134,785)** | (157,270) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **945,118** | 789,703 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(399,600)** | (490,865) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(33,122)** | (39,362) |
| Fáltais ó dhíolachán na sócmhainní neamhreatha | | **1,863** | 2,825 |
| Ús a fuarthas | | **46,290** | 51,903 |
| Díbhinní a fuarthas | | **8,680** | 8,950 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(375,889)** | (466,549) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | **(86,490)** | (272,334) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma agus léasanna airgeadais | | **(12,739)** | (339,953) |
| Laghdú / (méadú) ar iasachtaí eile (glan) | | **(251,211)** | 249,951 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(350,440)** | (362,336) |
| **Glanmhéadú / (glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **218,789** | (39,182) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 1 Eanáir** | 16 | **17,202** | 56,384 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 31 Nollaig** | 16 | **235,991** | 17,202 |

* Rinneadh athghrúpáil ar mhéideanna comparáideacha i Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid nuair is gá le comhsheasmhacht a chinntiú don dá bhliain atá i mbun taifeadta.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Corparáid reachtúil is ea Bord Soláthair an Leictreachais (an ESB) arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, agus tá sé lonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus ar an dáta sin, an Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar ESB nó an Grúpa orthu le chéile) agus leasanna an Ghrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe agus in aonáin chomhrialaithe.

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta faoin IFRS (na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta), arna nglacadh ag an AE (IFRS AE) agus, i gcás na Máthairchuideachta, mar atá curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear díolúine ar fáil in Acht na gCuideachtaí 2014 do Mháthairchuideachta a chuireann a ráitis airgeadais aonair isteach in éineacht lena ráitis airgeadais chomhdhlúite ó ráiteas ioncaim na Máthairchuideachta agus ráiteas um ioncam chuimsitheach atá ina gcuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a fhaomhtar de réir an Achta a fhoilsiú.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS agus léirmhínithe IFRIC (Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) sin a eisíodh agus atá i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta dar críoch nó roimh an 31 Nollaig 2016. Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta ar bhonn an choinbhinsiúin stairiúil ach amháin d'ionstraimí airgeadais díorthacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní airgeadais áirithe a thomhaistear ag an gcóirluach.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais sin in euro, agus mura shonraítear a mhalairt, tá an fhaisnéis airgeadais ar fad slánaithe go dtí an míle is gaire.

Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú i gcomhréir le IFRS AE éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus méideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus speansas.
Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara sin bunaithe ar stair ó thaithí agus ar fhachtóirí éagsúla eile a gceaptar iad a bheith réasúnta faoi na cúinsí.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Pléitear i nóta 29 leis na ráitis airgeadais aon bhreithiúnais a dhéanann an lucht bainistíochta i dtaca le cur i bhfeidhm IFRS an AE, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar na ráitis airgeadais agus na réamh-mheastacháin, agus a bhféadfadh riosca mór coigeartaithe ábhartha le linn an chéad bhliain eile a bheith mar thoradh orthu.

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta go léir atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir gach aonán an Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach iad - seachas glacadh na gcaighdeán úr mar atá leagtha amach thíos.

Measann na Comhaltaí Boird go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ag oibriú go ceann i bhfad. Dá réir sin tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh. Tá tuilleadh sonraí maidir le staid leachtachta an Ghrúpa ar fáil i nóta 29 leis na ráitis airgeadais.

### 2. BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus ráitis airgeadais na gnóthais fochuideachta go léir, mar aon le sciar an Ghrúpa de thorthaí agus de ghlanshócmhainní na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2016. Cuimsítear torthaí na ngnóthas fochuideachta a sealbhaíodh nó a diúscraíodh sa bhliain i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta an tsealbhaithe nó suas go dtí dáta na diúscartha.

**Cuntasaíocht do chomhcheangail ghnó**

Déantar cuntasaíocht i gcás comhcheangail ghnó trí leas a bhaint as an modh éadála amhail ar an dáta éadála ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

**Éadálacha an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin**

Ón 1 Eanáir 2010 i leith chuir an Grúpa IFRS 3 Comhcheangail Ghnó (2008) i bhfeidhm i gcuntasaíocht do chomhcheangail ghnó. Ón dáta sin i leith, tomhaiseann an Grúpa cáilmheas ar an dáta éadála mar:

- cóirluach na comaoine a aistríodh; agus
- an tsuim aitheanta a bhaineann le haon leasanna neamhrialaithe san fhaighteán; agus má fhaightear an comhcheangal gnó i gcéimeanna, cóirluach an leasa cothromais atá cheana san faighteán; lúide
- glanmhéid aitheanta (cóirluach) na sócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais a gabhadh.

Nuair a bhíonn an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

**Éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010**

Le haghaidh éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus an 1 Eanáir 2010, is ionann an cáilmheas agus barrachas chostas na héadála thar leas an Ghrúpa i suim aitheanta (cóirluach) shócmhainní inaitheanta, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha an fhaighteáin. Nuair a bhí an barrachas cáilmheasa diúltach, aithníodh gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Rinneadh costais idirbheart, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaigh an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála

**Éadálacha roimh an 1 Eanáir 2004 (dáta an aistrithe chuig IFRSanna)**

Mar chuid dá aistriú chuig IFRSanna, roghnaigh an Grúpa nach n-athshonródh sé ach na comhcheangail ghnó sin amháin a tharla an 1 Eanáir 2003 nó ina dhiaidh sin. Maidir leis na héadálacha roimh an 1 Eanáir 2003, is ionann an cáilmheas agus an tsuim a aithníodh faoi chreat cuntasaíochta an Ghrúpa roimhe sin, UK GAAP.

Díríonn samhail rialála IFRS 10 ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cumhacht ag an nGrúpa ar institiúid infheistiúcháin, cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchosaint nó cearta aige ar thorthaí athraitheacha mar thoradh ar a nasc leis an institiúid infheistiúcháin, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé in ann a chumhacht a úsáid chun tionchar a imirt ar na torthaí sin. Go sonrach, ceanglaítear faoi IFRS 10 ar an nGrúpa na hinstitiúidí infheistiúcháin a rialaíonn sé a chomhdhlúthú ar bhonn rialú de facto.

De réir IFRS 10, déanann an Grúpa measúnú ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir lena rialú ar institiúid infheistiúcháin má léiríonn fianaise nó cúinsí gur athraigh eilimint amháin nó níos mó á sin den tsamhail rialaithe.

**Fochuideachtaí**

Is aonáin iad fochuideachtaí arna rialú ag an ESB (tá rialú i gceist nuair atá an ESB nochta d'fháltais athraitheacha, nó nuair atá ceart na bhfáltas athraitheach aige óna bhainteacht leis an aonán agus go bhfuil an cumas aige dul i gcion ar na fáltais sin trína chumhacht ar an aonáin). Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn an rialú go dtí an dáta a gcuirtear deireadh leis. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

**Comhshocruithe**

Faoi IFRS 11, rangaíonn an Grúpa a leasanna i gcomhshocruithe mar chomhoibríochtaí nó mar chomhfhiontair ag brath ar chearta an Ghrúpa ar na sócmhainní agus na hoibleagáidí maidir le dliteanais na socruithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an nGrúpa, breathnaíonn sé ar struchtúr agus ar fhoirm dhlíthiúil na socruithe, ar théarmaí conarthacha an tsocraithe mar a comhaontaíodh idir na páirtithe, agus nuair is cuí, ar fhachtóirí agus cúinsí eile.

**Comhoibríochtaí**

Is éard is comhoibríochtaí ann na gnóthais sin ina bhfuil sé measta go bhfuil comhsmacht ag an ESB ar an socrú agus tá cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí maidir le dliteanais an tsocraithe aici. Dá réir sin, aithnítear sciar shócmhainní, dhliteanais, ioncam, speansais agus ioncam cuimsitheach eile na Cuideachta sna cuntais chomhdhlúite faoi seach.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Comhfhiontair**
Is éard is gnóthais comhfhiontair (comhfhiontair) ann na gnóthais sin a bhfuil smacht conarthacha ag an ESB i gcomhar le páirtí eile thairis, trína bhfuil na cearta ag an nGrúpa chun glansócmhainní an tsocraithe seachas cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí dá dhliteanais.

Tugtar cuntas maidir le comhfhiontair ag baint leas as modh cuntasaíochta an chothromais. Faoi mhodh an chothromais, cuimsítear sciar an Ghrúpa de bhrabúis na gcomhfhiontar i ndiaidh cánach sa ráiteas comhdhlúite ioncaim i ndiaidh muirir úis agus airgeadais. Taispeántar sciar an Ghrúpa de mhíreanna ioncaim chuimsithigh eile sa ráiteas um ioncam cuimsitheach.

Cuimsítear leasanna an Ghrúpa i nglansócmhainní nó glandliteanais na gcomhfhiontar mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar thosach an chláir chomhardaithe comhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní ag an éadáil móide cáilmheas, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam iar-éadála coinnithe agus speansais lúide soláthar bearnúcháin ar bith.

Fuarthas na suimeanna atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iar-éadála comhfhiontar ó na ráitis airgeadais is déanaí a ndearnadh suas go dtí dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i gcomhfhiontair a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

Déanann an Grúpa measúnú cibé an bhfuil gá le hathmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar athrú sna fíricí agus na cúinsí, nó an bhfuil comhsmacht fós ann. Rinneadh an Grúpa a rannpháirtíocht i gcomhshocruithe a mheas agus dhearbhaigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar, a gcoimeádtar cuntas orthu fós le húsáid mhodh an chothromais.

**Gnólachtaí Comhlachaithe**
Tugtar cuntas ar aonáin seachas comhshocruithe agus fochuideachtaí ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag an nGrúpa, agus a bhfuil an Grúpa ábalta tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach rialaíonn nó nach gcomhrialaíonn iad, mar ghnólachtaí comhlachaithe ag baint úsáid as modh an chothromais agus cuimsítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar go n-eascraíonn tionchar suntasach go dtí an dáta nach bhfuil an tionchar ann níos mó.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ar chostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

**Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú**
Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta idirghrúpa, agus ioncam agus speansais neamhréadaithe ar bith a eascraíonn as idirbhearta idirghrúpa, a dhíbirt agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Fágtar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu as an áireamh i gcoinne na hinfheistíochta go dtí méid leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Fágtar caillteanais neamhréadaithe as an áireamh ar an dóigh chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach go dtí an méid nach bhfuil fianaise ar bhearnúchán ann amháin.

### 3. CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE ÚRA

Tá roinnt caighdeán úr, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Is iad na míreanna seo a leanas na cinn a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Ghrúpa:

| Caighdeáin Idirnáisiúnta Úra / Leasaithe um Thuairisciú Airgeadais | Dáta éifeachtach[1] |
|---|---|
| Leasuithe ar IAS 7: Tionscnamh um Nochtadh | 1 Eanáir 2017* |
| Leasuithe ar IAS 12: Aithint Sócmhainní Cánach Iarchurtha i gcás Caillteanais Neamhréadaithe | 1 Eanáir 2017* |
| IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí | 1 Eanáir 2018* |
| IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais | 1 Eanáir 2018* |
| IFRS 16: Léasanna | 1 Eanáir 2019* |

[1] Is iad na dátaí atá i bhfeidhm ná iad siúd a bhaineann le IFRS arna gceadú ag an AE má tá na dátaí sin níos déanaí ná na dátaí atá i bhfeidhm ag an IASB, agus má bhaineann siad le tréimhse dar tosach na dátaí a liostaítear thuas nó ina ndiaidh.
* Is iad seo na dátaí atá i bhfeidhm ag an IASB ach nach bhfuil ceadaithe go fóill faoi IFRS an AE.

**Caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe i dtaca le caighdeáin fhoilsithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**
Níl caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa i dtaca le caighdeáin atá ann faoi láthair agus atá eisithe ach nach bhfuil i bhfeidhm fós. Is iad seo a leanas na cinn is suntasaí ina measc sin:

**IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais (dáta éifeachtach: Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2018)**
Ceapadh an caighdeán seo chun go gcuirfí in áit IAS 39 Ionstraimí Airgeadais é: Tá Aithint agus Tomhas curtha i gcrích i gcuid mhór céimeanna, agus d'eisigh an IASB an leagan deiridh in Iúil 2014. Áirítear sa Chaighdeán na riachtanais i dtaca le haithint, tomhas, bearnú agus dí-aithint sna réimsí ionstraimí airgeadais agus cuntasaíocht fálaithe i gcoitinne. Faoi réir cheadú an AE, cuirfidh an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach i leith. Tá tionchar IFRS 9 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa á mheasúnú faoi láthair.

**IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí (dáta éifeachtach: Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2018)**
Cuirfear an caighdeán seo in áit IAS 18: Ioncam, IAS 11: Conarthaí Forbraíochta agus na léirmhínithe bainteacha. Baineann an caighdeán seo le haithint ioncaim agus le cur ar bun prionsabal chun faisnéis áisiúil a thuairisciú d'úsáideoirí ráiteas airgeadais faoi chineál, méid, thráthúlacht agus neamhchinnteacht an ioncaim agus an tsreafa airgid a eascraíonn ó na conarthaí atá ag aonán le custaiméirí. Aithnítear ioncam a bheith i gceist chomh luath is a fhaigheann custaiméir rialú ar earra nó ar sheirbhís, agus go bhfuil sé in ann mar sin úsáid an earra nó na seirbhíse a threorú agus leas a bhaint as an earra nó an tseirbhís. Faoi réir cheadú an AE, cuirfidh an Grúpa IFRS 15 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach i leith. Tá tionchar IFRS 15 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa á mheasúnú faoi láthair.

**IFRS 16: Léasanna (dáta éifeachtach) Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2019)**
Cuirfear an caighdeán seo in áit IAS 17: Léasanna. Is suntasach iad na hathruithe atá ann mar thoradh ar IFRS 16 agus beidh tionchar acu don chuid is mó ar léasaithe, a bhfuil an chuntasaíocht ina leith leasaithe go mór. Ar an bhformhór, ní bheidh aon athrú i gceist maidir le riachtanais chuntasaíochta an léasaí arna sonrú in IAS 17, a tháinig roimh IAS 16 an IFRS. An príomhthionchar a bheidh ann do léasaithe ná go n-aithneofar beagnach gach léas ar an gclár comhardaithe, mar go bhfuiltear tar éis fáil réidh leis an idirdhealú idir léasanna oibriúcháin agus léasanna airgeadais i gcás léasaithe. Ina áit sin, de réir IFRS 16, aithnítear sócmhainn (an ceart úsáid a bhaint as an mhír léasaithe) agus aithnítear an dliteanas airgeadais, íoc as rudaí ar léas. Tá seo amhlaidh ach amháin i gcás léasanna gearrthéarmacha agus léasanna ar luach íseal. Tugtar isteach leis an gcaighdeán seo meastacháin agus tairsigh breithiúnais nua a mbeidh tionchar acu ar aithint, aicmiú agus tomhas idirbheart léasa. Tá gá le nochtadh níos leithne freisin, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. Faoi réir cheadú an AE, cuirfidh an Grúpa IFRS 16 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach i leith. Tá tionchar IFRS 16 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa á mheasúnú faoi láthair. Tá athruithe eile IFRS eisithe ach níl siad i bhfeidhm go fóill don Ghrúpa. Ach i gcás na n-athruithe sin, ní mheastar go mbeidh tionchar ábhartha acu ar na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe, é sin nó ní bhaineann siad leis an nGrúpa faoi láthair.

### 4. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, arb é sin airgeadraí feidhmiúil na Máthairchuideachta.

**Idirbhearta in airgeadraí eachtracha**
Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadaíochta a bhíonn de thoradh orthu ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa ráiteas ioncaim. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta a iompar ag an gcostas stairiúil agus ní aistrítear iad ina dhiaidh sin.




# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)


**Glaninfheistíochtaí in oibríochtaí eachtracha**
Cinneann gach aonán sa Ghrúpa a airgeadra feidhmiúil féin agus tomhaistear míreanna i ráitis airgeadais gach aonáin dá réir sin san airgeadra sin. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, déantar glaninfheistíochta an Ghrúpaí i ngnóthais fochuideachta, comhfhiontair, gnólachtaí comhlachaithe thar lear agus cáilmheas gaolmhar a aistriú ag an ráta a bhíonn i réim ag dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa. Sa chás go ndéantar iasacht idirghrúpa don fhadtéarma agus nach bhfuil a glanadh pleanáilte nó réamh-mheasta, coimeádtar cuntas uirthi mar chuid den ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach. Aistrítear brabúis, caillteanais agus sreafaí airgid thirim gnóthais fochuideachta, comhfhiontair agus gnólachtaí comhlachaithe thar lear ag na meánrátaí don tréimhse sa chás go léiríonn sé sin meastachán réasúnta de na rátaí iarbhír.

Déileáiltear le difríochtaí malairte mar thoradh ar athaistriú chláir chomhardaithe tosaigh na ngnóthas fochuideachta, na gcomhfhiontar agus na ngnólachtaí comhlachaithe thar lear ag rátaí dúnta, mar aon leis na difríochtaí ar aistriú na gcuntas ioncaim, trí chomhpháirt ar leith cothromais (cúlchiste aistrithe) agus léirítear iad i ráiteas um ioncam cuimsitheach an Ghrúpa. Cuirtear na difríochtaí aistriúcháin a choinnítear sa chúlchiste seo ar fáil sa ráiteas ioncaim ar dhiúscairt an aonáin ábhartha.

Nuair a dhéantar iasachtaí ainmnithe in airgeadra eachtrach a ainmniú mar fhálú na glaninfheistíochta in oibríocht eachtrach, cuirtear na difríochtaí malairte ar iasachtaí dá leithéid sa chúlchiste aistrithe céanna go dtí an méid gur fáluithe éifeachtacha iad.

### 5. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH, AGUS DÍMHEAS

**Aitheantas agus tomhas**
Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha agus forálacha maidir le bearnúchán ar luach, ach amháin do thalamh a thaispeántar ag an gcostas lúide bearnúchán. Cuimsíonn an mhaoin, gléasra agus trealamh costais chaipitlithe fostaithe, leasanna agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

**Dímheas**
Ríomhtar an muirear don dímheas chun an costas maidir leis an maoin, an ngléasra agus an trealamh a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta thar a shaolré úsáideach mheasta ag baint úsáid as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do shaintréith agus do mhéid a mhaoine, a ghléasra agus a threalaimh. Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála.

Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Gléasra giniúna agus struchtúir na stáisiún teirmeach | 20 bliana |
| Sócmhainní um ghiniúint feirmeacha gaoithe | 20 / 25 bliain |
| Gléasra tarchuir agus struchtúir | 25 / 30 bliain |
| Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidrileictreacha | 30 bliana |
| Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidrileictreacha | 50 bliana |

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn in-dímheasa ó dháta an choimisiúnaithe (dáta ar fáil d'úsáid) ar an mbonn seo a leanas:

- Ar modh an mhéid chothroim i gcás sócmhainní tarchuir, dáileacháin agus ginearálta, agus
- Ar úsáid réamh-mheasta an ghléasra i gcás aonaid ghiniúna.

Déantar athbhreithniú ar rátaí dímheasa agus luachanna iarmharacha ar bhonn bliantúil.

**Caiteachas ina dhiaidh sin**
Aon chaiteachas a dhéanfar ina dhiaidh sin ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh, cuimseofar é i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithnítear é mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach ní tharlaíonn seo ach amháin i gcás gurb amhlaidh a bheidh an mhír chun leasa eacnamaíoch an Ghrúpa nó na Cuideachta sa todhchaí agus go mbeifear in ann costas na míre a thomhas go cruinn. Gearrtar gach deisiúchán agus cothabháil eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Áirítear le maoin, gléasra agus trealamh páirteanna spártha straitéiseacha i ndáil leis an ngnó giniúna leictreachais. Déantar stoc caipitil sa ghnóthas Networks a iompar laistigh de shócmhainní atá á dtógáil agus a bhfuil a gcoimisiúnú ar feitheamh.

### 6. SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Is é atá i gceist le léasanna airgeadais ná léasanna lena nglacann an Grúpa, atá ina léasaí, formhór na rioscaí agus luaíochtaí úinéireachta air féin, agus is é atá i gceist le léasanna oibriúcháin ná léasanna lena gcoimeádann an léasaí na rioscaí agus luaíochtaí úinéireachta sin.

Sócmhainní neamhreatha a fhaightear faoi léasanna airgeadais, cuimsítear iad sa chlár comhardaithe ar a luach caipitiúil coibhéiseach agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar a saolré ionchais, cibé acu sin is giorra. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh mar léas airgeadais iníoctha agus gearrtar an chuid úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais ar an ráiteas ioncaim, agus í faoi réir ráta úis tréimhsiúil seasta. Gearrtar táillí cíosa i dtaca le léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ioncaim de réir mhodh an mhéid chothroim thar tréimhse an léasa.

### 7. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS SÓCMHAINNE

**(a) Cáilmheas**
Cáilmheas atá ann mar thoradh ar éadáil fochuideachtaí, léirítear ina aonair é ar an gclár comhardaithe. Tá tuilleadh eolas le fáil i nóta 12 leis na ráitis airgeadais i dtaca le tomhas cáilmheasa ar an gcéad aithint.

**Tomhas ina dhiaidh sin**
Déantar cáilmheas a thomhas ag an gcostas lúide caillteanais charntha i dtaca le bearnúchán. Déantar tástáil bhliantúil ar an gcáilmheas le haghaidh bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn suim ghlanluachála na sócmhainne nó aonaid ghiniúna airgid (CGU) an méid in-aisghabhála a ghabhann leis.

Is é an méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU a luach agus é in úsáid, agus a cóirluach lúide costais a d(h)íola, cibé acu sin is airde. Nuair a bhítear ag measúnú luach na sócmhainne / CGU agus í nó é in úsáid, déantar sreafaí airgid réamh-mheasta na todhchaí a lascainiú go dtí a luach reatha le húsáid ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn na measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn nó CGU.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin i ndáil le cáilmheas sa bhrabús agus sa chaillteanas, agus ní fhorchoimeádtar iad.

**(b) Lamháltais astaíochtaí**
Lamháltais astaíochtaí a cheannaíonn ESB, déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe a bhfuil an luach margaidh ar dháta a n-eisiúint ag baint leo.

De réir mar a thagann astaíochtaí aníos, gearrtar muirear ar an ráiteas ioncaim a léiríonn an méid a theastaíonn chun an dliteanas don Údarás a shocrú. Áirítear leis an soláthar seo luach tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí atá á gcoimeád, mar aon le luach margaidh reatha aon lamháltas breise a theastaíonn chun an oibleagáid a chomhlíonadh. Cuirtear na lamháltais sin ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, chun an dliteanais le haghaidh astaíochtaí iarbhír $CO_2$ le linn na bliana sin a chumhdach. Dá bhrí sin ní dhéantar lamháltais a choinnítear ag an gcostas mar shócmhainní doláimhsithe a amúchadh toisc go gcoinnítear iad chun an dliteanas astaíochtaí a ghlanadh an bhliain dár gcionn.

**(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile**
Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire agus sócmhainní doláimhsithe faighte eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta faighte eile a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun an tsócmhainn shainiúil a fháil agus a chur in úsáid. Tomhaistear na costais sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, atá measta thar a shaolréanna úsáideacha ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliain |
| Míreanna doláimhsithe eile | 20 bliana |

Déantar costais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí inaitheanta agus uathúla arna rialú ag an nGrúpa agus an Máthairchuideachta, agus ar dócha go nginfidh siad sochair eacnamaíocha a sháróidh costais thar bhliain amháin, a aithint mar shócmhainní doláimhsithe. Áirítear costais forbartha bogearraí, fostaithe agus rann cuí forchostas ábhartha ar na costais dhíreacha. Tomhaistear na costais sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach measta (trí go cúig bliana) ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

### 8. BEARNÚ SÓCMHAINNÍ SEACHAS CÁILMHEAS

Níl sócmhainní ag a bhfuil saolré úsáideach éiginnte faoi réir amúchta agus déantar iad a thástáil le haghaidh bearnúcháin gach bliain. Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta a thástáil le haghaidh bearnúcháin sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an méid tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cóirluach sócmhainne lúide costais le díol nó a luach in úsáid, cibé is airde. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith acu (CGU).

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach in úsáid bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena ghiniúint as an tsócmhainn agus tá sé bunaithe ar dhearcadh seachtrach maidir le giniúint cumhachta réamhaisnéise agus praghsanna réamhaisnéise cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme) agus tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnú an mhargaidh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn.

### 9. COSTAIS IASACHTAÍOCHTA

Cuirtear costais iasachtaí atá curtha i leith tógáil mórshócmhainní, dá bhfuil sé riachtanach tréimhse shuntasach a chaitheamh lena ndéanamh réidh le húsáid, le costais na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe na n-iasachtaí, go dtí cibé am a bheidh na sócmhainní réidh go hiomlán don úsáid atá beartaithe dóibh. Aithnítear gach costas iasachtaí eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Tá an ráta um chaipitliú a cuireadh i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiachas amuigh an ESB agus, nuair is infheidhme, cuirtear ráta atá sainiúil don tionscadal i bhfeidhm.

### 10. FARDAIL

Déantar fardail a iompar ag an meánchostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé is ísle. Cuimsíonn an costas gach praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha. Tá an glanluach réadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díola lúide costais eile a bhfuiltear ag súil lena dtabhú roimh dhiúscairt. Déantar soláthar ar leith le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus ó úsáid nuair is cuí.

### 11. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS

**(a) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**

**Infháltais trádála agus infháltais eile**
Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile i dtosach ag a gcóirluach, arb é sin an bhunsuim arna sonrasc de ghnáth, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain lúide an soláthar a rinneadh do bhearnúchán.

Déantar soláthairtí sainiúla sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann, mar shampla, sa chás nach bhfuiltear ábalta íoc as. Déantar soláthar breise ar bhonn punainne chun caillteanais bhreise a thabhaíodh a íoc, bunaithe ar anailís ar chaillteanas a tharla roimhe sin a tugadh chun dáta de réir dhálaí reatha an mhargaidh.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Chun críocha an ráitis ar shreabhadh airgid thirim, áirítear ar an airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim, airgead ar láimh, éarlaisí is iníoctha ar éileamh agus infheistíochtaí ardleachtacha gearrthéarmacha eile lena bhfuil aibíochtaí bunúsacha trí mhí nó níos lú ná sin, lúide rótharraingtí bainc atá iníoctha ar éileamh.

**Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile a thaifeadadh i dtosach ag an gcóirluach, arb é sin an bhunsuim arna sonrascadh de ghnáth, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

**Iasachtaí le cuideachtaí an Ghrúpa agus infháltais uathu**
Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí le Cuideachtaí an Ghrúpa agus infháltais uathu nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad ar na sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe, ach amháin na cinn lena bhfuil aibíochtaí níos faide ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a áirítear ar shócmhainní neamhreatha. Cuimsítear iasachtaí agus infháltais eile laistigh d'infháltais trádála agus infháltais eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ag an gcóirluach agus ag an gcostas amúchta as sin amach.

**Sócmhainní nó dliteanais airgeadais ag an gcóirluach trí bhrabús nó trí chaillteanas**
Is ionann ionstraimí airgeadais a rangaítear mar shócmhainní nó mar dhliteanais ag an gcóirluach tríd an ráiteas ioncaim agus ionstraimí airgeadais atá coinnithe lena dtrádáil nó atá ainmnithe ag an gcóirluach trí bhrabús nó trí chaillteanas ag an dáta tionscanta.

Nuair a aithnítear na sócmhainní sin ar dtús, aithnítear iad ag an gcóirluach, agus aithnítear costais idirbheart sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag an gcóirluach. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar na sócmhainní airgeadais sin sa bhrabús nó sa chaillteanas de réir mar a eascraíonn siad.

Is iad na hionstraimí a choinnítear i gcomhair trádála ná cinn a fhaightear go príomha chun críche díola sa ghearrthéarma, atá mar chuid de phunann infheistíochta a bhainistítear ina n-iomláine, agus áit a mbíonn gabháil brabúis ghearrthéarmach ann.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**
Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthacha chun a neamhchosaint ar mhalairt eachtrach, ráta úis, agus riosca praghsanna tráchtearraí a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh babhtálacha ráta úis, babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha, babhtálacha airgeadra, réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe agus conarthaí tráchtála eile a bhaineann le ceannach breosla agus díol leictreachais.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás go ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí le comhlíonadh. Dá bhrí sin ní thagann na conarthaí sin faoi scóip IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.

Tugtar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí díorthacha nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí féinúsáide mar dhíorthaigh thrádála agus aithnítear iad ar an gclár comhardaithe ag an gcóirluach. Sa chás go bhfuil caidreamh cuntasaíochta fálaithe ainmnithe agus gur cruthaíodh go bhfuil sé éifeachtach, aithneofar na hathruithe ar an gcóirluach de réir IAS 39 mar fháluithe sreabhadh airgid nó fáluithe cóirluacha.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra a fhálú. Áirítear gach díorthach



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)

den sórt sin ag an gcóirluach agus déantar iad a atomhas chuig an gcóirluach ar dháta an chláir chomhardaithe. Tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin ainmnithe mar a bheith coinnithe chun críocha fálaithe. Bunaítear ainmniú an chaidrimh um fhálú ar dháta tionscanta an chonartha agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach maidir lena chuspóir a bhaint amach agus gur féidir éifeachtacht an fhálú a thomhas go hiontaofa. Braitheann ionramháil na ngnóthachan agus na gcaillteanas ar atomhas ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus cibé an bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar fhálú cóirluacha nó mar fhálú sreabhaidh airgid.

Déileáiltear le díorthaigh nach cuid iad de na caidrimh fálaithe éifeachtaigh amhail is dá mba rud é go raibh siad coinnithe le haghaidh trádála, agus taifeadtar gach gluaiseacht cóirluacha tríd an ráiteas ioncaim.

**(i) Fáluithe ar an sreabhadh airgid**
Sa chás go bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach ainmnithe mar fhálú ar inathraitheacht i sreafaí airgid de dhliteanas aitheanta, ceangaltas daingean nó idirbheart réamhaisnéise an-dóchúil, aithnítear an chuid éifeachtach de ghnóthachan nó de chaillteanas ar bith ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bhíonn aitheantas sócmhainn nó dliteanais neamhairgeadais mar thoradh ar an gceangaltas daingean nó ar an idirbheart réamhaisnéise, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é ar thomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach de ghnóthachan nó caillteanas ar bith sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim fálaithe nó caidreamh fálaithe ach táthar ag súil fós go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, fágtar an gnóthachan nó an caillteanas ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura bhfuil an t-idirbheart fálaithe dóchúil níos mó, aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas carntha neamhréadaithe in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(ii) Fálú glaninfheistíochta in aonán eachtrach**
Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraí glaninfheistíocht in oibríocht eachrach, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ar aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear cion neamhéifeachtach ar bith láithreach sa ráiteas ioncaim.

**(c) Iasachtaí lena mbaineann ús**
Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús i dtosach ag an gcóirluach lúide costais idirbheart inchurtha. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh sonraítear na hiasachtaí sin ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis.

**(d) Conarthaí árachais**
Le linn an ghnáthchúrsa gnó, soláthraítear ráthaíochtaí agus bannaí na Máthairchuideachta chuig fochuideachtaí na Máthairchuideachta. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí sin faoi IFRS 4 mar chonarthaí árachais. Sa chás go bhfuiltear ag súil nach ndéanfar éilimh ar bith ar na conarthaí sin, ní dhéantar soláthar ar bith i ráitis airgeadais na Máthairchuideachta. Sa chás go bhfuil éilimh dóchúil, cuirtear an beartas um sholáthairtí (15) i bhfeidhm.

### 12. RANNÍOCAÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR AGUS DEONTAIS CHAIPITIL NEAMHINAISÍOCTHA

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair agus deontais chaipitil neamh-inaisíoctha a fuarthas suas go dtí 1 Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoileadh ar an ráiteas ioncaim iad ar bhonn comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha.

I ndiaidh chur i bhfeidhm IFRIC 18 - Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, aithnítear ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas i ndiaidh 1 Iúil 2009 (dáta éifeachtach an léirmhínithe) go hiomlán ar chríoch na seirbhísí a fuarthas, sa ráiteas ioncaim.

### 13. STOC CAIPITIL

Tomhaistear aonaid an stoic chaipitil ag an bpraghas ar a n-eisíodh iad i dtosach chuig an Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna, agus chuig ESB ESOP Trustee Limited.

### 14. CÁIN IONCAIM

Cuimsíonn cáin ioncaim ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin go dtí an méid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach in ioncam cuimsitheach eile nó i gcothromas.

**(a) Cáin reatha**
Soláthraítear an cháin reatha ag na rátaí reatha agus ríomhtar í ar bhonn thorthaí na bliana. Ní áiríonn an speansas cáin ioncaim ar an ráiteas ioncaim cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis na ngnóthas comhfhiontair, toisc go bhfuil sé sin san áireamh laistigh de línte ar leith ar thosach an ráitis ioncaim le haghaidh brabús ó chomhfhiontair.

**(b) Cáin iarchurtha**
Soláthraítear cáin iarchurtha ag baint úsáid as an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe, lena ndéantar soláthar i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach go dtí an méid a mheasann an Bord go bhfuil sé níos dóchúla go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaí na ndifríochtaí bunúsacha sealadacha a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil lena gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina n-aisiompaítear na difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

### 15. SOLÁTHAIRTÍ

Aithnítear soláthar, má tá oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa, i ngeall ar imeacht san am a chuaigh thart, ar féidir é a mheas go hiontaofa, agus má tá sé dóchúil go dteastóidh eis-sreabhadh de shochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a ghlanadh. Cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid todhchaí ionchais a lascainiú ag ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

**Soláthar le haghaidh dúnadh stáisiún giniúna**
Is ionann an soláthar le haghaidh dúnadh stáisiúin ghiniúna agus luach reatha mheastacháin reatha na gcostas a bhaineann le dúnadh na stáisiún ag deireadh a saolréanna úsáideacha.

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le dúnadh na stáisiún go hiomlán ag tosach shaolré na sócmhainne, ach déantar iad a lascainiú ar luachanna reatha ag baint úsáid as ráta saor ó riosca. Déantar na costais a chaipitliú sa mhaoin, gléasra agus trealamh agus déantar iad a dhímheas thar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is cuí.

Déantar na leasuithe ar na costais mheasta lascainithe a chaipitliú sna sócmhainní ábhartha agus déantar iad a dhímheas thar an chuid atá fanta de shaolré na sócmhainní ábhartha. De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a sholáthar i dtosach ar bhonn lascainithe, méadaítear an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid an tsoláthair agus an ráta lascaine a bhí i bhfeidhm ar an dáta tomhais deireanach (a thugtar cothrom le dáta gach bliain) agus áirítear é ar an ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an dóigh sin, beidh an soláthar cothrom leis na costais mheasta dúnta ag deireadh shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na stáisiún. Socraítear an caiteachas iarbhír i gcoinne an tsoláthair de réir mar a dhúntar na stáisiúin.

Áirítear an soláthar maidir le costais dhúnta stáisiún giniúna mar chuid de na forálacha reatha nó neamhreatha mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

### 16. DEIGHLEOGA OIBRIÚCHÁIN - IFRS 8

Mar thoradh ar an gclár fiachas mórdhíola Eorabhannaí €3 billiún, atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, tá feidhm ag riachtanais um nochtadh IFRS 8 - Deighleoga Oibriúcháin maidir leis an nGrúpa. Sainítear

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)

in IFRS 8 an dóigh ar cheart d'aonán faisnéis a nochtadh maidir lena dheighleoga ag baint úsáid as an gcur chuige bainistíochta faoina gcuirtear faisnéis faoi dheighleoga i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear do thuairisciú inmheánach. An fhaisnéis airgeadais maidir le deighleoga ar a ndéanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord, dá ngairtear le chéile an Príomhchinnteoir Oibriúcháin (COMD), athbhreithniú rialta, sa chaoi gur féidir leo cinntí a dhéanamh maidir le hacmhainní a leithroinnt agus feidhmíocht a mheas, tá sí curtha i láthair i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

### 17. IONCAM

**(a) Ioncam leictreachais**

Cuimsíonn ioncam luach na ndíolachán a fhaightear ó ghiniúint, ó dháileadh agus ó dhíol leictreachais, mar aon le hearraí agus seirbhísí eile do chustaiméirí lasmuigh den Ghrúpa agus ní áirítear cáin bhreisluacha leis.
Áirítear le hioncam leictreachais luach na n-aonad a sholáthraítear do chustaiméirí idir dáta an léimh mhéadair is déanaí agus deireadh na bliana agus áirítear an meastachán seo in infháltais trádála agus infháltais eile sa chlár comhardaithe mar ídiú neamhbhilleáilte. Aithnítear ioncam leictreachais ar ídiú leictreachais.

**(b) Ioncam ó chonarthaí**

Aithnítear ioncam ó chonarthaí ar bhonn cionroinnt ama trí thagairt do chéim chríochnaithe an chonartha ar dháta an chláir chomhardaithe.

### 18. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a thabhaítear don Ghrúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

### 19. COSTAIS

**(a) Costais fuinnimh**

Áirítear ar chostais fuinnimh costais dhíreacha breosla (gual agus gás go príomha), leictreachas ceannaithe, Muirir um Úsáid an Chórais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachas ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Chuaigh an Grúpa isteach i gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha áirithe le haghaidh méideanna seasta. Is féidir leis an nGrúpa méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí atá sa bhreis nó faoi na rátaí margaidh a aisghabháil nó is féidir iad a aisíoc leis an margadh faoin tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)

**(b) Costais oibriúcháin agus chothabhála eile**

Baineann costais oibriúcháin agus chothabhála eile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadal, costais conraitheoirí agus costais forais. Aithnítear na costais sin sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(c) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar éarlaisí bainc, ar a ngearrtar ús ag na rátaí úis éarlaise atá i bhfeidhm.

Cuimsíonn na costais airgeadais caiteachas úis ar iasachtaí, leachtú na lascaine ar sholáthairtí, muirir mhaoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais cóirluacha ar ionstraimí airgeadais nach gcáilíonn le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, caillteanais ar ionstraimí fálaithe a aithnítear ar an ráiteas ioncaim agus athrangú na méideanna a aithníodh roimhe in ioncam cuimsitheach eile.

### 20. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

D'úsáid an Grúpa an téarma eisceachtúil chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe ar gá, i dtuairim an lucht bainistíochta, iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méide nó a dteagmhais, nó i ngeall go ndearbhaítear go bhfuil gnóthachain agus caillteanais áirithe de chineál neamhfhillteach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar mhíreanna eisceachtúla costais maidir le hathstruchtúrú, bearnúcháin shuntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha ar mheastacháin agus costais aonuaire sa chás go bhfuil aitheantas ar leithligh tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa ar fáil i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

### 21. DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

**(a) Dliteanais athstruchtúraithe**

Tá sochair i dtaca le foirceannadh deonach iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord an ESB agus Foireann Ceardchumainn agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí iomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair sin. Aithníonn an Grúpa na sochair foirceanta nuair atá sé tiomanta go follasach gan an fhéidearthacht réadúil go dtarraingeofaí as, do phlean mionsonraithe foirmiúil an fhostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó sochair foirceanta a chur ar fáil mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le fostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh.

Aithnítear sochair foirceanta le haghaidh iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas nuair atá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa agus nuair a glacadh leis an tairiscint. Déantar gnáth-shochair foirceanta nach bhfuil cumhdaithe faoin gcomhaontú réamhluaite a chlárú mar chaiteachas nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a aistarraingt a thuilleadh nó nuair a aithníonn an Grúpa na costais as athstruchtúrú, cibé acu a tharlaíonn níos luaithe. Déantar sochair a bhfuiltear ag súil lena socrú níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a lascainiú go dtí an luach reatha. Ní dhéantar soláthar i leith caillteanais oibriúcháin todhchaí.

**(b) Dliteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe**

Aithnítear na costais a bhaineann le saoire agus bónais nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís lena méadaítear a dteidlíocht i leith neamhláithreachtaí cúitithe amach anseo.

### 22. OIBLEAGÁIDÍ PINSIN

Tá scéimeanna pinsean éagsúla i bhfeidhm ag cuideachtaí an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus maoinítear iad trí íocaíochta le cistí arna riar ag iontaobhaithe.

**Scéimeanna pinsean i bPoblacht na hÉireann**

Tá dhá scéim pinsin i bhfeidhm ag an nGrúpa, dá ngairtear Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB.

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsean ranníocach a dtugtar Scéim Sochair Shainithe d'Fhostaithe Ginearálta ESB uirthi. Dílsítear an ciste in Iontaobhaithe a ainmníonn an ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Tá an Scéim cláraithe mar Scéim Sochair Shainithe leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear an Scéim. Déantar na sochair iníoctha a dhearbhú faoi threoir na samhla pinsean, Meántuilleamh Athluacháilte Gairme (CARE) maidir le sochair a thuilleamh i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar an tuarastal deiridh roimhe seo). Níl oibleagáid dhlíthiúil ar bith ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choinneáil i gcás go bhfuil easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar an Chuideachta faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe, agus Achtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh.

De réir an Chomhaontuithe Pinsean 2010 (arna fhaomhadh ag na fostaithe i mí Iúil 2010 agus arna dhaingniú ag Bord an ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), d'aontaigh an ESB go ndéanfaidís instealladh airgid aonuaire sa Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, agus a raibh luach aontaithe €591 milliún aige chun críche achtúireacha amhail ar 1 Eanáir 2010. Níor athraíodh na rátaí seasta ranníocaíochta don fhostóir ná do na fostaithe. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le duine úr ar bith dul isteach sa Scéim.

Dearbhaíodh na hoibleagáidí don Scéim atá léirithe i ráitis airgeadais an ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaí. Ós rud é nach gnáth-Scéim DB "comhardú costas" an scéim (ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), ní mór a bheith stuama maidir leis na hoibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, mar a luadh thuas, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl oibleagáid ar bith ar an ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na gnáthranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid ranníocaíochta breise €591 milliún na Cuideachta (ar ndearnadh tiomantas ina leith mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010). Dá bhrí sin, chinn an ESB gur cheart do na ráitis airgeadais a oibleagáidí don Scéim a léiriú, ina gcuimsítear an méid seo a leanas:
a) méid ar bith atá fágtha le híoc i ndáil leis an ranníocaíocht aonuaire a aontaíodh de bhun




# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar lean)


Chomhaontú 2010 (€591 milliún in airgead de chuid 2010 le híoc thar roinnt blianta)
b) tiomantais réamhbhunaithe maidir le seirbhís san am atá thart (luach reatha na ranníocaíochtaí comhaontaithe; baineann an luach sin le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010), agus le
c) Cláir Scaoilíocaíochta Deonaí (VS) a bhíodh i bhfeidhm – in 2010, d'aithin an Chuideachta go raibh tiomantas i gceist amach anseo i ndáil le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS a bhíodh i bhfeidhm. Déanfaidh an ESB ranníocaíochtaí pinsean i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear iad sin ag an gcóirluach.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas le 16.4%) sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.

Is ciste pinsin le ranníocaíochtaí sainithe é Scéim Pinsin ESB; coimeádtar cuntas ar ranníocaíochtaí sa scéim ar bhonn ranníocaíochtaí sainithe, agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra ar an ioncam atá ann sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim pinsean i dTuaisceart Éireann**

Tá scéim le sochar sainithe i bhfeidhm ag Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks), ar fochuideachta í atá faoi lán-úinéireacht an Ghrúpa, maidir le gach fostaí incháilithe. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáid sochair shainithe NIE Networks ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus déantar í a lascainiú ag ráta a roghnaítear trí thagairt a dhéanamh don ráta toraidh reatha atá ag bannaí corparáideacha ardchaighdeáin atá cothrom leis na dliteanais de réir airgeadra agus téarma. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean ag an gcóirluach. Faightear luachálacha iomlána achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus tugtar cothrom le dáta iad go bliantúil ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha go hiomlán sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe ar an ráiteas ioncaim thar na tréimhsí a bhain leas as seirbhís na bhfostaithe. Aithnítear costais seirbhíse san am a chuaigh thart lena n-áirítear caillteanais ghiorrúcháin sa ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Áirítear an t-ioncam úis ó shócmhainní scéim pinsean agus caiteachas úis ar dhliteanais scéim pinsean laistigh den ghlanchostas airgeadais.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**2. TUAIRISCIÚ AR DHEIGHLEOGA**

Mar thoradh ar fhiachas a thrádáiltear go poiblí a bheith eisithe aige, cuimsítear an Grúpa laistigh de scóip IFRS 8 - Deighleoga Oibriúcháin, agus tá an nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais seo.

Chun críocha bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe ina cheithre phríomhdheighleog intuairiscithe, ar rannáin straitéiseacha an Ghrúpa iad atá á mbainistiú ar leithligh, agus cuirtear faisnéis bhainistíochta inmheánach maidir leo ar fáil don Fhoireann Feidhmiúcháin agus don Bhord, dá dtagraítear le chéile mar Phríomhchinnteoir Oibriúcháin an Ghrúpa. Tugann trí rannán chorparáideacha eile tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhrannáin oibriúcháin an Ghrúpa agus luaitear le chéile mar Dheighleoga Eile san fhaisnéis thíos iad.

Tá cur síos déanta ar phríomhdheighleoga intuairiscithe an Ghrúpa mar a leanas:

**(a) Tá Electric Ireland** ar cheann de na príomhsholáthróirí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus chuaigh sé isteach sa mhargadh baile i dTuaisceart Éireann in 2015. Tá scair shuntasach ag Electric Ireland den mhargadh neamhbhaile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Faightear ioncaim go príomha ó leictreachas a dhíol le custaiméirí.

**(b) Baineann ESB Networks** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Gnólacht rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) mar thoradh ar tháillí Úsáidte Córais atá iníoctha ag gineadóirí agus soláthraithe leictreachais. Tá sé imfhálaithe mar thoradh ar rialú arna chur i bhfeidhm ag gnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

**(c) Cuimsíonn Generation and Wholesale Markets** na gnólachtaí giniúna agus infheistíochta idirnáisiúnta ar fud an Ghrúpa. Laistigh den deighleog gnó seo, bíonn stáisiúin chumhachta agus feirmeacha gaoithe á bhfeidhmiú ag an nGrúpa i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

**(d) Baineann Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann. Faigheann NIE Networks a ioncam den chuid is mó ó tháillí a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais maidir le húsáid na gcóras dáileacháin agus ó tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí tarchurtha a bhailítear ó Oibritheoir an Chórais i dTuaisceart Éireann (SONI).

**(e) Áirítear ar Dheighleoga Eile** torthaí soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Bíonn na deighleoga seo á rialú le rialachán, agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil idirbhearta idir deighleoga oibriúcháin ar neamhthuilleamaí, cosúil le hidirbhearta le tríú páirtithe. Áirítear ar an deighleog seo freisin formhór chostais mhaoinithe an Ghrúpa, toisc go ndéantar tromlach ghníomhaíocht an Chisteáin go lárnach. Ní dhéantar costais airgeadais a ghearradh ar dheighleoga oibriúcháin eile arís.

Rinneadh aonad gnó, Innovation, a bhunú chun deiseanna infheistíochtaí úra a chomhordú agus díriú orthu ionas go bhféadfaí gnó úr a fhorbairt agus a fhás i gcomhthéacs timpeallacht atá ag síorathrú. Oibríonn an deighleog seo taobh le croí-dheighleoga oibriúcháin an Ghrúpa. Tá sé beartaithe de réir mar a aithneofar deiseanna gnó agus de réir mar a éireoidh siad inmharthana, aistreofar iad chuig an gcroí-dheighleog oibriúcháin ábhartha. Tuairiscítear Nuáil chuig CODM mar chomhchuid ar leith laistigh de Dheighleoga Eile.

Déanann CODM monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh d'fhonn acmhainní a leithdháileadh idir deighleoga agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht na ndeighleog a luacháil bunaithe ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na ndeighleog chuig CODM.

**Ioncam de réir an táirge**

Déantar deighleoga intuairiscithe a roinnt de réir an chineáil ioncaim táirge a thuilltear. Cuimsíonn ioncaim Electric Ireland ioncam ó leictreachas agus gás a dhíol le custaiméirí. Tá ioncam an ghnó Margaí Giniúna agus Mórdhíola ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá áirithe laistigh de Dheighleoga Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)**

**(a) Ráiteas Ioncaim**

**(i) Ioncam deighleoige - 2016**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 1,890,601 | 474,103 | 521,055 | 256,935 | 69,057 | - | **3,211,751** |
| Ioncam idir-dheighleog | 4,392 | 544,818 | 806,290 | 15,345 | 209,266 | (1,580,111) | **-** |
| **Ioncam** | 1,894,993 | 1,018,921 | 1,327,345 | 272,280 | 278,323 | (1,580,111) | **3,211,751** |
| **(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2016** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (9,009) | (379,747) | (202,218) | (141,409) | (28,026) | - | **(760,409)** |
| Costais oibriúcháin eile | (1,813,606) | (357,544) | (896,882) | (95,573) | (306,046) | 1,580,111 | **(1,889,540)** |
| **(iii) Toradh oibriúcháin -2016** | | | | | | | |
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin | 72,378 | 314,216 | 230,836 | 35,298 | (55,402) | - | **597,326** |
| Glanchostas airgeadais | (136) | (289) | (9,726) | (50,255) | (328,018) | - | **(388,424)** |
| Sciar bhrabúis / (chaillteanas) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu sa chuntas | - | - | 91 | - | (15,348) | - | **(15,257)** |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 72,242 | 313,927 | 221,201 | (14,957) | (398,768) | - | **193,645** |

**(i) Ioncam deighleoige - 2015**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 2,095,907 | 407,880 | 472,241 | 279,630 | 79,743 | - | 3,335,401 |
| Ioncam idir-dheighleog | 4,418 | 546,172 | 936,479 | 21,672 | 198,558 | (1,707,299) | - |
| **Ioncam** | 2,100,325 | 954,052 | 1,408,720 | 301,302 | 278,301 | (1,707,299) | 3,335,401 |
| **(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2015** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (8,288) | (365,361) | (206,227) | (147,697) | (17,105) | - | (744,678) |
| Costais oibriúcháin eile | (2,047,985) | (335,015) | (961,122) | (105,336) | (242,140) | 1,707,299 | (1,984,299) |
| Muirear bearnúcháin (mír eisceachtúil) | - | - | (104,237) | - | - | - | (104,237) |
| **(iii) Toradh oibriúcháin 2015** | | | | | | | |
| Brabús oibriúcháin (lena n-áirítear mír eisceachtúil) | 44,052 | 286,644 | 137,079 | 48,269 | 15,086 | - | 531,130 |
| Glanchostas airgeadais | (149) | (665) | (29,528) | (57,557) | (127,189) | - | (215,088) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (179) | - | (8,997) | - | (9,176) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 43,903 | 285,979 | 107,372 | (9,288) | (121,100) | - | 306,866 |

[1] Áirítear le deighleog NIE Networks dímheas ar ardú cóirluacha arna aithint le héadáil NIE Networks.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)

### (b) Nochtadh eile

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní neamh-reatha breise (cé is moite d'éadálacha)** | | |
| Electric Ireland | **7,569** | 10,895 |
| ESB Networks | **373,260** | 494,477 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **262,403** | 175,965 |
| NIE Networks | **141,230** | 134,977 |
| Deighleoga Eile | **113,153** | 56,659 |
| **Iomlán** | **897,615** | 872,973 |

Áirítear le sócmhainní neamh-reatha breise (gan éadálacha) infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (cé is moite de liúntais d'astuithe) agus sócmhainní airgeadais.

## 3. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

### (a) Sócmhainní neamh-reatha de réir suímh gheografaigh

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **7,812,557** | 7,767,937 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **3,273,549** | 3,717,022 |
| An chuid eile den domhan | **10,406** | 24,566 |
| **Iomlán** | **11,096,512** | 11,509,525 |

Ciallaíonn sócmhainní neamh-reatha, chun na críche seo, maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, cáilmheas, infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainní airgeadais agus infháltais trádála agus infháltais eile. Eisítear ionstraimí airgeadais dhíorthaigh agus sócmhainní cánach iarchurtha.

### (b) Ioncam seachtrach de réir an mhargaidh gheografaigh

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,744,816** | 2,792,331 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **449,251** | 528,051 |
| An chuid eile den domhan | **17,684** | 15,019 |
| **Iomlán** | **3,211,751** | 3,335,401 |

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Cuireann an Grúpa míreanna áirithe i láthair ar leithligh ar mhíreanna neamhghnácha de bhua a méide agus a minicíochta iad, i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí lárnacha leanúnacha. Tá an cur i láthair seo déanta sa ráiteas ioncaim chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht ghnó bhunúsaigh an Ghrúpa. Úsáideann an Grúpa a bhreithiúnas agus measúnú á dhéanamh aige ar na míreanna áirithe ar chóir iad a nochtadh mar mhíreanna eisceachtúla.

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Muirir bhearnúcháin | **-** | (104,237) |

**Muirir bhearnúcháin**
Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - ordaítear le Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an mhéid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cóirluach sócmhainne lúide na costais lena dhiúscairt, nó a luach in úsáid, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach in úsáid trí Ghlanluach Reatha (NPV) na sreafaí airgid thirim sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Tar éis don athbhreithniú bearnúcháin a bheith curtha i gcrích don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, is amhlaidh nach ann d'aon mhuirir bhearnúcháin eisceachtúla.

In 2015, bhí dhá stáisiún cumhachta ann ar gearradh muirir bhearnúcháin orthu.
Is gástuirbín comh-thimthrialla (CCGT) 350 MW é Corby atá suite sa Bhreatain Mhór. In 2015, taifeadadh muirear bearnúcháin €57.8 milliún (Stg£41.0 milliún) i gcostais oibriúcháin (nóta 6) i ndáil le Corby de dheasca athruithe diúltacha ar chuar réamh-mheasta na Breataine Móire maidir le praghas leictreachais mhórdhíola agus de thoradh nár éirigh le Corby sa cheant acmhainne in 2015.

Is CCGT 400 MW é Coolkeeragh atá suite i dTuaisceart na hÉireann. Cuireann stáisiún Coolkeeragh slándáil córas ar fáil i dTuaisceart Éireann ach d'ainneoin sin, tháinig laghdú ar rith an stáisiúin sa Mhargadh Aonair Comhtháite Leictreachais in 2015. Is é is cúis leis an laghdú ná go bhfuil fuinneamh a ghintear ó theicneolaíochtaí eile níos tíosaí, agus go bhfuil roinnt gléasra gáis, cosúil le Cúil Chaorach, atá in SEM freisin agus san iomaíocht le haghaidh reáchtáil. Mar thoradh ar an laghdú reatha seo, rinneadh athbhreithniú bearnúcháin agus ba é a bhí mar thoradh air seo ná gur aithníodh muirear bearnúcháin de €46.4 milliún (Stg£33.0 milliún) in 2015.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 5. IONCAM / (SPEANSAIS) OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh, agus sócmhainní doláimhsithe | **926** | 590 |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí[1] | **9,383** | 6,852 |
| Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair | **33,138** | 32,222 |
| Díbhinní a fuarthas | **1,139** | - |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar shócmhainní arna dtomhas ar luach chóir trí bhrabús agus chaillteanas (nóta 13)[2] | **(9,062)** | (2,847) |
| Caillteanas mar thoradh ar thiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta[3] | **-** | (7,874) |
| **Iomlán** | **35,524** | 28,943 |

[1] Baineann an brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí le díol feirmeacha gaoithe in Airvolution, ar cuimsíodh €21.1 milliún (2015: €26.1 milliún) de i maoin, gléasra agus trealamh (nóta 10).

[2] Baineann na gluaiseachtaí cóirluacha sna blianta 2016 agus 2015 le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí i bhfiontair in-athnuaite i seilbh Novusmodus, arna sonrú i nóta 13.

[3] Féach ar nóta 13 le haghaidh tuilleadh eolais maidir le tiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta.

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 8)[1] | **463,750** | 439,282 |
| Costais breosla[2] | **596,367** | 653,667 |
| Costais eile a bhaineann le leictreachas | **303,818** | 434,732 |
| Oibriúcháin agus cothabháil[1 & 3] | **520,635** | 456,618 |
| Athruithe bearnúcháin (nóta 10) | **4,970** | 104,237 |
| Dímheas agus amúchadh (nótaí 10/11) | **760,409** | 744,678 |
| **Iomlán** | **2,649,949** | 2,833,214 |

[1] Rinneadh na méideanna ón bhliain roimhe seo a athaicmiú le go mbeadh siad ag teacht le cur i láthair na bliana seo. Ní raibh tionchar ar bith ag na hathaicmithe seo de €18.1 milliún ar thorthaí tuairiscithe na n-oibríochán. Tháinig athrú i gcur i láthair chostais oibriúcháin agus chothabhála agus costais fhoirne thuairiscithe fhochuideachta an Ghrúpa, NIE Networks.

[2] Áirítear sna costais bhreosla muirear €1.5 milliún (2015: €nialas) a bhaineann leis an ngluaiseacht cóirluacha i dtaca le babhtálacha tráchtearraí breosla nach bhfuil ainmnithe mar fhálú cuntasaíochta.

[3] Áirítear le hoibriúcháin agus cothabháil caillteanas i dtaca le hathaistriú in airgeadraí eachtracha, arb ionann é agus €26 milliún (2015: gnóthachan €10 milliún) ar staideanna idirchuideachta a bhfuil an lámh in uachtar ag steirling orthu.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 7. GLANCHOSTAS AIRGEADAIS AGUS MUIRIR MHAOINITHE EILE

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí | **219,722** | 259,583 |
| Lúide ús caipitlithe | **(49,235)** | (52,626) |
| **Glan-ús ar iasachtaí** | **170,487** | 206,957 |
| | | |
| **Muirir mhaoinithe:** | | |
| - ar scéim pinsean NIE Networks (nóta 21) | **4,312** | 5,651 |
| - ar scéim pinsean ESB (nóta 22) | **29,657** | 30,788 |
| - ar dhliteanais a bhaineann le fostaithe (nóta 22) | **835** | 1,190 |
| - ar chostais dúnta stáisiún cumhachta (nóta 25) | **1,482** | 1,568 |
| - ar fhorálacha eile (nóta 25) | **537** | 462 |
| **Iomlán na muirear maoinithe** | **36,823** | 39,659 |
| | | |
| **Caillteanais / (Gnóthachain) chóirluacha ar ionstraimí airgeadais:** | | |
| - babhtálacha airgeadra / rátaí úis: fáluithe ar an sreabhadh airgid, aistriú ó Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI) | **6,274** | 7,722 |
| - babhtálacha rátaí úis agus babhtálacha atá nasctha le boilsciú agus nach bhfuil i dteideal cuntasaíocht fálaithe | **183,863** | (37,958) |
| - conarthaí malairte eachtraí nach bhfuil i dteideal cuntasaíocht fálaithe | **25** | 2 |
| **Iomlán na gcaillteanas / (gnóthachan) cóirluacha ar ionstraimí airgeadais** | **190,162** | (30,234) |
| | | |
| **Costas airgeadais** | **397,472** | 216,382 |
| **Ioncam airgeadais** | **(9,048)** | (1,294) |
| **Glanchostas airgeadais** | **388,424** | 215,088 |

Ríomhtar na muirir mhaoinithe i leith forálacha i gcomhréir leis an mbeartas um lascainiú oibleagáidí íocaíochta na todhchaí, mar a nochtar sna beartais chuntasaíochta - féach nóta 1.

Anuas ar na méideanna thuas a aistríodh ó ioncam cuimsitheach eile a bhain leis na babhtálacha rátaí úis agus na conarthaí malairte eachtraí a nochtadh thuas, aistríodh €10.4 milliún (2015: €63.7 milliún) sa bhreis ón gcúlchiste fálaithe sreabhadh airgid chuig glanchostais airgeadais agus muirir mhaoinithe eile i gcaitheamh na bliana. Déantar na méideanna sin a fhritháireamh go hiomlán, áfach, ag gluaiseachtaí in aistriú na n-iasachtaí bunúsacha d'airgeadra eachtrach fálaithe ag na rátaí malairte a bhí i réim.

Áirítear le hioncam airgeadais ús ar iasachtaí €8.4 milliún (2015: €nialasach) atá infhála ó Tilbury Green Power Holdings Limited - €nialas) - féach nóta 28 le haghaidh tuilleadh eolais.

Tháinig gluaiseachtaí cóirluacha diúltacha de €187.6 milliún aníos ar na babhtálacha a bhí nasctha le boilsciú in 2016 (2015: gluaiseachtaí cóirluacha dearfacha de €29.8 milliún), rud ar léiriú é den timpeallacht ráta úis ísil agus den phraghasinnéacs tomhaltóirí (RPI) ard sa Ríocht Aontaithe. Aithníodh iad sin laistigh de chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, mar nach raibh cuntasaíocht fhálaithe ar fáil do na hionstraimí seo.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 8. FOSTAITHE

**GRÚPA**

| (a) **Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:** | 2016 Uimhir | 2015 Uimhir |
|---|---|---|
| Electric Ireland | **365** | 346 |
| ESB Networks | **3,289** | 3,204 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **981** | 973 |
| NIE Networks | **1,261** | 1,208 |
| Deighleoga Eile | **1,701** | 1,574 |
| **Iomlán** | **7,597** | 7,305 |

| (b) **Costais fostaí i rith na bliana** | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)**[1] | | |
| Tuarastail | **507,776** | 471,418 |
| Ragobair | **35,360** | 38,713 |
| Costais leasa shóisialaigh | **34,576** | 34,200 |
| Sochair phárolla eile[2] | **34,140** | 32,203 |
| | **611,852** | 576,534 |
| | | |
| Párolla caipitlithe | **(201,513)** | (191,652) |
| **Glanchostas párolla maidir le fostaithe** | **410,339** | 384,882 |
| | | |
| (c) **Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Muirear pinsean - scéimeanna eile[3] | **45,374** | 44,127 |
| Muirear do scéim pinsin NIE Networks[4] | **8,037** | 10,273 |
| | **53,411** | 54,400 |
| | | |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **463,750** | 439,282 |

[1] Rinneadh na méideanna ón bhliain roimhe seo a athaicmiú le go mbeadh siad ag teacht le cur i láthair na bliana seo. Ní raibh tionchar ar bith ag na hathaicmithe seo de €18.1 milliún ar thorthaí tuairiscithe na n-oibríochán. Tháinig athrú i gcur i láthair chostais oibriúcháin agus chothabhála agus costais fhoirne thuairiscithe fhochuideachta an Ghrúpa, NIE Networks.

[2] Is iad costais taistil agus cothabhála agus fabhruithe maidir le hiarmhéideanna saoire ag deireadh na bliana a áirítear leis na sochair seo den chuid is mó.

[3] Áirítear leis an muirear pinsin a dhéantar le scéimeanna eile ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB, chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB, agus chuig an gCuid Roghanna de Scéim NIE Networks.

[4] Ní bhaineann muirear scéim pinsin NIE Networks ach amháin leis gcuid 'Focus' sa Northern Ireland Electricity Scheme (an Scéim NIE Networks). Féach nóta 21 le haghaidh tuilleadh sonraí.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**8. FOSTAITHE (ar lean)**

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

**(a) Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2016 Uimhir | 2015 Uimhir |
|---|---|---|
| Electric Ireland | **286** | 283 |
| ESB Networks | **3,289** | 3,204 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **619** | 626 |
| Deighleoga Eile | **940** | 850 |
| **Iomlán** | **5,134** | 4,963 |

**(b) Costais fostaí i rith na bliana**

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)** | | |
| Tuarastail | **362,075** | 321,526 |
| Ragobair | **26,948** | 29,808 |
| Costais leasa shóisialaigh | **22,367** | 20,722 |
| Sochair phárolla eile[1] | **22,216** | 20,933 |
| | **433,606** | 392,989 |
| Párolla caipitlithe | **(143,959)** | (134,146) |
| **Glanchostas párolla maidir le fostaithe** | **289,647** | 258,843 |
| **(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Muirear Pinsin[2] | **32,334** | 31,697 |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **321,981** | 290,540 |

[1] Is iad costais taistil agus cothabhála agus fabhruithe maidir le hiarmhéideanna saoire ag deireadh na bliana a áirítear leis na sochair seo den chuid is mó.

[2] Áirítear leis an muirear pinsin a dhéantar le scéimeanna eile ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB.

**9. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS**

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Luaitear an brabús don bhliain airgeadais tar éis gearradh / (cur chun sochair): | | |
| Dímheas agus amúchadh | **760,409** | 744,678 |
| Muirear bearnúcháin[1] | **4,970** | 104,237 |
| Muirir léas oibriúcháin | **18,596** | 13,940 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair[2] | **(33,138)** | (32,222) |
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | **(926)** | (590) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus sócmhainní doláimhsithe | **(9,383)** | (6,852) |
| Caillteanas mar thoradh ar thiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta | **-** | 7,874 |
| **Luach saothair an iniúchóra:** | | |
| - Iniúchadh ar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí aonair agus an Ghrúpa[3] | **320** | 320 |
| - Seirbhísí dearbhaithe eile | **315** | 290 |
| - Seirbhísí comhairleacha cánach | **9** | 36 |
| - Seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile | **156** | 67 |
| **Luach saothair chomhaltaí Boird ESB (Máthairchuideachta):** | | |
| - Táillí | **155** | 142 |
| - Luach saothair eile | **359** | 359 |

[1] Muirear bearnúcháin (nóta 10)

[2] Áirítear leis an ioncam iarchurtha agus leis na deontais rialtais i nóta 24 amúchadh ranníocaíochtaí soláthair de €33.1 milliún (2015: €32.2 milliún) agus ioncam iarchurtha eile de €25.4 milliún (2015: €25.3 milliún)

[3] €180,000 (2015: €180,000) a bhaineann leis an Máthairchuideachta



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**10. MAOIN, GLÉASRA & TREALAMH**

| GRÚPA | Talamh agus foirgnimh € '000 | Gléasra agus innealra € '000 | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € '000 | Sócmhainní á dtógáil € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 1,180,201 | 16,033,296 | 17,213,497 | 1,572,404 | **18,785,901** |
| Breisithe | 100 | 235,367 | 235,467 | 579,058 | **814,525** |
| Scoir / diúscairtí | (1,299) | (12,329) | (13,628) | (26,164) | **(39,792)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 21,865 | 429,977 | 451,842 | (451,842) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (31,604) | **(31,604)** |
| Difríocht aistrithe | 552 | 258,393 | 258,945 | 40,258 | **299,203** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 1,201,419 | 16,944,704 | 18,146,123 | 1,682,110 | **19,828,233** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 1,201,419 | 16,944,704 | 18,146,123 | 1,682,110 | **19,828,233** |
| Breisithe | 57,565 | 203,578 | 261,143 | 585,647 | **846,790** |
| Scoir / diúscairtí | (3,307) | (12,218) | (15,525) | (21,127) | **(36,652)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 27,368 | 981,619 | 1,008,987 | (1,008,987) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (28,022) | **(28,022)** |
| Difríocht aistrithe | (1,366) | (659,816) | (661,182) | (115,077) | **(776,259)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 1,281,679 | 17,457,867 | 18,739,546 | 1,094,544 | **19,834,090** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2015** | 660,244 | 7,409,071 | 8,069,315 | - | **8,069,315** |
| Muirear don bhliain | 21,317 | 685,050 | 706,367 | - | **706,367** |
| Scoir / diúscairtí | (642) | (11,985) | (12,627) | - | **(12,627)** |
| Bearnúchán | - | 104,237 | 104,237 | - | **104,237** |
| Difríocht aistrithe | 126 | 87,979 | 88,105 | - | **88,105** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2015** | 681,045 | 8,274,352 | 8,955,397 | - | **8,955,397** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | 681,045 | 8,274,352 | 8,955,397 | - | **8,955,397** |
| Muirear don bhliain | 31,051 | 686,289 | 717,340 | - | **717,340** |
| Scoir / diúscairtí | (1,608) | (11,813) | (13,421) | - | **(13,421)** |
| Bearnúchán | - | 4,970 | 4,970 | - | **4,970** |
| Difríocht aistrithe | (341) | (268,417) | (268,758) | - | **(268,758)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | 710,147 | 8,685,381 | 9,395,528 | - | **9,395,528** |
| **Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2016** | **571,532** | **8,772,486** | **9,344,018** | **1,094,544** | **10,438,562** |
| **Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2015** | 520,374 | 8,670,352 | 9,190,726 | 1,682,110 | **10,872,836** |
| **Leabharluach glan amhail ar an 1 Eanáir 2015** | 519,957 | 8,624,225 | 9,144,182 | 1,572,404 | **10,716,586** |

Le linn na bliana, rinne an Grúpa ús de €49.2 milliún (2015: €52.6 milliún) a chaipitliú i sócmhainní a bhí á dtógáil, agus bhain sé leas as ráta úis éifeachtach de 4.3% (2015: 4.7%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ar 31 Nollaig 2016 ná €87.4 milliún (2015: €88.0 milliún).

Áirítear maoin, gléasra agus trealamh ar leabharluach glan €nialas amhail ar 31 Nollaig 2016 leis an méid thuas ar chostas €3,885.6 milliún (2015: €3,613.9 milliún).

Baineann scor / diúscairtí sna blianta 2016 agus 2015 araon go príomha le deireadh a chur le sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán, chomh maith le diúscairt feirmeacha gaoithe forbarthacha ó shócmhainní a bhí á dtógáil in 2015 (féach nóta 5).

Áirítear le rudaí breise in 2016 caipitliú ar mhéadú an tsoláthair €56.9 milliún maidir le dúnadh stáisiún (2015: €nialas). Féach nóta 25 le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Bearnúchán**

**2016**

Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a nocht táscairí bearnúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir glanluach reatha sreabha airgid na todhchaí agus a nglanluach leabhar amhail ar 31 Nollaig 2016. Rinneadh athbhreithniú ar fheirm ghaoithe 20 MW Hunters Hill i gCo. Thír Eoghain i dTuaisceart Éireann ag deireadh na bliana. Táthar tar éis caillteanas bearnúcháin €4.9 milliún a aithint sa ráiteas ioncaim a bhaineann leis an bhfeirm ghaoithe seo. Tháinig an bearnúchán seo aníos mar thoradh ar laghdú lódfhachtóra.

**2015**

Tar éis athbhreithnithe ar stáisiún cumhachta CCGT Corby sa Bhreatain Mhór agus stáisiún cumhachta CCGT Coolkeeragh i dTuaisceart Éireann in 2015, aithníodh caillteanas bearnúchán de €57.8 milliún i ndáil le Corby agus €46.4 milliún i ndáil le Coolkeeragh sa ráiteas ioncaim in 2015. Amhail ar 31 Nollaig 2016, is é an luach tugtha anonn atá fágtha i dtaca le Corby ná €náid (2015: €nialas) agus i gcás Coolkeeragh, €60.0 milliún atá fágtha (2015: €59.0 milliún).

Féach nóta 4 chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na muirir bhearnúcháin thuas i stáisiún cumhachta CCGT Corby agus i stáisiún cumhachta CCGT Coolkeeragh in 2015.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**10. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Talamh agus foirgnimh € '000 | Gléasra agus innealra € '000 | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € '000 | Sócmhainní á dtógáil € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 1,146,335 | 12,061,530 | 13,207,865 | 853,426 | **14,061,291** |
| Breisithe | 92 | 98,562 | 98,654 | 439,155 | **537,809** |
| Scoir / diúscairtí | (1,054) | (12,329) | (13,383) | - | **(13,383)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 21,082 | 386,664 | 407,746 | (407,746) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (27,645) | **(27,645)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2015** | 1,166,455 | 12,534,427 | 13,700,882 | 857,190 | **14,558,072** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 1,166,455 | 12,534,427 | 13,700,882 | 857,190 | **14,558,072** |
| Breisithe | 54,165 | 61,274 | 115,439 | 365,789 | **481,228** |
| Scoir / diúscairtí | (3,324) | (12,122) | (15,446) | - | **(15,446)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 27,336 | 222,116 | 249,452 | (249,452) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (17,133) | **(17,133)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 1,244,632 | 12,805,695 | 14,050,327 | 956,394 | **15,006,721** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 654,197 | 6,349,321 | 7,003,518 | - | **7,003,518** |
| Muirear don bhliain | 17,920 | 446,844 | 464,764 | - | **464,764** |
| Scoir / diúscairtí | (481) | (11,985) | (12,466) | - | **(12,466)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 671,636 | 6,784,180 | 7,455,816 | - | **7,455,816** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 671,636 | 6,784,180 | 7,455,816 | - | **7,455,816** |
| Muirear don bhliain | 18,634 | 461,428 | 480,062 | - | **480,062** |
| Scoir / diúscairtí | (1,610) | (11,717) | (13,327) | - | **(13,327)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 688,660 | 7,233,891 | 7,922,551 | - | **7,922,551** |
| **Leabharluach glan amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **555,972** | **5,571,804** | **6,127,776** | **956,394** | **7,084,170** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | 494,819 | 5,750,247 | 6,245,066 | 857,190 | **7,102,256** |
| **Leabharluach glan ar an 1 Eanáir 2015** | 492,138 | 5,712,209 | 6,204,347 | 853,426 | **7,057,773** |

I rith na bliana, rinne an Mháthairchuideachta €29.3 milliún d'ús a chaipitliú (2015: €22.2 milliún) i sócmhainní a bhí á dtógáil, agus úsáid á baint aici as ráta úis éifeachtach de 4.0% (2015: 4.2%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ar 31 Nollaig 2016 ná €82.4 milliún (2015: €82.3 milliún)

Áirítear maoin, gléasra agus trealamh ar leabharluach glan €nialas amhail ar 31 Nollaig 2016 leis an méid thuas ar chostas €3,184.8 milliún (2015: €2,992.4 milliún).

Baineann scor / diúscairtí sna blianta 2016 agus 2015 araon go príomha le deireadh a chur le sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.

Áirítear le rudaí breise in 2016 caipitliú ar mhéadú an tsoláthair €53.5 milliún maidir le dúnadh stáisiún (2015: €nialas). Féach nóta 25 le haghaidh tuilleadh sonraí.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE**

| GRÚPA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000 | Lamháltais astaíochtaí € '000 | Bogearraí arna bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 581,298 | 50,023 | 26,573 | **657,894** |
| Breisithe bogearraí | 12,076 | - | 33,306 | **45,382** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 32,153 | - | **32,153** |
| Diúscairtí bogearraí | (332) | - | - | **(332)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (50,213) | - | **(50,213)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 26,153 | - | (26,153) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 31,604 | - | - | **31,604** |
| Difríochtaí aistrithe | 11,133 | - | 27 | **11,160** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 661,932 | 31,963 | 33,753 | **727,648** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 661,932 | 31,963 | 33,753 | **727,648** |
| Breisithe bogearraí | 4,395 | - | 36,364 | **40,759** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 91,614 | - | **91,614** |
| Diúscairtí bogearraí | (2,923) | - | - | **(2,923)** |
| Díscríobh bogearraí | (859) | - | - | **(859)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (61,154) | - | **(61,154)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 14,024 | - | (14,024) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 28,022 | - | - | **28,022** |
| Difríochtaí aistrithe | (28,184) | - | (30) | **(28,214)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 676,407 | 62,423 | 56,063 | **794,893** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 454,234 | - | - | **454,234** |
| Muirear don bhliain | 38,311 | - | - | **38,311** |
| Scoir / diúscairtí | (56) | - | - | **(56)** |
| Difríochtaí aistrithe | 7,419 | - | - | **7,419** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 499,908 | - | - | **499,908** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 499,908 | - | - | **499,908** |
| Muirear don bhliain | 43,069 | - | - | **43,069** |
| Scoir / diúscairtí | (1,020) | - | - | **(1,020)** |
| Difríochtaí aistrithe | (20,285) | - | - | **(20,285)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 521,672 | - | - | **521,672** |
| **Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2016** | **154,735** | **62,423** | **56,063** | **273,221** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | 162,024 | 31,963 | 33,753 | **227,740** |
| **Leabharluach glan ar an 1 Eanáir 2015** | 127,064 | 50,023 | 26,573 | **203,660** |

Áirítear le sócmhainní bogearraí sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach agus a ceannaíodh go heachtrach araon, agus cuirtear an chuid is mó acu sin i láthair mar shócmhainní a forbraíodh go hinmheánach.

Áirítear leis na sócmhainní doláimhsithe eile naisc ghreille agus sócmhainní eile um fhorbairt feirme gaoithe.

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain dár gcionn.

Gearrtar amúchadh na sócmhainní doláimhsithe chun dochair sa ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (ar lean)

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000 | Lamháltais astaíochtaí € '000 | Bogearraí arna bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 414,411 | 50,105 | 26,314 | **490,830** |
| Breisithe bogearraí | 8,556 | - | 30,806 | **39,362** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 21,402 | - | **21,402** |
| Diúscairtí bogearraí | (567) | - | - | **(567)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (39,462) | - | **(39,462)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 25,879 | - | (25,879) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 27,645 | - | - | **27,645** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 475,924 | 32,045 | 31,241 | **539,210** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 475,924 | 32,045 | 31,241 | **539,210** |
| Breisithe bogearraí | 3,950 | - | 30,743 | **34,693** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 77,447 | - | **77,447** |
| Diúscairtí bogearraí | (2,923) | - | - | **(2,923)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (46,987) | - | **(46,987)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 13,693 | - | (13,693) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 17,133 | - | - | **17,133** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 507,777 | 62,505 | 48,291 | **618,573** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 353,264 | - | - | **353,264** |
| Muirear don bhliain | 26,617 | - | - | **26,617** |
| Scoir / diúscairtí | (57) | - | - | **(57)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 379,824 | - | - | **379,824** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 379,824 | - | - | **379,824** |
| Muirear don bhliain | 32,937 | - | - | **32,937** |
| Scoir / diúscairtí | (1,020) | - | - | **(1,020)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 411,741 | - | - | **411,741** |
| **Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2016** | **96,036** | **62,505** | **48,291** | **206,832** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | 96,100 | 32,045 | 31,241 | **159,386** |
| **Leabharluach glan ar an 1 Eanáir 2015** | 61,147 | 50,105 | 26,314 | **137,566** |

Áirítear le sócmhainní bogearraí sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach agus a ceannaíodh go heachtrach araon, agus cuirtear an chuid is mó acu sin i láthair mar shócmhainní a forbraíodh go hinmheánach.

Áirítear leis na sócmhainní doláimhsithe eile naisc ghreille agus sócmhainní eile um fhorbairt feirme gaoithe.

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain dár gcionn.

Gearrtar amúchadh na sócmhainní doláimhsithe chun dochair sa ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 12. CÁILMHEAS

| | € '000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 194,827 |
| Difríochtaí aistrithe | 11,932 |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2015** | 206,759 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **206,759** |
| Difríochtaí aistrithe | **(29,517)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **177,242** |

Aithníodh an cáilmheas i ndáil le héadáil NIE Nollaig i mí na Nollag 2010, a bhaineann le cóirluach an toraidh ionchais ar infheistíocht amach anseo i mBonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) ghnó NIE Networks. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas go bliantúil i mí na Nollag maidir le bearnú, trí mheasúnú a dhéanamh ar shuim in-aisghabhála na hinfheistíochta, bunaithe ar a luach le linn fónaimh.

Cuireadh an tástáil bhliantúil bhearnúcháin ar cháilmheas i gcrích i mí na Nollag 2016 i gcomhréir le IAS 36. Measadh nach raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil.

Ríomhann an Grúpa an luach le linn fónaimh ag baint úsáide as samhail sreabhaidh airgid lascainithe 20 bliain, agus críochluach bunaithe ar RAB, a fhreagraíonn do shaolré fónaimh ionchais an bhoinn bhunsócmhainní. Déantar sreabha airgid na todhchaí a choigeartú chun rioscaí a bhaineann go sonrach leis an infheistíocht a thabhairt san áireamh, agus déantar iad a lascainiú le húsáid ráta lascaine réamhchánach de 7.2%.

Tá an ráta lascaine a úsáideadh ina phríomh-spreagthóir luachála agus cinneadh an ráta trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe (WACC) iomchuí a chur le chéile do NIE Networks agus trí chomparadóirí ábhartha a thagarmharcáil. I measc táscairí tábhachtacha eile áirítear boilsciú agus toimhdí rialála. Na rátaí boilscithe a úsáideadh, fuarthas ón Office of Budget Responsibility sa Bhreatain Mhór iad, agus cuireadh ráta fadtéarmach de 2.75% i bhfeidhm. Déantar toimhdí i ndáil leis an toradh rialála i bhfianaise cinntí rialála roimhe sin sa Ríocht Aontaithe.

Eochair-fhachtóirí nuair a bhíonn luach an cháilmheasa á mheasúnú is iad na leibhéil ionchas i leith caiteachais chaipitiúil sa todhchaí agus oiriúnacht an toraidh a cheadaítear ar an RAB. Comhaontaítear an dá cheann leis an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann (NIAUR) mar chuid den athbhreithniú Praghais Rialála. Creideann an lucht bainistíochta ar dháta na tástála bearnaithe nach raibh aon athruithe réasúnta féideartha ar na heochairtháscairí luachála, a bheadh ina gcúis le luach tugtha anonn na hinfheistíochta a bheith ní ba mhó ná an tsuim in-aisghabhála.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| GRÚPA | Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € '000 | Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 99,464 | 63,638 | **163,102** |
| Breisithe | 4,178 | 8,888 | **13,066** |
| Aistrithe chuig suimeanna iníoctha eile | 803 | - | **803** |
| Sciar de chaillteanais | (9,176) | - | **(9,176)** |
| Gluaiseacht cóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | (902) | - | **(902)** |
| Gluaiseacht cóirluacha - aistriú chuig an ráiteas ioncaim (nóta 5) | - | (2,847) | **(2,847)** |
| Comhdhlúthú institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | - | (10,905) | **(10,905)** |
| Difríochtaí aistrithe | 483 | 3,789 | **4,272** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 94,850 | 62,563 | **157,413** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 94,850 | 62,563 | **157,413** |
| Breisithe | 3,950 | 6,116 | **10,066** |
| Aistrithe chuig suimeanna iníoctha eile | 1,121 | - | **1,121** |
| Sciar de chaillteanais | (15,257) | - | **(15,257)** |
| Gluaiseacht cóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | (3,258) | - | **(3,258)** |
| Gluaiseacht cóirluacha - aistriú chuig an ráiteas ioncaim (nóta 5) | - | (9,062) | **(9,062)** |
| Difríochtaí aistrithe | (416) | (1,849) | **(2,265)** |
| Fáltais airgead faighte tar éis diúscartha | - | (1,266) | **(1,266)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **80,990** | **56,502** | **137,492** |

**Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Baineann an ghluaiseacht cóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le díorthaigh arna seilbh in DAC (cuideachta gníomhaíochta ainmnithe) Cumhachta an Ráithín Léith, DAC Cumhachta Chaisleán an Phúca, agus Tilbury Green Power Holdings Limited, atá ainmnithe mar chaidrimh fhálaithe sreabhaidh airgid sna haonáin sin.

Aon difríochtaí aistrithe atá ann d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, baineann siad le Tilbury Green Power Holdings Limited, mar is é steirling airgeadra feidhmiúil na cuideachta seo.

| Ainm na cuideachta | Tír | Sealúchas amhail ar 31 Nollaig 2016 % scairchaipitil faoi úinéireacht | Sealúchas amhail 31 Nollaig 2015 % scairchaipitil faoi úinéireacht |
|---|---|---|---|
| DAC Cumhachta Oweninny[1] | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| DAC Emerald Bridge Fibres[1] | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| SIRO Limited | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| DAC Raheenleagh Power | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Kingspan ESB Limited | An Bhreatain Mhór | **50** | 50 |
| DAC Castlepook Power | Poblacht na hÉireann | **50** | 100 |
| Tilbury Green Power Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **47** | 47 |
| Terra Solar Limited | Poblacht na hÉireann | **25** | - |

[1] Bhí na hinfheistíochtaí in Oweninny Power Limited agus in Emerald Bridge Fibres Limited arna sealbhú ag €nialas amhail ar an 31 Nollaig 2016.

**SIRO Limited (SIRO)**
Comhshocrú neamhliostaithe is ea SIRO atá faoi chomhrialú an Ghrúpa agus ina bhfuil 50% leas úinéireachta ag an nGrúpa. Bhunaigh an Grúpa SIRO agus thóg Vodafone Ireland Limited leas ann de 50% i mí na Samhna 2014.

Thóg Vodafone a chuid scaireanna in SIRO de bhun Shocrú Comhfhiontair (JVA) arna chur i gcrích ag an dá pháirtí.

Rinneadh SIRO a struchtúrú mar mheán ar leith, faoi chomhrialú an Ghrúpa agus Vodafone Ireland Limited agus tá leas iarmharach ag an nGrúpa i nglansócmhainní na cuideachta. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in SIRO rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi. Tá tiomantas tugtha ag an ESB cistiú caipitiúil a sholáthar do SIRO arb ionann é agus €85 milliún sna chéad chúig bliana eile.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

**Tilbury Green Power Holdings Limited (Tilbury)**
Is páirtí 47% é an Grúpa in Tilbury, agus is comhshocraíocht é seo le Green Investment Bank (47%) agus na soláthraithe Lochlannacha BWSC agus AET (6%). Is é cuspóir na comhshocraíochta seo ná stáisiún cumhachta a thógáil agus a fheidhmiú sa Bhreatain Mhór ina dtiontófar fuíolladhmad go fuinneamh.

Is é €40.9 milliún an tsuim a infheistíodh in Tilbury go dtí seo, dár cuireadh €2.5 milliún ar aghaidh mar chothromas agus €38.4 milliún mar iasachtaí scairshealbhóirí. Is ionann an t-ús ar iasachtaíochtaí atá infhála ó Tilbury agus €8.4 milliún (nóta 7).

Tá Tilbury deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais an mheáin. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Tilbury rangaithe aige mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi, mar tá leas iarmharach ag an dá pháirtí i nglansócmhainní an tsocraithe.

Tá an Grúpa tar éis dul i mbun socrú 15 bliana le Tilbury chun cumhacht fhisiciúil, deimhnithe oibleagáidí inathnuaite agus deimhnithe díolúine tobhach a cheannach ón stáisiún cumhachta. Braitheann na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh seo ar tháirgeadh iarbhír na gcumhachta.

**DAC Cumhachta Ráithín Léith (Ráithín Liath)**
Is páirtí 50% é an Grúpa in DAC Ráithín Léith, ar comhshocraíocht é a rinneadh le Coillte Teoranta. Is é cuspóir an chomhshocraithe seo ná feirm ghaoithe 35 MW a thógáil agus a fheidhmiú i gCo. Chill Mhantáin. Is é €6.9 milliún an tsuim a infheistíodh in DAC Ráithín Léith go dtí seo, dár cuireadh €3.2 milliún ar aghaidh mar chothromas agus €3.7 milliún mar iasachtaí scairshealbhóirí.

Tá DAC Ráithín Léith deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais an mheáin. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Raheenleagh rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi mar tá leas iarmharach ag an dá pháirtí i nglansócmhainní an tsocraithe.

Tá an Grúpa tar éis dul i mbun socrú 15 bliana le DAC Ráithín Léith chun cumhacht fhisiciúil a cheannach ón bhfeirm ghaoithe. Braitheann na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh seo ar tháirgeadh iarbhír na gcumhachta.

Bhain DAC Ráithín Léith oibriú tráchtála amach in 2016.

**DAC Chaisleán an Phúca (Caisleán an Phúca)**
Bhí leas 100% ag an nGrúpa in DAC Chaisleán an Phúca agus choinnigh sé cuntas air mar fhochuideachta a bhí comhdhlúite ina iomláine. Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016, rinne an Grúpa comhshocraíocht le Coillte Teoranta agus tharla teagmhas caillteanais rialaithe don ESB. Is é cuspóir an chomhshocraithe seo ná feirm ghaoithe 33.1 MW a thógáil agus a fheidhmiú i gCo. Chorcaí. In 2016, rinne an Grúpa an infheistíocht cothromais 50% a bhí fágtha aige a thaifeadadh ar chóirluach, agus mar thoradh air seo, ní raibh aon ghnóthachan nó caillteanas in 2016. Tá an Grúpa tar éis a leas a rangú mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi.

Amhail ar 31 Nollaig 2016, b'ionann is €18 milliún sciar an Ghrúpa de thiomantais chaipitiúla in DAC Chaisleán an Phúca, agus is ionann an méid atá infheistithe in DAC Chaisleán an Phúca mar iasacht scairshealbhóra agus €6.9 milliún go dtí seo.

**Terra Solar Limited**
Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016, rinne an Grúpa infheistíocht €2.5 milliún in Terra Solar Limited, agus mar mhalairt air sin, fuair sé scairsheilbh cothromais 25% sa chuideachta. Is forbróir Terra Solar Limited de ghrianpháirceanna a shuiteáiltear ón talamh. Rangaítear an infheistíocht seo mar chuideachta chomhlachaithe agus coimeádtar cuntas air le húsáid an mhodha chothromais.

Féach nóta 28 chun tuilleadh eolais a fháil faoi idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

Is mar seo a leanas atá sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, sócmhainní reatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncam agus speansais a bhaineann lena leasanna sna hinstitiúidí infheistiúcháin sin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu:

| | SIRO Limited | | Tilbury Green Power Holdings Limited | | Institiúidí infheistiúcháin eile a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu[1] | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráiteas coimrithe ar ioncam** | **2016 €'000** | 2015 €'000 | **2016 €'000** | 2015 €'000 | **2016 €'000** | 2015 €'000 |
| Ioncam | **409** | 20 | **-** | - | **-** | - |
| (Caillteanas) / gnóthachan | **(28,942)** | (16,730) | **395** | - | **(2,010)** | (1,622) |
| (Caillteanas) / gnóthachan cuimsitheach iomlán | **(28,942)** | (16,730) | **395** | - | **(2,010)** | (1,622) |
| **Sciar chaillteanais an Ghrúpa** | **(14,471)** | (8,365) | **186** | - | **(972)** | (811) |
| **Achoimriú ar an gclár comhardaithe** | **2016 €'000** | 2015 €'000 | **2016 €'000** | 2015 €'000 | **2016 €'000** | 2015 €'000 |
| Airgead Tirim | **10,558** | 71,426 | **13,744** | - | **11,694** | 361 |
| Sócmhainní reatha | **4,090** | 5,549 | **2,439** | 95,307 | **2,332** | - |
| Sócmhainní neamhreatha | **168,647** | 129,475 | **176,362** | 6,192 | **81,682** | 27,033 |
| Dliteanais reatha | **(29,133)** | (23,345) | **(3,202)** | - | **(413)** | (25,712) |
| Dliteanais neamhreatha | **-** | - | **(187,803)** | (95,307) | **(90,005)** | - |
| **Glansócmhainní** | **154,162** | 183,105 | **1,540** | 6,192 | **5,290** | 1,682 |

Réiteach na suimeanna thuas leis an infheistíocht a aithníodh sa chlár comhdhlúite den staid airgeadais:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leas cothromais an Ghrúpa** | **50%** | 50% | **47%** | 47% | **c. 36%** | 50% |
| **Glansócmhainní** | **154,162** | 183,105 | **1,540** | 6,192 | **5,290** | 1,682 |
| Sciar an Grúpa | **77,081** | 91,553 | **724** | 2,910 | **1,909** | 841 |
| Coigeartuithe eile | **(454)** | (454) | **-** | - | **1,730** | - |
| **Luach tugtha anonn leas cothromais an Ghrúpa** | **76,627** | 91,099 | **724** | 2,910 | **3,639** | 841 |

[1] Ar na hinstitiúidí infheistiúcháin eile ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, tá scair 50% ag ESB in DAC Emerald Bridge Fibres, Kingspan ESB Limited, DAC Cumhachta Ráithín Léith, DAC Cumhachta Oweninny, DAC Cumhachta Chaisleán an Phúca agus scair 25% in Terra Solar Limited.

**Leasanna i sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag an gcóirluach trí bhrabús agus caillteanas**
Tá gnó caipitil fiontair, Novusmodus, in úinéireacht an Ghrúpa, ar gnó é ina bhfuil caipiteal sílí infheistithe in aonáin teicneolaíochta éiritheacha. Déantar na hinfheistíochtaí sin a bhainistiú ar mhaithe le toradh infheistíochta amháin agus iompraítear mar sin iad ag an gcóirluach tríd an ráiteas ioncaim. Níl aon sócmhainn airgeadais arna sealbhú ag an gcóirluach trí bhrabús nó caillteanas á rialú ag an ESB. Áirítear leis na breisithe infheistíochtaí i gcuid mhór cuideachtaí fuinnimh ghlain agus cuideachtaí teicneolaíochta nua, chomh maith le hinfheistíocht bhreise i gciste fuinnimh ghlain VantagePoint. Rinneadh luacháil chóir ar na hinfheistíochtaí sin ag deireadh na bliana agus aistríodh an ghluaiseacht chuig an ráiteas ioncaim. Baineann na gluaiseachtaí cóirluacha sna blianta 2016 agus 2015 go príomha le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí áirithe sa chiste.

D'fhéadfadh páirtithe an Ghrúpa sa chiste VantagePoint tabhairt ar an nGrúpa, amhail ar 31 Nollaig 2016, infheistíocht bhreise €0.5 (2015: €0.4 milliún) a dhéanamh sa chiste.

**Tiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta iomlán**
Le linn 2015, fuair ESB an t-aon scairsheilbh a bhí fágtha de Geothermal International Limited, agus tá sin anois ina fhochuideachta 100% dá bharr. Ba é €10.9 milliún luach tugtha anonn infheistíocht an Ghrúpa ag dáta an tsealbhaithe agus aithníodh caillteanas €7.9 milliún sa ráiteas ioncaim ar a thiontú ina fhochuideachta iomlán (nóta 5).

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Institiúid infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi € '000** | **Gnóthais fochuideachta € '000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015 | 100,000 | 61,782 |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 100,000 | 61,782 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **100,000** | **61,782** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **100,000** | **61,782** |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 14. FARDAIL

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| Ábhair | **31,665** | 29,489 | **8,878** | 8,630 |
| Breosla | **41,507** | 67,181 | **34,298** | 58,213 |
| **Iomlán** | **73,172** | 96,670 | **43,176** | 66,843 |

B'ionann na fardail a ídíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016 agus €115.9 milliún (2015: €123.7 milliún). Níor aithníodh aon bhearnúcháin fardail i rith na bliana (2015: €nialas).

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| **Infháltais reatha:** | | | | |
| Infháltais leictreachais miondíola - billeáilte | **69,990** | 89,881 | **50,728** | 67,140 |
| Infháltais leictreachais miondíola - neamhbhilleáilte | **182,968** | 187,853 | **131,352** | 140,462 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais miondíola | **252,958** | 277,734 | **182,080** | 207,602 |
| Infháltais a bhaineann le malartán cumhachta SEM | **69,633** | 54,882 | **44,181** | 32,087 |
| Infháltais Úsáide Córais (lena n-áirítear neamhbhilleáilte) | **238,386** | 212,527 | **40,426** | 38,377 |
| Infháltais leictreachais eile | **24,030** | 38,082 | **3,439** | 28,316 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais | **585,007** | 583,225 | **270,126** | 306,382 |
| Infháltais trádála - neamh-leictreachais | **59,428** | 58,683 | **11,485** | 11,024 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **4,751** | 16,218 | **4,751** | - |
| Infháltais eile | **82,575** | 56,706 | **10,762** | 7,271 |
| Suimeanna dlite mar thoradh ar ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **2,766,885** | 2,836,676 |
| Réamhíocaíochtaí | **38,320** | 36,345 | **27,972** | 19,670 |
| **Iomlán** | **770,081** | 751,177 | **3,091,981** | 3,181,023 |

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| **Infháltais neamhreatha:** | | | | |
| Infháltais trádála - neamh-leictreachais | **196** | - | **-** | - |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **69,799** | 44,777 | **-** | - |
| **Iomlán** | **69,995** | 44,777 | **-** | - |

**Riosca creidmheasa mórdhíola agus miondíola**
Is féidir infháltais trádála agus infháltais eile a roinnt ina gcustaiméirí deiridh leictreachais mhiondíola (billeáilte agus neamhbhilleáilte), infháltais a bhaineann le malartán cumhachta SEM, úsáid infháltais córais, agus infháltais (neamh-leictreachais) eile.

Tá neamhchosaint creidmheasa uasta an Ghrúpa amhail ar 31 Nollaig leagtha amach thíos. Réamhíocaíochtaí €38.3 milliún (2015: €36.3 milliún) eisiata ón anailís toisc nach mbraitear aon neamhchosaint creidmheasa a bheith ann maidir leo siúd. I gcás na Máthairchuideachta, eisítear ó na hiarmhéideanna sonraithe freisin méideanna de €2,766.9 milliún (2015: €2,836.7 milliún) atá dlite mar thoradh ar ghnóthais fochuideachta.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

| | GRÚPA 2016 | | | GRÚPA 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ollmhéid infhála € '000** | **Soláthairtí bearnaithe € '000** | **Glanmhéid infhála € '000** | Ollmhéid infhála € '000 | Soláthairtí bearnaithe € '000 | Glanmhéid infhála € '000 |
| Méideanna nach bhfuil dlite thar téarma | **732,547** | **(653)** | **731,894** | 662,145 | - | 662,145 |
| Dlite thar téarma < 30 lá | **44,780** | **(1,380)** | **43,400** | 57,416 | (842) | 56,574 |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | **15,662** | **(2,154)** | **13,508** | 35,179 | (6,785) | 28,394 |
| Dlite thar téarma > 120 lá | **23,918** | **(16,781)** | **7,137** | 24,479 | (20,846) | 3,633 |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | **29,955** | **(24,138)** | **5,817** | 35,927 | (27,064) | 8,863 |
| **Iomlán** | **846,862** | **(45,106)** | **801,756** | 815,146 | (55,537) | 759,609 |

| | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2016 | | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ollmhéid infhála € '000** | **Soláthairtí bearnaithe € '000** | **Glanmhéid infhála € '000** | Ollmhéid infhála € '000 | Soláthairtí bearnaithe € '000 | Glanmhéid infhála € '000 |
| Méideanna nach bhfuil dlite thar téarma | **251,607** | **(653)** | **250,954** | 269,089 | - | 269,089 |
| Dlite thar téarma < 30 lá | **34,668** | **(702)** | **33,966** | 39,324 | (670) | 38,654 |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | **9,547** | **(1,094)** | **8,453** | 18,021 | (1,533) | 16,488 |
| Dlite thar téarma > 120 lá | **19,176** | **(15,985)** | **3,191** | 20,569 | (20,420) | 149 |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | **18,286** | **(17,726)** | **560** | 22,919 | (22,622) | 297 |
| **Iomlán** | **333,284** | **(36,160)** | **297,124** | 369,922 | (45,245) | 324,677 |

Ní mheasann lucht Bainistíochta go mbeidh aon chaillteanas suntasach maidir le hinfháltais nach ndearnadh soláthar dóibh mar atá léirithe thuas. Mar a mhínítear thíos, ní bhearnaítear méideanna atá thar téarma, lena n-áirítear méideanna atá thar téarma níos mó ná bliain, ach amháin sa mhéid a bhfuil fianaise ann nach mbeidh siad in-aisghabhála ar deireadh. Déantar an chuid is mó den soláthar bearnúcháin ar bhonn comhchoiteann seachas sainiúil agus ríomhtar í ar bhunús leibhéal an riosca creidmheasa a bhraitear i ndáil leis na bun-iarmhéideanna. Is é seo a leanas an ghluaiseacht sa lamháltas do bhearnú maidir le hinfháltais trádála i rith na bliana:

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir | **55,537** | 57,865 | **45,245** | 51,859 |
| Caillteanas bearnaithe aitheanta | **14,439** | 22,807 | **14,706** | 17,560 |
| Soláthar a úsáideadh | **(24,498)** | (25,135) | **(23,791)** | (24,174) |
| Difríochtaí aistrithe | **(372)** | - | **-** | - |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig** | **45,106** | 55,537 | **36,160** | 45,245 |

**Infháltais leictreachais mhiondíola**
Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, cúlbhannaí cuí a bheith ann agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa, méid agus fad an fhiachais. Baineann an riosca is mó in Electric Ireland le cuntais mhiondíola leictreachais a dúnadh agus atá i riaráiste. Anuas air sin, féadfaidh custaiméirí áirithe, i bhfianaise méadú na hiomaíochta, soláthraithe a athrú sula nglanann siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Déantar na cuntais sin a bhainistiú mar chuid de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa, agus chuige seo, úsáidtear meascán de leanúint inmheánach fiachais, úsáid gníomhaireachtaí bailiúcháin fiachais agus caingean dlí nuair is gá,lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Tá an beartas soláthair do bhearnú maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola bunaithe ar thaithí stairiúil ar fhiachais a dhíscríobhadh. Is féidir soláthar a dhéanamh i dtaobh iarmhéideanna faoi leith sa chás go bhfuil fianaise díospóide ann nó easpa cumais an fhiachais a shocrú. Déantar soláthar breise ar bhunús punainne chun caillteanais ionchais a chlúdach bunaithe ar anailís ar chaillteanais roimhe seo agus ar mheasúnú ar thionchar coinníollacha eacnamaíocha agus saincheisteanna faoi leith an tionscail. Ní dhéantar soláthar nuair atá socruithe oiriúnacha aisíocaíochta i bhfeidhm agus nuair atá fianaise ann gur féidir iarmhéideanna a aisghabháil ar deireadh, d'ainneoin go bhféadfadh na hiarmhéideanna sin a bheith i riaráiste go trom. Bíonn cúlbhannaí arna sealbhú i bhfoirm éarlaisí slándála ar chuntais chustaiméirí nua. Ba é €135,000 an t-iarmhéid miondíola billeáilte aonair ba mhó gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €102,000).

Tá rialuithe maidir le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna a sonrascadh. In 2016, rinneadh soláthar d'infháltais leictreachais arb ionann luach iad agus €45.1 milliún (2015: €55.5 milliún) ag deireadh na bliana. B'fhiú €48,000 an cuntas custaiméara aonair is mó a díchuireadh le linn na bliana €48,000 (2015: €104,000) agus bhain seo le custaiméir a chuaigh faoi leachtú. Tagann infháltais leictreachais aníos go príomha i bPoblacht na hÉireann, agus baineann 4% díobh (2015: 5%) le hioncam Thuaisceart Éireann.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ar thomhaltas nach bhfuil sonrasctha go fóill.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Infháltais mhalartán cumhachta SEM**
Déantar riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le malartán cumhachta SEM a bhainistiú ag na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais trí mhalartán cumhachta SEM. Tá na feidhmeanna sin go léir imfhálaithe óna chéile agus tá na freagrachtaí roinnte idir feidhmeanna na cúloifige, na hoifige láir agus na hoifige tosaigh. Tá an fheidhm Cúloifige Trádála freagrach as custaiméirí a shonrascadh agus as gach cuntas infhála a chothabháil. Is í féilire glanta cuntas SEM a rialaíonn na téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim SEM.

**Infháltais Úsáid Córais**
Is é atá i gceist le hioncam ó Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann ná ioncam ó Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS), ioncam ó Úsáid Tarchurtha Córais (TUoS) agus táillí Oibriúcháin agus Cothabhála (O&M) i leith gineadóirí atá nasctha leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 28 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS agus déantar ioncam ceadaithe an Úinéara Sócmhainne Tarchurtha (TAO) a shonrascadh do EirGrid thar 12 ghála mhíosúla, agus bíonn gach sonrasc dlite 36 lá gnó tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc maidir le 166 gineadóir le linn 2016 i leith táillí oibriúcháin agus cothabhála. Is é 20 lá gnó na téarmaí creidmheasa maidir leis na sonraisc sin.

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-Chomhaontú DUoS a d'fhaomh an Coimisiún um Rialú Fuinnimh (CER) an 1 Lúnasa 2002 a agairt. Foráiltear leis an gcuid seo go gcaithfidh gach soláthraí urrús a chur ar fáil. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dóibh clárú leis an gcomhaontú DUoS. Ní mór do na soláthraithe uile urrús a sholáthar de réir chuid 7.2. Úsáidtear na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm chun an riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú, agus tá na nósanna sin leagtha síos i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DuOS, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. I gcás mainneachtana soláthraí, de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, tá cumhdach urrúis i bhfeidhm do gach soláthraí.

I gcás mainneachtana soláthraí, mar atá leagtha síos i gcuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, úsáidtear na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i ºbhfeidhm chun an riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Tá Comhaontú Bonneagair idir EirGrid agus an ESB i bhfeidhm chun na nósanna imeachta maidir leis na híocaíocaíochta atá dlite ó EirGrid do ESB Networks, atá ina TAO, a rialú. Ní gnáthchonradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe as a stuaim féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá go leor dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Meastar dá réir sin go bhfuil an riosca creidmheasa íseal maidir le hinfháltais TUoS. An tsuim a bhí dlite maidir le hioncam TUoS amhail ar 31 Nollaig 2016 ná €40.4 milliún (2015: €41.1 milliún), arb é an t-iarmhéid infhála is mó é mar thoradh ar Úsáid an Chórais i bPoblacht na hÉireann.

I ndáil leis an ngnóthas Networks i dTuaisceart na hÉireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir a ghearrtar as úsáid an chórais dháileacháin, ó mhuirir oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) a ghearrtar ar sholáthróirí leictreachais, agus ó mhuirir i gcomhair seirbhísí tarchuir a ghearrtar ar an System Operator for Northern Ireland (SONI). Maolaítear an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais Úsáide Córais ó sholáthraithe leictreachais trí urrús a fháil i bhfoirm taiscí airgid thirim, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ón Máthairchuideachta. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, íoctar as naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Tá tréimhse 30 lá nó níos lú i gceist leis na gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe i dtaca le hinfháltais trádála Is ionann an úsáid is mó leictreachais atá infhála i dTuaisceart Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2016 agus €10.4 milliún (2015: €12.8 milliún).

**Infháltais leictreachais eile**
Áirítear le hinfháltais leictreachais eile méideanna i ndáil leis an tobhach PSO chomh maith le méideanna a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil san áireamh le SEM.

**Infháltais trádála agus infháltais eile - neamh-leictreachais**
Baineann infháltais trádála (neamh-leictreachais) le hiarmhéideanna dlite i leith trádáil neamh-leictreachas an Ghrúpa agus oibríochtaí eile. Áirítear leis seo méideanna atá dlite i dtaobh teileachumarsáide, comhairleoireachta, bainistíocht saoráidí agus oibriúcháin choimhdeacha eile an Ghrúpa. Ní mheastar go bhfuil an riosca creidmheasa atá ag baint leis na hiarmhéideanna sin suntasach. An t-iarmhéid aonair is mó a áirítear sa chatagóir seo amhail ar 31 Nollaig 2016 ná suim €6.0 milliún (2015: €8.6 milliún) atá dlite ó chuideachta sheachtrach.

## 16. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **363,624** | 133,863 | **235,991** | 17,202 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

**(i) Stoc caipitil**

Tá eisiúint 1,979,881,855 aonad stoc caipitil i gceist ar pharluach €1 an aonaid.

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Arna gcuimsiú mar:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí comhshóite | **1,880,888** | 1,880,888 |
| Stoc arna eisiúint lena suibscríobh ag ESOT | **98,994** | 98,994 |
| **Iomlán** | **1,979,882** | 1,979,882 |

De réir an Achta leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, comhshódh cothromas an ESB go stoc caipitil an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh don Roinn Airgeadais é. Ag an am céanna, rinne ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar Iontaobhas do scéim scairsheilbhe fostaithe an ESB, suibscríbhinn do 5% den stoc. I measc na bpríomhchceart a ghabhann le gach aonad stoic chaipitil áirítear an ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dhearbhaítear a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ag am foirceanta.

Rinne an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001 chun foráil a dhéanamh go bhfuil 10% de stoc caipitil eisithe ESB dílsithe faoi láthair san Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (roimhe seo, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha), agus go gcoinníonn an tAire Airgeadais 85% de stoc caipitil ESB, agus ESOP, 5% den stoc.

Bunaítear leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé d'éifeacht ag Acht 2011 úinéireacht an stoic in ESB a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe sin a aistriú go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amhail ar 6 Iúil 2011 agus ón dáta sin ar aghaidh.

**(ii) Aischeannach ESOP**

I mí Bhealtaine 2015, d'fhaomh Bord ESB togra ESOP maidir le leachtacht mhargaidh. Ba é cuspóir an togra leachtacht sa Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) a fheabhsú, trína dtugann Iontaobhas ESOP tiomantas chun ciste €25.0 milliún a chaitheamh le stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh an ESB an méid céanna caiteachas ar fáil is atá geallta ag ESOP Trustee don tréimhse 2014–2018. Ní thosóidh an ESB ar an stoc caipitil a ghlacadh go dtí 2017. Aithníodh soláthar ceannaigh ESOP de €7.0 milliún in 2016 (2015: €12.1 milliún) maidir leis an athcheannach stoic chaipitil a rinne ESOP Trustee.

**(iii) Leasanna neamh-urlámhais - an Grúpa**

Na leasanna neamh-úrlámhais a bhí ann amhail ar an 31 Nollaig 2016, baineann siad leis na scairshealbha mionlaigh i bhFeirm Ghaoithe DAC Crockahenny, in DAC Cumhachta Mountain Lodge, in Airvolution Energy Limited, agus i bhfeirmeacha gaoithe a bhfuil baint acu le Coriolis Energy.

**(iv) Fálú sreabhaidh airgid, athluacháil agus cúlchistí eile - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta**

Is ionann an cúlchiste fálaithe go príomha agus cóirluach na ndíorthach atá ina gcuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha sreabhaidh airgid amhail Ós chun críche fálaithe, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in IAS 39, atá na díorthaigh arna sealbhú, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí cóirluacha seachas iad a mhuirearú don ráiteas ioncaim le linn na bliana, agus déanfar iad a mhuirearú d'ioncam sa tréimhse chéanna a bhí i gceist i gcás an idirbhirt chomhfhreagraigh.

**(v) Áirítear seo a leanas le cúlchistí eile:**

- Cúlchistí athluachála €33.2 milliún (2015: €38.8 milliún) a tháinig aníos tar éis éadáil an 30% a bhí fágtha de Synergen Power Limited in 2009. Tá an cúlchiste seo á amúchadh chuig tuilleamh coinnithe thar an téarma céanna a bhí i gceist i gcás na sócmhainní gaolmhara a fuarthas agus ar tháinig dímheas orthu;
- Cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001;
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim le sochar sainithe NIE Networks, glan ó na coigeartuithe gaolmhara cánach iarchurtha, arb ionann iad agus (€228.6) milliún (2015: (€171.9) milliún); agus
- Soláthar athcheannaigh ESOP de (€19.1) milliún (2015: (€12.1) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo, a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

**(vi) Díbhinní**

| GRÚPA | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh 4.37 (2015: 13.77) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **86,490** | 272,334 |
| Díbhinn chuig leas neamh-urlámhais | **-** | 375 |
| **Iomlán** | **86,490** | 272,709 |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS (ar lean)

**(vi) Díbhinní (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh 4.37 (2015: 13.77) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **86,490** | 272,334 |
| **Iomlán** | **86,490** | 272,334 |

B'ionann iomlán na ndíbhinní a íocadh le linn 2016 is €86.5 milliún, agus áiríodh leis seo díbhinn deiridh de €30.7 milliún (1.55 cent in aghaidh an aonaid stoic) i ndáil le 2015, mar aon le díbhinn eatramhach, a dearbhaíodh agus a íocadh, de €55.8 milliún.

Tá an Bord ag moladh anois go n-íocfaí díbhinn deiridh de 3.04 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó comhiomlán €60.1 milliún de réir a bheartais díbhinne de 38% i ndiaidh cánach.

## 18. CÁNACHAS

| (a) Speansas cáin ioncaim | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Speansas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **25,544** | 45,021 |
| Rósholáthar na bliana roimhe seo | **(7,472)** | (1,735) |
| Luach caillteanais cánach a géilleadh do chomhfhiontair | **168** | 137 |
| | **18,240** | 43,423 |
| **Speansas cánach iarchurtha** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha | **(8,467)** | (3,322) |
| Laghdú ar an ráta cánach [3] | **(9,268)** | (19,568) |
| Gannsoláthar na bliana a d'imigh | **6,949** | 93 |
| | **(10,786)** | (22,797) |
| **Iomlán** | **7,454** | 20,626 |

| Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **193,645** | 306,866 |
| Móide: sciar tar éis cánach de chaillteanas comhfhiontair | **15,257** | 9,176 |
| **Brabús roimh cháin (gan caillteanas comhfhiontair a bheith san áireamh)** | **208,902** | 316,042 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% | **26,113** | 39,505 |
| Costais neamh-inasbhainte | **6,031** | 5,209 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha maidir le hús le linn tógála (IDC) nár aithníodh roimhe[1] | **(6,005)** | - |
| Ioncam neamhinchánach[2] | **(1,656)** | - |
| Ioncam a ngearrtar cáin air ar ráta cháin corparáide níos airde | **603** | 49 |
| Rátaí cánach níos airde ar chaillteanais eachtracha | **(11,655)** | (2,209) |
| Tionchar ráta cánach laghdaithe na Ríochta Aontaithe ar cháin iarchurtha arna sonrú ag ráta cánach na hÉireann[3] | **(5,240)** | (20,064) |
| Leasuithe ar mheastacháin na bliana roimhe | **(523)** | (1,642) |
| Míreanna eile | **(214)** | (222) |
| **Speansas cáin ioncaim** | **7,454** | 20,626 |

[1] Baineann seo le hasbhaint ar ús le linn tógála (IDC) i ndáil le maoin, gléasra agus trealamh nár aithníodh roimhe seo.

[2] Baineann seo le diúscairtí scaireanna i gcuideachtaí feirme gaoithe sa Ríocht Aontaithe a bhí i dteideal faoiseamh scairsheilbhe suntasach.

[3] Bhí foráil i gCáinaisnéis 2016 na Ríochta Aontaithe go laghdófaí ráta cánach corparáidí na Ríochta Aontaithe go 17% thar thréimhse suas go dtí 2020. Glacadh laghdu ráta cánach corparáidí na Ríochta Aontaithe go 17% (i bhfeidhm ar 1 Aibreán 2020) sa tsubstaint ar 15 Meán Fómhair 2016. Laghdóidh sé sin muirear cánach reatha an Ghrúpa sa todhchaí dá réir. Rinneadh an dliteanas cánach iarchurtha amhail ar 31 Nollaig 2016 a ríomh ar bhunús ráta 17% (2015: 18%), arna ghlacadh sa tsubstaint ar dháta an chláir chomhardaithe.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| GRÚPA | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **1,703** | 1,753 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | **28,904** | 25,556 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **65,601** | 87,266 |
| Soláthairtí | **3,136** | 3,663 |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | **9,415** | 6,151 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **91,982** | 82,857 |
| **Iomlán** | **200,741** | 207,246 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **680,132** | 731,414 |
| Soláthairtí | **796** | 166 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **27,334** | 18,322 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Iomlán** | **709,442** | 751,082 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(508,701)** | (543,836) |

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| 2016 | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 1,753 | (50) | - | - | **1,703** |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 25,556 | (6,491) | 9,839 | - | **28,904** |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 87,266 | (21,665) | - | - | **65,601** |
| Soláthairtí | 3,663 | (527) | - | - | **3,136** |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 6,151 | 3,264 | - | - | **9,415** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 82,857 | 22,658 | (1,866) | (11,667) | **91,982** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 207,246 | (2,811) | 7,973 | (11,667) | **200,741** |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 731,414 | (30,846) | - | (20,436) | **680,132** |
| Soláthairtí | 166 | 630 | - | - | **796** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 18,322 | 16,619 | 9,034 | (16,641) | **27,334** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 751,082 | (13,597) | 9,034 | (37,077) | **709,442** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | **(543,836)** | **10,786** | **(1,061)** | **25,410** | **(508,701)** |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**GRÚPA (ar lean)**

| 2015 | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 739 | 1,014 | - | - | 1,753 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 32,802 | (582) | (6,664) | - | 25,556 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 91,384 | (4,118) | - | - | 87,266 |
| Soláthairtí | 4,459 | (796) | - | - | 3,663 |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 8,421 | (2,270) | - | - | 6,151 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 96,569 | (17,779) | (1,365) | 5,432 | 82,857 |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 234,374 | (24,531) | (8,029) | 5,432 | 207,246 |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 760,291 | (37,833) | - | 8,956 | 731,414 |
| Soláthairtí | 156 | 10 | - | - | 166 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29,524 | (8,298) | (11,019) | 8,115 | 18,322 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 2,387 | (1,207) | - | - | 1,180 |
| **Dliteanais / (sócmhainní) cánacha iarchurtha iomlán** | 792,358 | (47,328) | (11,019) | 17,071 | 751,082 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | (557,984) | 22,797 | 2,990 | (11,639) | (543,836) |

Ní bhaineann aon dáta éaga leis an uair a d'fhéadfaí caillteanais cánach sa Ghrúpa a úsáid.

Níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe fochuideachtaí an Ghrúpa thar lear ar dhá chúis; níl aon tiomantas ann go ndáilfear na cúlchistí sin go ceann i bhfad, sin nó tá sé deimhnithe nach mbeadh aon cháin i gceist mar thoradh ar an íocaíocht. Anuas air sin, níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe chomhfhiontair an Ghrúpa mar go bhfuil sé de chumas ag an nGrúpa aisdúichiú na gcúlchistí sin go Poblacht na hÉireann a rialú. B'ionann cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí agus comhfhiontar thar lear is €546.0 milliún (2015: €508.0 milliún) amhail ar 31 Nollaig 2016.

| (ii) MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **65,602** | 87,266 |
| Soláthairtí | **2,358** | 2,684 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | 7,635 |
| **Iomlán** | **67,960** | 97,585 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **464,569** | 457,649 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **2,624** | - |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Iomlán** | **468,373** | 458,829 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(400,413)** | (361,244) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 18. CÁNACHAS (ar lean)

### MÁTHAIRCHUIDEACHTA (ar lean)

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| **2016** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 87,267 | (21,665) | - | **65,602** |
| Soláthairtí | 2,684 | (326) | - | **2,358** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 7,635 | - | (7,635) | **-** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 97,586 | (21,991) | (7,635) | **67,960** |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 457,649 | 6,920 | - | **464,569** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | 2,624 | **2,624** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 458,829 | 6,920 | 2,624 | **468,373** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | **(361,243)** | **(28,911)** | **(10,259)** | **(400,413)** |

| **2015** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 91,384 | (4,117) | - | 87,267 |
| Soláthairtí | 3,184 | (500) | - | 2,684 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 11,064 | - | (3,429) | 7,635 |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 105,632 | (4,617) | (3,429) | 97,586 |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 445,388 | 12,261 | - | 457,649 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 446,568 | 12,261 | - | 458,829 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | (340,936) | (16,878) | (3,429) | (361,243) |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

| (a) **GRÚPA** | Iasachtaí iontaofa € '000 | Iasachtaí neamhiontaofa € '000 | **2016 Iomlán € '000** | 2015 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaí reatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 88,282 | 28,721 | **117,003** | 118,171 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | 338,614 | 33,713 | **372,327** | 300,654 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | 426,896 | 62,434 | **489,330** | 418,825 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 81,433 | 18,714 | **100,147** | 124,843 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 225,576 | 124,388 | **349,964** | 353,292 |
| Tar éis cúig bliana | 421,816 | 316,743 | **738,559** | 772,179 |
| | 728,825 | 459,845 | **1,188,670** | 1,250,314 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 95,265 | 208,165 | **303,430** | 339,082 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 825,237 | - | **825,237** | 1,454,859 |
| Tar éis cúig bliana | 1,611,223 | 469,553 | **2,080,776** | 1,646,059 |
| | 2,531,725 | 677,718 | **3,209,443** | 3,440,000 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | 3,260,550 | 1,137,563 | **4,398,113** | 4,690,314 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | 3,687,446 | 1,199,997 | **4,887,443** | 5,109,139 |

Féach ar rannán (c) le haghaidh sonraí faoi rátaí úis infheidhmithe.

| **Iasachtaí reatha de réir saoráide** | Tag | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **386,036** | 347,067 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 5 | **40,860** | 24,785 |
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **28,721** | 18,893 |
| Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa (Airvolution) | 6 | **33,713** | 28,080 |
| | | **489,330** | 418,825 |

| **Iasachtaí neamhreatha de réir saoráide** | Tag | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **459,845** | 485,041 |
| Eurobonds an ESB | 1 | **1,844,868** | 1,918,096 |
| Eurobonds NIE Networks | 3 | **677,718** | 791,849 |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **728,825** | 765,273 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 5 | **686,857** | 730,055 |
| | | **4,398,113** | 4,690,314 |

Ach amháin i gcás iasachtaí a bhaineann le fiachas airgeadais tionscadail neamhiontaofa, atá urraithe i gcoinne sócmhainní sonracha, níl aon cheann de na hiasachtaí urraithe i gcoinne sócmhainní an Ghrúpa.

Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí rátáil A- ag ESB ó Standard & Poor (ionchas cobhsaí), BBB+ ó Fitch (ionchas cobhsaí) agus Baa1 (arb ionann é agus BBB+) ó Moody (ionchas dearfach).

**1. Eurobonds an ESB**

Taispeántar sonraí sa tábla thíos ar na Eurobonds ESB a tugadh san áireamh in iasachtaíochtaí amhail ar 31 Nollaig 2016:

| **Eisitheoir** | **Luach** | **Dáta** | **Aibíocht** | **Cúpón** |
|---|---|---|---|---|
| DAC Airgeadais ESB | Stg£275.0 milliún | Márta 2010 | 10 bliana | 6.500% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €300.0 milliún | Meán Fómhair 2012 | 5 bliana | 6.250% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €215.2 milliún | Samhain 2012 | 7 bliana | 4.375% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €300.0 milliún | Samhain 2013 | 10 bliana | 3.494% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | 12 bliana | 2.125% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €600.0 milliún | Meitheamh 2016 | 15 bliana | 1.875% |

Ar an 14 Meitheamh 2016, d'éirigh leis an ESB Eurobond €600 milliún a chruinniú ar ráta seasta 1.875%, a thiocfaidh in aibíocht i Meitheamh 2031. Ina theannta sin, ar an dáta céanna, d'éirigh leis an nGrúpa cuid dá fhiachas Eurobond €500 milliún, arb ionann agus €284.8 í, agus a cruinníodh ar dtús i Meán Fómhair 2012, a aischeannach mar a shonraítear thuas.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**1. Eorabhannaí ESB (ar lean)**
Ós rud é nach bhfuil mórán difríocht idir téarmaí an bhanna atá ann faoi láthair, ó thaobh na cainníochta de nó na cáilíochta de, agus gurb ionann an contrapháirtí faoin gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 39 - Aithint agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais, meastar gur malartú ionstraimí fiachais é an t-idirbheart seo seachas eisiúint fiachas nua. Ós rud é gur malartú ionstraimí fiachais atá ann cheana a bhí ann, imeascadh an difríocht idir luach tairisceana na mbannaí reatha agus parluach na heisiúna nua (€43.5 milliún), sa ghlanráta nua úis sna bannaí nua. Déanfar an €43.5 milliún a amúchadh ar an ráiteas ioncaim thar saol na mbannaí nua. Rinneadh €1.69 milliún a amúchadh ar an ráiteas ioncaim amhail ar 31 Nollaig 2016.

**2. Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa**
I Meán Fómhair 2012, chuir Carrington Power Limited (CPL), ar fochuideachta í atá 100% in úinéireacht ESB, clabhsúr airgeadais ar stáisiún cumhachta gástuirbín comhthimthrialla 880 MW in Carrington, in aice le Manchain. Rinneadh an maoiniú a struchtúrú ar bhonn fiachais / cothromais 70:30, agus chuir sindeacáit banc an fiachas Stg£523.0 milliún ar fáil trí airgeadais tionscadail neamhiontaofa, lenar cuimsíodh tacaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin ó Ghníomhaireacht Creidmheasa Onnmhairiúcháin na hEilvéise, SERV. Tarraingíodh fiachas Stg£420.1 milliún (2015: Stg£372.4 milliún) ag deireadh na bliana. Thosaigh an stáisiún cumhachta ag feidhmiú ar bhonn tráchtála i Meán Fómhair 2016, chomh luath is a bhí an tógáil curtha i gcrích. Baineann an chuid atá fágtha den fhiachas seo le feirm ghaoithe sa Bhreatain Mhór.

**3. Eurobonds NIE Networks**
Mar chuid d'éadáil NIE Networks, rinneadh Eurobond a éadáil arb ionann é agus Stg£175.0 milliún ag cóirluach ar dháta na héadála. Bhí ráta cúpóin seasta 6.875% ag an tsaoráid seo agus tá sé iníoctha in 2018.

I mí an Mheithimh 2011, d'eisigh NIE Networks Limited banna steirling 15 bliana de Stg£400.0 milliún le cúpón seasta de 6.375%.

**4. Iasachtaí bainc fadtéarmacha**
Áirítear le hiasachtaí bainc fadtéarmacha €113.2 milliún fiachais ar ráta comhlúthach ar tógadh amach ar iasacht iad ar bhonn déthaobhach, agus is fiachas ar ráta seasta an chuid eile.

Tá saoráid creidmheasa imrothlaigh de €1.44 billiún, a bhfuil sindeacáit 14 banc ann, ar fáil don Ghrúpa go dtí Eanáir 2022 chun gur féidir leis maoiniú a tharraingt anuas nuair is gá. Amhail ar 31 Nollaig 2016, níl aon mhaoiniú tarraingthe anuas.

I mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh €100.0 milliún sa bhreis leis an tsaoráid a síníodh i mí na Nollag 2013 le Banc Infheistíochta na hEorpa (EIB) chun tacú le naisc inathnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann, rud a d'fhág gur luach iomlán €200.0 milliún a bhí ar an tsaoráid, ag brath ar chríochnú caiteachais chaipitiúil shonraithe áirithe. Amhail ar 31 Nollaig 2016, tá €100.0 milliún den tsaoráid EIB tarraingthe anuas.

**5. Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh**
Eisíodh an chéad socrúchán príobháideach de nótaí neamhurraithe sinsearacha le raon infheisteoirí institiúideacha i Nollaig 2003. Eisíodh na nótaí sin, atá ar ráta seasta, i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling, agus amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí luach US$370.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023, agus bhí luach Stg£20.0 milliún leo agus iad sin ag teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023.

Eisíodh an dara láithriú de nótaí gan urrús i Meitheamh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollair na Stát Aontaithe, i steirling agus in euro, agus amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí luach US$226.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2019 agus 2019, bhí luach Stg£85.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2017 agus 2021, agus bhí luach €40.0 milliún leo agus iad sin le teacht in aibíocht in 2019. Aisíocadh US$27.0 milliún den fhiachas socrúcháin phríobháidigh seo i Meitheamh 2016 mar a bhí sceidealaithe. 6Féach nóta 26(f) chun tuilleadh eolais a fháil ar fhiachas socrúcháin phríobháidigh arna thiontú ina euro ag an tús.

Baineann coinníollacha áirithe leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus le saoráidí áirithe eile a éilíonn ar ESB clúdach úis áirithe a choinneáil mar aon le cúnaint sócmhainne. Chomhlíon ESB chun dáta le gach ceann de na ceanglais cúnaint a bhaineann leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus leis na saoráidí eile.

**6. Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa**
Bhí maoiniú neamhiontaofa tionscadail ghearrthéarma de Stg£32.5 milliún tarraingthe anuas amhail ar 31 Nollaig 2016. Baineann sé sin le hairgeadú tionscnamh Airvolution (institiúid infheistiúcháin Novusmodus).

**Fálú glaninfheistíochta in oibriúcháin eachtracha**
Cuimsítear sna hiasachtaíochtaí thuas iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling, ar sainíodh iad mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta sa Ríocht Aontaithe atá ainmnithe i steirling, mar a mhínítear thíos:

| **Iasachtaí atá ainmnithe i steirling a sainíodh mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta** | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Luach amhail ar 1 Eanáir | **64,981** | 73,477 |
| Aisíocaíochtaí sa bhliain | **(11,892)** | (13,123) |
| (Caillteanas) / gnóthachan ar thiontú go euro | **(8,526)** | 4,627 |
| Luach amhail ar 31 Nollaig | **44,563** | 64,981 |
| (Caillteanas) / gnóthachan ar thiontú iasachta inghrúpa euro go fochuideachta tugtha go hioncam uileghabhálach eile (OCI) | **(5,522)** | 3,265 |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Iasachtaí iontaofa € '000 | **Iomlán 2016 € '000** | Iomlán 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iasachtaí reatha** | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 94,097 | **94,097** | 92,823 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | 38,761 | **38,761** | 272,574 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | 132,858 | **132,858** | 365,397 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 81,432 | **81,432** | 97,538 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 225,576 | **225,576** | 240,439 |
| Tar éis cúig bliana | 421,816 | **421,816** | 427,297 |
| | 728,824 | **728,824** | 765,274 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 101,080 | **101,080** | 45,438 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 308,458 | **308,458** | 345,195 |
| Tar éis cúig bliana | 271,005 | **271,005** | 332,677 |
| | 680,543 | **680,543** | 723,310 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | 1,409,367 | **1,409,367** | 1,488,584 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | 1,542,225 | **1,542,225** | 1,853,981 |

**(b) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta**
Baineann na príomhrioscaí leachtachta os comhair an Ghrúpa le riachtanais sreabhadh airgid a eascraíonn ó oibriúcháin laethúla, oibleagáidí fiachais ag teacht chun aibíochta agus maoiniú na gclár infheistíochta caipitiúla. Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistíocht ar an riosca seo trí mheascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus áiseanna tiomnaithe bainc nár tarraingíodh. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht maidir le saoráidí le bainc chaidrimh agus le margaí caipitil fiachais chun aon riachtanais maoinithe a eascraíonn as fiachas ag teacht in aibíocht, caiteachas caipitiúil nó riachtanais gnó ginearálta a réamhfhálú.

Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí níos mó ná €1.7 billiún ar fáil ag an nGrúpa i bhfoirm airgid thirim agus saoráidí bainc tiomanta, agus cinntíonn seo go mbeifear in ann riachtanais leachtachta a chomhlíonadh mar is gá. Áirítear leis na saoráidí bainc tiomanta saoráid iasachta shindeacáite le líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith orthu chomh maith le saoráidí leis an EIB. Tá saoráidí san áireamh sa mhéid atá nochta, arb ionann iad agus €68.0 milliún (a d'fhéadfaí a mhéadú go €100.0 milliún), agus ní féidir iad seo a tharraingt ach amháin i gcoinne caiteachas caipitiúil sceidealaithe sonraithe.

Le straitéis bhainistíochta fiachais an Ghrúpa dírítear ar phróifíl phunainne fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Comhlíonann gach saoráid iasachtaíochta na hAchtanna Leictreachais agus na riachtanais rialála ábhartha.

Is mar seo a leanas atá próifíl aibíochta an mhéid tugtha anonn d'iasachtaí an Ghrúpa, agus dáta éaga na n-áiseanna iasachta bainc tiomanta neamhtharraingthe ábhartha:

| | **Fiachas arna tharraingt - an Grúpa** | | **Fiachas arna tharraingt - an Mháthairchuideachta** | | **Saoráid nach bhfuil Tarraingthe - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag Teacht in Aibíocht** | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| I mbliain amháin nó níos lú | **489,330** | 418,825 | **132,858** | 365,397 | **68,000** | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **403,577** | 463,925 | **182,512** | 142,976 | **-** | 145,000 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **1,175,201** | 1,808,151 | **534,034** | 585,634 | **1,440,000** | 1,190,000 |
| Níos mó ná cúig bliana | **2,819,335** | 2,418,238 | **692,821** | 759,974 | **-** | - |
| | **4,887,443** | 5,109,139 | **1,542,225** | 1,853,981 | **1,508,000** | 1,335,000 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtacha (ar lean)**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha iasachtaí an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Áirítear iasachtaí le suim ghlanluacha de €3,345.2 milliún (2015: €3,255.5 milliún) sna hiarmhéideanna thíos, ach ní cuid iad de dhliteanais na Máthairchuideachta.

| | Luach tugtha anonn € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,687,446 | 4,604,196 | 578,658 | 311,442 | 1,330,971 | 2,383,125 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,199,997 | 1,585,898 | 115,081 | 273,342 | 240,911 | 956,564 |
| **Iasachtaí iomlána** | **4,887,443** | **6,190,094** | **693,739** | **584,784** | **1,571,882** | **3,339,689** |
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,785,276 | 4,694,995 | 528,860 | 596,682 | 1,786,736 | 1,782,717 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,323,863 | 1,880,859 | 114,181 | 95,352 | 511,393 | 1,159,933 |
| **Iasachtaí iomlána** | 5,109,139 | 6,575,854 | 643,041 | 692,034 | 2,298,129 | 2,942,650 |

**(c) Bainistíocht riosca ráta úis**

Rinneadh beartas ráta úis an Ghrúpa a nuashonrú in 2016 agus is é an sprioc atá leis seo ná tromlach mór a fhiachais a bheith ag ráta úis seasta (nó nasctha le boilsciú) go dtí go dtéann sé in aibíocht, agus go mbeadh íosmhéid 50% seasta (nó nasctha le boilsciú) ann i gcónaí. Baintear é sin amach trí iasachtaí a fháil go díreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí 96% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí go dtiocfadh sé in aibíocht, é sin nó bhí sé nasctha le boilsciú (2015: 92%). 0Nochtar an cóirluach i dtaca le babhtálacha ráta úis i nóta 20.

Maidir le dliteanais airgeadais a thuilleann ioncam, tugann an tábla seo a leanas le fios a rátaí úis éifeachtacha amhail dáta an chláir chomhardaithe, ag cur san áireamh éifeacht bhabhtálacha ráta úis agus bhabhtálacha tras-airgeadra:

| | Ráta úis éifeachtach % | Iomlán € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh (ráta úis seasta) | **6.5** | **727,717** | 40,860 | 103,180 | 312,657 | 271,020 |
| Iasachtaí neamhiontaofa (ráta úis seasta) | **5.3** | **1,199,997** | 62,434 | 226,879 | 124,388 | 786,296 |
| Iasachtaí fadtéarmacha eile (ráta úis seasta agus athraitheach) | **4.4** | **2,959,729** | 386,036 | 73,518 | 738,156 | 1,762,019 |

Áirítear le hiasachtaí fadtéarmacha eile san anailís seo dliteanais ráta chomhlúthaigh €113.2 milliún (2015: €406.0 milliún).

Socraíodh ráta úis éifeachtach ar na hiasachtaí socrúcháin phríobháidigh trí úsáid bhabhtálacha tras-airgeadra agus bhabhtálacha ráta úis. Socraíodh an ráta éifeachtúil ar iasachtaí neamhiontaofa steirling de £470.5 milliún le húsáid babhtálacha ráta úis. In éagmais na mbabhtálacha ráta úis seo, is é 0.15% an ráta comhlúthach a bheadh ar na buniasachtaíochtaí steirling agus euro amhail ar 31 Nollaig 2016, agus tá seo ag teacht leis na rátaí úis atá i réim ar iasachtaíochtaí den fhad céanna sna limistéir airgeadaíocha sin. Áirítear babhtálacha nasctha le boilsciú ar leibhéil rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú, agus riosca ráta úis á mbainistiú. Beidh tionchar ag athruithe buana i rátaí úis ar thuillimh chomhdhlúite thar téarma níos faide. Meastar dá dtarlódh méadú ginearálta de 50 bonnphointe ar rátaí úis (agus ar rátaí úis comhfhreagracha réadacha) amhail ar 31 Nollaig 2016, gurb é a bheadh mar thoradh air seo ná méadú ar bhrabús roimh chánachas agus laghdú ar chothromas faoi na suimeanna atá ar taispeáint ar an gcéad leathanach eile. Déanann an anailís seo talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile seasmhach, go háirithe rátaí airgeadra eachtracha, lena n-áirítear an toimhde nach n-athróidh rátaí boilscithe.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(c) Bainistíocht riosca ráta úis (ar lean)**

| | **31 Nollaig 2016** | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | **50 bp méadú gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000** | 50 bp méadú gnóthachan / (caillteanas) € '000 | laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| **Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús iníoctha | **(566)** | **566** | (2,030) | 2,030 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | **64,808** | **(62,624)** | 42,640 | (43,244) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) | **12,680** | **(12,680)** | 19,106 | (19,106) |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhardaithe i leith rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthacha, mar iompraítear fiachas agus taiscí eile ag costas amúchta agus mar sin, ní athraíonn a luach tugtha anonn de réir mar a athraíonn rátaí úis;

- déantar íogaireacht úis fhabhraithe i leith gluaiseachtaí i rátaí úis a ríomh ar bhonn glan-neamhchosaint ráta chomhlúthaigh maidir le fiachas, taiscí agus ionstraimí díorthacha;

- déantar talamh slán de maidir le díorthaigh atá sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid i gcoinne athruithe i rátaí úis, go bhfuil siad éifeachtach go hiomlán, agus go bhfuil siad taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;

- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus

- caitear leis an gcos chomhlúthach d'aon bhabhtála nó aon fhiachais ráta chomhlúthaigh amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe cheana féin; mar sin, má bhíonn aon athrú ar rátaí úis, bíonn tionchar aige seo ar an gcuid de na ríomhanna íogaireachta a bhaineann leis an ús fabhraithe ar feadh tréimhse iomlán 12 mí.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. Ionstraimí airgeadais díorthacha**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí**

Iompraítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag an gcóirluach. Is é atá i gceist le cóirluach ionstraime airgeadais ná an praghas a bhfaighfear chun sócmhainn a dhíol nó a íocfar chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh amhail dáta an tomhais. Is é an modh a úsáidtear chun cóirluach ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh ná anailís sreabhaidh airgid lascainithe, a úsáideann ráta lascainithe cúpóin nialasaigh agus a léiríonn riosca ó contrapháirtithe creidmheasa. Cuireann an modh seo ar chumas an Ghrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ráta úis atá i réim sa mhargadh, ag cur san áireamh aibíocht agus corrlach creidmheasa.

Is iad seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, arna ngrúpáil de réir aicme ionstraime:

| | | | 2016 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | **Iomlán € '000** |
| Babhtálacha ráta úis | 15,240 | 661 | (40,533) | (9,127) | **(33,759)** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (681,981) | (16,491) | **(698,472)** |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | (10,270) | - | **51,019** |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 9,969 | 7,715 | (619) | (16,185) | **880** |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 27,042 | 104,343 | (10,236) | (47,633) | **73,516** |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 70,459 | 90,473 | (10,329) | (10,350) | **140,253** |
| | **183,999** | **203,192** | **(753,968)** | **(99,786)** | **(466,563)** |

| | | | 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Reatha sócmhainní € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Reatha dliteanais € '000 | Iomlán € '000 |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | - | (28,607) | - | (24,857) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (619,204) | (14,838) | (634,042) |
| Babhtálacha airgeadra | 43,040 | 5,768 | - | - | 48,808 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 283 | 6,820 | (12,049) | (14,013) | (18,959) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 11,999 | 82,523 | (94,677) | (178,253) | (178,408) |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 177,493 | 119,289 | - | - | 296,782 |
| | 236,565 | 214,400 | (754,537) | (207,104) | (510,676) |

| | | | 2016 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | **Iomlán € '000** |
| Babhtálacha ráta úis | 2,738 | 90 | - | - | **2,828** |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | (10,270) | - | **51,019** |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 4,379 | 7,590 | (619) | (16,185) | **(4,835)** |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 13,768 | 92,281 | (10,144) | (46,783) | **49,122** |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 38,681 | - | (2,161) | **36,520** |
| | **82,174** | **138,642** | **(21,033)** | **(65,129)** | **134,654** |

| | | | 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | Iomlán € '000 |
| Babhtálacha ráta úis | 17 | - | - | - | 17 |
| Babhtálacha airgeadra | 43,040 | 5,768 | - | - | 48,808 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 283 | 6,767 | (2,174) | (13,898) | (9,022) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 11,999 | 82,523 | (40,495) | (136,761) | (82,734) |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 37,566 | 44,340 | - | - | 81,906 |
| | 92,905 | 139,398 | (42,669) | (150,659) | 38,975 |

Ach amháin i gcás babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, tá formhór na n-iarmhéideanna díorthacha atá ar taispeáint sna táblaí thuas ainmnithe mar fháluithe sreabhaidh airgid ar riosca ráta úis, airgeadra nó tráchtearra a eascraíonn as ús, ioncam nó sreafaí airgid eile i dtaca le costais oibriúcháin a mbaineann an-dóchúlacht leo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear cóirluach ionstraimí airgeadais díorthacha tríd an difríocht idir an praghas conarthach ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha trí úsáid a bhaint as ráta úis saor ó riosca.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh (ar lean)**

Is é 0.9% an ráta úis ar baineadh úsáid as chun sreabha airgid measta sa todhchaí a lascainiú (2015: 0.9%). Tá an ráta bunaithe ar chuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe.

**(i) Babhtálacha rátaí úis**

Rinne an Grúpa babhtálacha ráta úis, arb ionann iad agus Stg£817.4 milliún, a fhorghníomhú maidir le cuid áirithe dá iasachtaíochtaí, lena n-áirítear fiachas airgeadais tionscadail a d'urraigh Carrington Power Limited agus West Durham Wind Farm Limited, maidir le hiasachtaíochtaí ar ráta seasta atá i seilbh na Máthairchuideachta agus DAC ESB Finance, agus maidir le fiachas atá sealbhaithe i sócmhainní feirme gaoithe eile de chuid an Ghrúpa. Tá siad seo ar fad rangaithe mar fháluithe sreabhaidh airgid.

I gcás babhtálacha ráta úis, cuireann an cóirluach san áireamh na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i réim ag deireadh na bliana. De bhrí go ndéantar babhtálacha ráta úis a "mharcáil-go-margadh" ag deireadh na bliana, tá a luach tugtha anonn cothrom lena gcóirluach.

Aithníodh iomlán na gcaillteanas cóirluacha de €6.2 milliún (2015: gnóthachan of €8.6 milliún) le linn na bliana maidir le babhtálacha ráta úis, agus orthu seo, aithníodh gnóthachain €8.2 milliún (2015: gnóthachan €2.9 milliún) go díreach mar chostais airgeadais ar an ráiteas ioncaim; aithníodh caillteanais €14.4 milliún mar ioncam cuimsitheach eile (OCI) (2015: aithníodh gnóthachain €5.7 milliún mar OCI).

**(ii) Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú**

Fuarthas babhtálacha ráta úis a bhí nasctha le boilsciú agus a raibh cóirluach €272.5 milliún orthu nuair a éadáladh iad, i Nollaig 2010 mar chuid de cheannach ghnóthas NIE Networks. Ní raibh na babhtálacha ráta úis, a bhí nasctha le boilsciú, i dteideal cuntasaíochta fálaithe faoi IAS 39 nuair a éadáladh gnóthas NIE Networks. Tá tionchar ar chóirluach babhtálacha an ráta úis nasctha le boilsciú ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna miondíola (RPI) amach anseo sa Ríocht Aontaithe.

Mar thoradh ar ghluaiseachtaí i réamhrátaí úis, réamhphraghsanna RPI na Ríochta Aontaithe, agus rátaí malairte eachtraí le linn na bliana, tharla gluaiseachtaí cóirluacha diúltacha de €64.4 milliún i dtaca leis na babhtálacha seo le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016 (31 Nollaig 2015: gluaiseachtaí cóirluacha dearfacha de €7.2 milliún). Maidir leis na gluaiseachtaí cóirluacha diúltacha de €187.6 milliún sna bunbhabhtálacha, a léiríodh sna costais airgeadais sa ráiteas ioncaim (nóta 7), lena n-áirítear íocaíochtaí €15.9 milliún mar thoradh ar na babhtálacha le linn na bliana, fritháiríodh iad go pointe áirithe de bharr gluaisteachtaí aistrithe dhearfaigh de €123.2 milliún le linn na bliana nuair a aistríodh na babhtálacha ó steirling go euro.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**

Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraí agus úis ar chóirluach bhabhtálacha airgeadra. Rangaítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fháluithe sreabhaidh airgid agus baineann siad, den chuid is mó, le babhtálacha trasairgeadra a dhéantar i ndáil leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh, a ndéantar cur síos air i nóta 19. Chuathas i mbun na mbabhtálacha trasairgeadra seo chun an t-ús ar dhollar Mheiriceá agus ar steirling, agus ar aisíocaíochtaí príomhshuime ar an mbunfhiachas, a bhabhtáil go euro, rud a fhágann go bhfálófar an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na tréimhsí ó 2010 go 2023 go dtiocfaidh siad in aibíocht.

Bhí neamhéifeachtacht i gceist, de réir na brí atá leis sin in IAS 39, maidir leis na babhtálacha airgeadra le linn na bliana, agus mar thoradh air seo, aithníodh dochar €0.5 milliún (2015: €nialas) sna costais airgeadais sa ráiteas ioncaim. Cuimsítear ina aonair i ráiteas ioncaim 2016 aistriú €10.4 milliún ón gcúlchiste fálaithe airgid thirim (2015: aistriú €63.7 milliún) a tharla de bharr babhtálacha trasairgeadra, agus tá seo fritháirithe ina iomláine mar thoradh ar ghluaiseachtaí in aistriú na mbuniasachtaíochtaí fálaithe airgeadra eachtraigh ag na rátaí malairte eachtraí atá i réim (see nóta 7).

Chomh maith le réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh a rinneadh i ndáil le hiasachtaíochtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis conarthaí airgeadra eachtraigh a dhéanamh maidir le ceannacháin malartán cumhachta agus riachtanais ceannaigh bhreosla (atá i ndollair Mheiriceá, francanna na hEilvéise agus steirling) agus i ndáil le tionscadail stáisiún cumhachta (lena n-áirítear Carrington Power Limited). Tá aibíochtaí ag na conarthaí sin a mhaireann go dtí 2022. Aithníodh gluaiseachtaí cóirluacha dearfacha de €19.9 milliún san iomlán (2015: gluaiseachtaí diúltacha de €1.4 milliún) le linn na bliana maidir le conarthaí malairte eachtraí den chineál sin, agus aithníodh gluaiseacht cóirluacha dhearfach de €13.6 milliún ina leith (2015: gluaiseachtaí diúltacha de €13.0 milliún) mar thoradh ar ioncam cuimsitheach eile, agus aithníodh gluaiseacht cóirluacha de €6.3 milliún (2015: gluaiseachtaí dearfacha de €11.6 milliún) sa ráiteas ioncaim.

**Ordlathas cóirluacha**

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na modhanna lenar féidir ionstraimí airgeadais a luacháil i nóta 26.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta - aibíocht na n-ionstraimí airgeadais díorthacha**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha ionstraimí airgeadais díorthacha, lena n-áirítear na glansreafaí airgid gaolmhara neamhlascainithe atá inchurtha ina leith. Táthar ag súil go n-imreoidh na hionstraimí airgeadais díorthacha sin tionchar ar bhrabús nó caillteanas thar tréimhse ama a bheidh cosúil leis na heis-sreafaí airgid. Áirítear glandliteanais ionstraimí airgeadais díorthacha de €601.2 milliún (2015: €549.6 milliún) in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsítear iad i sócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta.) Féach nóta 26 (b) chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais nan Ghrúpa agus a Máthairchuideachta.

| | Luach méid € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 49,660 | 122,726 | 5,263 | 14,352 | 28,929 | 74,182 |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | 698,472 | 769,639 | 14,900 | 11,935 | 104,776 | 638,028 |
| Babhtálacha airgeadra | 10,270 | 3,136 | 136 | 2,852 | 108 | 40 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 16,804 | 16,804 | 16,185 | 609 | 10 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 57,869 | 57,933 | 47,691 | 9,770 | 472 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 20,679 | 20,620 | 10,091 | 10,282 | 247 | - |
| **Dliteanais iomlána** | **853,754** | **990,858** | **94,266** | **49,800** | **134,542** | **712,250** |
| | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 15,901 | 16,710 | 3,724 | 3,595 | 9,183 | 208 |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | 118,528 | 6,900 | 17,384 | 60,922 | 33,322 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 17,684 | 17,685 | 7,706 | 4,368 | 1,394 | 4,217 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 131,385 | 131,677 | 104,491 | 25,944 | 1,242 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 160,932 | 158,367 | 88,111 | 51,322 | 18,934 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | **387,191** | **442,967** | **210,932** | **102,613** | **91,675** | **37,747** |
| | | | | | | |
| **(Glansócmhainní) / glandliteanais dhíorthacha** | **466,563** | **547,891** | **(116,666)** | **(52,813)** | **42,867** | **674,503** |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 28,607 | 116,337 | 11,862 | 14,772 | 39,948 | 49,755 |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | 634,042 | 769,639 | 14,900 | 11,935 | 104,776 | 638,028 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 26,062 | 26,291 | 13,974 | 2,985 | 2,024 | 7,308 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 272,930 | 273,872 | 170,783 | 73,442 | 29,647 | - |
| **Dliteanais iomlána** | 961,641 | 1,186,139 | 211,519 | 103,134 | 176,395 | 695,091 |
| | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | 21,912 | 3,728 | 3,649 | 13,810 | 725 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | 105,950 | 11,490 | 5,702 | 63,649 | 25,109 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 7,103 | 7,078 | 6,795 | 249 | 34 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | 94,025 | 81,963 | 12,026 | 36 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 296,782 | 296,241 | 118,698 | 103,577 | 73,966 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | 450,965 | 525,206 | 222,674 | 125,203 | 151,495 | 25,834 |
| | | | | | | |
| **(Glansócmhainní) / glandliteanais dhíorthacha** | 510,676 | 660,933 | (11,155) | (22,069) | 24,900 | 669,257 |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN**

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa don fhoireann i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in ailt (a) agus (b) thíos. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i dTuaisceart Éireann leagtha amach in alt (c).

**(a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann**

**(i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB (an Scéim)**

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsean ranníocach a dtugtar Scéim le Sochar Sainithe ESB uirthi. Dílsítear an ciste in Iontaobhaithe a ainmníonn an ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Is scéim le sochair shainithe an Scéim agus tá sé cláraithe mar sin leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear an Scéim. Bíodh is gur tairbhí sochair shainithe na tairbhí sin, níl aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun na tairbhí sin a choinneáil má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB a fháil, mar aon le faomhadh ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann sa todhchaí, tá dualgas ar an gCuideachta faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire le haghaidh a fhaofa. Is cur chuige éagsúil é seo ón gcur chuige sochair shainithe 'iarmhéid costais' a úsáidtear go hiondúil, ina n-iarrtar ar an bhfostóir iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun sochair a mhaoiniú.

**Stair**

Is é an cleachtas atá ann le fada ná go bhfuil ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon socraithe ag rialacháin na Scéime ar feadh tréimhsí fada. Tá tuairisciú déanta ag achtúire na Scéime go minic ar easnaimh sa Scéim ó thús na 1980í i leith. Chuaigh ESB i mbun comhairliúcháin gach uair leis an gCoiste, na hIontaobhaithe agus an Achtúire, de réir a oibleagáidí faoi rialacha na Scéime Tar éis idirphlé leis na ceardchumainn, thángthas ar réiteach do na heasnaimh trí ranníocaíochtaí na cuideachta agus ball na Scéime araon a mhéadú.

Bhí easnamh achtúireachta €1,957.0 milliún ann amhail ar 31 Nollaig 2008 agus thángthas ar Chomhaontú Pinsin 2010 ina dhiaidh sin. Glacadh leis nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar a leithéid d'easnamh trí ranníocaíochtaí a mhéadú. Cuireadh clabhsúr le hidirbheartaíocht idir an Chuideachta agus Grúpa Ceardchumann ESB (ionadaithe na bhfostaithe) leis an gComhaontú Pinsin 2010 (ar fhaomh na fostaithe i mí Iúil 2010 é agus ar dhaingnigh Bord ESB go foirmiúil é an 20 Deireadh Fómhair 2010). Ar phríomhghnéithe an Chomhaontaithe sin, áiríodh tabhairt isteach múnla pinsin 'Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE)' i gcomhair na sochar a thuillfear tar éis 1 Eanáir 2012, cosc ar mhéadaithe pinsin agus pá, deireadh a chur leis an nasc fadbhunaithe idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus go gcuirfear tástáil sócmhainneachta i bhfeidhm i ndáil le haon mhéadú pinsin sa todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta socraithe don fhostóir agus do bhaill na Scéime. Ghlac ESB faoi théarmaí an Chomhaontaithe instealladh airgid aonuaire a dhéanamh sa Scéim, a bheidh iníoctha thar líon blianta agus a raibh luacháil comhaontaithe €591.0 milliún aici chun críocha achtúireacha amhail ar 1 Eanáir 2010. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le duine úr ar bith dul isteach sa Scéim. D'fhaomh an tAire na hathruithe a raibh an Comhaontú Pinsin 2010 ina údar leo ina dhiaidh sin.

Níl easnamh sa Scéim ar bhonn achtúireach leanúnach. Bheadh easnamh aici dá ndéanfaí í a foirceannadh (ag an gCaighdeán Íosmhaoinithe) ach tá plean maoinithe faofa ag an Údarás Pinsin chun an t-easnamh sin a réiteach faoin mbliain 2018. De réir an athbhreithnithe deiridh ar an gCaighdeán Íosmhaoinithe a rinneadh in 2015, táthar ag cloí leis an bplean sin agus níl sé beartaithe an Scéim a fhoirceannadh. Níl sé ar intinn ag an gcuideachta go ndéanfaí aon ranníocaíochtaí eile, ach amháin na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha (suas go dtí 16.4% den tuarastal inphinsin, chomh maith le ranníocaíochtaí fostaí suas le 8.5%), mar aon le hiarmhéid ranníocaíochta breise na Cuideachta arb ionann í agus €591.0 milliún (ar cuid de Chomhaontú 2010 é). Má tharlaíonn sé sa todhchaí go mbeidh easnamh ann, níl aon athrú ar oibleagáid na Cuideachta, mar atá leagtha amach i rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis na páirtithe don Scéim.

**Sainmhínithe**

Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:

- Luacháil Achtúireach Leanúnach
- Caighdeán Íosmhaoinithe, de réir Acht na bPinsean.
- Cuntasaíocht, mar atá leagtha amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19, Sochair Fostaí.

Déanann gach ceann de na modhanna sin measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí faoi leith agus baineann siad úsáid as boinn toimhde agus réamhmheastachán a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.

**Luacháil Achtúireach Leanúnach**

Déanann an modh luachála seo talamh slán de go leanfaidh an Scéim agus an Chuideachta araon i mbun ghnó go ceann i bhfad - ní luacháil ar uair foirceanta atá ann. Dheimhnigh Achtúire na Scéime in 2016 go bhfuil an Scéim i gcothromaíocht ar bhonn achtúireach leanúnach, i.e. go meastar go mbeidh an Scéim in ann a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a dhlitear iad, ar bhunús na mbonn toimhde atá déanta.

**Foirceannadh / Luacháil an Chaighdeáin Íosmhaoinithe**

Éilíonn Acht na bPinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh freisin cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sí caighdeán forordaithe faoi leith a chomhlíonadh, a dtugtar an Caighdeán Íosmhaoinithe (MFS) air. Úsáidtear an caighdeán seo chun a mheas cibé an mbeadh nó nach mbeadh an Scéim in ann na sochair a urrú ar dháta luachála teoiriciúil faoi leith dá ndéanfaí an Scéim a fhoirceannadh ar an dáta sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé beartaithe ag ESB an Scéim a fhoirceannadh.

Thuairiscigh Achtúire na Scéime ag deireadh na bliana 2011 nár shásaigh an Scéim bunriachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe. Chuir Iontaobhaithe na Scéime, le comhaontú ESB, plean maoinithe isteach chuig an Údarás Pinsean chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, agus faomhadh an plean sin i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is é aidhm an phlean mhaoinithe seo ná riachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe a réiteach faoi dheireadh na bliana 2018, agus le linn 2016, dheimhnigh Achtúire na Scéime go raibh an Plean seo ar an mbóthar ceart leis an gcuspóir sin a bhaint amach ar bhunús leibhéal ranníocaíochta reatha (lena n-áirítear an tiomantas €591.0 milliún a rinneadh sa Chomhaontú Pinsean 2010).

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**Cuntasaíocht**
Is é IAS 19 (athbhreithnithe) 'Sochair Fostaí' an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun an cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar cheart sochair iarfhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB.

Léiríonn na ráitis airgeadais na hoibleagáidí seo a leanas don Scéim:

- Ranníocaíochtaí leanúnacha - aithnítear iad seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Áirítear oibleagáidí don scéim freisin arb ionann iad agus €524.8 milliún ar an gclár comhardaithe, agus cuimsíonn siad iad seo a leanas;
  - Instealladh don Chomhaontú Pinsin 2010 – rinne an chuideachta tiomantas instealladh airgid eisceachtúil arb ionann é agus €591.0 milliún (PV in airgead 2010 bunaithe ar ráta 6.25%) isteach sa Scéim thar thréimhse suas le 12 bhliain. Tá na méideanna atá le híoc fós don Scéim faoin gcuid seo den Chomhaontú Pinsin faoi réir go héifeachtach ag muirear airgeadais bliantúil agus déantar iad a chur sa ráiteas ioncaim mar speansais. Íocadh €443.7 milliún isteach sa Scéim chun dáta.
  - Ranníocaíochtaí seirbhíse roimhe seo - áirítear le ráta ranníocaíochta leanúnach ESB ranníocaíocht do sheirbhís roimhe seo a fabhraíodh in 2010. Aithnítear luach reatha ranníocaíochtaí sa todhchaí maidir leis an tseirbhís roimhe seo ar an gclár comhardaithe.
  - Cláir Théarfa Dheonacha (VS) Roimhe Seo - in 2010 d'aithin an Chuideachta tiomantas seasta sa todhchaí maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear cóirluach na ranníocaíochtaí sin sa todhchaí ar an gclár comhardaithe freisin.

**(b) Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB - Poblacht na hÉireann**
Feidhmíonn ESB scéim faofa le ranníocaíochtaí sainithe freisin, ar a dtugtar Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (Scéim Phinsin Fochuideachtaí ESB roimhe seo), i gcomhair fostaithe fochuideachtaí ESB (seachas NIE Networks) agus, ón 1 Samhain 2010, foireann oibre nua na Máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí socraithe. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus d'fheadfaí iad a íoc i bhfoirm cnapshuim agus / nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na Scéime i gciste ar leith á riaradh ag Iontaobhaithe. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus b'ionann é sin agus €9.7 milliún (2015: €8.6 milliún).

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**
Is baill iad formhór na bhfostaithe i NIE Networks Limited agus a fhochuideachtaí de Scéim Pinsin NIE Networks (Scéim NIE Networks). Tá dhá chuid ag an scéim sin: 'Options', ar socrú ceannach airgid é trína meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na mball de ghnáth suas go dtí uasmhéid de 7% den tuarastal, agus 'Focus' a sholáthraíonn sochair atá bunaithe ar thuarastal inphinsin ar scor nó ar fhágáil seirbhíse níos luaithe. Coinnítear sócmhainní Scéim NIE Networks faoi iontaobhas agus infheistíonn na hiontaobhaithe iad ar chomhairle bainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

D'fhoilsigh an IASB leagan leasaithe de IAS 19 Sochair Fostaí i mí an Mheithimh 2011 a bhfuil feidhm leis do thréimhsí bliantúla dár tús 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar an athrú sin, cinntíonn an Grúpa an glanspeansas úis tríd an ráta lascaine a úsáideadh chun an oibleagáid pinsin ag tús na tréimhse bliantúla a thomhas a úsáid leis an nglandliteanas.

**Boinn toimhde airgeadais**
Tá luacháil a rinne achtúirí neamhspleácha ar chuid Focus de Scéim NIE Networks chun críche nochtuithe IAS 19 bunaithe ar na boinn toimhde seo a leanas:

| | % amhail ar 31 Nollaig 2016 | % amhail ar 31 Nollaig 2015 |
|---|---|---|
| Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | **2.70** | 3.80 |
| Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **2.10** | 1.90 |
| Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin | **3.20** | 3.00 |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | **2.10** | 1.90 |

Is é 2.7% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsean a ríomh amhail ar 31 Nollaig 2016 (2015: 3.8%). Socraíodh é seo trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán amhail ar an dáta sin. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)**

**Toimhdí maidir le mortlaíocht**
Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil a bheidh ag baill ag am scoir leagtha amach thíos. Tá na toimhdí seo bunaithe ar tháblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear lamháltas d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil sa todhchaí leo.

| | Ar an 31 Nollaig 2016 Fir Blianta | Ar an 31 Nollaig 2016 Mná Blianta | Ar an 31 Nollaig 2015 Fir Blianta | Ar an 31 Nollaig 2015 Mná Blianta |
|---|---|---|---|---|
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **27.3** | **29.8** | 27.1 | 29.7 |
| Pinsinéirí sa todhchaí atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **29.2** | **31.8** | 29.1 | 31.7 |

**Sócmhainní agus dliteanais pinsin**
Is iad seo a leanas na sócmhainní agus dliteanais i gcuid Focus de Scéim NIE Networks:

| | Ar an 31 Nollaig 2016 €'000 | Ar an 31 Nollaig 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | **276,927** | 289,938 |
| Bannaí | **295,498** | 276,179 |
| Infheistíocht chreidmheasa in ilshócmhainní | **249,830** | 239,510 |
| Fás éagsúlaithe | **464,855** | 539,971 |
| Eile | **6,316** | 6,676 |
| Luach cóir sócmhainní plean | **1,293,426** | 1,352,274 |
| Luach reatha oibleagáidí maoinithe | **(1,463,969)** | (1,494,343) |
| **Glaneasnamh** | **(170,543)** | (142,069) |

Tá plean coigeartaithe easnaimh i bhfeidhm ag NIE Networks chun dul i ngleic leis an easnamh thuas.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)**

| | Ar an 31 Nollaig 2016 €'000 | Ar an 31 Nollaig 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Athrú in oibleagáid sochair** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **1,494,343** | 1,483,207 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costas seirbhíse reatha | **7,859** | 10,126 |
| Costas úis | **49,537** | 54,549 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **496** | 603 |
| Caillteanas achtúireach / (gnóthachan) - tionchar athrú toimhdí | **212,470** | (46,943) |
| Gnóthachan achtúireach - caillteanas taithí | **(8,744)** | (23,437) |
| Sochair a íocadh | **(70,561)** | (78,530) |
| Ath-choinnroinnt dliteanas PES go NIE Networks Limited | **-** | 2,604 |
| Costas seirbhíse san am a caitheadh | **178** | 147 |
| Difríocht aistrithe ar oibleagáid sochair sa bhliain | **(221,609)** | 92,017 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **1,463,969** | 1,494,343 |
| **Athrú i sócmhainní plean** | | |
| Luach cóir sócmhainní plean ag tús na bliana | **1,352,274** | 1,319,185 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Ús ar shócmhainní plean | **45,225** | 48,898 |
| Gnóthachain / (caillteanais) achtúireacha | **137,206** | (53,160) |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **27,902** | 31,281 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **496** | 603 |
| Ath-choinnroinnt dliteanas PES go NIE Networks Limited | **-** | 2,604 |
| Eile | **-** | (120) |
| Sochair a íocadh | **(70,561)** | (78,530) |
| Difríocht aistrithe ar shócmhainní sa bhliain | **(199,116)** | 81,513 |
| **Luach cóir sócmhainní plean ag deireadh na bliana** | **1,293,426** | 1,352,274 |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní plean don bhliain** | **182,431** | (4,261) |

| Is é seo a leanas anailís ar na méideanna arna n-aithint i gcostais fostaí mar chuid den mhuirear sochar fostaí: | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(7,859)** | (10,126) |
| Costais seirbhíse san am a caitheadh | **(178)** | (147) |
| **Muirear sochair shainithe iomlán sa bhliain** | **(8,037)** | (10,273) |

| Anailís ar na méideanna arna n-aithint sna costais airgeadais, mar ghlan-ús scéime pinsin: | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní scéime pinsin | **45,225** | 48,898 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | **(49,537)** | (54,549) |
| **Glan-ús scéime pinsin** | **(4,312)** | (5,651) |

| Anailís ar na méideanna arna n-aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach: | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **137,206** | (53,160) |
| (Caillteanas) achtúireach / gnóthachan ar dhliteanais | **(203,726)** | 70,380 |
| **Glan-chaillteanas / -ghnóthachan achtúireach** | **(66,520)** | 17,220 |

**Anailís íogaireachta**
Is iad na méideanna atá ar taispeáint thíos an tionchar a bheadh ag athruithe réasúnta féideartha ar cheann amháin de na toimhdí achtúireachta ábhartha amhail ar dáta tuairiscithe ar an oibleagáid sochair shainithe, dá gcoinneofaí gach toimhde seasmhach.

| **Dliteanas pinsin** | 2016 € m | 2015 € m |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (athrú 0.1%) | **18.5** | 19.6 |
| Ráta boilscithe (athrú 0.1%) | **(16.1)** | (19.9) |
| Mortlaíocht sa todhchaí (1 bliain) | **(49.6)** | (43.2) |

D'ainneoin nach gcuireann an anailís san áireamh dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo faoin bplean, cuireann sé meastachán ar fáil d'íogaireacht na dtoimhdí a thaispeántar.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE**

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000** | Athstruchtúrú dliteanais € '000 | Eile € '000 | **Iomlán € '000** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | **731,070** | 133,164 | 32,538 | **165,702** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar ar an ráiteas ioncaim | **-** | (3,998) | 28,306 | **24,308** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(113,729)** | (18,644) | (27,191) | **(45,835)** |
| Muirear airgeadaíochta | **30,788** | 1,190 | - | **1,190** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | 14 | 31 | **45** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | **648,129** | 111,726 | 33,684 | **145,410** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **648,129** | 111,726 | 33,684 | **145,410** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 43,409 | **43,409** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(152,974)** | (16,906) | (30,039) | **(46,945)** |
| Muirear airgeadaíochta | **29,657** | 835 | - | **835** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | (8) | - | **(8)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **524,812** | 95,647 | 47,054 | **142,701** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **370,308** | 78,396 | - | **78,396** |
| Dliteanais reatha | **154,504** | 17,251 | 47,054 | **64,305** |
| **Iomlán** | **524,812** | **95,647** | **47,054** | **142,701** |

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000** | Athstruchtúrú dliteanais € '000 | Eile € '000 | **Iomlán € '000** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | **731,070** | 132,971 | 24,290 | **157,261** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar ar an ráiteas ioncaim | **-** | (3,998) | 24,045 | **20,047** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(113,729)** | (18,738) | (22,471) | **(41,209)** |
| Muirear airgeadaíochta | **30,788** | 1,190 | - | **1,190** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | **648,129** | 111,425 | 25,864 | **137,289** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **648,129** | 111,425 | 25,864 | **137,289** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 35,318 | **35,318** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(152,974)** | (16,812) | (22,338) | **(39,150)** |
| Muirear airgeadaíochta | **29,657** | 835 | - | **835** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **524,812** | 95,448 | 38,844 | **134,292** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **370,308** | 78,197 | - | **78,197** |
| Dliteanais reatha | **154,504** | 17,251 | 38,844 | **56,095** |
| **Iomlán** | **524,812** | **95,448** | **38,844** | **134,292** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

**Dliteanas - scéim pinsean an ESB**
Féach nóta 21 (a).

**Athstruchtúrú dliteanais**
Is ionann an soláthar seo agus an costas a mheastar a bhainfeadh le híocaíochtaí iarfhostaíochta d'iarfhostaithe, seachas na méideanna sin a chuimsítear faoin scéim phinsin. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le híocaíochtaí leanúnacha a dhéanamh le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh luathscoir dheonaigh cheana, atáthar ag súil a bheith scaoilte go hábhartha faoi 2027. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

**Eile**
De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá soláthar déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe, bónais agus socruithe roinnte brabúis.

## 23. TRÁDÁIL AGUS MÉIDEANNA INÍOCTHA EILE

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| **Méideanna iníoctha reatha:** | | | | |
| Méideanna iníoctha trádála | **434,865** | 350,692 | **237,825** | 180,786 |
| Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha | **80,220** | 76,815 | **1,462** | - |
| Méideanna iníoctha eile | **65,966** | 43,070 | **36,764** | 19,089 |
| Cánacha fostaíochta | **18,550** | 20,199 | **16,729** | 18,216 |
| Cáin bhreisluacha | **43,337** | 35,681 | **19,917** | 14,992 |
| Fabhruithe | **114,122** | 85,737 | **25,448** | 20,741 |
| Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **3,415,444** | 3,104,118 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaí | **77,958** | 83,341 | **35,606** | 35,670 |
| **Iomlán** | **835,018** | 695,535 | **3,789,195** | 3,393,612 |

| | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Méideanna iníoctha neamhreatha:** | | | | |
| Méideanna iníoctha eile | **-** | 8,686 | **-** | - |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 24. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS

| **GRÚPA** | **Ranníocaíochtaí soláthair agus eile €'000** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | **578,844** |
| Infhála | **36,959** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(57,530)** |
| Difríochtaí aistrithe | **11** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | **558,284** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **558,284** |
| Infhála | **38,994** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(58,548)** |
| Difríochtaí aistrithe | **(2,178)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **536,552** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **486,531** |
| Dliteanais reatha | **50,021** |
| **Iomlán** | **536,552** |

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Ranníocaíochtaí soláthair agus eile €'000** |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | **567,460** |
| Infhála | **1,034** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(32,422)** |
| Aistriú chuig an nGrúpa | **(2,530)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | **533,542** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | **533,542** |
| Infhála | **1,240** |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | **(33,118)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | **501,664** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | **468,556** |
| Dliteanais reatha | **33,108** |
| **Iomlán** | **501,664** |

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais caipitil a fuarthas roimh mhí Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá ag teacht le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha. Tá tuilleadh cur síos déanta ar an gcuntasaíocht a dhéantar ar ranníocaíochtaí soláthair tar éis mhí Iúil 2009 sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta sna ráitis airgeadais seo.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 25. SOLÁTHAIRTÍ

| GRÚPA | Costais chun stáisiún cumhachta a dhúnadh € '000 | Soláthairtí astaíochtaí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 135,105 | 49,331 | 57,255 | **241,691** |
| Curtha de mhuirear / (do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 63,145 | - | **63,145** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 14,821 | **14,821** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 12,080 | **12,080** |
| Arna úsáid sa bhliain | (5,139) | (50,259) | (3,750) | **(59,148)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,568 | - | 462 | **2,030** |
| Difríochtaí aistrithe | 173 | (85) | 724 | **812** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 131,707 | 62,132 | 81,592 | **275,431** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | 131,707 | 62,132 | 81,592 | **275,431** |
| Curtha de mhuirear / (do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 64,266 | - | **64,266** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 4,530 | **4,530** |
| - Dúnadh stáisiúin | (5,700) | - | - | **(5,700)** |
| Soláthar le haghaidh dúnta stáisiún arna chaipitliú i rith na bliana | 56,900 | - | - | **56,900** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 7,000 | **7,000** |
| Arna úsáid sa bhliain | (3,623) | (61,154) | (15,860) | **(80,637)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,482 | - | 537 | **2,019** |
| Difríochtaí aistrithe | (465) | 159 | (1,528) | **(1,834)** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | 180,301 | 65,403 | 76,271 | **321,975** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 178,578 | - | 58,575 | **237,153** |
| Dliteanais reatha | 1,723 | 65,403 | 17,696 | **84,822** |
| **Iomlán** | **180,301** | **65,403** | **76,271** | **321,975** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Costais chun stáisiún cumhachta a dhúnadh € '000 | Soláthairtí astaíochtaí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2015** | 129,716 | 40,714 | 45,537 | **215,967** |
| Curtha de mhuirear / (do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 47,044 | - | **47,044** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 2,096 | **2,096** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 12,080 | **12,080** |
| Arna úsáid sa bhliain | (5,139) | (39,462) | (3,127) | **(47,728)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,388 | - | 462 | **1,850** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2015** | 125,965 | 48,296 | 57,048 | **231,309** |
| **Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2016** | 125,965 | 48,296 | 57,048 | **231,309** |
| Curtha de mhuirear / (do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 46,159 | - | **46,159** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 8,079 | **8,079** |
| - Dúnadh stáisiúin | (5,700) | - | - | **(5,700)** |
| Soláthar le haghaidh dúnta stáisiún arna chaipitliú i rith na bliana | 53,500 | - | - | **53,500** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 7,000 | **7,000** |
| Arna úsáid sa bhliain | (3,623) | (46,987) | (2,772) | **(53,382)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,272 | - | 537 | **1,809** |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2016** | 171,414 | 47,468 | 69,892 | **288,774** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 169,690 | - | 52,544 | **222,234** |
| Dliteanais reatha | 1,724 | 47,468 | 17,348 | **66,540** |
| **Iomlán** | **171,414** | **47,468** | **69,892** | **288,774** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 25. SOLÁTHAIRTÍ (ar lean)

### Costais chun stáisiún cumhachta a dhúnadh

Is ionann an soláthar amhail ar 31 Nollaig 2016 de €180.3 milliún (31 Nollaig 2015: €131.7 milliún) i gcomhair dúnadh stáisiún, agus luach reatha an mheastacháin reatha maidir leis an méid a chosnaíonn sé, stáisiúin ghiniúna a dhúnadh ag deireadh a saolré fhóintigh. Táthar ag súil go ndúnfaí formhór na stáisiún giniúna roimh an mbliain 2025. Mar thoradh ar athruithe i meastacháin maidir le costais chomhshaoil agus díchoimisiúnú, méadaíodh an soláthar um dhúnadh stáisiún faoi €56.9 milliún in 2016 (2015: €nialas). Mar gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, áirítear muirear maoinithe sa ráiteas ioncaim agus cuirtear leis an soláthar gach bliain é. Déantar athscrúdú ar an soláthar do dhúnadh stáisiún cumhachta gach bliain agus athríomhtar an dliteanas de réir dátaí dúnta reatha na stáisiún a bhfuiltear ag súil leo. Áirítear le luach measta costais dúnta sa todhchaí amhail dáta an chláir chomhardaithe díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán suímh, scor foirne agus costais ghaolmhara.

Tá roinnt éiginnteachtaí ann a imríonn tionchar ar ríomh an tsoláthair do dhúnadh stáisiún, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú nach rabhthas ag súil leis, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus athruithe sa ráta lascaine. Agus an soláthar á ríomh aige, tá an meastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héiginnteachtaí sin, ach d'fhéadfadh athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na toimhdí tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

### Soláthairtí astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa, aithnítear soláthar chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Cuirtear lamháltais a cheannaítear i rith na bliana ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, agus tá seo ag teacht leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír i rith na bliana. Is ionann soláthar dheireadh na bliana agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais. Tomhaistear an oibleagáid ag méid tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí $CO_2$ caipitlithe, chomh maith leis an luach margaidh atá ag aon lamháltas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shocrú.

### Soláthairtí eile

Meastacháin stuama atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais do thríú páirtithe, i ndáil le héilimh a chuirtear in iúl nó a ndéantar soláthar ina leith ag deireadh na bliana. De réir gnáthchleachtas tráchtála, tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh i soláthar dheireadh na bliana.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR**

**(a) Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais**

**Timpeallacht riosca**

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malairt eachtrach, ráta úis, athruithe praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), agus riosca oibriúcháin. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa mar is cuí. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear Coiste Airgeadais agus Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste chomh maith le haghaidh a athbhreithnithe.

Is iad feidhmeanna na hoifige tosaigh agus oifige láir na haonad ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Trading (atá laistigh de Generation and Wholesale Markets) agus Electric Ireland. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca an Ghrúpa ar an iomlán. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin. Cinntíonn feidhm Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa go mbainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a thabharfaidh cosaint don Ghrúpa ó chaillteanas agus go léireofar meas ag an am céanna ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonad ghnó.

Is féidir conarthaí a dhéantar chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint a eascraíonn as táirgeadh agus díol leictreachais a dheighilt ina gconarthaí ar aghaidh praghas breosla, conarthaí ar aghaidh praghas leictreachais agus conarthaí malairte eachtraí. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint ar uair a socraithe nó ar uair a ndíolta.

**Struchtúr um thuairisciú riosca**

Rinne an Bord, tríd an bPríomhfheidhmeannach, an fhreagracht níos leithne a tharmligean do Choiste Trádála an Ghrúpa (GTC) as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa. Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun neamhchosaint riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus an aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a dhoiciméadú le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa infheidhmithe do gach ceann de na gnóthaí sin.

Laistigh de gach ceann de na haonaid ghnó sin, tá Coiste Bainistíochta Riosca Trádála bunaithe chun feidhmiú mar an príomh-mhaoirseoir ar riosca trádála ar leibhéal an aonáin aonair imfhálaithe. Ar an gcoiste sin tá ceann na feidhme oifige tosaigh, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh a chinntiú leis an mbeartas céanna, teorann riosca trádála a bhainistiú agus cinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm.

Tugann na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála tuairisc don GTC. Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh go dtí feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-neamhchosaint an Ghrúpa d'athruithe praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Bíonn oibriúcháin trádála na n-aonad gnó faoi réir athbhreithnithe ag Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi bheartas agus chuspóirí an Ghrúpa maidir le Bainistíocht Riosca, féach ar leathanaigh 18 go 23 den Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca.

**Cuntasaíocht fálaithe**

Úsáideann ESB iasachtaí agus ionstraimí éarlais chun cistí breise a infheistiú. Agus úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a thagann chun cinn de ghnáth in oibríochtaí ó iasachtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus steirling, ó fhochuideachtaí airgeadra iasachta, agus ó úsáid soláthraithe airgeadra iasachta. Baintear úsáid as cuntasaíocht fálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálaithe ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbheart tráchtearraí fálaithe áirithe chun costais bhreosla a shocrú agus chun nasc níos dlúithe a dhéanamh, nuair is féidir, idir ioncam leictreachais agus ionchuir bhreosla. Tá na socruithe sin go léir ainmnithe i gcoibhnis fálaithe, agus i bhformhór na gcásanna comhlíonann siad critéir shonracha IAS 39 maidir le cuntasaíocht fhálaithe. Sa chás go gcomhlíontar critéir fálaithe IAS 39 i dtaobh babhtálacha trasairgeadra, babhtálacha ráta úis, conarthaí malairte eachtraigh, conarthaí ar aghaidh praghas breosla agus conarthaí ar aghaidh praghas leictreachais, tá na hionstraimí sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid ar ús, ioncam nó costais oibríochtúil eile atá tuartha agus rídhóichí. Breathnaítear mar sin féin ar aon díorthach ar láimh nach bhfuil sainithe go sonrach i gcoibhnis fálaithe ó pheirspictíocht cuntasaíochta mar fhálú eacnamaíoch bailí.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais**

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais, gan soláthairtí agus dliteanais atá bainteach le fostaithe a áireamh, amhail ar 31 Nollaig 2016 agus an 31 Nollaig 2015:

| | Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas | | Sócmhainní (dliteanais) atá á gcoinneáil ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le caidrimh fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthacha gan gaolmhaireachtaí fálaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **-** | - | **69,995** | 44,777 | **-** | - | **-** | - | **69,995** | 44,777 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **56,502** | 62,563 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **56,502** | 62,563 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **161,545** | 165,993 | **22,454** | 70,572 | **183,999** | 236,565 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **56,502** | 62,563 | **69,995** | 44,777 | **161,545** | 165,993 | **22,454** | 70,572 | **310,496** | 343,905 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **-** | - | **770,081** | 751,177 | **-** | - | **-** | - | **770,081** | 751,177 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **363,624** | 133,863 | **-** | - | **-** | - | **363,624** | 133,863 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **131,647** | 181,205 | **71,545** | 33,195 | **203,192** | 214,400 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **1,133,705** | 885,040 | **131,647** | 181,205 | **71,545** | 33,195 | **1,336,897** | 1,099,440 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **56,502** | 62,563 | **1,203,700** | 929,817 | **293,192** | 347,198 | **93,999** | 103,767 | **1,647,393** | 1,443,345 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **4,398,113** | 4,690,314 | **-** | - | **-** | - | **4,398,113** | 4,690,314 |
| Trádáil agus Méideanna Iníochta Eile | **-** | - | **-** | 8,686 | **-** | - | **-** | - | **-** | 8,686 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **53,496** | 110,664 | **700,472** | 643,873 | **753,968** | 754,537 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **4,398,113** | 4,699,000 | **53,496** | 110,664 | **700,472** | 643,873 | **5,152,081** | 5,453,537 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **489,330** | 418,825 | **-** | - | **-** | - | **489,330** | 418,825 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **-** | - | **835,018** | 695,535 | **-** | - | **-** | - | **835,018** | 695,535 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **27,903** | 115,647 | **71,883** | 91,457 | **99,786** | 207,104 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **1,324,348** | 1,114,360 | **27,903** | 115,647 | **71,883** | 91,457 | **1,424,134** | 1,321,464 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **5,722,461** | 5,813,360 | **81,399** | 226,311 | **772,355** | 735,330 | **6,576,215** | 6,775,001 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais (ar lean)**

| | Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas | | Sócmhainní (dliteanais) atá á gcoinneáil ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le caidrimh fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthacha gan gaolmhaireachtaí fálaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 | **2016 € '000** | 2015 € '000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **74,428** | 63,443 | **7,746** | 29,462 | **82,174** | 92,905 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **-** | - | **74,428** | 63,443 | **7,746** | 29,462 | **82,174** | 92,905 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **-** | - | **3,091,981** | 3,181,023 | **-** | - | **-** | - | **3,091,981** | 3,181,023 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **235,991** | 17,202 | **-** | - | **-** | - | **235,991** | 17,202 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **73,368** | 69,400 | **65,274** | 69,998 | **138,642** | 139,398 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,327,972** | 3,198,225 | **73,368** | 69,400 | **65,274** | 69,998 | **3,466,614** | 3,337,623 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **-** | - | **3,327,972** | 3,198,225 | **147,796** | 132,843 | **73,020** | 99,460 | **3,548,788** | 3,430,528 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **1,409,367** | 1,488,584 | **-** | - | **-** | - | **1,409,367** | 1,488,584 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **6,778** | 21,968 | **14,255** | 20,701 | **21,033** | 42,669 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **1,409,367** | 1,488,584 | **6,778** | 21,968 | **14,255** | 20,701 | **1,430,400** | 1,531,253 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **132,858** | 365,397 | **-** | - | **-** | - | **132,858** | 365,397 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **-** | - | **3,789,195** | 3,393,612 | **-** | - | **-** | - | **3,789,195** | 3,393,612 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **14,657** | 74,040 | **50,472** | 76,619 | **65,129** | 150,659 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,922,053** | 3,759,009 | **14,657** | 74,040 | **50,472** | 76,619 | **3,987,182** | 3,909,668 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **5,331,420** | 5,247,593 | **21,435** | 96,008 | **64,727** | 97,320 | **5,417,582** | 5,440,921 |

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí agus ar dhliteanais fostaithe an Ghrúpa sa tábla thuas, ná san anailís ar an gcéad leathanach eile. Áirítear leis sin an dliteanas don oibleagáid phinsin de €524.8 milliún amhail ar 31 Nollaig 2016 (2015: €648.1 milliún). Féach nótaí 21, 22 agus 25 chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo agus leis na soláthairtí eile agus na dliteanais a bhaineann le fostaithe.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(c) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta**

Sa tábla seo a leanas leagtar amach aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus sócmhainní comhchosúla), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaí, agus na glansreafaí airgid neamhlascainithe atá inchurtha le hionstraimí airgeadais díorthacha. Áirítear iasachtaí le suim ghlanluacha de €3,345.2 milliún (2015:€3,255.5 milliún), agus glansócmhainní ionstraimí airgeadais díorthacha de €601.2 milliún (2015: €549.6 milliún) in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsítear iad i sócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta.
Féach nótaí 19, 20 agus 23 chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta

| | Luach tugtha anonn € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| Iasachtaí | 4,887,443 | 6,190,094 | 693,739 | 584,784 | 1,571,882 | 3,339,689 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánacha agus ús fabhraithe ar iasachtaí san áireamh) | 695,173 | 695,173 | 695,173 | - | - | - |
| Dliteanas airgeadais díorthach | 853,754 | 990,857 | 94,265 | 49,800 | 134,542 | 712,250 |
| **Dliteanais iomlána** | **6,436,370** | **7,876,124** | **1,483,177** | **634,584** | **1,706,424** | **4,051,939** |
| Sócmhainn airgeadais dhíorthach | 387,191 | 442,958 | 210,932 | 102,614 | 91,675 | 37,747 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **387,191** | **442,958** | **210,932** | **102,614** | **91,675** | **37,747** |
| **Glandliteanais** | **6,049,179** | **7,433,166** | **1,272,245** | **531,970** | **1,614,749** | **4,014,192** |
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Iasachtaí | 5,109,139 | 6,575,854 | 643,041 | 692,034 | 2,298,129 | 2,942,650 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánacha agus ús fabhraithe ar iasachtaí san áireamh) | 565,000 | 565,000 | 556,314 | 8,686 | - | - |
| Dliteanas airgeadais díorthach | 961,641 | 1,186,139 | 211,519 | 103,134 | 176,395 | 695,091 |
| **Dliteanais iomlána** | 6,635,780 | 8,326,993 | 1,410,874 | 803,854 | 2,474,524 | 3,637,741 |
| Sócmhainn airgeadais dhíorthach | 450,965 | 525,206 | 222,674 | 125,203 | 151,495 | 25,834 |
| **Iomlán na sócmhainní** | 450,965 | 525,206 | 222,674 | 125,203 | 151,495 | 25,834 |
| **Glandliteanais** | 6,184,815 | 7,801,787 | 1,188,200 | 678,651 | 2,323,029 | 3,611,907 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla**

Téann an Grúpa isteach in idirbhearta díorthacha faoi mháistir-chomhaontuithe an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). Go ginearálta, faoi chomhaontuithe dá leithéidí déantar na méideanna atá dlite ó gach contrapháirtí ar lá aonair i ndáil le gach idirbheart atá le híoc san airgeadra nó tráchtearra céanna a chomhtháthú i nglanmhéid amháin atá iníoctha ag páirtí amháin le páirtí eile. I gcúinsí áirithe, mar shampla, nuair a tharlaíonn teagmhas creidmheasa amhail mainneachtain - déantar gach idirbheart gan íoc faoin gcomhaontú a fhoirceannadh, déantar luach an fhoirceanta a mheasúnú agus ní bhíonn ach glanmhéid amháin iníoctha chun lánghlanadh na n-idirbheart go léir a chur i gcrích.

Cuirtear faisnéis ar fáil sna táblaí seo a leanas maidir le hiarmhairt na hathluachála le haghaidh ionstraimí atá faoi réir máistir-chomhaontuithe athluachála in-fheidhmithe nó comhaontaithe chomhchosúil agus maidir le méideanna tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais aitheanta atá faoi réir na gcomhaontuithe thuas.

| GRÚPA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar staid airgeadais € '000 | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € '000 | Glanmhéid € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 15,901 | (11,340) | 4,561 |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | (7,964) | 53,325 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 17,684 | (14,369) | 3,315 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 131,385 | (43,661) | 87,724 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 160,932 | (18,426) | 142,506 |
| | **387,191** | **(95,760)** | **291,431** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (49,660) | 14,099 | (35,561) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (698,472) | - | (698,472) |
| Babhtálacha airgeadra | (10,270) | 9,885 | (385) |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (16,804) | 13,978 | (2,826) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (57,869) | 56,596 | (1,273) |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | (20,679) | 1,202 | (19,477) |
| | **(853,754)** | **95,760** | **(757,994)** |
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | (1,520) | 2,230 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 7,103 | (6,179) | 924 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | (74,708) | 19,814 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 296,782 | (65,563) | 231,219 |
| | 450,965 | (147,970) | 302,995 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (28,607) | 1,520 | (27,087) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (634,042) | - | (634,042) |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (26,062) | 17,296 | (8,766) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (272,930) | 129,154 | (143,776) |
| | (961,641) | 147,970 | (813,671) |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar staid airgeadais € '000 | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € '000 | Glanmhéid € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 2,828 | (1,570) | 1,258 |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | (4,120) | 57,169 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 11,969 | (6,593) | 5,376 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 106,049 | (43,053) | 62,996 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 38,681 | (4,036) | 34,645 |
| | **220,816** | **(59,372)** | **161,444** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha airgeadra | (10,270) | 6,720 | (3,550) |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (16,804) | 10,169 | (6,635) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (56,927) | 42,224 | (14,703) |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | (2,161) | 259 | (1,902) |
| | **(86,162)** | **59,372** | **(26,790)** |
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 17 | - | 17 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 7,050 | (5,757) | 1,293 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | (60,196) | 34,326 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 81,906 | (76,606) | 5,300 |
| | 232,303 | (142,559) | 89,744 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (16,072) | 13,635 | (2,437) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | 128,924 | (48,332) |
| | (193,328) | 142,559 | (50,769) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (e) Riosca creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ionstraimí airgeadais díorthacha agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais, chomh maith le neamhchosaint creidmheasa do chustaiméirí mórdhíola agus miondíola, lena n-áirítear infháltais gan íoc agus idirbhearta tiomnaithe.

| | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | **GRÚPA € '000** | **MÁTHAIRCHUIDEACHTA € '000** | GRÚPA € '000 | MÁTHAIRCHUIDEACHTA € '000 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **840,076** | **3,119,337** | 795,954 | 3,181,023 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **363,624** | **235,991** | 133,863 | 17,202 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **387,191** | **220,816** | 450,965 | 232,303 |
| | **1,590,891** | **3,576,144** | 1,380,782 | 3,430,528 |

**Infháltais trádála agus infháltais eile**

Nochtadh an riosca mórdhíola agus creidmheasa a eascraíonn as infháltais trádála agus infháltais eile i nóta 15.

**Riosca creidmheasa a bhaineann leis an gCisteán (maidir le hairgead tirim agus ionstraimí díorthacha)**

Nochtar an Grúpa do riosca creidmheasa ó chontrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc acu i bpáirt leo agus lena ndéanann siad gnó laistigh de mhargaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa an nochtadh do gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátálacha creidmheasa glactha ná lú ná BBB nó a choibhéis.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus forghníomhaítear é sin i gcomhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an Achta um Idirbhearta Airgeadais ag Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Léiríonn an tSonraíocht agus na Ceanglais na cineálacha díorthach a fhéadfaidh an ESB a dhéanamh agus na riachtanais ghaolmhara nach mór don ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthach. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní shealbhaíonn nó ní thrádálann an Grúpa ionstraimí díorthacha chun críocha amhantracha. Bíonn neamhchosaintí, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnaí. Ní raibh caillteanais ar bith ag an nGrúpa mar thoradh ar mhainneachtain contrapháirtithe dá leithéidí a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)**

Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa a bhaineann le staideanna tráchtearraí chomh maith. Eascraíonn siad sin ó ionstraimí airgeadais díorthacha a dhéantar chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fhálú agus déantar iad a bhainistiú de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire (an tAcht um Idirbhearta Airgeadais ag Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992). Bunaíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtí chun nochtadh neamh-chomhthaobhaithe a shrianadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar ghlan-neamhchosaintí, riachtanais chomhthaobhacha agus ar chomhlíonadh. Teastaíonn comhthaobhacht ó aonaid ghnó an ESB, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ó pháirtithe éagsúla, i bhfoirm Litreacha Creidmheasa go sonrach ó chontrapháirtithe cumhachta Conradh Difríochta áirithe. An chomhthaobhacht iomlán arna sealbhú ag deireadh na bliana ná €45.0 milliún (2015: €49.7 milliún). I bhfianaise na gcúinsí reatha eacnamaíocha, tá fios maith ag an nGrúpa faoi athruithe ar bith ar acmhainneacht creidmheasa na gcontrapháirtithe, agus má tharlaíonn a leithéid d'athrú, déanfar gach beart oiriúnach chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú a thuilleadh.





NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (f) Bainistíocht riosca airgeadraí eachtracha

9Eascraíonn neamhchosaintí airgeadraí eachtracha go príomha as ceannach breosla agus cumhachta, costais ollchóirithe stáisiúin a theastaíonn, ceannacháin eile a ainmnítear in airgeadraí eachtracha, iasachtaíochtaí in airgeadraí eachtracha (lena n-áirítear an socrúchán príobháideach ar a gcuirtear síos i nóta 19) agus infheistíochtaí lasmuigh de limistéar an euro.

Úsáidtear conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun an luaineacht a eascraíonn ó neamhchosaintí airgeadraí eachtracha a laghdú. Baineann na conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm amhail ar 31 Nollaig 2016 le sreafaí airgid tuartha a bhfuiltear ag súil leo tarlú suas go dtí 2028.

Ag deireadh na bliana, b'ionann punann fiachais iomlán ESB agus €4.9 billiún (2015: €5.1 billiún), a raibh €1.5 billiún de i seilbh na Máthairchuideachta (2015: €1.8 billiún). Ainmníodh an fiachas bunúsach sna hairgeadraí seo a leanas, roimh bhabhtálacha agus ina ndiaidh:

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2016 (%)** | 2015 (%) | **2016 (%)** | 2015 (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **50** | 47 | **62** | 58 |
| Dollar SAM | **11** | 11 | **-** | - |
| Steirling | **39** | 42 | **38** | 42 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2016 (%)** | 2015 (%) | **2016 (%)** | 2015 (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **37** | 45 | **76** | 75 |
| Dollar SAM | **39** | 31 | **-** | - |
| Steirling | **24** | 24 | **24** | 25 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

Mar a taispeánadh thuas, déantar formhór phunann fiachais na Máthairchuideachta a bhabhtáil go euro don phríomhshuim agus don ús araon; dá bhrí sin, laghdaítear an neamhchosaint do riosca airgeadra eachtraigh sa Ghrúpa. Agus a chuid oibríochtaí eachtracha á mbainistiú aige, tuigeann an Grúpa faoi iasachtaí a fháil in airgeadraí a mheaitseálann airgeadra feidhmeach na hoibríochta eachtraí. Dá bhrí sin, tá cion suntasach d'fhiachas ainmnithe i steirling, mar thoradh ar éadáil NIE Networks go príomha.

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar rátaí malairte in airgeadra eachtrach amhail ar 31 2016 Nollaig cothromas a mhéadú agus brabús roimh chánachas a laghdú faoin méid atá leagtha amach thíos. San anailís seo, déantar talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna, agus áirítear léi tionchar luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, atá ar fad i ngaolmhaireachtaí éifeachtacha fálaithe amhail ar 31 Nollaig 2016.

| | 31 Nollaig 2016 | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000** | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
| Neartú 10% | | | | |
| Dollar SAM | **(13,454)** | **41** | (25,275) | 540 |
| Steirling | **5,812** | **(301)** | 19,641 | (3,434) |
| Franc na hEilvéise | **(544)** | **-** | (948) | - |
| Lagú 10% | | | | |
| Dollar SAM | **16,444** | **(922)** | 30,891 | (660) |
| Steirling | **(7,104)** | **246** | (24,006) | 4,197 |
| Franc na hEilvéise | **664** | **-** | 1,158 | - |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fáluithe sreabhaidh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile amháin
- déantar athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha atá ainmnithe mar fháluithe glaninfheistíochta ag eascairt ó athruithe sa ráta malairte euro go steirling a thaifeadadh go díreach sa chothromas, agus ní dhéantar neamhéifeachtúlacht ar bith a thoimhdiú.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(g) Bainistíocht riosca ó phraghsanna tráchtearraí**

Ba shuntasach le blianta beaga anuas an luaineacht i bpraghsanna an bhreosla is gá do ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais an Ghrúpa agus déanann an Grúpa bainistíocht ar an nochtadh mar thoradh air do ghluaiseachtaí praghsanna breosla ar bhonn roghnaíoch fála. Rinne an Grúpa réamhchonarthaí praghsanna tráchtearraí i ndáil le ceannach an gháis agus an ghuail a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais, féach nóta 20 le tuilleadh sonraí a fháil. Déantar réamhchonarthaí a luacháil bunaithe ar na méideanna fisiciúla atá conraithe agus gan íoc, agus ar na réamhphraghsanna ar tháirgí comhchosúla, ar dháta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú nuair is gá ar bhunús cuar oiriúnach réamhráta úis.

D'imreodh méadú ginearálta 10% ar an bpraghas gáis agus guail amhail ar 31 Nollaig 2016 tionchar ar chothromas agus ar bhrabús roimh chánachas faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. San anailís seo, déantar talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear léi an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, agus gach ceann acu i ngaolmhaireachtaí fálaithe éifeachtacha amhail ar 31 Nollaig 2016. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| | **31 Nollaig 2016** | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim cuimsitheach eile €'000** | **Brabús gnóthachan / (caillteanas) roimh chánachas € '000** | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000 |
| (Caillteanas) / gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **(38,660)** | **(52)** | 42,072 | (2,340) |

| | **31 Nollaig 2016** | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan / (caillteanas) roimh chánachas € '000** | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000 |
| (Caillteanas) / gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **(16,384)** | **(52)** | 5,707 | (2,340) |

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar Phraghas Imeallach Córais an Mhargaidh Leictreachais Aonair amhail ar 31 Nollaig 2016 an t-ioncam cuimsitheach eile agus an brabús roimh chánachas a laghdú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déantar talamh slán de san anailís go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear léi an tionchar ar luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| | **31 Nollaig 2016** | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000** | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000 |
| Gnóthachan / (caillteanas) i ngeall ar mhéadú 10% ar an bpraghas imeallach córais (SMP) | **26,311** | **-** | (29,775) | - |

| | **31 Nollaig 2016** | | 31 Nollaig 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais € '000** | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Brabús roimh ghnóthachan / (caillteanas) cánachais € '000 |
| Gnóthachan / (caillteanas) i ngeall ar mhéadú 10% ar an bpraghas imeallach córais (SMP) | **-** | **-** | - | - |

Rinneadh an anailís íogaireachta thuas don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta a ríomh amhail ar 31 Nollaig 2016 le húsáid na mbunphraghsanna tráchtearraí agus rátaí airgeadra eachtraigh seo a leanas:

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| Gás (Stg. p / therm) | **49.20** | 33.70 |
| SMP (€ / MWh) | **53.01** | 45.09 |
| Gual ($SAM / tona) | **69.50** | 43.27 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh ($SAM = €1) | **1.05** | 1.09 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1) | **0.8562** | 0.7340 |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)**

**(h) Luach cóir**

Seo a leanas luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais, mar aon leis na méideanna tugtha anonn atá léirithe sa chlár comhardaithe:

| | **GRÚPA** | | **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Luach tugtha anonn 2016 € '000** | **Luach cóir 2016 € '000** | **Luach tugtha anonn 2016 € '000** | **Luach cóir 2016 € '000** |
| **31 Nollaig 2016** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,398,113 | 5,507,281 | 1,409,367 | 1,775,307 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha | 489,330 | 530,046 | 132,858 | 62,803 |
| **Iasachtaí iomlána** | **4,887,443** | **6,037,327** | **1,542,225** | **1,838,110** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile neamhreatha | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile reatha | 835,018 | 835,018 | 3,789,195 | 3,816,549 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile neamhreatha | (69,995) | (125,180) | - | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile reatha | (770,081) | (770,081) | (3,091,981) | (3,119,337) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (363,624) | (363,624) | (235,991) | (235,991) |
| **Glandliteanais** | **4,518,761** | **5,613,460** | **2,003,448** | **2,299,331** |

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | Luach tugtha anonn 2015 € '000 | Luach cóir 2015 € '000 | Luach tugtha anonn 2015 € '000 | Luach cóir 2015 € '000 |
| **31 Nollaig 2015** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,690,314 | 5,290,073 | 1,488,584 | 1,875,656 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha | 418,825 | 472,381 | 365,397 | 460,410 |
| **Iasachtaí iomlána** | 5,109,139 | 5,762,454 | 1,853,981 | 2,336,066 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile neamhreatha | 8,686 | 8,513 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile reatha | 695,535 | 695,535 | 3,393,612 | 3,393,612 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile neamhreatha | (44,777) | (66,001) | - | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile reatha | (751,177) | (751,177) | (3,181,023) | (3,181,023) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (133,863) | (133,863) | (17,202) | (17,202) |
| **Glandliteanais** | 4,883,543 | 5,515,461 | 2,049,368 | 2,531,453 |

De bhrí go bhfuil infháltais trádála agus infháltais eile dlite taobh istigh de bhliain amháin, agus go bhfuil soláthar déanta dóibh i gcás go bhfuil siad bearnaithe, meastar go bhfuil a luach tugtha anonn ar aon dul go hábhartha lena gcóirluach. Ríomhtar cóirluach trádála, earraí iníoctha, agus infháltais fhadtéarmacha eile ar bhunús luach reatha sreabha airgid thirim sa todhchaí, arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh nó i gcás gur cuireadh ráta úis ar leith i bhfeidhm, áit ar infheidhme.

Is luachanna córa Leibhéal 2 iad iasachtaí agus fiachas eile. Is é an teicníocht luachála a úsáidtear d'iasachtaí agus d'fhiachas eile comparáid a dhéanamh idir an stoc fiachais agus costas imeallach fiachais (ó na príomh-mhargaí maoinithe) chomh maith le lascainiú trí úsáid a bhaint as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh an airgeadra ábhartha.

**Luach cóir - rátaí lascaine**

Tá na rátaí úis a úsáidtear chun sreafaí airgid thirim sa todhchaí a lascainiú, nuair is infheidhme, bunaithe ar an gcuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe móide an raon difríochta creidmheasa seasta cuí, agus is seo a leanas iad:

| | **2016 %** | 2015 % |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíocht eile | **1.7** | 2.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **0.7** | 0.9 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **0.8** | 1.0 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas cóirluacha**

Déantar anailís sa tábla thíos ar na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna n-iompar ag an gcóirluach, de réir an mhodha luachála.
Déantar na leibhéil éagsúla atá ábhartha do na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna sealbhú ag an nGrúpa a shainiú mar a leanas:

- Leibhéal 2: ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais chomhionanna, atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. faighte ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

| GRÚPA | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | **61,289** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 17,684 | - | **17,684** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 106,048 | 25,337 | **131,385** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 160,932 | **160,932** |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 15,901 | - | **15,901** |
| Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas | - | 55,932 | **55,932** |
| | **200,922** | **242,201** | **443,123** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | (10,270) | - | **(10,270)** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (16,804) | - | **(16,804)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (56,926) | (943) | **(57,869)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | (20,679) | **(20,679)** |
| - Babhtálacha Ráta Úis | (49,660) | - | **(49,660)** |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (698,472) | - | **(698,472)** |
| | **(832,132)** | **(21,622)** | **(853,754)** |
| **Glansócmhainn / (glandliteanas)** | **(631,210)** | **220,579** | **(410,631)** |

| | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 7,103 | - | 7,103 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | - | 94,522 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 574 | 296,208 | 296,782 |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 3,750 | - | 3,750 |
| Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas | - | 61,993 | 61,993 |
| | 154,757 | 358,201 | 512,958 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (26,062) | - | (26,062) |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | (95,674) | (272,930) |
| - Babhtálacha Ráta Úis | (28,607) | - | (28,607) |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (634,042) | - | (634,042) |
| | (865,967) | (95,674) | (961,641) |
| **Glansócmhainn / (glandliteanas)** | (711,210) | 262,527 | (448,683) |

Ba cheart a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthacha á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le bunidirbhearta lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear cóirluach ionstraimí airgeadais díorthacha tríd an difríocht idir an praghas conarthach ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha trí úsáid a bhaint as ráta úis saor ó riosca.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas ag an gcóirluach (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2016** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | **61,289** |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 2,828 | - | **2,828** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 11,969 | - | **11,969** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 38,681 | **38,681** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 106,049 | - | **106,049** |
| | **182,135** | **38,681** | **220,816** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | (10,270) | - | **(10,270)** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (16,804) | - | **(16,804)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (56,927) | - | **(56,927)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | (2,161) | **(2,161)** |
| | **(84,001)** | **(2,161)** | **(86,162)** |
| **Glansócmhainn** | **98,134** | **36,520** | **134,654** |

| | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 17 | - | 17 |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 7,050 | - | 7,050 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 81,906 | 81,906 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | - | 94,522 |
| | 150,397 | 81,906 | 232,303 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (16,072) | - | (16,072) |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | - | (177,256) |
| | (193,328) | - | (193,328) |
| **Glansócmhainn / (glandliteanas)** | (42,931) | 81,906 | 38,975 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas ag an gcóirluach (ar lean)**

**Tomhas luachanna córa - Teicníochtaí luachála agus ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite**

Sa tábla seo a leanas taispeántar an teicníocht luachála a úsáidtear chun luachanna córa Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite a bhíonn á n-úsáid.

| Cineál | Teicníocht luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirghaolmhaireacht idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ag an gcóirluach |
|---|---|---|---|
| Babhtálacha airgeadra conarthaí malairte eachtraí agus babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 - Luacháil reatha sreafaí airgid malairte eachtraigh a bheidh faoi chonradh sa todhchaí trí úsáid a bhaint as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh a tógadh.<br><br>Tógtar an cuar cúpóin nialasaigh trí úsáid a bhaint as cuar toraidh úis an airgeadra ábhartha. | | |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla agus leictreachais | Leibhéal 2 - Cinntítear cóirluach na réamhchonarthaí breosla agus leictreachais trí threoir réamhphraghsanna gáis, guail agus carbóin, agus déantar an luach a gheofar as sin a lascainiú do luachanna reatha.<br><br>Leibhéal 3 - Cinntítear cóirluach roinnt réamhchonarthaí breosla agus leictreachais sonracha trí threoir réamhphraghsanna leictreachais nach bhfuil inbhraite. | Praghas imeallach córais (SMP) | Bheadh méadú / (laghdú) ar an gcóirluach measta dá: mbeadh an SMP níos ísle / (airde).<br><br>Go ginearálta tarlaíonn athrú comhchosúil treoch i bpraghsanna gáis le hathrú ar SMP. |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | Leibhéal 2 - Úsáidtear luacháil reatha na sreabha airgid reatha ionchais, ar bhunús cuar lascaine cúpóin nialasaigh chomhdhéanta, chun luachálacha neamhspleácha a úsáid agus a dheimhniú.<br><br>Tógtar an cuar cúpóin nialasaigh trí úsáid a bhaint as cuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha.<br><br>Déantar sreafaí airgid sa todhchaí a mheas trí úsáid a bhaint as leibhéil tagarmhairc RPI a bhfuiltear ag súil leo chomh maith le rátaí arna socrú ag LIBOR a bhfuiltear ag súil leo. | | |
| Sócmhainní airgeadais ar cóirluach mar thoradh ar brabús nó caillteanas | **Sreafaí airgid thirim lascaine:**<br>Breithnítear sa tsamhail luachála ar luach reatha sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí.<br><br>Cinntítear an íocaíocht ionchais trí bhreithniú a dhéanamh ar na cásanna féideartha maidir le hioncam réamh-mheasta agus ollchorrlaigh, sreabha airgid i ngach cás agus an dóchúlacht a bhaineann le gach cás.<br><br>**Teicníocht um chomparáid an mhargaidh:**<br>Tá an tsamhail luachála bunaithe ar iolraí margaidh a díorthaítear ó phraghsanna luaite cuideachtaí atá inchomparáide leis an institiúid infheistiúcháin agus ollchorrlach na hinstitiúide infheistiúcháin a bhfuiltear ag súil léi. | Ráta fáis ioncaim bhliantúil réamhaisnéise;<br>Ollchorrlach réamhaisnéise | De ghnáth déanann Novusmodus measúnú ar luach infheistíochtaí ar bhunús a ionchais maidir leis na fáltais a d'fhéadfaí a réadú i ndiúscairt.<br><br>Spreagfaidh roinnt ionchur na luach seo de ghnáth lena n-áirítear cumas na hinstitiúide infheistiúcháin a hioncam agus a corrlaigh ghaolmhara a fhás as a dtiocfaidh EBITDA níos airde agus luachanna níos airde dá réir sin. |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)**

**(i) Ordlathas ag an gcóirluach (ar lean)**

Sa tábla seo a leanas, taispeántar réiteach ó iarmhéideanna tosaigh amhail ar 1 Eanáir 2016 do hiarmhéideanna dheireadh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016 i gcomhair tomhais cóirluacha i Leibhéal 3 den ordlathas cóirluacha:

| GRÚPA | Sócmhainní airgeadais ar chóirluach trí bhrabús nó chaillteanas € '000 | Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais € '000 | Réamhchonarthaí praghsanna breosla € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 61,993 | 296,208 | (95,674) | **262,527** |
| Breisithe | 6,116 | - | - | **6,116** |
| Fáltais faighte | (1,266) | - | - | **(1,266)** |
| Iomlán na ngnóthachan / (gcaillteanas): | | | | |
| - i mbrabús nó i gcaillteanas | (9,062) | - | - | **(9,062)** |
| - in OCI | - | (82,017) | 72,233 | **(9,784)** |
| Socraíochtaí | - | (73,938) | 47,835 | **(26,103)** |
| Gluaiseachtaí aistrithe | (1,849) | - | - | **(1,849)** |
| **Iarmhéid deiridh - glan** | **55,932** | **140,253** | **24,394** | **220,579** |

Iompraítear sócmhainní airgeadais ag an gcóirluach trí bhrabús nó trí chaillteanas ag an gcóirluach. Nuair is infheidhme, tá an cóirluach bunaithe ar an ráiteas um luacháil ciste is déanaí atá ar fáil, atá coigeartaithe do lascaine leachtachta. Maidir le hinfheistíochtaí neamhspleácha, tá an mhodheolaíocht luachála atá in úsáid ag teacht le Treoirlínte Luachála Cothromais Phríobháidigh Idirnáisiúnta agus Caipiteal Fiontair arna bhforbairt ag roinnt cumainn chaipitil fiontair idirnáisiúnta. De bhrí go dteastaíonn teicníochtaí luachála bunaithe ar mhúnla chuige seo, a bhfuil roinnt ionchur neamh-inbhraite i gceist leis, tá gach sócmhainn airgeadais ag an gcóirluach trí bhrabús nó trí chaillteanas rangaithe mar infheistíochtaí Leibhéal 3 sa bhliain reatha.

Baineann réamhchonarthaí praghsanna breosla agus réamhchonarthaí praghsanna leictreachais atá áirithe ag Leibhéal 3 san ordlathas cóirluacha le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar roinnt boinn tuisceana réamhphraghsanna, a bhfuil roinnt ionchuir neamh-inbhraite i gceist leo, lena n-áirítear réamh-ionchuir thoimhdithe leictreachais, carbóin agus gáis thar tréimhsí fadtéarmacha.

**Anailís íogaireachta - Luachanna córa Leibhéal 3**

I gcás na réamhchonarthaí praghsanna breosla agus leictreachais, mar aon leis na réamhchonarthaí babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, bheadh an tionchar seo a leanas ag athruithe a d'fhéadfadh a tharlú do cheann amháin de na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite ar an dáta tuairiscithe, dá gcoinneofaí na hionchuir eile seasmhach.

| | **31 Nollaig 2016** | |
|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas € '000** |
| Gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **(22,276)** | **-** |
| Caillteanas i ngeall ar mhéadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **26,311** | **-** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 27. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Oibleagáidí léasanna oibriúcháin

| Is iad seo a leanas na ceangaltais iomlána faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe atá dlite: | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **16,631** | 14,256 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **54,110** | 39,378 |
| Tar éis cúig bliana | **136,148** | 147,469 |
| **Iomlán le híoc** | **206,889** | 201,103 |

Baineann léasanna oibriúcháin atá le híoc ag an nGrúpa le talamh agus le foirgnimh a fháil ar cíos go ginearálta. Tá na costais léasa seo bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte ar an dáta tionscanta agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbhreithnithe cíosa gach cúig bliana ar an meán. Níl srianta suntasacha nó srianta neamhghnácha ar bith curtha ar an nGrúpa le téarmaí na léasanna oibriúcháin.

### (b) Ceangaltais chaipitil

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Faoi chonradh le haghaidh | **248,364** | 336,912 |

### (c) Ceangaltais conarthaí breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha i bhfeidhm maidir le soláthar gáis do thréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2019. Déantar soláthar sna socruithe sin i leith athruithe praghsála ar aon dul le hathruithe ar thascairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair ba chuí, rinneadh díorthaigh leabaithe a dheighilt agus luacháladh iad de réir IAS 39.

### (d) Nochtadh eile

De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thug Aviva, atá ina árachóir ar UCC, caingean dlí ar ESB san Ard-Chúirt ag iarraidh €19 milliún a aisghabháil as damáiste a rinneadh de mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015, thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas ar an gcás agus chinn sé go raibh ESB 60% faoi dhliteanas as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.

Ar bhunús na comhairle dlí a fuarthas, rinne ESB achomharc in aghaidh an chinnidh os comhair na Cúirte Achomhairc, agus tá an éisteacht achomhairc pleanáilte le haghaidh Deireadh Fómhair 31 2017. Go dtí go n-éistfear an t-achomharc, ní bheidh aon éisteacht maidir le 'quantum' (.i. méid iarbhír na ndamáistí is iníoctha i ndáil le caillteanais de chuid UCC) agus chuir an Ard-Chúirt bac ar a ordú maidir le costais.

Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an breithiúnas sa chás UCC, tá 354 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna a éilítear i ndáil leis na himeachtaí seo agus dá bhrí sí ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (dá gcinnfeadh an Chúirt Achomhairc in aghaidh an ESB) faoi láthair. Bíodh sin mar atá, níl ESB ag súil go ndéanfadh méid iomlán na dámhachtana damáiste, más ann, agus na costais lena mbaineann i ndáil le gach caingean dlí, lena n-áirítear an chaingean Aviva / UCC, a chlúdach árachais is infheidhme a shárú.

Creideann an ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dochúlacht go n-éireoidh leis an achomharc agus dá réir sin, ní dhearnadh soláthar ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

**Comhlachtaí leathstáit**
Cosúil le go leor aonán eile, déileálann an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí státurraithe eile cosúil le Ervia, Bord na Móna agus Coillte Teoranta. Déantar comhaontuithe fadtéarmacha idir an ESB agus Bord na Móna i ndáil le ceannach móna do na Stáisiúin Lár na Tíre.

**Bainc faoi úinéireacht stát na hÉireann**
Bíonn idirbhearta ag an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag Rialtas na hÉireann. Tá gach idirbheart de chuid an ESB le bainc dá leithéid ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh comhchruinniú iasachtaíochtaí ábhartha ar bith ag ESB le haon bhanc dá leithéid i rith na bliana nó amhail ar 31 Nollaig 2016. Mar a léirítear i nóta 16, bhí sciar den airgead tirim agus de na coibhéisí airgid thirim i dtaisce le bainc dá leithéid.

**Leasanna na gcomhaltaí Boird**
Seachas na leithdháiltí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag na Comhaltaí Boird in ESB nó i bhfochuideachtaí dá chuid ag am ar bith i rith na bliana.

**Aischeannach ESOP**
Féach ar nóta 30 chun sonraí a fháil faoi aischeannach ESOP.

**Gnóthais fochuideachta**
Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016, cheannaigh ESB seirbhísí innealtóireachta, comhairleoireachta agus eile, lena n-áiríodh seirbhísí cíosa de €362.2 milliún (2015: €149.8 milliún) óna fhochuideachtaí.

Le linn na bliana, bhí díolachán €181.2 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2015: €149.6 milliún) le fochuideachtaí. Baineann na díolacháin sin le seirbhísí bainistíochta den chuid is mó, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais agus díolacháin leictreachais.

Le linn na bliana, fuair Máthairchuideachta ESB ús de €46.2 milliún (2015: €50.8 milliún) ó fhochuideachtaí, agus d'íoc ús de €70.1 milliún (2015: €170.5 milliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idir cuideachtaí.

Ar 31 Nollaig 2016, bhí suimeanna iníoctha de €3,415.4 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2015: €3,104.1 milliún) lena fhochuideachtaí. Baineann na méideanna iníoctha sin den chuid is mó le méideanna atá i dtaisce d'fhochuideachtaí, le suimeanna a thóg DAC ESB Finance ar iasacht agus a thug sé ar iasacht do Mháthairchuideachta ESB, chomh maith le méideanna atá dlite i dtaobh seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

Ar 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéideanna infhála de €2,766.9 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2015: €2,836.7 milliún) óna fochuideachtaí. Baineann na méideanna infhála seo go príomha le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí le fochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais.

Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéideanna infhála ag Máthairchuideachta ESB óna fochuideachtaí i ndáil le cothromas agus ranníocaíochtaí caipitil, dar luach €61.8 milliún (2015: €61.8 milliún).

**Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Le linn na bliana, sholáthair ESB seirbhísí do DAC Cumhachta Oweninny i dtaca le seirbhísí bainistíochta agus táillí proifisiúnta dar luach €0.1 milliún (2015: €0.7 milliún), DAC Emerald Bridge Fibres dar luach €0.3 milliún (2015: €0.1 milliún), SIRO Limited dar luach €11.9 (2015: €1.8 milliún), Tilbury Green Power Holdings Limited dar luach €1.0 milliún (2015: €5.3 milliún), DAC Cumhachta Ráithín Léith dar luach €3.0 milliún (2015: €4.5 milliún), DAC Cumhachta Chaisleán an Phúca dar luach €5.2 milliún (2015: €nialas), Kingspan ESB Limited dar luach €0.1 milliún (2015: €nialas) agus le Terra Solar Limited dar luach €0.1 milliún (2015: €nialas).

Le linn na bliana, cheannaigh ESB seirbhísí i dtaca le teileachumarsáid agus cothabháil ó DAC Emerald Bridge Fibres dar luach €0.1 milliún (2015: €0.1 milliún), DAC Cumhachta Ráithín Léith dar luach €1.8 milliún (2015: €nialas), SIRO Limited dar luach €1.9 milliún (2015: €nialas) agus Kingspan ESB Limited dar luach €nialas milliún (2015: €0.9 milliún).

Tugadh maoiniú caipitil de €1.4 milliún (2015: €1.8 milliún) do DAC Cumhachta Ráithín Léith, €2.5 milliún (2015: €nialas) do Terra Solar Limited agus €nialas (2015: €2.9 milliún) do Tilbury Green Power Holdings Limited. Níor cuireadh caipiteal ar bith ar aghaidh le linn na bliana chuig SIRO Limited.

Amhail ar 31 Nollaig 2016, bhí €60.7 milliún dlite don Ghrúpa ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, dar luach €3.8 milliún (2015: €3.8 milliún) ó DAC Cumhachta Ráithín Léith, €6.9 milliún (2015: €1.8 milliún) ó DAC Cumhachta Oweninny, €38.4 milliún (2015: €44.8 milliún) ó Tilbury Green Power Holdings Limited, €4.4 milliún (2015: €nialas) ó DAC Emerald Bridge Fibres, €6.9 milliún (2015: €nialas) ó DAC Cumhachta Chaisleán an Phúca, agus €0.3 milliún (2015: €nialas) ó Kingspan ESB Limited.

B'ionann an t-ús ar iasachtaíochtaí infhála ó DAC Emerald Bridge Fibres agus €0.7 milliún do 2016 (2015: €0.4 milliún), DAC Cumhachta Oweninny Power €nialas (2015: €0.4 milliún) agus Tilbury Green Power Holdings Limited €8.4 milliún (2015: €nialas). Tá na méideanna seo cuimsithe thuas le méideanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

Tá tiomantas tugtha ag an ESB maoiniú caipitil a sholáthar do SIRO Limited arb ionann é agus €85.0 milliún sna chéad chúig bliana eile.

| **Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta** | 2016 € '000 | 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | **2,567** | 2,506 |
| Sochair iarfhostaíochta | **374** | 359 |
| | **2,941** | 2,865 |

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leis seo luach saothair na gComhaltaí Boird agus an fhoireann feidhmiúcháin.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 29. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Teastaíonn líon suntasach boinn tuisceana agus meastachán breithiúnach nuair a bhíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar na speansais a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar chúinsí eile lena n-áirítear meastacháin maidir leis an todhchaí a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú leanúnach.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athraitheas maidir le boinn tuisceana nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha suntasach a imirt ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta dóibh:

(a) Ní mór a bheith stuama i gcás an chuntasaíocht a dhéantar ar dhliteanas pinsin ESB. Tá an Bord sásta gurb é an cur chuige cuntasaíochta cuí, arna dhearbhú de réir IAS 19 Sochair Fostaí, ná aitheantas a thabhairt dá oibleagáidí tiomanta reatha, mar atá leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais (féach nóta 21).

(b) Luach úsáide sócmhainní fadsaolacha agus an cáilmheas bainteach, de réir IAS 36 Bearnú Sócmhainní, mar a leagtar síos é i nóta 12 agus mar a gcuirtear síos air thíos.

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach úsáide bunaithe ar na sreabha airgid measta a bhfuiltear ag súil lena n-eascairt ón tsócmhainn, agus tá sé bunaithe ar dhearcadh seachtrach maidir le giniúint cumhachta réamh-mheasta agus maidir le praghsanna réamh-mheasta cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme), chomh maith le tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha luach ama an airgid agus an riosca a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn. Teastaíonn breithiúnas i gcomhair mheastachán na n-ioncam réamh-mheasta agus uainíocht an chaiteachais agus braitheann sé ar na fachtóirí eacnamaíocha a bhaineann leis na sócmhainní sin.

(c) Mar a thuairiscítear i nóta 26 alt (h), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fachtóirí agus bonn tuisceana nach bhfuil, de dhroim riachtanais, bunaithe ar ionchur inbhraite. Rinneadh iad sin a rangú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 3, faoi réir bhrí IFRS 13 Tomhas Cóirluacha.

(e) Costais a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun soláthairtí reatha agus dliteanais a bhaineann le fostaithe a réiteach, amhail costais um stáisiúin chumhachta a dhúnadh agus oibleagáidí téarfa dheonaigh. Léirítear na dliteanais sin i nótaí 21, 22 agus 25.

(f) Tomhas ar roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana a dteastaíonn ardleibhéal meastacháin agus breithiúnais ina leith, lena n-áirítear ríomh ioncaim leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltas trádála agus infháltas eile, luacháil stoic bhreosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolréanna úsáideacha maoine, gléasra agus trealaimh, mar aon le hearraí a fuarthas nó obair a rinneadh ach nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

(f) Soláthraíonn ESB seirbhísí do thart ar 1.4 billiún duine aonair agus gnóthas, ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Tá sé ar an eolas nach n-íocfar fiacha áirithe atá dlite leis an ESB trí mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiach nach gceaptar a bhaileofar a dhearbhú.) Áirítear fachtóirí amhail staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna áirithe tionscail ar na meastacháin sin (féach nóta 15).

(g) ) Le teacht ar nochtadh eile, féach nóta 27 le tuilleadh eolais a fháil ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais i ndáil le héilimh leanúnacha dhlíthiúla.

## 30. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Bhí ESB ESOP Trustee Limited corpraithe ag ESB le linn 2001, mar thoradh ar infheistíocht €1, mar Iontaobhaí le hAontaobhas Úinéireachta Fostaithe ESB (ESOT) agus le Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa ESB (APSS). Faoi théarmaí chruthú ESB ESOP Trustee Limited, níl sé de chumas nó de cheart an ESB smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní nó ar bhainistíocht na Cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gCuideachta Trustee, agus tá ceathrar stiúrthóirí uirthi thar ceann fhostaithe an ESB agus beirt stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin tá diansrianta ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú chearta an ESB i leith shócmhainní agus bhainistíocht na Cuideachta. De réir IAS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa an ESB.

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, rinne ESB comhaontú, tacú le héadáil stoic chaipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Mar chuid den chomhaontú sin, thug an ESB tiomantas cómhaoiniú a chur ar fáil i ndáil leis na ceannacháin arna ndéanamh ag Iontaobhais ESOP, ar luach suas le €25 milliún. Ní thosóidh an ESB ar an stoc caipitil a thógáil go dtí 2017. Aithníodh soláthar athcheannaigh ESOP de (€7.0) milliún (2015: €12.1 milliún) i ráitis airgeadais 2016 maidir leis an athcheannach stoic chaipitil a rinne ESOP Trustee.

## 31. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar an 31 Eanáir 2017, d'éirigh leis an ESB Eurobond €500 milliún atá le teacht in aibíocht i bhFeabhra 2029 a chruinniú ar ráta seasta 1.750%.

## 32. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 22 Feabhra 2017.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 33. GNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| ESB Energy International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| DAC Airgeadais ESB | 2 | 100 | Airgeadas |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 2 | 100 | Infheistíochtaí idirnáisiúnta |
| ESB International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| DAC Líonraí ESB | 8 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 5 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| **Fochuideachta neamhdhíreach** | | | |
| Airstream Wind Energy Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Agney Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Airfield) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Biglis Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Blakemore) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Car Ban Wind Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Church House Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Grimoldby) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hafod-Y-Dafal) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hartwood Hill) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Junction 2A) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Kinegar) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Lancarr) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Middle Balbeggie) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Muircleugh) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Plas Bodewryd) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Rawcliffe Bridge) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (RGM) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Roseland) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Scottow) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts 2) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Tarvie) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Washpit Drove) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (West Scales) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Wilton) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Aveillant Ltd. | 19 | 41.5 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Blarghour Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Capital Pensions Management Ltd. | 6 | 100 | Riarachán scéim pinsean |
| Cappawhite Wind Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**33. GNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| Carrington Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corby Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| DAC Crockahenny Wind Farm | 1 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Crockdun Windfarm (NI) Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Cylon Controls Ltd. | 20 | 36 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Devon Wind Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| EC02 Cambrian Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| Electricity Supply Board Services B.V. | 12 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Endeco Technologies Ltd. | 21 | 22 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| ESB 1927 Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Electric Ireland Ltd. | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Energy (NI) Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Energy Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 2 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESB Novus Modus GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Services BV (An Ollainn). | 12 | 100 | Oibriú agus cothabháil |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Solar (NI) Ltd. | 5 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Telecoms Ltd. | 2 | 100 | Teileachumarsáid |
| ESB Trading Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Wind Development Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 2 | 100 | Laghdú astaíochtaí carbóin |
| ESBI Computing Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí ríomhaireachta |
| ESBI Consultants Ltd. | 1 | 100 | Comhairleacht |
| ESBI Contracting Ltd. | 2 | 100 | Conrú |
| ESBI Eng & FM (Botswana) (Proprietary) Ltd. | 11 | 100 | Innealtóireacht & Comhairleoireacht |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI UK Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBI Luxembourg S.A. | 32 | 100 | Forbairt sócmhainní giniúna leictreachais |
| Facility Management UK Ltd. | 4 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Garvagh Globe Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Ltd | 10 | 84.68 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Sp Zoo (Spolka Z Organiczona Odpowiedzialnoscia) | 30 | 89 | Giniúint cumhachta |
| GI Holdings North America Inc. | 26 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Glendye Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |




# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**33. GNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**


| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| Gort Windfarms Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Heliex Power Ltd. | 22 | 35.8 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kirk Hill Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Knottingly Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Lower Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Mount Eagle Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| DAC Cumhachta Mountainlodge | 2 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| NIE Finance PLC. | 6 | 100 | Airgeadas |
| NIE Network Services Ltd. | 6 | 100 | Conraitheoireacht bonneagair |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 6 | 100 | Tarchur agus dáileadh cumhachta |
| Nualight Ltd. | 23 | 38 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Orliven Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Planet 9 Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Giniúint Cumhachta | 21 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Silahertane Energy Project Two Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Synergen Power Ltd. | 14 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Giniúint Cumhachta Technology Snd. Bhd. | 18 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Tullynahaw Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Turnalt Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Utility Operation & Maintenance Services Ltd. | 14 | 100 | Seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála |
| Waterfern Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) 2 Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Woodhouse Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| **Gnóthas fochuideachta neamhrialaithe** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 15 | 100 | Scéim um scairsheilbh foirne |
| **Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| DAC Castlepook Power | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| DAC Emerald Bridge Fibres | 2 | 50 | Teileachumarsáid |
| Geothermal International Magyarszay Korlatoit Felelossegu Tarsasag | 28 | 40 | Giniúint cumhachta |
| DAC Kingspan ESB | 2 | 50 | Gníomhaíochtaí sainchomhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| DAC Oweninny Power | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| DAC Raheenleagh Power | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| SIRO Ltd. | 2 | 50 | Cábla snáthoptaice go foirgneamh |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd. | 4 | 47 | Giniúint cumhachta |
| Tilbury Green Power Ltd. | 4 | 47 | Giniúint cumhachta |
| UNES Operation and Maintenance Inc. | 16 | 50 | Seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**33. GNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais** comhlachaithe | | | |
| Aviation Investment Fund Co. Ltd. | 7 | 0.206 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Hsvatska (Croatia) d.o.o. | 31 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Italia SRL. | 29 | 20 | Giniúint cumhachta |
| Pesaka Technologies. | 17 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Rousch Pakistan Power | 13 | 7 | Giniúint cumhachta |
| TenKsolar Inc. | 25 | 18.56 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Terra Solar Ltd. | 27 | 25 | Giniúint cumhachta |
| Vantagepoint Cleantech Partners II, L. P. | 24 | 4.5 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |

Is é príomhionad gnó ESB ná Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995

**Nótaí:**

1 ESB International, One, Dublin Airport Central, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Clochrán, Co. Bhaile Átha Cliath
2 Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995
3 Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire, N17 1Q7
4 Tricor Services Europe LLP, 4th Floor, 50 Mark Lane, Londain, EC3R 7QR
5 2 Electra Road, Maydown, Doire BT47 6UL
6 120 Malone Road Béal Feirste BT9 5HT
7 Palladium House, 1-4 Argyll Street, Londain, W1F 7TA
8 Teach Chlann Liam, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2
9 22-24 King Street, Maidenhead, SL6IEF
10 Shellingwood House, Westwood Way, Westwood Business Park, Coventry, CV48J2
11 Deloitte House, 1ú Urlár, Plot, 64518, Fairgrounds Office Park, Gaborne, an Bhotsuáin
12 22ú Urlár, Menara, EON Bank, Lala Raja Laut, 50350, Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
13 94-W, 3ú Urlár, AAMIR Plaza, Jinnah Avenue, Blue Area, Islamabad, an Phacastáin
14 ESB Dublin Bay, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4, D04 Y5N2
15 43 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
16 Nispetiye Cad Akmerkez E3 Blok K, 13Etiler / Beskiktas, An Tuirc
17 Level 1, Menara Yavasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
18 10ú Urlár, Wisma Havela, Thakardos, No 1 Jalan Raja Laut, 50350 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
19 C / O Staffords Cpc1 Capital Park, Fulbourn, Cambridge, An Ríocht Aontaithe, CB21 5XE
20 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó Chluain Seach, Cluain Seach, Baile Átha Cliath 17
21 3015, Céide an Locha, Páirc Ghnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
22 Kelvin Building Bramah Avenue, East Kilbride, Glaschú, G75 0RD
23 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh
24 c / o Codan Trust Company (Cayman) Limited, Cricket Square, Hutchins Drive, P.O Box 2681, Grand Cayman, KY1-1111, Oileáin Cayman
25 9231 Penn Avenue South, Minneapolis, Minnesota, 55431
26 134 N LaSalle St, Suite 510, Chicago, IL 60602
27 57 Ascaill Bhruach an Chuilinn Íochtarach, Raghnallach, Baile Átha Cliath 6
28 H-1015 Budapest, Batthyány utca 56, An Ungáir
29 Trezzano Sul Naviglio- Viale C.Colombo, 8
30 Geothermal International Polska, Parkova 21 lok 7, 00-759 Warszawa, An Pholainn
31 ZagrebaCka 94, 42000 VaraZdin
32 6, Rue Eugene Ruppert, L-2453 Lucsamburg



# Tuarascáil na gComhaltaí Boird maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002)

**Réamhrá**

Bhí na téarmaí íocaíochtaí le linn 2016 faoi réir thrí mhír reachtaíochta:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002) chun dul i ngleic le híocaíocht déanach in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí arna soláthar don ESB.
- An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013. Baineann an t-acht seo le conarthaí foirgníochta de níos mó ná €10,000, agus is é is aidhm aige ná soiléiriú a chur ar fáil maidir le dátaí dlite íocaíochtaí agus réitigh ar neamhchomhlíonadh.

**Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí íocaíochtaí caighdeánacha**

Tá beartas ag an ESB gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaíodh. Tá na téarmaí caighdeánacha a shonraítear san ordú ceannaigh caighdeánach glan in aghaidh na míosa. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i gceist sa chás gur aontaíodh conradh ar leith leis an soláthraí.

**Comhlíonadh na reachtaíochta**

Cloíonn an ESB le ceanglais na reachtaíochta i ndáil le híocaíochtaí soláthraithe seachtracha laistigh den AE ar gach bealach ábhartha.

**Nósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm**

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí curtha i bhfeidhm lena n-áirítear róil agus dualgais atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

**Cód Iompair um Íocaíocht Phras**


In 2015 seoladh Cód Iompair um Íocaíocht Phras ag an Rialtas, atá ar fáil ar www.promptpayment.ie. Tá an ESB i measc na sínitheoirí leis an gcód seo agus tugann sé faoi sholáthraithe a íoc go tráthúil, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh leis an gCód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013**


Cuireadh tús leis an acht seo ar 25 Iúil 2016. Tá ESB tar éis a fhreagrachtaí faoin acht seo a athbhreithniú agus na freagrachtaí seo a chur in iúl do na baill foirne a bheadh buailte leo

**Sonraí maidir le híocaíochtaí úis don bhliain 2016**

Nuair a dhéanann ESB iarratas ó sholáthraí a dheimhniú, is é beartas an ESB an t-ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha a íoc. Ní dhearnadh íocaíocht ar bith dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana 2016 (2015: €nialas).



Ellvena Graham,
An Cathaoirleach



Pat O'Doherty,
An Príomhfheidhmeannach

22 Feabhra 2017

# GLUAIS

**1. Socruithe Trádála agus Tarchuir Leictreachas na Breataine (BETTA)**
An margadh mórdhíola leictreachais atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór ná Socruithe Trádála agus Tarchuir Leictreachas na Breataine (BETTA).

**2. Big Energy Hack**
An aidhm a bhí ag Big Energy Hack ná réitigh nuálacha custaiméara a fhionnadh agus a iniúchadh d'fhonn todhchaí ísealcharbóin a chinntiú.

**3. Breatimeacht**
Le Breatimeacht, d'fhéadfadh an Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach (AE).

**4. Business in the Community (BIC)**
Oibríonn 'Business in the Community' leis na cuideachtaí is mó in Éirinn chun cabhrú leo a bhfreagracht shóisialta chorparáideach (CSR) agus a straitéisí inbhuanaitheachta a fhorbairt, a bhainistiú agus a thomhas.

**5. An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER)**
Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) comhlacht neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann.

**6. Conarthaí Difríochta (CFDanna)**
Is éard is conradh difríochta (CFD) ann ná conradh idir dhá pháirtí, ceannaitheoir agus díoltóir, lena leagtar amach go n-íocfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir, an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach ag am déanta an chonartha. Más difríocht dhiúltach atá i gceist, íocann an díoltóir seachas an ceannaitheoir.

**7. COP21**
Tíortha atá tar éis a n-ainmneacha a chur le Creat-Choinbhinsiún 1993 na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

**8. EBITDA**
Tuilleamh roimh ús, cánachas, dímheas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla.

**9. Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais (EMR)**
Beartas de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe is ea an t-Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais, chun infheistíocht i leictreachas slán, ísealcharbóin a spreagadh chomh maith le slándáil soláthar leictreachais na Breataine Móire agus a inacmhainneacht do thomhaltóirí a fheabhsú.

**10. Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlún**
I mí na Samhna 2013, sheol an ESB an Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúine', infheistíocht um fhreagracht chorparáideach lena bhfeicfear os cionn € 2 mhilliún in aghaidh na bliana á íoc thar raon tionscnamh pobal-bhunaithe agus saincheisteanna-bhunaithe.

**11. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)**
Comhlacht poiblí neamhspleách is ea an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil arna bunú faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Tá sí ar an líne thosaigh maidir le cosaint agus póilíneacht an chomhshaoil.

**12. Gigighiotán (Gb)**
Is aonad ráta traschurtha sonraí é gigighiotán (Gb) arb ionann é agus 1,000 meigighiotán in aghaidh an tsoicind.

**13. Gigeavata (GW)**
Is éard is gigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 billiún vata.

**14. Uaireanta Gigeavata (GWh)**
Is éard is uaireanta gigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 billiún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**15. An Bhreatain Mhór**
Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain.

**16. Honeywell Evohome**
Is córas téimh ilzóin gan sreang agus rialaithe uisce é Honeywell Evohome, agus cabhróidh sé le húsáideoirí a bheith níos cliste faoi na modhanna a mbaineann siad leas astu chun a dtithe a théamh. Cuireann Honeywell ar chumas an úsáideora, an téamh agus an t-uisce te a chianrialú le húsáid fóin chliste.

**17. Bearnúchán**
Dearbhaítear muirear bearnúcháin nuair a sháraíonn méid tugtha anonn (luach leabhair) na sócmhainne a mhéid inaisghabhála.

**18. An Margadh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM)**
Forbairt is ea an Spriocshamhail Eorpach seo a d'eascair as an Tríú Pacáiste Fuinnimh agus is scáth-théarma é do liosta mionsonraithe de threoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE atá nua agus comhchoiteann, agus atá le cur i bhfeidhm chun margadh aonair leictreachais mórdhíola ar fud an AE a chumasú. Nuair a chuirfear i bhfeidhm na treoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE chomhchoiteanna seo ar fud an AE, beifear in ann leictreachas agus gás a thrádáil gan bhac ar fud an Aontais.

**19. Comhfhiontar**
Cuideachta nó aonán eile a rialaítear i gcomhar le páirtithe eile.

**20. Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL)**
Gás nádúrtha leachtaithe, leacht trédhearcach, gan dath, neamhthocsaineach a chruthaítear nuair a dhéantar gás nádúrtha a fhuarú go -162°C (-260°F).

**21. Gortuithe Am Caillte**
Gortú a bhaineann leis an obair atá ina údar d'asláithreacht ar feadh lá amháin nó níos mó, ag comhaireamh ón lá i ndiaidh an ghortuithe, sula bhfilleann an duine ar an ngnáthobair nó ar obair theoranta.

**22. Meigeavata (MW)**
Is éard is meigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 mhilliún vata.

**23. Uaireanta Meigeavata (MWh)**
Is éard is uaireanta meigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 mhilliún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**24. Ciste Novusmodus**
Is ciste caipitil fiontair é an Ciste Novusmodus, ina mbíonn caipiteal síl infheistithe i dteicneolaíochtaí éiritheacha.

**25. OHSAS 18001**
Is éard is OHSAS 18001 Deimhniú Bainistíochta Ceirde, Sláinte agus Sábháilteachta ann caighdeán idirnáisiúnta ina soláthraítear creat chun na rioscaí a bhaineann leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht i gcuideachtaí a shainaithint, a rialú agus a laghdú

**26. Ardán do thrádáil thar an gCuntar**
Uirlisí airgeadais (conarthaí praghas leictreachais go sonrach) a chuireann ar chumas rannpháirtithe san SEM a riosca a laghdú (agus mar sin luaineacht an phraghas leictreachais dá gcustaiméirí) trí na táirgí sin a thrádáil go díreach ('thar an gcuntar') lena chéile, seachas trí idirghabhálaí nó trí mhalartán, ar mhaithe lena nochtadh d'athruithe i bpraghas mórdhíola leictreachais a fhálú.

**27. PAS 55**
Is éard is PAS 55 ann sonraíocht Institiúid Chaighdeán na Breataine (BSI) atá ar fáil go poiblí le haghaidh bainistíocht sócmhainní fisiciúla a bharrfheabhsú. Soláthraítear sainmhínithe soiléire agus sonraíocht riachtanas ann maidir le córas bainistíochta optamaithe lánsaoil do gach cineál sócmhainne fisiciúla a bhunú agus a fhíorú.

**28. Íoc Mar a Úsáidtear**
Cuireann táirgí Íoc Mar a Úsáidtear ar chumas úsáideoirí, a n-úsáid leictreachais a rialú agus a rianú ó mhonatóir, chun go mbeidh a fhios acu i gcónaí cé mhéad atá á chaitheamh acu ar leictreachas.

**29. Athbhreithniú Praghsanna 4 (PR4)**
Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus cuimsíonn an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna (PR4) an tréimhse 2016 go 2020 agus leagann sé amach na hioncaim iomlána rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin mar atá dearbhaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.

**30. Táirgeoir is Tomhaltóir**
Is tomhaltóir é seo a thosaíonn ag dearadh nó ag saincheapadh táirgí chun iad a chur in oiriúint dá riachtanais féin.

**31. Tréimhse Rialála 5 (RP5)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 5 (RP5) ná tréimhse rialála 5 bliana chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2012 go dtí 30 Márta 2017, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**32. Tréimhse Rialála (RP6)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 6 (RP6) ná tréimhse rialála chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2017 go dtí 31 Márta 2024, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.



# GLUAIS

**33. Toradh ar Chaipiteal a Úsáideadh (ROCE)**
Léirítear leis an toradh ar chaipiteal a úsáideadh an toradh foriomlán ar chaipiteal arna dtabhairt ag fiachas agus cothromas araon.

**34. An Margadh Aonair Leictreachais (SEM)**
Is éard atá i gceist leis an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) margadh leictreachais mórdhíola atá bunaithe ar an malartán cumhachta agus atá i bhfeidhm ó thuaidh agus ó dheas de theorainn na hÉireann.

**35. Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO)**
Tá SEM á oibriú ag SEMO, comhfhiontar idir EirGrid agus SONI, oibreoirí an chórais tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, faoi seach.

**36. SIRO**
Comfhiontar le Vodafone, a sholáthróidh leathanbhanda 1 gigighiotán in aghaidh an tsoicind (Gb / s) do 500,000 custaiméir in 50 baile ar fud na hÉireann, agus úsáid á baint chuige seo as an líonra dáileacháin réamhbhunaithe.

**37. Smart Energy Services**
Is réiteach iomlán bainistíochta fuinnimh é Smart Energy Services a chuireann na scileanna agus an taithí uile atá ar a thoil ag nuálaí domhanda fuinnimh ar fáil do ghnóthais.

**38. Eangach Chliste**
Gréasán nó Eangach tarchuir agus dáilte leictreachais aistrithe ina n-úsáidtear cumarsáid dhá bhealach, ardbhraiteoirí agus ríomhairí dáilte chun feabhas a chur ar éifeachtacht, iontaofacht agus sábháilteacht seachadadh agus úsáid cumhachta.

**39. An Clár Méadair Chliste**
Is é an clár méadair chliste an chéad ghlúin eile de mhéadair fuinnimh. Cuirfear iad sin in ionad na seanmhéadar leictreachais agus gáis a chuirfidh deireadh leis an ngá le cuairt a thabhairt ar an teach chun an méadar a léamh agus cuirfidh sé deireadh leis an ngá le meastacháin a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**40. Straitéis Ceannasaíochta Sábháilteachta**
Creat a thaispeánann modh soiléir simplí lena léirítear na freagrachtaí, oibleagáidí agus ionchais sábháilteachta atá ar gach duine san ESB chun timpeallacht shábháilte a chinntiú.

**41. Raon Spréiche**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an gháis a úsáidtear lena ghiniúint.

**42. Costais dúisithe**
Is iad na costais dúisithe na costais don ghineadóir más gá go gcastar air tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta.

**43. Stay Safe, Stay Clear**
Ba é cuspóir lárnach an fheachtais ná daoine a chur ar an eolas faoin ngá le bheith sábháilte agus iad amuigh faoin aer, agus fanacht amach ó shreanga leictreachais.

**44. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**
Bhunaigh Rialtas na hÉireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann faoin Acht Fhuinneamh Inmharthana 2002.

**45. An tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI)**
Cinntíonn an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann feidhmiú sábháilte, slán agus eacnamaíoch na heangaí leictreachais ardvoltais i dTuaisceart Éireann, agus i gcomhoibriú le Eirgrid, tá sé freagrach chomh maith as an margadh leictreachais mórdhíola uile-oileáin a reáchtáil.

**46. Praghas Imeallach Córais (SMP)**
An praghas mórdhíola ar leictreachas le haghaidh gach leath uair an chloig.

**47. An Ríocht Aontaithe (RA)**
Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann

**48. Rialtóir Fóntas (UR)**
An roinn Rialtais neamhaireachta neamhspleách a cuireadh a bun le rialú éifeachtach a chinntiú do na tionscail leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart na hÉireann.

**49. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach**
Tagraíonn an Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU) do láithreacht an ESB laistigh de, agus a úinéireacht ar, shócmhainní ar fud gach ceann de mhíreanna an tslabhra breisluacha leictreachais, lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.

**50. X_Site**
Is láthair í an chéad mhol nuálaíochta de chuid ESB, X_Site, ina nginfear smaointe úra gnó agus gnólachtaí nuathionscanta.

Nótaí

Nótaí

## Nótaí

Arna léiriú agus arna tháirgthe ag Zahra Media Group
www.zahramediagroup.com

Ceannoifig an ESB
Two Gateway
Bóthar an Phoirt Thoir
Baile Átha Cliath 3
D03 A995
Éire
T: +353 1 676 5831
R: info@esb.ie
www.esb.ie
Twitter: @ESBGroup
LinkedIn: https://www.linkedin.com/company/esb
YouTube: https://www.youtube.com/user/ESBVideo

FSC®